



Gníomhaireacht Bainistíochta  
an Chisteáin Náisiúnta

# Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2017

---



Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
National Treasury Management Agency

# Clár na nÁbhar

## Réamhrá

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	4

## Athbhreithniú Gnó

Maoiniú agus Bainistiú Fiach	6
An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn	16
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	28
RÉnua	32
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	40

## Rialachas agus Faisnéis Chorparáideach

Comhaltaí na Gníomhaireachta	48
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Gníomhaireachta	50
Tuarascálacha Coistí	55
Bainistíocht Riosca	58
An Fhoireann Bhainistíochta	61

Ráitis Airgeadais	63
-------------------	----

Punann Infheistíochtaí – CISÉ	181
-------------------------------	-----

GBCN 2017

# Sracfhéachaint

Is comhlacht Stáit é GBCN a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas don Rialtas. Is é cuspóir na Gníomhaireachta sócmhainní agus dliteanais phoiblí a bhainistiú ar bhonn tráchtála agus stuama. Feidhmíonn GBCN thar cúig aonad ghnó ar leithligh: Maoiniú agus Bainistiú Fiach, Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, RÉnua agus An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

## Aonad Gnó

### Maoiniú agus Bainistiú Fiach

### An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

## Cur Síos

Tá GBCN freagrach as iasachtaí a fháil thar ceann an Rialtais agus an Fiachas Náisiúnta a bhainistiú d'fhonn a chinntiú go mbeidh dóthain leachtachta ann don Státchiste agus costais seirbhíse fiachais a optamú go meántéarmach.

Rialaíonn agus bainistíonn GBCN an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ) ar a bhfuil sainordú reachtúil chun infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach atá ceaptha chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht sa Stát.

## Príomhfhigiúirí

### EISIÚINT BANNAÍ

**€17bn**

eisithe ar an iomlán i bhfoirm bannaí i rith 2017. As sin, bhí €16.2bn i bhfoirm bannaí tagarmhairc agus an méid a bhí fágtha i socrúcháin phríobháideacha. Bhí na bannaí tagarmhairc a heisíodh ag meántoradh ualaithe de 0.89% agus meán-aibíocht ualaithe de 12.4 bliain.

### AN CHÉAD BHANNA FLAITHIÚNAIS NASCTHA LE BOILSCIÚ IN ÉIRINN

**€610m**

a díoladh le socrúchán príobháideach, ag dul in aibíocht in 2040.

### COSTAIS SEIRBHÍSE FIACHAIS AG TITIM

**€6.1bn**

ús a íocadh ar an bhFiachas Náisiúnta i gcomparáid le €6.7bn in 2016 – titim de bheagnach 10%.

### AG INFHEISTIÚ IN ÉIRINN

**€667m**

geallta i rith 2017, rud a thug an tiomantas CISÉ iomlán go €3.3bn.

### COMHINFHEISTIÓCHT

**€9.1bn**

an t-iomlán a cuireadh i leataobh d'Éirinn lena n-áirítear comhinfheistíocht a rinne comhpháirtithe san earnáil phríobháideach – 2.7 huairé níos mó ná tiomantas CISÉ.

### TORADH INFHEISTIÓCHTA AGUS TIONCHAR EACNAMAÍOCH

**4.3%**

toradh infheistíochta in 2017, agus caipiteal CISÉ ag tacú le breis is 1,800 cuideachta/tionscadal Éireannach agus, go díreach agus go hindíreach, le breis is 30,000 post.



Léigh tuilleadh leathanach 6



Léigh tuilleadh leathanach 16

## An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Ag gníomhú mar An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN), tugann GBCN seirbhísí comhairle airgeadais, soláthair agus seachadta tionscadal d'údaráis Stáit maidir le tionscadail bhonneagair phoiblí.

## RÉnua

Trí RÉnua, soláthraíonn GBCN ionad tiomnaithe saineolais ar mhaoiniú corparáideach don Rialtas, ag tabhairt comhairle airgeadais d'Airí maidir lena gcuid scairshealbhóirí i mórchomhlachtaí tráchtála Stáit.

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Ag gníomhú mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS), bainistíonn GBCN éilimh a tugadh i gcoinne 146 údarás Stáit, lena n-áirítear an Stát féin. Soláthraíonn sé seirbhísí bainistíochta riosca freisin, ag cur comhairle agus ag cuidiú le húdaráis Stáit chun a nochtadh d'éilimh a íoslaghdú.

### CLÁR CPP

# €1.5bn

Luach iomlán caipitiúil measta raon tionscadal CPP oideachais, sláinte, dlí agus cirt agus tithíochta atá á seachadadh ag GAFN.

### DÍBHINNÍ

# €232m

i gcomhdhíbhinní a fuair an Státchiste ó chomhlachtaí laistigh de Phunann RÉnua in 2016/17.

### FIACHAS MEASTA LE HÍOC

# €2.7bn

ó bhreis is 9,900 éileamh gníomhach a bhí á mbainistiú ag deireadh 2017.

### CPP I GCOMHAIR TITHÍOCHT SHÓISIALTA

# 534

aonad tithíochta atá le seachadadh i mBeart 1 CPP i gcomhair Tithíocht Shóisialta, a ndearnadh tairiscint orthu in 2017.

### COMHAIRLE – MAOINIÚ FIACH

# €1.9bn

luach na n-iarratas a bhain le maoiniú fiach a fuarthas ó chomhlachtaí laistigh den Phunann RÉnua ar ar thug sé anailís airgeadais agus moltaí in 2017.

### ÉILIMH A BHAINISTIÚ

# €303m

an costas a bhain le héilimh ghníomhacha leanúnacha a réiteach agus a bhainistiú in 2017 – coigilteas 23% i gcoinne an mheasúnaithe achtúirigh neamhspleáiche e €391m.

### ATHMHAOINIÚ

# €8m

i gcoigiltis don Stát ó athmhaoiniú rathúil thionscadal CPP Dramhaíl go Fuinneamh Bhaile Átha Cliath ag An Poll Beag.

### COMHAIRLE – CAITEACHAS CAIPITIÚIL

# €2.1bn

luach na n-iarratas ar chaiteachas caipitiúil a fuarthas ó chomhlachtaí laistigh den Phunann RÉnua ar ar thug sé anailís airgeadais agus moltaí in 2017.

### COSTAIS DLÍ A LAGHDÚ

# €55.2m

an tsuim lenar socraíodh billí costais a fuarthas ó thríú páirtithe in 2017 – laghdú 48% ar an €106.9m ar a ndearnadh éileamh.



## Ráiteas an Chathaoirligh

---

Chonacthas feidhmíocht láidir ar fud GBCN in 2017 de réir mar a leanamar lenár gcur chuige straitéiseach tráchtála, ach stuama maidir lenár sainchúraimí gnó a chur i gcrích.

I réimse an mhaoinithe agus bhainistiú fiach, leanamar lenár straitéis chun leas a bhaint as dálaí margaidh fabhracha, nuair ab fhéidir, trí réamh-mhaoiniú, fad a chur le próifíl aibíochta an fhiachais agus fuascailtí sa todhchaí a dhéanamh réidh. Forbairt shuntasach in 2017 ab ea aisíocaíocht an chuid eile dár maoiniú CAE agus na n-iasachtaí déthaobhacha ón tSualainn agus ón Danmhairg, tráth ar cuireadh maoiniú níos saoire ón margadh ina n-ionad. Soláthraíonn ár straitéis deimhniú suntasach i gcoinne na féidearthachta go n-ardóidh rátaí úis sna blianta seo romhainn. Meastar meánaibíocht ualaithe fhiachas oifigiúil agus indólta fadtéarmach na hÉireann ag 11.2 bliain ag deireadh 2017 agus ní drochráta é sin in aon chor.

Shaothraigh an CISE toradh infheistíochta 4.3% in 2017 – toradh an-sásúil sa timpeallacht reatha ina bhfuil rátaí úis íseal, ag glacadh leis go ndéantar formhór shócmhainní CISE a infheistiú go coimeádach ar fud an domhain mhóir, ag feitheamh ar a n-úsáid in Éirinn. Ó tugadh isteach é ag deireadh 2014, tá feabhas suntasach feicthe ag CISE ag teacht ar gheilleagar na hÉireann agus, ina dhiaidh sin is uile, timpeallacht atá athraithe ar bhonn ábhartha i gcomhair infheistíochta. Tá straitéis infheistíochta CISE á hathbhreithniú faoi láthair i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá méadú tagtha le blianta beaga anuas ar shainordú na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, le méadú ar líon na n-éileamh atá á mbainistiú agus dlíteanas measta suntasach atá ag fás i leith éileamh, tuairim is €2.7bn ag deireadh 2017. D'fhonn ár bhfócas straitéiseach a mhéadú sa réimse seo agus an saineolas atá ar fáil dúinn, bhunaigh an Bord Coiste Straitéiseach SCA chun comhairle agus treoir a thabhairt ar shaincheisteanna straitéiseacha agus beartais i dtaca leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. I dteannta ionadaíocht an Bhoird agus na bainistíochta, tá ceathrar comhaltaí seachtracha ag an gCoiste agus saineolas forleathan acu ar leibhéal sinsearach i gcleachtas cliniciúil, cleachtas dlí, bainistíocht riosca agus an tseirbhís phoiblí. Ó bunaíodh é i mí Lúnasa 2017, tá sé cruthaithe cheana féin ag an gCoiste gur thug siad cúnamh mór don Bhorad agus saincheisteanna straitéiseacha agus beartais áirithe á meas.

I rith 2017, d'fheidhmigh GBCN i gcoinne chúlra tacúil geilleagair intíre a lean lena fhás láidir leathan-bhunaithe agus feidhmíocht eacnamaíoch fheabhsaithe ar leibhéal níos leithne limistéar an euro. In ainneoin sin is uile, níl aon amhras faoi ach go bhfuil na rioscaí a bhí os comhair GBCN ina sainorduithe maoinithe agus infheistíochta méadaithe le 12 mhí anuas. Tá sé sin amhlaidh i ngeall ar imthosca éagsúla lena n-áirítear tionchar féideartha Brexit ar an ngeilleagar, an chaoi a mbímid ag brath ar fheidhmíocht gheilleagar na Stát Aontaithe – go háirithe ar earnáil teicneolaíocht faisnéise, agus éifeachtaí aige sin ansin in Éirinn ó athchóiriú cánach corparáide SAM agus tionchar bheartas airgeadais an Bhainc Ceannais Eorpaigh. Léiríonn an tarraingt siar a meastar a dhéanfar ar éascú cainníochtúil i limistéar an euro riosca follasach. Cruthóidh na rioscaí méadaithe sin agus a dtionchar dár straitéisí gnó réimse fócas méadaithe don Bhorad agus don bhainistíocht ar feadh 2018 agus ina dhiaidh sin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord agus le comhaltaí ár gcoistí as a ndúthracht agus a dtiomantas ar feadh 2017 agus táim ag tnúth lena dtacaíocht leanúnach an bhliain seo amach romhainn. Ar deireadh, ba mhaith liom, thar ceann an Bhoird, buíochas a ghabháil leis an lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann, faoi stiúir Conor O'Kelly, as a gcuid iarrachtaí agus a gcúnaimh le bliain anuas.



**Willie Walsh**  
Cathaoirleach

29 Bealtaine 2018



## Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

---

Bhí bliain an-ghnóthach ag GBCN in 2017 tráth ar eisíomar €17bn i bhfiachas fadtéarmach ag torthaí ísle agus ar chuireamar €700m i leataobh i maoiniú CISÉ d'infheistíochtaí sa gheilleagar intíre. Leanadh den fhás freisin ar líon agus ar chastacht na sannachán comhairleacha airgeadais chorparáidigh a iarradh ar RÉnua.



D'eisigh GBCN luach €16.2bn de bhannaí tagarmhairc i rith 2017, ag meántoradh ualaithe de 0.89% agus meánaibíocht ualaithe de 12.4 bliain. D'fhág roinnt socrúchán príobháideach, lena n-áirítear an chéad bhannaí flaithiúnais in Éirinn a bhí nasctha le boilsciú, go raibh an eisiúint iomlán fhadtéarmach ag €17bn. Cé gurbh é ár mbun-raon maoinithe luaithe don bhliain ná idir €9bn agus €13bn, rinneadh eisiúint bhreise chun aisíocaíocht luath iasachtaí ón CAE, an tSualainn agus an Danmhairg a mhaoiniú. Mar thoradh ar na rátaí úis ísle atá i réim le cúpla bliain anuas i ngeall ar chlár um éascú cainníochtúil an Bhainc Ceannais is iomaí buntáiste atá tugtha d'eisitheoirí bannaí agus ar ndóigh bhain Éire leas as sin. Thar an tréimhse 2015-2017, d'eisigh GBCN gar do €40bn i maoiniú nua bannaí tagarmhairc ag meántoradh ualaithe de bhreis is 1% agus meánaibíocht ualaithe de bheagnach 14 bliana.

Cé go dtugann ár gcuid straitéiseach maidir le haibíocht ár bhfiachais agus costais iasachtaí ísle a chur faoi ghlas cosaint mhór dúinn i gcoinne na féidearthachta go n-éireoidh rátaí úis a bheidh ag dul i méid, tá ár leibhéal fiachais fós ard i ndearbhthéarmaí ag breis is €200bn mar oidhreacht den ghéarchéim airgeadais. Cé go bhfuil cuma dhearfach ar ár nOllfhiachas Rialtais le cóimheas OTI tar éis dó titim ó 120% go dtí buaic 68% ag deireadh 2017, cuireann infheistíochtaí níos mó béime anois ar ár ndearbhfiachas agus ar bhearta eile. Mar shampla, cuimsíodh sna costais úis ar an Ollfhiachas Rialtais 7.6% d'ioncam Rialtais in 2017 i gcomparáid le meán AE de 4.4%.

Léiríonn na gnóthachain infheistíochta a ghin CISÉ – luach €674m óna bhunú i mí na Nollag 2014 – feidhmíocht an-sásúil sa timpeallacht ráta úis íseal i láthair na huair. Gheall CISÉ €667m do 23 infheistíocht ar leithligh in 2017 lena n-áirítear gealltanais shuntasacha sna réimsí seo a leanas: tithíocht, nascacht, fuinneamh in-athnuaite, FBManna, bia agus talmhaíocht, teicneolaíocht, agus eolaíochtaí na beatha. D'éirigh go han-mhaithe le CISÉ mar rud a chuir borradh arís faoi infheistíocht na hearnála príobháidí in Éirinn. Anuas ar an €3.3bn a gheall CISÉ d'infheistíochtaí Éireannacha óna bhunú go dtí deireadh 2017 bhí comhinfeistíocht ag gabháil leis ón earnáil phríobháideacht rud a thug an t-iomlán a cuireadh i leataobh d'Éirinn mar thoradh ar ghníomhaíocht CISÉ go €9.1bn.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2017 ar Ionaid Chúraim Phríomhúil GAFN agus CPPanna na gCúirteanna agus thosaigh roinnt áiseanna i mbun oibre agus an chuid eile sceidealaithe le cur i gcrích in 2018. Tá tús curtha anois leis an tógáil ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath CPP Ghráinseach Ghormáin. Tá GAFN ag obair chomh maith ar bheart trí CPP tithíochta sóisialta agus é mar chuspóir bealach maoinithe breise i gcomhair tithíocht shóisialta a chur ar bun.

Tá obair ar siúl freisin chun seachadadh Bheart 5 CPP Scoileanna a chur i gcrích, a thabharfaidh 4,870 áit ar fáil do mhic léinn thar ceithre shuíomh. Bhí tionchar ag leachtacht Carillion plc i mí Eanáir 2018 ar an tionscadal sin agus tá an Chuideachta CPP agus maoinithe an tionscadail ag obair trí phlean athbhreithnithe i láthair na huair chun an tionscadal a chur i gcrích a luaithe agus is féidir.

Tháinig tuilleadh fáis in 2017 ar líon agus ar chastacht sannachán comhairleach airgid chorparáidigh a iarradh ar RÉnua maidir le cuideachtaí Stáit lasmuigh dá phríomhsaindualgas agus tionscadail eile le gné shuntasach de mhaoiniú chorparáideach. Tar éis comhaontú a chur i gcrích i rith 2017 leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, tá RÉnua ag tabhairt comhairle airgeadais agus tráchtála go leanúnach maidir le príomhchuideachtaí Stáit san earnáil iompair. I rith 2017, thug RÉnua comhairle freisin in earnálacha eile lena n-áirítear athbhreithniú agus anailís airgeadais ar phlean straitéiseach agus maoinithe An Post agus phlean straitéiseach agus airgeadais Vhi. I mí Aibreáin

2018, cuireadh An Post leis an liosta de chomhlachtaí Stáit a ainmníodh laistigh de phríomhsaindualgas RÉnua.

Tháinig fás €500m ó €2.2bn go dtí €2.7bn ar luach an dliteanais mheasta gan íoc maidir le héilimh a bhí á mbainistiú ag an GÉS idir deireadh 2016 agus deireadh 2017. Tá luach an dliteanais mheasta gan íoc á thiomáint ag éilimh chliniciúla, go príomha an costas ard a bhaineann le cásanna de mhórdhíobháil inchinne i naonáin a shocrú. Díríonn an GÉS ar éilimh chliniciúla thar aon ní eile i gcónaí. Ba cheart roinnt athruithe reachtúla, a bhfuiltear ag súil tús a chur leo in 2018, a lua anseo. Ba cheart le tabhairt isteach na Rialachán i gcomhair Prótacal Réamghníomhaíochta go laghdófaí go mór an tréimhse ama idir cásanna faillí leighis a fháil agus a shocrú agus baint na ngnéithe is géire den chóras torta a mbíonn feidhm leo i gcásanna den sórt sin. Le tabhairt isteach Orduithe Íocaíochta Tréimhsíúla mar rogha eile ar dhámhachtainí cnapshuime beifear in ann freastal ar riachtanais íospartach ar bhain gortú mór dóibh ar bhealach níos cinnte.

Is ceist thosaíochta do GÉS é réiteach na gcásanna a eascraíonn as na Seirbhísí Náisiúnta Scagthástála Ailse agus a bhaineann le mná atá diagnóisithe le hailse cheirbheacs, i gcomhréir leis na príonsabail atá leagtha amach ag an Rialtas. Tá GÉS ag féachaint le réiteach na gcásanna a bhrostú ar bhealach tuisceanach, trí chomhar leis na saotharlanna is comhchosantóirí agus ag baint úsáide as idirghabháil nuair is féidir é, agus ag cur an bhéim is mó ar mheas agus tuiscint a léiriú agus iad ag déileáil leis an daoine a rinne na héilimh, agus lena dteaghligh.

D'oibrigh GBCN i ndlúthchomhar leis an Roinn Airgeadais agus le Apple ar an gciste eascró i dtaca le próiseas aisghnóthaithe cúnaimh Stáit Apple mar atá líomhnaithe. I rith 2017, tharmligeann an tAire seoladh an phróisis soláthair don GBCN chun gníomhaire eascró agus bainisteoirí taisceánaigh agus infheistíochta a cheapadh don chiste eascró. Bhí sé mar chúram ar GBCN freisin an beartas infheistíochta don chiste a idirbheartú le Apple, faoi réir cheadú an Aire. Tosaíodh ag bailiú an chúnaimh Stáit líomhnaithe ó Apple i mí na Bealtaine 2018 leis an gcéad cheann de shraith íocaíochtaí céimithe leis an gciste eascró.

Mar a luaigh mé roimhe seo, bíonn baint amach ár spriocanna corparáideacha agus gnó, ag brath go hiomlán ar cháilíocht agus ar thiomantas ár ndaoine agus tá sé riachtanach gur féidir linn fostaithe d'ardchaighdeán a mhealladh, a fhorbairt agus a choimeád. Tá athrú ó bhonn tagtha ar áiteanna oibre na hÉireann le blianta beaga anuas agus mar fhostóirí ní mór dúinn na hathruithe sin a aithint. Tá sé tábhachtach go bhforbróimis timpeallacht oibre éagsúil agus cuimsitheach ina dtugtar ómós do dhifriochtaí agus ina bhfuil meas ar raon eispéireas agus peirspictíochta chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhíonn le sárú againn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe as a gcion don eagraíocht le bliain anuas. Cuidíonn do shaineolas, do thiomantas agus do dhíograis chun luach suntasach fadtéarmach a chruthú don Stát. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, le comhaltáí Boird agus lenár gcomhaltáí coiste as an tacaíocht, an dúshlán agus an chomhairle a thug siad dúinn le dhá mhí dhéag anuas.



**Conor O'Kelly**  
Príomhfeidhmeannach

29 Bealtaine 2018

ATHBHREITHNIÚ GNÓ

# Maoiniú agus Bainistiú Fiach

---

Tá GBCN freagrach as iasachtaíocht thar ceann an Rialtais agus as bainistiú an Fhiachais Náisiúnta d'fhonn leachtacht don Státchiste a chinntiú agus d'fhonn an t-ualach úis a laghdú sa mheántearma.

## Fiachas le Dáta Níos Faide a Eisiúint

### EISIÚINT BANNAÍ IOMLÁN

€17bn



Eisíodh luach €17 billiún ar an iomlán i bhfoirm bannaí i rith 2017. As sin, bhí €16.2bn i bhfoirm bannaí tagarmhairc agus an méid a bhí fágtha i socrúcháin phríobháideacha. Eisíodh na bannaí tagarmhairc ag meántoradh ualaithe de 0.89% agus meánaibíocht ualaithe de 12.4 bliain.

### AN CHÉAD BHANNA FLAITHIÚNAIS NASCTHA LE BOILSCIÚ IN ÉIRINN

€610m



I mí Aibreáin 2017, d'eisigh GBCN an chéad bhanna flaithiúnais a bhí nasctha le boilsciú in Éirinn, ag díol €610m trí shocrúchán príobháideach, ag dul in aibíochta in 2040.

### RANNÍOCAÍOCHT DON STÁTCHISTE

€150m



Toisc aisíocaíocht luath na n-áiseanna iasachta déthaobhaí de chuid CAI agus na Sualainne agus na Danmhairge in 2017 agus a athsholáthar le maoiniú ón margadh ginfidh sin coigiltis mheasta €150m don Státhchiste.

### MEÁNAIBÍOCHT

11.2 bliain



Meastar meánaibíocht ualaithe fhiachas fadtéarmach indíolta agus oifigiúil na hÉireann ag deireadh 2017 a bheith cothrom le 11.2 bliain.

## Costais Fónaimh an Fhiachais



€6.1bn


Thit an t-ús ar an bhFiachas Náisiúnta go dtí €6.1bn in 2017, meath beagnach 10% i gcomparáid le 2016 agus gar do 20% faoi bhuaicphointe 2014.



12%

Ba theagmhais a bhain le hailléirgin bhia ab ea 12% de na teagmhais bhia in 2017, i gcomparáid le 14% in 2016.

## Ollfhiachas Náisiúnta ag deireadh 2017



€110.8bn	Bannaí Státhchiste Ráta Sheasta
€15.5bn	Bannaí ar Ráta Comhlúthach
€0.6bn	Bannaí Amúchta
€0.6bn	Bannaí Traidisiúnta
€40.9bn	Iasachtaí AE
€4.0bn	Iasacht Dhéthaobhach RA
€1.9bn	Fiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach Eile
€17.3bn	Coigilteas Stáit
€7.0bn	Fiachas Gearrthéarmach

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

## Maoiniú agus Bainistiú Fiach (ar lean)


### ATHBHREITHNIÚ AR AN MARGADH

Tá infheisteoirí ag breathnú go fabhrach ar bhannaí Rialtas na hÉireann de bharr neart agus téarnamh leanúnach gheilleagar na hÉireann. Bhí tionchar dearfach ag an dul chun cinn sin, mar aon le rátáil chreidmheasa a bhí ag dul i méid agus bearta leanúnacha um éascú cainníochtúil an Bhainc Ceannais ar mhargadh bannaí na hÉireann ar feadh na bliana 2017.

Bhí an toradh ar bhanna 2026 na hÉireann gar do 0.90% ag tús na bliana agus d'ardaigh sé go dtí buaicphointe 1.22% i mí Feabhra. Bhí luaineacht mhéadaithe agus torthaí níos airde sna chéad mhíonna den bhliain, ach ba ghearr gur chruthaigh laghdú sa riosca braise ó thoghchán uachtaránachta na Fraince torthaí níos ísle. Bhí tionchar ag éiginnteacht mar gheall ar chainteanna faoi Brexit ar mhíonna an tsamhraidh, agus chruthaigh sin méadú ar thorthaí. Mar sin féin, thosaigh torthaí ag dul i meath arís sa dara cuid den bhliain, agus tionchar ag an síneadh a d'fhógair an Banc Ceannais ar an gclár um éascú cainníochtúil orthu, cé gur tharla sin ag praghas laghdaithe. Ba ionann banna 2026 na hÉireann agus 0.66% ag deireadh na bliana.

In 2017, d'éirigh toradh bannaí 2026 na hÉireann teann ó bhuaic de bhreis is 90 bonnphointe thar a choibhéiseach sa Ghearmáin, go dtí beagnach 40 bonnphointe faoi dheireadh na bliana. Bhí sé ag trádáil ag 20 bonnphointe níos airde ná san Fhrainc agus an Bheilg ag deireadh na bliana. Féachtar anois ar bhannaí Rialtas na hÉireann anois mar chinn a bhfuil dlúthnasc acu leis na tíortha sin.

#### Torthaí Bannaí Rialtais 2026



Foinse: Bloomberg

#### Éascú Cainníochtúil BCE

Thug BCE bearta éascaithe chainníochtúil isteach i mí an Mhárta 2015. Tugtar Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí (CCEP) go hoifigiúil ar an gclár, ina gceannaíonn bainc cheannais náisiúnta bannaí rialtais sa mhargadh tánaisteach. Idir mí an Mhárta 2015 agus mí na Nollag 2017, cheannaigh BCE €1.9 trilliún i mbannaí na hearnála poiblí i limistéar an euro. Ba bhannaí Rialtas na hÉireann díreach os cionn €25bn de sin. Tá síneadh curtha le Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí go dtí mí na Nollag 2018 ar a laghad, cé go mbeidh sé i bhfeidhm ar leibhéal laghdaithe. Laghdaigh ceannacháin mhíosúla faoi chlár Bhanc Ceannais na hEorpa ó bhuaic €80bn go dtí €60bn ó mhí Aibreáin 2017, agus laghdaíodh tuilleadh iad go dtí €30bn in aghaidh na míosa ó mhí Eanáir 2018.

### GNÍOMHAÍOCHT MHAOINITHE

#### Maoiniú Fadtéarmach


Chuir GBCN eisiúint fhadtéarmach iomlán de €17bn i gcrích i rith 2017. As sin, is i bhfoirm bannaí tagarmhairc a bhí €16.2bn. Tá meántoradh ualaithe de 0.89% agus meánaibíocht ualaithe de 12.4 mbliana ag an eisiúint nua sin. Ina theannta sin, eisíodh céad bhanna na hÉireann nasctha le boilsciú le socrúchán príobháideach i mí Aibreáin 2017, ag tuilleamh €610m. Cuireadh dhá shocrúchán príobháideacha eile de bhannaí fadtearmacha €100m an ceann i gcrích freisin i rith na bliana.

Bhí raon maoinithe bunúil luaite GBCN idir €9bn agus €13bn. Mar sin féin, tugadh faoi eisiúintí breise chun luath-aisíocaíocht na n-iasachtaí ó CAI, an tSualainn agus an Danmhairg a mhaoiniú, arbh fhiú €5.5bn ar an iomlán iad. Laghdóidh sé sin bille seirbhíse fiachais an Státchiste de thart ar €150m thar théarma na n-iasachtaí a bhí fágtha.

Rannchuidigh an eisiúint sin tuilleadh le straitéis GBCN rátaí úis ísle a chur faoi ghlas agus aibíochtaí níos faide fad is atá rátaí úis fós ag na leibhéil is ísle riamh. D'eisigh GBCN maoiniú bannaí nua arbh fhiú beagnach €40bn iad thar an tréimhse 2015-2017, ag meántoradh ualaithe díreach os cionn 1% agus meánaibíocht ualaithe de bheagnach 14 bliain.


Thug GBCN faoi dhá shindeacáitíú bannaí in 2017. Bhain an chéad cheann le bannaí nua scór bliain a heisíodh i mí Eanáir, agus díoladh €4bn ar thoradh 1.73%. Bhí spéis mhór ann, agus thóg infheisteoirí ó thar lear 97% den tsuim a heisíodh. Bhí ceannacháin scaipthe thar raon cineálacha infheisteoirí lena n-áirítear bainisteoirí cistí, bainc, cistí pinsin agus árachais agus bainc cheannais.

#### Sindeacáitíú Banna 20 Bliain de réir Ceantar Geografach



Tharla an dara sindeacáitíú den bhliain i mí Dheireadh Fómhair. Banna nua 5 bliana a bhí i gceist chun luath-aisíocaíocht na n-iasachtaí ón CAI, an tSualainn agus an Danmhairg agus díoladh €4bn ag toradh diúltach -0.01% a mhaoiniú. Bhí spéis mhór ag raon leathan infheisteoirí ann, agus chumhdaigh os cionn 85% de limistéar an chontae leis an tsraith seo.

## Sindeacáitíú Banna 5 Bliana de réir Ceantar Geografach



Bhí seacht gceant bannaí eile ag GBCN freisin i rith na bliana, ag saothrú beagnach €8.2bn. Ba cheantanna dé-bhannaí a bhí i gceist leo sin go léir, le rogha dhá bhanna á dtairiscint i ngach ceant.

### Ceantanna Bannaí GBCN 2017

Ainm an Cheant	Méid an Cheant €m*	Toradh %	Cóimheas idir tairiscint agus clúdach
<b>9 Feabhra</b>			
0.8% Banna Státhchiste 2022	600	0.09	2.0
1% Banna Státhchiste 2026	650	1.03	2.0
<b>9 Márta</b>			
1% Banna Státhchiste 2026	850	1.05	1.7
2% Banna Státhchiste 2045	400	2.19	2.0
<b>12 Aibreán</b>			
3.9% Banna Státhchiste 2023	633	0.20	1.8
1% Banna Státhchiste 2026	805	0.94	1.6
<b>8 Meitheamh</b>			
1% Banna Státhchiste 2026	805	0.72	2.3
2% Banna Státhchiste 2045	345	1.92	1.8
<b>13 Lúil</b>			
0.8% Banna Státhchiste 2022	500	-0.01	2.3
2% Banna Státhchiste 2045	250	1.95	2.1
<b>14 Meán Fómhair</b>			
1% Banna Státhchiste 2026	554	0.69	2.6
1.7% Banna Státhchiste 2037	518	1.65	1.7
<b>9 Samhain</b>			
1% Banna Státhchiste 2026	800	0.54	2.0
2% Banna Státhchiste 2045	450	1.70	1.5

\*áirítear leis fáiltais ó cheantanna neamhiomaíocha.

Eisíodh céad bhanna na hÉireann nasctha le boilsciú i mí Aibreáin 2017, ag tuilleamh €610m.

Eisíodh an banna mar shocrúchán príobháideach. Rachaidh sé in aibíocht i mí Aibreáin 2040 agus dearbhán bliantúil 0.25% ag gabháil leis. Tá na híocaíochtaí úis agus an aisíocaíocht phríomha nasctha le hInnéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí d'Éirinn de chuid Eurostat, gan tobac san áireamh.

Tháinig an t-éileamh ar an mbanna seo ó infheisteoirí a bhfuil dlíteanais acu atá nasctha le boilsciú in Éirinn. Roimhe seo, d'fhéadfadh sé gur úsáid siad bannaí nasctha le boilsciú a d'eisigh baill eile i limistéar an euro mar chinn ionadacha.

Tá an cinneadh maidir le banna nasctha le boilsciú a eisíúint den chéad uair ag teacht le rún luaite GBCN a heisiúint a éagsúlú go fadtéarmach agus an linn infheisteoirí i mbannaí Éireannacha a mhéadú. Tarraingíonn bannaí atá nasctha le boilsciú foinsé éilimh ó infheisteoirí ó na bannaí ráta sheasta arb iad crann taca eisíúint GBCN iad.

### Luath-aisíocaíocht Iasachtaí CAI, na Sualainne agus na Danmhairge

I mí na Nollag 2017, rinne Éire aisíocaíocht luath ar an áis iasachta iomlán a bhí le híoc le CAI agus ar na hiasachtaí déthaobhacha ón tSualainn agus ón Danmhairg. Aisíocadh suim SDR3.8bn<sup>1</sup> (c. €4.5bn) leis an CAI, agus aisíocadh €1bn maidir leis na hiasachtaí déthaobhacha ón tSualainn (€0.6bn) agus ón Danmhairg (€0.4bn). Laghdaítear leis an luath-aisíocaíocht sin bille seirbhíse fiachais an Státhchiste, de thart ar €150m thar théarmaí na n-iasachtaí a bhí fágtha seachas sin.

Mar chuid de Chlár Tacaíochta Airgeadais AE-CAI a ndeachthas isteach ann ag deireadh 2010, fuair Éire SDR19.5bn (c. €22.5bn) ar iasacht ón CAI. D'aisíoc GBCN SDR15.7bn (díreach os cionn €18bn) go luath thar an tréimhse ó mhí na Nollag 2014 go dtí Márta 2015. Leis na haisíocaíochtaí luatha eile sin, tá áis iasachta CAI aisíoctha ina iomlán roimh an am.

Is mar seo a leanas atá an fiachas atá fanta a bhaineann leis an gClár:

- Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM): €22.5bn
- An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (SCAE): €18.4bn
- Iasacht Dhéthaobhach RA: £3.2bn (c. €4bn)

In 2017, cheannaigh GBCN ar ais thart ar luach €2bn de bhannaí a bhí ar tí dul in aibíocht in 2018-2020. Rannchuidíonn an laghdú sin ar líon na n-aibíochtaí fiachais a bhí gar do théarma, á n-ionadú le bannaí lena raibh dáta níos faide, leis an straitéis chun rátaí úis ísle a chur faoi ghlas agus fad a chur le haibíocht an fhiachais.

Ceannaíodh ar ais €4bn ainmniúil de Bhannaí Ráta Chomhlúthaigh a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais freisin i rith 2017. Rinneadh ionadú orthu sin le maoiniú meán go fadtéarmach ón margadh ar ráta seasta. Bhí an t-iarmhéid iomlán a bhí le híoc de na Bannaí Ráta Chomhlúthaigh ag €15.5bn ag deireadh 2017, i gcomparáid le €25bn a eisíodh an chéad lá riamh in 2013.

<sup>1</sup> Is cúlsómhainn idirnáisiúnta é SDR a chruthaigh CAI. Tá luach SDR bunaithe ar chiseán cúig mhór-airgeadra-dollar na Stát Aontaithe, an euro, renminbi na Síne, yen na Seapáine, agus sterling Shasana.

## Maoiniú agus Bainistiú Fiach (ar lean)

### Maoiniú Gearrthéarmach

Leathnaigh GBCN a bonn eisiúna gearrthéarmach de réir aibíochta agus méide in 2017. Bhí €2bn i mBillí Státhchiste fós le híoc ag deireadh 2017, méadú ó €1bn ag deireadh 2016. Bhí ceithre cheant ar siúl i rith na bliana, agus aibíocht 12 mhí ag gabháil le gach ceann acu.

Choimeád GBCN clár Eorapháipéar Tráchtála Ilairgeadra na hÉireann ar bun sa bhliain 2017 freisin. Ba é an láimhdeachas iomlán san Eorapháipéar Tráchtála i rith na bliana ná €5.5bn agus bhí €0.5bn fós le híoc ag deireadh 2017.

De thoradh bheartais fáis airgeadaíochta BCE agus thimpeallacht na rátaí úis ísle, bhí GBCN in ann gach Bille Státhchiste agus Eorapháipéar Tráchtála a eisiúint ag rátaí diúltacha úis ar choibhéis leis an euro in 2017. Eisíodh fiachas gearrthéarmach freisin i bhfoirm Nótaí Státhchiste agus Nótaí Lár-Chisteáin, d'infheisteoirí intíre institiúideacha go príomha.

### Coigilteas Stáit

Is é Coigilteas Stáit an t-ainm branda atá i bhfeidhm ag GBCN don raon táirgí Coigilteas Rialtas na hÉireann a thairgtear do choigilteoirí pearsanta. I rith 2017, bhí glan-insreafaí de €0.3bn i dtáirgí Coigilteas an Stáit. Ag deireadh 2017, ba ionann an tsuim iomlán a bhí le híoc i dtáirgí ráta seasta agus duaisbhannaí agus €17.3bn. Nuair a áirítear cuntais taisce, tugann sé sin an t-iomlán ag deireadh na bliana go €20.4bn.

### Táirgí Coigiltis an Stáit


	Iomlán le híoc ag deireadh 2017 €m	Glan-Insreabhadh/ (Eis-sreabhadh) in 2017 €m
Bannaí Coigiltis	3,250	(497)
Bannaí Náisiúnta Dlíthpháirtíochta	4,343	194
Cairteacha Coigiltis	6,026	118
Tráthchoigiltí	503	5
Duaisbhannaí	3,170	278
Cuntais Taisce	3,121	200
<b>Iomlán</b>	<b>20,413</b>	<b>298</b>

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

### Foinsí agus Riachtanais Maoinithe ón Státhchiste 2017

Bhí airgead tirim agus sócmhainní leachtacha gearrthéarmacha eile de €10.5bn ag an Státhchiste ag deireadh 2017 (suas ó €8.6bn ag deireadh 2016). D'ardaigh eisiúint bannaí 2017, lena n-áirítear an banna nasctha le boilsciú, €17bn, agus ba ionann foinsí maoinithe eile agus €5.5bn. Áiríodh leis sin fáltais ó dhíol chuid de scairshealbhú an Rialtais in AIB, táirgí páipéir ghearrthéarmacha agus táirgí Coigilteas an Stáit.

Cuireadh an maoiniú sin i bhfeidhm chun an Riachtanas Iasachtaithe an Státhchiste a mhaoiniú (gan na fáltais ó dhíol scaireanna AIB) arbh ionann é agus €1.5bn, aibíochtaí bannaí de €6.2bn, luath-aisíocaíocht iasachtaí an Chláir AE/CAI mar aon le ceannacháin Bannaí Ráta Chomhdhlúthaigh agus aistrihe ar bhannaí ráta seasta. Tháinig méadú ar iarmhéideanna airgid freisin mar thoradh ar an maoiniú, ag léiriú go rabhthas ag leanúint den straitéis réamh-mhaoinithe a ghlac GBCN roimh fuascailtí níos mó thar an tréimhse 2018 go dtí 2020.



AIRGEAD TOSAIGH/  
SÓCMHAINNÍ LEACHTACHA

FOINSÍ  
MAOINITHE

RIACHTANAS  
MAOINITHE

AIRGEAD DEIRIDH/  
SÓCMHAINNÍ LEACHTACHA

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

Tá na tairiscintí ráta úis sheasta reatha do na heisiúintí is déanaí de tháirgí Coigilteas Stáit mionsonraithe thíos.

### Rátaí Úis ar Choigilteas Stáit

Táirge	Toradh Iomlán Ráta Seasta %	Ráta Coibhéiseach Bliantúil %
Banna Coigilteas 3 Bliana	1.0	0.33
Banna Náisiúnta Dlíthpháirtíochta 4 Bliana	2.0	0.50
Cairt Choigiltis 5 Bliana	5.0	0.98
Tráthchoigiltí 6 Bliana	5.5	0.98
Banna Náisiúnta Dlíthpháirtíochta 10 mBliana	16.0	1.50

Tá an ráta athraitheach ar na Cuntais Taisce ag 0.15% i láthair na huair. Bhí an ráta athraitheach úis a úsáideadh chun luach duaischiste míosúil na nDuaisbhannaí a chinneadh laghdaithe i Lúnasa 2017, ó 0.85% go dtí 0.50%. Is é €50,000 an duais is mó a bhíonn le buachan gach seachtain, ach amháin sa tarraingt sheachtainiúil deiridh i Meitheamh agus i mí na Nollag, tráth a mbíonn €1m le buachan.

### PRÓIFÍL FIACHAIS

Is tomhas é an Fiachas Rialtais Ghinearálta (FRG) d'ollfhiachas comhdhlúite iomlán an Stáit. Is é an gnáth-thomhas a úsáidtear chun comparáidí a dhéanamh ar fud an Aontais Eorpaigh.

Is ionann an Fiachas Náisiúnta agus an glanfhiachas atá tabhaithe ag an Státchiste tar éis iarmhéideanna airgid agus sócmhainní airgeadais eile a chur san áireamh. Is é an ghné is mó den Fhiachas Rialtais Ghinearálta ná Ollfhiachas Náisiúnta – is é sin an Fiachas Náisiúnta sula ndéantar glanluacháil ar airgead agus ar shócmhainní airgeadais. Ní bhaineann freagrachtaí GBCN ach le bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta amháin.

### Comhdhéanamh an Fhiachais Rialtais Ghinearálta ag deireadh 2017

	€bn
Bannaí Rialtais	
<i>Bannaí Státchiste ar Ráta Seasta</i>	110.8
<i>Ráta Comhlúthach</i>	15.5
<i>Amúchadh</i>	0.6
<i>Nasccha le Boilsciú</i>	0.6
Iomlán	127.6
lasachtaí AE	40.9
lasacht Dhéthaobhach RA	4.0
Fiachas meántéarmach agus fadtéarmach eile	1.9
Scéimeanna Coigiltis an Stáit*	17.3
Fiachas Gearrthéarmach	7.0
<b>Ollfhiachas Náisiúnta</b>	<b>198.7</b>
Lúide Airgead Tirim Státchiste agus Sócmhainní Airgeadais eile	13.2
<b>Fiachas Náisiúnta</b>	<b>185.5</b>
<b>Ollfhiachas Náisiúnta</b>	<b>198.7</b>
Coigeartuithe ar an bhFiachas Rialtais Ghinearálta	2.6
<b>Fiachas Rialtais Ghinearálta</b>	<b>201.3</b>

*D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.*

*\*Chomh maith le na figiúirí léirithe thuas, áirítear le Scéimeanna Coigilteas Stáit freisin airgead a chuireann taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist nach bhfuil ina chuid sainráite den Fhiachas Náisiúnta. Tugtar na cistí sin ar iasacht don Státchiste go príomha mar airleacain ghearrthéarmacha agus trí Bhannaí Rialtais na hÉireann a cheannach. Nuair a chuirtear Taisc i mBanc Taisce An Post san áireamh, bhí €20.4bn de Choigilteas Stáit iomlán le hioc ag deireadh 2017.*

*Foinse: GBCN agus an Phríomh-Oifig Staidrimh*


Tá titim shuntasach tagtha ar cóimheas FRG/OTI na hÉireann ag 68%, óna bhuaic ag 120%. Mar sin féin, tá an leibhéal absalóideach fiachais fós ard. Bhí FRG na hÉireann os cionn €200bn ag deireadh 2017.

Tharla an meath le déanaí in FRG/OTI mar gheall den chuid is mó ar mhéadú géar in OTI. Go háirithe, tá tionchar mór ag gníomhaíochtaí cuideachtaí ilnáisiúnta ar fhigiúirí OTI na hÉireann ó 2015 ar aghaidh.

In ainneoin sin, tá gníomhaíocht gheilleagrach bhunúsach láidir ann mar is léir ó na figiúirí fostaíochta agus tomhaltais. Sin forbairt dhearfach a fheabhsaíonn inbhuanaitheacht fiachais na hÉireann.

## Maoiniú agus Bainistiú Fiach (ar lean)

### Coibhéis FRG/OTI 2004-2021



Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh agus an Roinn Airgeadais


Fágann an tionchar suntasach ar fhigiúirí OTI ghníomhaíochtaí cuideachtaí ilnáisiúnta nach bhfuil an cóimheas fiachais le OTI chomh hiontaofa mar tháscaire inbhuanaitheachta. Sa chomhthéacs sin, is fiú díriú ar mhéadrachtaí breise chun pictiúr níos soiléire a fháil d’ualach fiachais na hÉireann.

Rogha eile is an Fiachas Rialtais Ghinearálta mar chéatadán de Ollioncam Náisiúnta Coigeartaithe (OIN\*). Is méadrach é OIN\* a chruthaigh an CSO chun OTI a choigeartú don tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí cuideachtaí ilnáisiúnta. Thit an cóimheas FRG/OIN\* ó bhuaic de bheagnach 158% in 2012 go dtí 106% in 2016 <sup>2</sup>.

Tomhaiseann méadrachtaí breise eile fiachas agus ús mar chéatadán den Ioncam Rialtais Ghinearálta. Bhí FRG mar chéatadán d’ioncam ag 264% ag deireadh 2017, agus bhí ús mar chéatadán d’ioncam cothrom le 7.6%.

Is cuma cén méadrach a úsáidtear, lean dinimic fiachais na hÉireann ag feabhsú in 2017.

### Fiachas Rialtais Ghinearálta agus Méadracht Úis 2010-2017




Foinse: GBCN agus An Phríomhoifig Staidrimh

Is olltomhas é Fiachas Rialtais Ghinearálta agus ní féidir iarmhéideanna airgid na sócmhainní eile airgeadais eile a ghlanluacháil. Mar sin féin, cruthaíonn an CSO meastachán ar Ghlanfhiachas Rialtais Ghinearálta agus ag deireadh 2017 ba €174bn nó 59% de OTI a bhí ann. I measc luach €27bn de shócmhainní airgeadais a ndearnadh glanluacháil orthu chun an Glanfhiachas a ríomh bhí airgead CISÉ agus infheistíochtaí neamhchothromais mar aon le hairgead tirim agus sócmhainní airgeadais an Státhchiste. Ní áirítear leo scaireanna cothromais an Rialtais in earnáil bhaincéireachta na hÉireann, AIB go háirithe.

<sup>2</sup> Ní raibh OIN\* do 2017 ar fáil nuair a cuireadh an Tuarascáil i gcrích.



## Fiachas Rialtais Ghinearálta 2004-2017




Foinse: CSO

Tháinig feabhas mór ar phróifíl aibíochta an Fhiachais Náisiúnta le blianta beaga anuas. Ghlac GBCN céimeanna chun riosca athmhaoinithe an líon mór aibíochtaí fiachais a bhí ag teacht chun cinn thar an tréimhse 2018-2020 a laghdú. Rinneadh é sin trí aistriú bannaí, réamh-mhaoiniú airgid agus aisíocaíocht áiseanna iasachtaí déthaobhacha CAI agus na Sualainne agus na Danmhairge. Mar gheall air sin, gearradh go dtí beagnach a leath an riachtanas athmhaoinithe do na blianta sin. Tháinig laghdú ó €60bn go dtí níos lú ná €44bn ar aibíochtaí le hóc ó dheireadh mhí na Samhna 2014. Nuair a chuirtear iarmhéideanna airgid san áireamh, laghdaítear é sin tuilleadh go dtí gar do €30bn.

Meastar meánaibíocht ualaithe fhiachas fadtéarmach indíolta agus oifigiúil na hÉireann ag deireadh 2017 a bheith cothrom le 11.2 bliain.

## Maoiniú agus Bainistiú Fiach (ar lean)

### Próifíl Aibíochta Fhiachas Fadtéarmach Indíolta agus Oifigiúil na hÉireann ag Deireadh 2017



**Nótaí:**

\*Léiríonn iasachtaí EFSF síntí ar aibíochtaí a comhaontaíodh i Meitheamh 2013.

\*\*Tá iasachtaí EFSM faoi réir síntí aibíochta chomh maith a aontaíodh in 2013. Ní mheastar go mbeidh ar Éirinn ceann ar bith de na hiasachtaí a fuair sí ó EFSM a athmhaoiniú roimh an mbliain 2027. Mar sin féin, ní chinneadh dátaí aibíochta athbhreithnithe na n-iasachtaí EFSM aonair ach amháin nuair a bheid siad gar dá ndátaí aibíochta tosaigh. Léirítear sa chairt thuas na dátaí aibíochta bunaidh agus athbhreithnithe iasachtaí aonair EFSM.

### COSTAIS FÓNAIMH AN FHIACHAIS

Is iad príomhchuspóirí bainistiú fiachais GBCN a chinntiú go mbeidh dóthain leachtachta ann don Stáitchiste agus costais fónaimh d'fhiachas a bharrfheabhsú thar an meántéarma.

Bhí costas úis airgid an Fhiachais Náisiúnta in 2017 cothrom le €6,092m, 9.6% faoi bhun an fhigiúir chomhfhreagraigh in 2016 agus gar do 20% faoi bhun bhuaicfhigiúir 2014. Ba é an phríomhchúis a bhí leis an laghdú géar thar an tréimhse sin ná luath-aisíocaíocht áis iasachta CAI agus an maoiniú margaidh, fadtéarmach, níos saoire a cuireadh ina áit. Bhí bille úis 2017 3.2% níos ísle ná mar a measadh i mBuiséad 2017 ag léiriú an ráta úis fhabhraigh agus an timpeallacht maoinithe ba léir a bhí i réim ar feadh na bliana ar fad beagnach.

Ba ionann an t-ús ar an bhFiachas Náisiúnta agus 12.0% d'ioncam cánach an Stáitchiste in 2017 i gcomparáid le 14.1% in 2016 agus 15.3% in 2015.

### MARGADH BANNAÍ RIALTAIS NA HÉIREANN

Bhí raon aibíochtaí, a fhad le 2045, ag cuair bhannaí tagarmharcála na hÉireann ag deireadh 2017.

#### Bannaí Stáitchiste Rialtas na hÉireann

Nasc	Dáta Aibíochta	Le hÍoc ag Deireadh 2017 €m*
Banna Stáitchiste 4.5% 2018	18 Deireadh Fómhair 2018	8,835
Banna Stáitchiste 4.4% 2019	18 Meitheamh 2019	7,235
Banna Stáitchiste 5.9% 2019	18 Deireadh Fómhair 2019	6,110
Banna Stáitchiste 4.5% 2020	18 Aibreán 2020	10,870
Banna Stáitchiste 5.0% 2020	18 Deireadh Fómhair 2020	7,573
Banna Stáitchiste 0.8% 2022	15 Márta 2022	6,828
Banna Stáitchiste 0.0% 2022	18 Deireadh Fómhair 2022	4,000
Banna Stáitchiste 3.9% 2023	20 Márta 2023	6,308
Banna Stáitchiste 3.4% 2024	18 Márta 2024	8,031
Banna Stáitchiste 5.4% 2025	13 Márta 2025	11,490
Banna Stáitchiste 1.0% 2026	15 Bealtaine 2026	11,319
Banna Stáitchiste 2.4% 2030	15 Bealtaine 2030	9,342
Banna Stáitchiste 1.7% 2037	15 Bealtaine 2037	4,686
Banna Stáitchiste 2.0% 2045	18 Feabhra 2045	7,904

\*gan comhaontuithe athcheannaigh san áireamh.

Tá príomhghrúpa déileálaithe láidir ag margadh bannaí Rialtas na hÉireann, bainc infheistíochta idirnáisiúnta a bhfuil tionchar domhanda acu den chuid is mó. Tá rochtain eisiach ag an 16 dhéileálaí phríomha ar cheantanna bannaí rialtas na hÉireann, agus iarrtar orthu praghsanna leanúnacha a lua i mbannaí tagarmhairc na hÉireann.

I rith 2017, thug GBCN ceantanna dé-bhannaí isteach arís, le rogha dhá bhanna á tairiscint i ngach ceant. Bhain déileálaithe príomha úsáid níos mó freisin as áiseanna aistrithe agus athcheannaigh (iasachtaíocht chomhthaobhaithe ghearrthéarmach). I measc athruithe rialála agus margaidh, tá brú méadaithe ar an tsamhail déileálaí príomha. Leis an tsolúbthacht in idirghníomhú GBCN lena déileálaithe príomha cuidítear leo praghsanna a chruthú agus bannaí Rialtas na hÉireann a dhíol.

Bhí bliain dhearfach eile ann in 2017 ó pheirspictíocht rátálacha creidmheasa de. Fuair Éire uasghráduithe rátála ó roinnt gníomhaireachtaí rátála. Rinneadh uasghrádú go dtí A2 (cobhsaí) ar Moody's i mí Mheán Fómhair, agus rinneadh uasghrádú go dtí A+ (cobhsaí) ar Fitch i mí na Nollag. Tá rátáil fhadtéarmach na hÉireann go daingean anois i gcatagóir A leis na gníomhaireachtaí móra rátáil chreidmheasa go léir. Thug na gníomhaireachtaí go léir an fás geilleagrach leanúnach in Éirinn faoi deara ina gcuid anailíse, airgead poiblí a bhí ag éirí níos láidre agus méadrachtaí feabhsaithe in earnáil na baincéireachta.

### Rátálacha Creidmheasa Flaithiúnais na hÉireann ag deireadh 2017

Gníomhaireacht Rátála	Rátáil Fhadtéarmach	Rátáil ghearrthéarmach	Léargas
Standard & Poor's	A+	A-1	Cobhsaí
Moody's	A2	P-1	Cobhsaí
Rátálacha Fitch	A+	F1+	Cobhsaí

Lean GBCN lena clár forleathan caidrimh le hinfeisteoirí i rith 2017. Bhí seónna bóthair aici ar fud na hEorpa, na hÁise, agus na Stát Aontaithe. Tugadh cuairt ar ionaid nua den chéad uair, lena n-áirítear Maidrid agus Beirlín. Tugadh cuairteanna dearfacha freisin ar roinnt banc ceannais agus cistí infheistíochta Stáit, a cheannaigh bannaí Éireannacha tar éis tamall fada blianta, tar éis na n-uasghráduithe a rinneadh ar rátáil chreidmheasa flaithiúnais na hÉireann.

Dhírigh straitéis GBCN go dtí seo ar shealbhóirí fadtéarmacha fiachais Rialtais, ar mhór-roinn na hEorpa níos mó agus níos mó. Cé go bhfuil an Ghearmáin agus an Ríocht Aontaithe fós ar an dá phríomhionad, tá an Eilvéis, an Ostair agus na tíortha Nordacha ag fáil scair mhéadaithe anois in eisiúint bannaí an Stáit.

Bhí an Fhoireann Eacnamaíoch rannpháirteach i roinnt comhdhálacha agus imeachtaí i rith na bliana. Anuas air sin, táirgeann sí agus nuashonraíonn sí go rialta an pacáiste cur i láthair d'infheisteoirí GBCN. Cumhdaítear ansin topaicí idir shonraí geilleagracha agus nuashonruithe ar mhaoiniú an Rialtais agus ar an earnáil bhaincéireachta.

Tá an clár caidrimh sin le hinfeisteoirí tábhachtach chun caidrimh fhadtéarmacha a fhorbairt agus a chothú le hinfeisteoirí. Tugann sé trédhearcacht freisin don mhargadh

maidir le cás maicreacnamaíoch na hÉireann agus pleananna maoinithe GBCN agus coinníonn sé infheisteoirí ar an eolas faoi stádas creidmheasa na hÉireann.

ATHBHREITHNIÚ GNÓ

# An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

Tá sainordú reachtúil ag CISÉ infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtála ar bhealach atá ceaptha chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus le fostaíocht sa Stát.

## Ag infheistiú in Éirinn

### TIOMANTAS 2017

€667m



I rith 2017, chuir CISÉ €667m i leataobh le haghaidh 23 infheistíocht atá ceaptha chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn.

### TIOMANTAS IOMLÁN

€3.3bn



Ba ionann agus €3.3bn tiomantas iomlán CISÉ do phunann leathan éagsúil ar fud gheilleagar na hÉireann ag deireadh 2017.

### COMHINFHEISTÍOCHT

€9.1bn



De bharr comhinfheistíochta ó chomhpháirtithe san earnáil phríobháideach méadaíodh an t-iomlán a cuireadh i leataobh d'Éirinn go dtí €9.1bn – 2.7 uair níos mó ná an tiomantas in CISÉ.

### TORADH INFHEISTÍOCHTA

4.3%



Ghin an CISÉ toradh infheistíochta de 4.3% in 2017.

## Tionchar Suntasach Geilleagrach

1,811

### CUIDEACHTAÍ/TIONSCADAIL

I rith 2017, thacaigh CISÉ le 1,811 cuideachta/tionscadal Éireannach ag cruthú:

### PÁ AGUS TUARASTAIL

€948m



### ONNMHAIRÍ

€531m



### COMHIONCAIM

€1.9bn



### POIST

30,786



Tacaítear le 30,786 post, go díreach agus go hindíreach, de bharr infheistíochtaí CISÉ.

### OLL-BHREISLUACH

€993m



Thacaigh infheistíocht CISÉ le giniúint Oll-Luach Breise de €993m do Gheilleagar na hÉireann in 2017.

### TITHÍOCHT CHÓNAITHE

€526m

Faoi dheireadh 2017, bhí €526m curtha i leataobh ag CISÉ d'infheistíochtaí i dtithíocht chónaithe mar fhreagra ar an ngéarchéim tithíochta go náisiúnta. Tá maoiniú curtha ar leataobh nó suíomhanna faighte ag ardáin tithíochta chónaithe a bhfuil tacaíocht acu ó CISÉ chun os cionn 9,500 teach chónaithe a chur ar fáil faoin mbliain 2021.

## An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ar lean)

Aistríodh sócmhainní an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) chuig an gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ) i mí na Nollag 2014. Tá sainordú sainiúil 'bonnlíne dhúbailte' ag CISÉ infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtála agus ar bhealach a cheaptar chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn. Cuireadh Punann Lánroghnach CNP ar fáil don CISÉ lena chur ar a chumas infheistíochtaí a dhéanamh a chomhlíonann an sainordú sin. Leanfar de bhainistíocht na Punainne faoi Threoir – go príomha infheistíochtaí beartais phoiblí in AIB agus i mBanc na hÉireann – laistigh de CISÉ faoi threoir an Aire Airgeadais.

Mar gheall ar shainordú bonnlíne dúbailte CISÉ, tá sé ar an mbeagán cistí saibhreas flaithiúnais ar domhan a bhfuil sainordú aige cur le gníomhaíocht gheilleagrach agus fostaíocht, le cois brabúis tráchtála a sholáthar. Tá sé d'iallach ar CISÉ brabús a ghiniúint san fhadtéarma atá níos mó ná costas fhiachas Rialtas na hÉireann agus tá sprioc feidhmíochta mheántéarmach 4% in aghaidh na bliana socraithe aige.

Agus iarracht á déanamh rannchuidiú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht, díreoidh infheistíochta CISÉ ar bhreisiú, nó infheistíochtaí a chuireann le cumas táirgthe gheilleagar na hÉireann. Fágann saintréithe uathúla CISÉ – méid, solúbthacht thar an struchtúr caipitil agus an tréimhse infheistíochta fhadtéarmach – gur féidir leis díriú ar infheistíochtaí den sórt sin ar bhealach nach bhfuil ar chumas infheisteoirí agus airgeadaí eile a dhéanamh. Rud spéisiúil ann féin, ná go bhféachann an CISÉ ina Straitéis Infheistíochta le marbhualach (infheisteoirí toilteanacha ón earnáil phríobháideach a bhrú amach) agus dlíáithriú (fiontair a mbíonn an rath orthu ach a mbíonn fiontair eile i ngeilleagar na hÉireann siar lena rath) a sheachaint.

Ag deireadh 2017, ba ionann €8.7bn agus luach Ounann Lánroghnach an CISÉ agus ba €11.8bn luach an Punann faoi Threoir.

### PUNANN LÁNROGHNACH

#### Straitéis Infheistíochta

I mí na Bealtaine 2015, d'fhaomh Bord GBCN Straitéis Infheistíochta CISÉ, tar éis comhairliúcháin leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### STRAITÉIS INFHEISTÍOCHT CISÉ – PRÍOMHGHNÉITHE

##### Punann le Bonn Leathan

- ar fud earnálacha, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do bhonneagar, fuinneamh, uisce, eastát réadach, tithíocht, bia agus talmhaíocht, teicneolaíocht, cúram sláinte agus airgeadas.
- de réir suíomh réigiúnach a chuid infheistíochtaí.
- de réir aicme sócmhainne lena n-áirítear fiachas, maoiniú idirurláir, infheistíochtaí cothromais agus tionscadail.
- ina ndéantar iarracht tionchar athraitheach éigin a bhaint amach trí infheistíocht i "smaoineamh mór" amháin nó níos mó.

##### Bearnaí Infheistíochta a Líonadh

Tairbhe a bhaint as príomhghnéithe difreáilte CISÉ – scála, solúbthacht thar struchtúr caipitil, tréimhse infheistíochta fhadtéarmach agus inchreidteacht mar pháirtí infheistíochta flaithiúnais chun bearnaí infheistíochta a líonadh agus idirbhearta a chumasú nach mbeadh indéanta go héasca dá uireasa.

##### Comhinfheistíocht

Comhpháirtithe comhinfheistíochta a mhealladh nuair is féidir ionas go n-iolrófar tionchar infheistíochtaí CISÉ i ngeilleagar na hÉireann.

##### Toradh


Rátaí toraidh coigeartaithe de réir riosca atá oiriúnach do shaintréithe sonracha gach infheistíochta aonair. Toradh iomlán fadtéarmach punainne os cionn mheánchostas fhiachas an Rialtais.

## Straitéis Infheistíochta CISÉ – Straitéiseach, Inbhuanaithe agus Fadtéarmach

Baineann Straitéis Infheistíochta CISÉ le hinfeistíocht thar naoi mbuicéad infheistíochta is féidir a ghrúpáil le chéile faoi thrí spreagthóir straitéiseacha:

### Go maith d'Éirinn

#### Infheistíocht Straitéiseach, Inbhuanaithe agus Fadtéarmach



Cé go bhfuil líon infheistíochta díri CISÉ de réir mar a samhlaíodh iad sa Straitéis Infheistíochta a bheag nó a mhór go dtí seo, tá leibhéal comhinfeistíochta níos airde tarraingthe aige ón earnáil phríobháideach ná mar a ceapadh agus, dá bharr sin, tiomantas infheistíochta iomlán níos airde do chuideachtaí agus do thionscadail a fhaigheann tacaíocht ón CISÉ. Mheall an CISÉ €1.7m i gcomhinfeistíocht ón earnáil phríobháideach ar gach €1m a d'infheistigh CISÉ, i gcomparáid le réamh-mheastachán tosaigh de €1m ar gach €1m a infheistíodh.

Ó bunaíodh é ag deireadh 2014, chonaic an CISÉ feabhas suntasach i ngeilleagar na hÉireann agus i margaid infheistíochta na hÉireann, agus dá bharr sin, timpeallacht atá athraithe go hábhartha i gcomhair infheistíochta. Mar sin féin, is léir go bhfuil bearnaí caipitil i gcónaí in earnálacha rithbhachtacha den gheilleagar, lena n-áirítear caipiteal lena ngabhann riosca níos airde a sholáthair bainc roimhe seo agus, ar bhonn níos ginearálta, tá deiseanna ann i gcomhair caipiteal fadtéarmach dírithe ar chothromas atá ag teastáil chun gnóthaí agus margaid a scálú agus a fhás.

Ceapadh go dtiocfadh athrú de réir a chéile ar Straitéis Infheistíochta tosaigh agus ar dhearadh punainne CISÉ agus go mbeadh solúbthacht agus oiriúnacht ina ngnéithe criticiúla dá shamhail ghnó. Chuige sin, nuair a cuireadh Straitéis Infheistíochta tosaigh CISÉ i gcrích i lár 2015, aontaíodh go ndéanfaí athbheithniú foirmiúil ar an Straitéis tar éis ocht mí dhéag agus go n-áireofaí leis sin comhairliúchán leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an t-athbheithniú sin beagnach réidh anois. Mar chuid den athbheithniú sin, d'fhógair an Rialtas i mBuiséad 2018 go rabhtas chun Ciste Coise Tinne agus

Airgeadas do Thógáil Tithe in Éirinn a bhunú, agus beidh an dá cheann á maoiniú ó acmhainní CISÉ ar dtús báire.

### Feidhmíocht Infheistíochtaí


Tá luach iomlán na Punainne Lánroghnaí imithe i méid ó bunaíodh í ó €7.1bn go dtí €8.7bn, i gcomparáid le gnóthachain infheistíochta de €674m agus instealltaí airgid thirim de €865m (luach €530m de dhíbhiní AIB agus díol scairshealbhú an Stáit in Aer Lingus €335m).

In 2017, chruthaigh an CISÉ toradh infheistíochta 4.3%, inar cuimsíodh 4.5% ar Phunann na hÉireann agus 4.1% ar an bPunann Dhomhanda (tá sócmhainní ón bPunann Lánroghnach nár infheistíodh in Éirinn go fóill sa Phunann Dhomhanda). Bhain Punann na hÉireann leas go príomha as feidhmíocht láidir a cuid infheistíochtaí i gciste caipitil fiontar agus ó dhlúth-thorthaí ó infheistíochtaí bonneagair, fuinnimh agus GBM. Díróinn an Phunann Dhomhanda ar a chinntiú go mbeidh airgead tirim ar fáil chun tiomantais infheistíochta na hÉireann a mhaoiniú de réir mar a thagann siad chun cinn. Bhí feidhmíocht na punainne á tiomáint ag torthaí ó infheistíochtaí cothromais agus dearbh-thorthaí ó infheistíochtaí agus ghin a hinfeistíochtaí móra in airgead tirim agus ioncam seasta torthaí an-íseal go deo, ag teacht le dálaí an mhargaidh.

Ó bunaíodh é, chruthaigh an CISÉ toradh bliantúil de 2.8% in aghaidh na bliana, ag cuimsiú toradh 7.0% in aghaidh na bliana ón bPunann Éireannach agus toradh 2.2% in aghaidh na bliana ón bPunann Dhomhanda.

## An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ar lean)

### Amlíne CISÉ



D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.


### Punann na hÉireann

Agus infheistíochtaí a rinne a réamhtheachtaí (CNP) san áireamh, thiomnaigh CISÉ faoi dheireadh 2017 €3.3bn d'infheistíochtaí a thagann lena sainordú infheistíochta. Agus ceangaltais comh-infheisteora ó thríú páirtithe san áireamh, bhí €9.1bn san iomlán tiomnaithe d'Éirinn lena infheistiú.

Tá punann CISÉ roinnte amach thar gach réigiún agus go leor earnálacha den gheilleagar agus áirítear leis infheistíochtaí i mbonneagar, fuinneamh, tithíocht, eastát réadach tráchtála, GBManna, déiríocht, foraoiseacht, teicneolaíocht, eolaíochtaí saoil, oideachas agus seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta.

### Tiomantais CISÉ d'Éirinn 2014-2017

Iomlán Infheistíocht Tiomanta le hÉireann




\*Sócmhainní Éireannacha a aistríodh ó CNP.

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.



## Punann na hÉireann: Caipiteal a Tiomnaíodh ag Deir-2017



As an €3.3bn a cuireadh i leataobh d'Éirinn, bhí €2.2bn tarraingthe síos ag deireadh-2017, le margadhluach ar an dáta sin (tar éis roinnt leithdháiltí ioncaim) de €2.2bn.

Chuir CISÉ €667m i leataobh do 23 infheistíocht ar leithligh i rith 2017 (meánmhéid na hinfeistíochta €29m).

## An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ar lean)

### INFHEISTÍOCHTAÍ CISÉ NA HÉIREANN 2017

Éire a Chumasú	Ainm	Ceangaltas CISÉ €m	Cur Síos
 <b>Eastát Réadach</b>	DAD Property Fund	8	Treoirthionscadal chun réiteach inbhuanaithe a sholáthar le haghaidh riachtanais tithíochta sóisialta agus inacmhainne.
	Cherrywood – Hines	52	Oibreacha bonneagair a chumasú atá riachtanach chun tithíocht chónaithe a dhíghlasáil in Cherrywood SDZ.
	Man Aalto	25	Ciste fiachais forbartha cónaithe, ag tabhairt iasachtaí d'fhorbróirí níos lú.
	Ardstone Homes (leantach)*	5	Ciste tithíochta cónaithe ina bhfuil CISÉ mar phríomh-infheisteoir.
 <b>Bonneagar</b>	Údarás Aerfort na Sionna	14	Cothabháil riachtanais an rúidbhealaigh ag Aerfort na Sionna a mhaoiniú go hiomlán.
	Calafort Chorcaí	18	Réiteach maoinithe fiachais solúbtha chun tacú le hathlonnú Chalafort Chorcaí chuig Rinn an Scidigh.
	Aqua Comms (leantach)*	3	Forbróir Éireannach de bhonneagar snáthoptaice lena n-áirítear líonra nascachta na hÉireann/RA.
 <b>Fuinneamh</b>	Greencoat Renewables DAC	76	Príomh-infheisteoir in IPO le haghaidh infheisteora i bhfuinneamh in-athnuaite atá ag iarraidh margadh fuinnimh gaoithe na hÉireann a chaipitliú.
<b>Iomlán</b>		<b>201</b>	
<b>Éire a Fhás</b>			
 <b>GBM</b>	Muzinich	45	Ciste ina soláthraítear caipiteal fáis do GBManna agus corparáidí Éireannacha.
	Insight	83	Ciste cothromais phríobháideach ag an gcéim fáis a dhíreoidh ar dheiseanna bogearraí in Éirinn agus ar fud an domhain.
	BGF	125	An ciste caipitil is mó fáis atá tiomnaithe do GBManna Éireannacha agus ag a bhfuil thar €200m le hinfheistiú.
	Motive Partners	25	Teicneolaíocht airgeadais speisialaithe atá dírithe ar chiste cothromais phríobháideach a thugann caipiteal gnáthscaireanna fáis do ghnóthaí FinTech.
 <b>Cothromas Díreach</b>	Draper Esprit (leantach)*	12	Ciste caipiteal fiontair liostaithe a dhéanann infheistíochtaí éagsúla i gcuideachtaí teicneolaíochta príobháideacha ardfáis in Éirinn agus sa RA.
	InsideSales	24	Ardán luathú díolacháin tuartha atá i gceannas sa tionscal agus ag fás a láithreach Eorpach in Éirinn.
	Kaseya	20	Soláthraí réiteach bainistíochta IT iomlána do sholáthraithe seirbhíse bainistithe agus cuideachtaí ar mheánmhéid, ag fás a láithreach Eorpach in Éirinn.
	Cubic Telecom	10	Cuideachta nascachta/bogearraí a sholáthraíonn nascacht dhomhanda ar éileamh d'fhearais/feithiclí trí líonraí áitiúla soghluaiste.
	Swrve (leantach)*	2	Ceannaire domhanda in earnáil ardfáis na margaíochta soghluaiste ionaípe.
 <b>Talmhaíocht</b>	Finistere	40	Comhpháirtíocht idir CISÉ agus Finistere ag infheistiú i gcuideachtaí nua-thionscanta agus AgTech luathchéime in Éirinn.
	Panelto Foods	14	Cuideachta mhór bia tomhaltóirí atá ullmhaithe go dúchasach agus ag fás.
<b>Iomlán</b>		<b>400</b>	
<b>Ceannródaíocht na hÉireann</b>			
 <b>Caipiteal Fiontair</b>	Lightstone Ventures II	21	Ciste caipiteal fiontair speisialaithe bunaithe sna SA atá dírithe ar fhearais leighis agus ar bithchógaisíocht.
 <b>Nuálaíocht</b>	Nautilus Data Technologies	4	Glúin nua ionad sonraí a fhorbairt, lonnaithe ar uisce.
	Illumina Ventures	21	Ciste caipiteal fiontair Géanómáíochta ag infheistiú go príomha i gcuideachtaí óga, nua-thionscanta.
	Arch XI Overage Fund	21	Ag infheistiú i gcuideachtaí bunathraitheacha, tionscal shuaiteach, faoi thiomáint na teicneolaíochta in eolaíochtaí saoil agus fisiceacha.
<b>Iomlán</b>		<b>67</b>	
<b>Infheistíochtaí Iomlána 2017</b>		<b>667</b>	

\*Tiomantas breise d'infheistíocht CISÉ reatha.

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

## CISTE CEANGAILTEACHTA

Bunaíodh an Ciste Ceangailteachta mar fhochiste de CISÉ in 2015 chun fáiltas €335m ó dhíolachán scairshealbhú an Stáit in Aer Lingus a infheistiú agus é mar aidhm ceangailteacht fhisiciúil, fhíorúil agus fuinnimh na hÉireann a chumasú agus a bhreisiú. In 2017, chuir an CISÉ dhá thiomantas nua infheistíochta i gcrích ón bhfochiste sin (Calafort Chorcaí agus Aerfort na Sionainne) agus rinne tiomantas méadaithe do thiomantas reatha, Aqua Comms, ag tabhairt na dtiomantas iomlána ón gCiste Ceangailteachta go dtí €93m:

- Infheistíocht chothromais €26m in Aqua Comms chun tacú leis an gcéad ghréasán snáthoptaice fomhuirí tiomanta in Éirinn a dhéanfaidh idirnasca idir Nua-Eabhrac, Baile Átha Cliath agus Londain trí Chill Ala, Co. Mhaigh Eo;
- úabác: Infheistíocht €35m in eisiúint bannaí 2028 a bheidh mar bhonn taca ag maoiniú fadtéarmach d'oibreoir aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí;
- Calafort Chorcaí: áis fofhéich €18m chun cur ar chumas Chalafort Chorcaí athlonnú óna láthair sháinnithe i gCathair Chorcaí go dtí láithreán athfhorbartha i Rinn an Scidígh; agus
- Aerfort na Sionainne: áis iasachta €14m chun tacú le huasghrádú an rúidbhealaigh atá ann cheana, gné lárnach de chlár infheistíochta caipitiúla Aerfort na Sionainne.

## Tionchar Geilleagrach

Is mian le CISÉ an chuid is mó dá chaipiteal a leithdháileadh ar eárnálacha agus infheistíochtaí tosaíochta mar ar dóichí na tionchair gheilleagracha is fearr agus, lena chois sin, a chinntiú go sásaíonn gach infheistíocht a chuspóirí brabús tráchtála.

Tá difríocht idir an tionchar geilleagrach agus an fhostaíocht a fhaigheann tacaíocht ó infheistíocht CISÉ agus gnáthchaiteachas an Rialtais. Leis an infheistíocht, cuirtear acmhainní poiblí ar ais ag deireadh na tréimhse infheistíochta; ach i gcás caiteachas Rialtais ídítear acmhainní poiblí mar thoradh ar an gcaiteachas. Is féidir caipiteal infheistíochta a chuirtear ar ais a athchúrsáil ansin agus tionscdaí tairbhíúla breise a dhéanamh díobh.

Ag teacht le sainordú bonnlíne dúbailte CISÉ, cuid lárnach de dhícheall cuí CISÉ roimh an infheistíocht is ea measúnú cuimsitheach ar bhreisíocht, dlíáithriú agus marbhualach gach idirbhirt.

I ndiaidh na hinfeistíochta, cuireann CISÉ daonáireamh leathbhliantúil i gcrích de na hinfeisteoirí ar fad chun an tionchar geilleagrach agus sonraí fostaíochta a bhailiú le cur ar a chumas dul chun cinn ó thaobh tionchar geilleagrach na n-infheistíochtaí go léir a fhaire.

**Tagraíonn breisíocht** do na buntáistí eacnamaíocha breise a bhaineann le Oll-Bhreislúach is dóigh a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar an infheistíocht atá á breithniú, de bhreis ar cad a tharlódh ar aon chuma.

**Tagraíonn dlíáithriú** do chásanna ina laghdaítear an bhreisíocht a chruthaítear ó infheistíocht nó ina ndéantar níos lú é ag leibhéal foriomlán an gheilleagair i gceall ar laghdú ar thairbhí den sórt sin in áiteanna eile sa gheilleagar.

**Tagraíonn marbhualach** do chásanna ina mbainfí amach na tairbhí eacnamaíocha a cruthaíodh ó infheistíocht ar aon chaoi in éagmais idirghabhála.

## TIONCHAR GEILLEAGRACH CISÉ IN 2017



### 1,811

**CUIDEACHTAÍ/TIONSCADAIL  
ÉIREANNACHA**

inár cruthaíodh comhioncain de  
€1.9bn, 28% trí onnmhairí.



### €948m

**PÁ AGUS TUARASTAIL**

saothraithe fostaíthe na gcuideachtaí  
sin in 2017.



### 30,786

**POIST**

a bhfuil tacaíocht acu, go díreach agus  
go hindíreach, ó infheistíochtaí CISÉ.



### €993m

**OLL-BHREISLUACH**

do gheilleagar na hÉireann.




### €526m

Faoi dheireadh 2017, bhí €526m curtha i leataobh ag CISÉ d'infheistíochtaí i dtithíocht chónaithe mar fhreagra ar an ngéarchéim tithíochta go náisiúnta. Tá maoiniú curtha ar leataobh nó suíomhanna faighte ag ardáin tithíochta chónaithe a bhfuil tacaíocht acu ó CISÉ chun os cionn 9,500 teach chónaithe a chur ar fáil faoin mbliain 2021.

## An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ar lean)

### Tionchar Geilleagrach CISÉ in 2017




## Punann Dhomhanda

I mí Iúil 2016, chuir GBCN feidhmiú Straitéis Aistrithe Punainne Dhomhanda mheántéarmach i gcrích, atá deartha chun go mbeidh CISÉ in ann aistriú mar phunann dhomhanda den chuid is mó go dtí Punann Éireannach, de réir mar a chuirtear i bhfeidhm agus mar a tharraingítear anuas deiseanna infheistíochta in Éirinn thar thréimhse blianta. Is é cuspoir foriomlán na Straitéise a chinntiú go mbíonn airgead ar fáil faoi mar is gá d'infheistíochtaí Éireannacha i rith tréimhse tháscach ceithre go cúig bliana, agus ionchur suntasach a dhéanamh i dtreo chuspóir brabúis infheistíochta fhoriomlán CISÉ.

Ceapadh an Straitéis le cur chuige infheistíochta ilstraitéise d'aicme sócmhainní éagsúla ar riosca íseal a chruthú, ag infheistiú thar airgead tirim, ioncam seasta, creidmheas, gnáthscaireanna, réitigh ilstraitéiseacha agus sainorduithe dearbhthoraidh trí bhainisteoirí sócmhainní domhanda seachtracha ar ardchaighdeán.

Ba ionann agus €6.5bn sócmhainní iomlána na Punainne Dhomhanda ag deireadh 2017, inar cuimsíodh cothromais luaithe, bannaí, airgead tirim agus sócmhainní malartacha.

## Sócmhainní na Punainne Dhomhanda ag Deireadh 2017



## Bainisteoirí na Punainne Dhomhanda ag Deireadh 2017

Bainisteoir	Sainordú	Luach Margaidh €m	Punann Dhomhanda %
Goldman Sachs Asset Management	Ilsócmhainn	1,672	26
J.P. Morgan Asset Management	Ilsócmhainn	1,003	15
Irish Life Investment Managers	Ilsócmhainn	841	13
Amundi Asset Management	Ioncam Seasta agus Airgead Tirim	636	10
BlackRock Investment Management	Ioncam Seasta	321	5
Muzinich & Co	Ioncam Seasta	235	4
Deutsche Asset Management	Ioncam Seasta	169	3
Acadian Asset Management	Cothromas	311	5
Generation Investment Management	Cothromas	194	3
AQR Capital Management	Dearbhthoradh	288	4
Blackstone Alternative Asset Management	Dearbhthoradh	226	3
Bridgewater Associates	Dearbhthoradh	224	3
Bainisteoirí Eastáit Réadaigh Domhanda*	Eastát Réadach	61	1
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais	347	5
<b>Iomlán</b>		<b>6,528</b>	<b>100</b>

\*Infheistíochtaí oidhreachta CNP (14 bhainisteoir).

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

Soláthraíonn coimeádaí domhanda CISÉ, BNY Mellon, seirbhísí coimeáda agus idirbheartaíochta do GBCN. Tá BNY Mellon freagrach as socrú idirbheartaíochta agus sealbháocht scartha shócmhainní na margáí poiblí faoi úinéireacht dhíreach CISÉ.

## An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ar lean)

### Inbhuanaitheacht agus Infheistíocht Fhreagrach

Creideann GBCN, mar rialaitheoir agus bainisteoir an CISE go bhfuil sé de dhualgas ar an gCiste, mar infheisteoir mór agus fadtéarmach in Éirinn, rannchuidiú go gníomhach le hinbhuanaitheacht gheilleagar na hÉireann le haghaidh glúnta amach anseo agus daoine eile a spreagadh chun déanamh amhlaidh. Chuige sin, d'fhorbair sí Straitéis Infheistíochta Inbhuanaithe agus Fhreagrach CISE chun luach agus clú infheistíochtaí CISE a chosaint agus a fheabhsú go fadtéarmach trí chleachtais infheistíochta fhreagracha agus maolú riosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais. Ar feadh a phróisis cinnteoireachta maidir le hinfeistíochtaí, tá sé mar aidhm aige díriú go háirithe ar an riosca a bhaineann le hathrú aeráide agus astaíochtaí agus ar saincheisteanna rialachais.

I rith 2017, cheap CISE roinnt soláthraithe seirbhíse chun cabhrú lena Straitéis Infheistíochta Inbhuanaithe agus Fhreagrach a chur i bhfeidhm.

### Soláthraithe Seirbhíse i gcomhair Infheistíochtaí Freagracha agus Inbhuanaithe CISE

Soláthraí Seirbhíse	Seirbhís
Hermes EOS	Seachvótálaí agus Seirbhísí Rannpháirtíochta
oekom/ISS – Ethix Climate Solutions	Anailísíocht na Punainne Domhanda/Lorg Carbóin na Punainne
Bainistiú Acmhainní Comhshaoil	Creat ESG a Fhorbairt le haghaidh infheistíocht agus monatóireacht Phunann na hÉireann

I mí na Nollag 2017, d'fhoilsigh CISE a Straitéis athbhreithnithe Inbhuanaitheachta agus Infheistíochta Freagraí inar féidir aonáin shonracha a eisiaim nó catagóirí infheistíochta mar uirlis thábhachtach infheistíochta ar bhonn teoranta. Féadfar eisiaimh den sórt sin a dhéanamh i gcás ina dtarlaíonn sé, agus fianaise fhíorúil iontaoifa agus réasúnta curtha san áireamh, go mbaintear de thátal réasúnta é nach bhfuil infheistíocht in aonán nó i gcatagóir infheistíochta comhsheasmhach le dualgais reachtúla GBCN maidir le hinfeistíochtaí an Chiste nó lena straitéis infheistíochta le haghaidh sócmhainní lánroghnacha an Chiste. Faoin Straitéis athbhreithnithe, tá cuideachtaí fágtha ar lár ag CISE a bhí rannpháirteach go hábhartha i dtáirgeadh agus próiseáil guail agus gaineamh ola, na breoslaí iontaise leis an méid carbóin is airde, agus tá a chinneadh infheistíochta luaite aige arís, a rinneadh in 2016, chun cuideachtaí déantúsaíochta tobac a fhágáil ar lár. Tá sé sin anuas ar chuideachtaí atá ag gabháil do dhéanamh chnuas-mhuinisin agus mianaigh fhrithphearsanra, ar infheistíochtaí coiscthe faoin *Acht um Chnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra 2008*.

### PUNANN FAOI THREOIR

Leanfar de bhainistíocht na Punainne faoi Threoir – go príomha infheistíochtaí beartais phoiblí in AIB agus i mBanc na hÉireann – laistigh de CISE faoi threoir an Aire Airgeadais. Le linn na géarchéime airgeadais, d'infheistigh CNP suim iomlán €20.7b in AIB agus i mBanc na hÉireann faoi threoir an Aire Airgeadais agus ar chúiseanna beartais phoiblí. Aistríodh na Sócmhainní chuig CISE nuair a bunaíodh é.

Baineann na figiúirí sa chuid seo le hinfeistíochtaí CISE amháin agus ní áirítear leo infheistíochtaí beartais phoiblí in institiúidí airgeadais na hÉireann a rinne an tAire Airgeadais tríd an Státchiste. Ag deireadh 2017, cuimsíodh sa Phunann faoi Threoir:

- Gnáthscaireanna in AIB ar phraghas margaidh €5.42 an scair;
- Gnáthscaireanna i mBanc na hÉireann ar phraghas margaidh €7.12 an scair; agus
- €215m in airgead tirim, tiomanta d'iasachtú le Corparáid BaincÉireachta Straitéisí na hÉireann.

I mí an Mheithimh 2017, i gcomhar leis an tairiscint phoiblí thosaigh de scaireanna AIB, ordáíodh do CISE 780 milliún scair a dhíol ag €4.40 in aghaidh na scaire, agus mar thoradh air sin tháinig laghdú ar chéatadán shealbhaíocht CISE ó 99.9% go dtí 71.1%. Aistríodh luach €3,434m de fháltais ina dhiaidh sin chuig an Státchiste de bhun Treoracha Aireachta.

Bhí luacháil €11.8bn ag an bPunann faoi Threoir ag deireadh 2017. B'ionann a thoradh in 2017 agus 19.9%. Ag eascairt ón €20.7bn infheistithe in AIB agus Banc na hÉireann, is ionann torthaí airgid ar infheistíochtaí go dáta agus €10.1bn agus b'ionann luachálacha infheistíochta in AIB agus Banc na hÉireann ag deireadh 2017 agus €11.5bn, rud a thug an t-iomlán (ioncam agus luach) go dtí €21.6bn.

## Punann faoi Threoir ag Deireadh 2017

	Airgead Infheistithe €bn	Airgead tirim faighte €bn	Luach ag deireadh 2017 €bn	Scairshealbhú ag Deireadh 2017 %	Iomlán (Ioncam & Luach) €bn
Scaireanna Tosaíochta	1.8	3.2	-		3.2
Gnáthscaireanna	2.9	1.0	1.1		2.1
<b>Banc na hÉireann</b>	<b>4.7</b>	<b>4.2</b>	<b>1.1</b>	<b>13.9</b>	<b>5.3</b>
Scaireanna Tosaíochta	3.5	2.2	-		2.2
Gnáthscaireanna	8.7	3.7	10.5		14.1
Ranníocaíocht chaipitil	3.8	-	-		-
<b>AIB</b>	<b>16.0</b>	<b>5.9</b>	<b>10.5</b>	<b>71.1</b>	<b>16.3</b>
<b>Infheistíochtaí Bainc Iomlána</b>	<b>20.7</b>	<b>10.1</b>	<b>11.5</b>		<b>21.6</b>
Airgead do SBCI			0.2		
<b>Punann Iomlán faoi Threoir</b>			<b>11.8</b>		

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

ATHBHREITHNIÚ GNÓ

# An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Cuireann an GAFN seirbhísí comhairliúcháin airgeadais, soláthair agus tionscadail a chur i gcrích do údaráis Stáit ar thionscadal bonneagar poiblí.



## CPPanna a Sheachadadh

# €1.5bn

### LUACH CAIPITIÚIL

Tá GAFN, i gcompháirt lena cliant-Ranna agus gníomhaireachtaí ag tacú le tionscadail CPP oideachais, sláinte, ceartais agus tithíochta a sheachadadh, a bhfuil luach caipitiúil iomlán €1.5bn ag gabháil leo.



#### IONAID CHÚRAIM PHRÍOMHÚIL

# 14

Cuireadh ceithre cinn den 14 ionad nua cúram sláinte faoi CPP na nIonad Cúram Príomhúil, an chéad CPP cúram sláinte in Éirinn, i gcrích in 2017 agus beidh an chuid eile i mbun oibre in 2018.



#### TITHE CÚIRTE

# 7

Leanadh den tógáil thar CPP na gCúirteanna ina bhfuiltear ag forbairt tithe cúirte nua agus ina bhfuil athchóiriú agus síneadh á chur le tithe cúirte reatha i seacht n-áit; cuireadh trí cinn de na tithe cúirte i gcrích in 2017 agus cuirfear an chuid eile i gcrích in 2018.



#### TITHÍOCHT SHÓISIALTA

# 534

Cuireadh tús leis an gcomórtas tairisceana le haghaidh Chnuas 1 CPP i gcomhair Tithíocht Shóisialta (534 aonad tithíochta) in 2017 agus tá obair ag leanúint ar aghaidh chun Cnuasaigh 2 agus 3 a ullmhú le cur ar an margadh.

## Ag Soláthar Comhairle Airgeadais

# €5.5bn

### LUACH CAIPITIÚIL

Tá GAFN ag soláthar comhairle airgeadais ar thionscadail bonneagair, lena n-áirítear CPPanna, agus luach measta caipitiúil iomlán de €5.5bn.



#### COIGILTEAS DON STÁT

# €8m

Rinneadh athmhaoiniú go rathúil in 2017 ar thionscadal Dramhaíl go Fuinneamh CPP Bhaile Átha Cliath ag an bPoll Beag, agus sábháladh os cionn €8m don Stát dá bharr.



#### TITHÍOCHT

Tá GAFN ag soláthar comhairle maidir le roinnt tionscadal tithíochta lena n-áirítear léas ar thithíocht shóisialta agus scéimeanna morgáiste ar cíos agus an úsáid a bhaineann údaráis áitiúla as cúlsholáthar talún chun dlús a chur faoi thithíocht shóisialta, inacmhainne agus phríobháideach.



#### BÓTHAR AN GHOIRT

# N17/N18

Osclaíodh scéim CPP ón nGort go Tuaim (N17/N18), an ceann is mó sa chlár bóithre reatha CPP, i mí Mheán Fómhair 2017. Feidhmíonn GAFN mar chomhairleoir airgeadais do Bhonneagar Iompair Éireann thar an gclár CPP do bhóithre.

## An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (ar lean)

Tá GBCN ainmnithe mar an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) le linn dó comhairle airgeadais a chur ar fáil d'údarás Stáit a thugann faoi mhórtionscadail infheistíochta poiblí lena ngabhann luach caipitiúil de bhreis is €20m agus le tionscadail Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (CPP) a sholáthar agus a sheachadadh in earnálacha lasmuigh d'iompar agus na húdaráis áitiúla.

### TIONSCADAIL CPP A SHEACHADADH

Ba phríomhfhócas de ghníomhaíocht GAFN in 2017 tionscadail CPP cheadaithe a sholáthar agus a sheachadadh. Tá GAFN, i gcomhpháirt lena cliant-Ranna agus gníomhaireachtaí freagrach as tionscadail CPP oideachais, sláinte, ceartais agus tithíochta a sheachadadh, a bhfuil luach caipitiúil iomlán €1.5bn ag gabháil leo. Feidhmíonn GAFN mar chomhairleoir airgeadais thar an gclár CPP iomlán.

Maidir le CPPanna a bhfuil freagracht ar GAFN iad a sheachadadh, bhí ceithre cinn ag céim na tógála nó gar de agus ceann ar céim an mhargaidh ag deireadh 2017. Cuireadh ceithre cinn den 14 ionad cúram sláinte faoi na hIonaid Chúraim Phríomhúil CPP i gcrích i rith 2017 agus táthar ag súil go gcuirfean an chuid eile i gcrích i lár na bliana 2018. I CPP na gCúirteanna, inar forbraíodh tithe cúirte nua agus inar athchóiríodh agus síneadh tithe cúirte atá ann cheana i seacht suíomh, cuireadh trí shuíomh i gcrích in 2017 agus táthar ag súil go gcuirfean an chuid eile i gcrích faoi R3 2018.

Cuireadh moill ar thógáil Chnuasach 5 de CPP Scoileanna, ag soláthar 4,870 áit do mhic léinn thar ceithre shuíomh, tar éis leachtú Carillion plc i mí Eanáir 2018. Tá an Chuideachta CPP agus maoinitheoir an tionscadail ag obair trí phlean

ceartúcháin i láthair na huair chun an tionscadal a chur i gcrích chomh luath agus is féidir é.

Cuireadh tús in athuair leis an obair ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin i rith 2017, i ndiaidh an bhreithiúnais i bhfabhar an Aire Oideachais agus Scileanna agus GBCN i mí Dheireadh Fómhair 2016 i gcás a thóg tairgeoir nár éirigh leis. Sroicheadh clabhsúr airgeadais i mí Márta 2018, agus tá sé i gceist an tionscadal a chur i mbun feidhme in 2020.


Cuireadh tús leis an gcomórtas tairisceana le haghaidh Chnuas 1 CPP i gcomhair Tithíocht Shóisialta, chun 534 aonad tithíochta a thógáil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, i R4 2017 agus tá obair ag leanúint ar aghaidh chun Cnuasaigh 2 agus 3 a ullmhú le cur ar an margadh. Samhlaítear leis an gclár iomlán go mbeidh 1,500 aonad tithíochta ar fud na tíre.

Lean an GAFN ag cur comhairle ar Bhonneagar Iompair Éireann maidir lena chlár CPP do bhóithre. Osclaíodh scéim CPP ón nGort go Tuaim (N17/N18), an ceann is mó sa chlár bóithre reatha CPP, i mí Mheán Fómhair 2017. Bhí siad chun tosaigh ar an sceideal.






Thug GAFN comhairle freisin do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le tionscadal CPP Dramhaíl go Fuinneamh ag an bPoll Beag, Baile Átha Cliath, a thosaigh ag obair i rith 2017. Athmhainíodh an tionscadal go rathúil freisin in 2017, ag cur os cionn €8m i gcoigilteas ar fáil don Stát.

I dtéarmaí tionscadal nua, d'oibrigh GAFN i ndlúthchomhar leis an tSeirbhís Chúirteanna, le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun an chéad tráinse eile tionscadal a fhorbairt ina n-áirítear an chúirt Uachtarach agus cúirteanna dlí teaghlaigh, aonaid altranais pobail, agus institiúidí tríú leibhéal.

### Suíomhanna Tionscadail GAFN














#### 1. Sócmhainní caipitil i mbun forbartha ag GAFN in 2017

-  Scoileanna & Institiúid Bhreisoideachais
-  Ionaid Chúraim Phríomhúil
-  Campas DIT ag Gráinseach Ghormáin
-  Tithe Cúirte
-  Tithíocht Shóisialta

#### 2. Scoileanna CPP i mbun Oibríochta faoi bhainistíocht conartha GAFN in 2017

-  Scoileanna Oibríochta

## DUL CHUN CINN AR THIONSCADAIL CPP GAFN AG DEIR 2017

Tionscadal	Cur Síos	Stádas
<b>Tionscadail á Soláthar ag GAFN</b>		
 <b>Ionaid Cúraim Phríomhúil CPP</b>	14 ionad cúraim príomhúil a fhorbairt ar fud na tíre, deartha chun seirbhísí cúraim sláinte agus sóisialta a sholáthar i bpobail áitiúla.	Thosaigh ceithre shaoráid i mbun oibre in 2017 (Mainistir na Búille, Baile an Róba, Tuaim agus Cathair Luimnigh). Tá an chuid eile seo ceaptha a bheith críochnaithe i lár 2018.
 <b>Cnuasaigh Chúirte CPP</b>	Forbairt tithíochta nua i nDroichead Átha, Leitir Ceanainn, Luimneach agus i Loch Garman agus freisin an t-athchóiriú agus na hoibreacha sínte ar thithe cúirte reatha i gCorcaigh, an Muileann gCearr agus i bPort Láirge.	Thosaigh trí theacht cúirte i mbun oibre in 2017 (Droichead Átha, Leitir Ceanainn agus Loch Garman). Tá na ceithre cinn eile le cur i gcrích faoi R3 2018.
 <b>Cnuas 5 CPP Scoileanna</b>	Cúig scoil agus Institiúid Breisoideachais amháin ag soláthar 4,870 áit i gCeatharlach, an Mhí, Cill Mhantáin agus Loch Garman.	Cuireadh moill ar a gcur i gcrích tar éis leachtú bhall den Chuideachta CPP (Carillion plc) i mí Eanáir 2018. Tá an Chuideachta CPP agus maoinitheoirí an tionscadail ag obair trí phlean ceartúcháin i láthair na huairé chun an tionscadal a chur i gcrích chomh luath agus is féidir é.
 <b>CPP Champas DIT ag Gráinseach Ghormáin</b>	Forbraíodh dhá fhoirgneamh chearnóige ag Champas nua DIT i nGráinseach Ghormáin, ag soláthar 10,000 áit staidéir in ealaíon fheidhmeach, eolaíochtaí agus innealtóireacht.	Bronnadh an conradh agus cuireadh clabhsúr airgeadais i gcrích i mí Márta 2018. Tar éis tréimhse tógála dhá bhliain, táthar ag súil go mbeidh na foirgnimh i mbun oibre in 2020.
 <b>Tithíocht Shóisialta CPP</b>	Forbairt 1,500 aonad tithíochta sóisialta i dtrí chnuas.	Cuireadh tús le comórtas tairisceana do Chnuas 1 in 2017 agus sroichfidh Cnuas 2 an margadh go luath in 2018.
<b>Tionscadail inarb é GAFN an Comhairleoir Airgeadais</b>		
 <b>Mótarbhealach Limistéir Seirbhíse</b>	Dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil dhá limistéar seirbhíse lonnaithe ar mótarbhealach M6 soir ó Bhaile Átha Luain agus ar mótarbhealach M9 ó dheas de Chill Chuillinn mar aon le feistiú, oibriú agus cothabháil tríú limistéar seirbhíse ar mótarbhealach M11 ó thuaidh de Ghuaire.	Ag súil go sroichfidh sé clabhsúr airgeadais in 2018.
 <b>CPP N17/N18</b>	Dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil 57km de stráice nua mótarbhealaigh i nGaillimh.	Osclaíodh an scéim bóthair críochnaithe go hoifigiúil i mí Mheán Fómhair 2017.
 <b>CPP M11 (Guaire go hInis Córthaidh)</b>	Dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil 38km de stráice nua mótarbhealaigh i Loch Garman.	Tá an tógáil ar siúl, sceidealaithe lena críochnú in 2019.
 <b>CPP N25</b>	Dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin.	Tá an tógáil ar siúl, sceidealaithe lena críochnú in 2019.
 <b>CPP Athnuachan Tithíochta Shráid Charlemont</b>	Tionscadal CPP na malairte talún lena mbaineann soláthar 79 aonad tithíochta sóisialta agus áiseanna pobail i mBaile Átha Cliath.	Tá an tógáil ar siúl, sceidealaithe lena críochnú in 2018.
 <b>CPP Dramhaíola ina Fhuinneamh</b>	Dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil monarcha 600,000.	Thosaigh an tionscadal i mbun oibre in 2017 agus athmhaoiníodh é i mí na Nollag 2017.

## SOLÁTHAR COMHAIRLE AIRGEADAIS

Faoina sainordú reachtúil, cuireann GAFN comhairle airgeadais ar fáil d'údarás Stáit atá ag tabhairt faoi mhórtionscadail infheistíochta poiblí. I rith 2017, thug an GAFN comhairle maidir le roinnt tionscadal tithíochta lena n-áirítear scéimeanna tithíochta sóisialta ar léas agus morgáiste ar cíos. Thug sé seirbhísí comhairleoireachta airgeadais freisin d'údarás áitiúla maidir le húsáid a gcúlsoláthar talún chun dlús a chur faoi thithíocht shóisialta, inacmhainne agus phríobháideacht ag teacht le beartas an Rialtais.

I measc na dtionscadal eile ar ar thug an GAFN comhairle airgeadais in 2017 bhí an tSaotharlann Fóirínseolaíochta, Seirbhísí Líonra Raidió Dhigitigh Bainistithe Slán, Ospidéal Seirbhísí Meabhairshláinte Fóiréinsí Náisiúnta agus Aonad Oinceolaíochta Radaíochta Chorcaí.

D'oibrigh GAFN freisin leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) ar sholáthar iasachta díri €490m don Státchiste a tugadh chun críche i mí na Nollag 2017 le haghaidh tionscadal nua Ospidéal na Leanaí. Léiríonn sé sin an infheistíocht airgeadais is mó riamh ag BEI in Éirinn agus an infheistíocht cúram sláinte aonair is mó riamh i stair an Bhainc.

## SEIRBHÍSÍ BAINISTÍOCHTA CONARHTHA

Ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ghlac GAFN freagracht as bainistíocht conartha gach scoile oibríochtúla CPP. Ag deireadh 2017 bhí GAFN ag bainistiú na gconarthaí le haghaidh cúig tionscadal scoile ag cumhdach 27 scoil. Ag obair faoi Chomhaontú Seirbhíse, baineann an tacaíocht a thugtar le monatóireacht ar na comhlachtaí bainteacha CPP i bhfeidhmiú a n-oibleagáidí faoin gconradh CPP, ag cinntiú go ngabhtar an luach fadtéarmach sna conarthaí seo. Soláthraíonn GAFN seirbhísí bainistíochta conartha freisin don Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath.

ATHBHREITHNIÚ GNÓ

# RÉnua

---


Le RÉnua cuirtear lárionad tiomnaithe saintaithí san airgeadas corparáideach ar fáil don Rialtas, lena gcuirtear comhairle airgeadais ar Airí maidir lena scairshealbha i gcomhlachtaí móra tráchtála Stáit.

## Comhairle Tráchtála agus Airgeadais

I rith 2017, thug RÉnua comhairle airgeadais agus tráchtála don Rialtas ar raon míreanna a bhaineann leis na comhlachtaí Stáit ar a ndéanann sé maoirsiú:




Lean ról RÉnua ag leathnú i rith 2017 agus tugadh faoi shannacháin shuntasacha ar iarratas ó Airí Rialtais i dtaca le cuideachtaí eile Stáit lena n-áirítear:



## Athbheithniú Bliantúil Punainne

D'fhoilsigh RÉnua a hathbheithniú bliantúil ar na comhlachtaí tráchtála Stáit laistigh dá Punann, ag leagan síos na bpríomhdhúshlán agus na ndeiseanna a bhaineann le gach comhlacht i mí na Nollag 2017.



## RÉnua (ar lean)

Is é an croí-ról atá ag RÉnua comhairle airgeadais agus tráchtála a chur ar fáil d'Airí Rialtais i ndáil le roinnt mórchomhlachtaí tráchtála Stáit: Bord na Móna, Coillte, EirGrid, Ervia (lena n-áirítear Líonraí Gáis Éireann), BSL agus Uisce Éireann (an Phunann).

Tá ról criticiúil ag na cuideachtaí sin i ngeilleagar na hÉireann, lena n-áirítear trí infheistíocht i mbonneagar cumasúcháin i líonraí uisce agus fuinnimh. Ba ionann agus €1.5bn an ollinfheistíocht i bhfoirm chaiteachais chaipitiúil in 2016/2017, agus 60% de sin ar shócmhainní líonra rialaithe (uisce agus fuinneamh) laistigh den Stát. Táthar ag súil go leanfar d'infheistíocht shuntasach le suas le €4bn réamh-mheasta le hinfeistiú i mbonneagar líonra fuinnimh rialáilte sa Stát thar an tréimhse 2017-2021 agus measann Uisce Éireann go dteastaíonn thart ar €13bn chun dul i ngleic le gach easnamh atá ar eolas i mbonneagar uisce. Déantar tagairt in *bPlean Forbartha Náisiúnta Éire 2040 – An Tionscadal 2018-2027* don tábhacht atá leis an infheistíocht a mheasann na comhlachtaí seo a dhéanfaidh siad as seo go ceann deich mbliana.

Nuair a iarrann na hAirí Rialtais ábhartha é, síneann ról RÉnua chuig comhlachtaí nó sócmhainní eile Stáit. Mar ionad tiomanta de shaineolas airgeadais, tugann RÉnua fócas tráchtála breise le forbhreathnú fiontair faoi úinéireacht Stáit.


### ÚINÉIREACTH GHNÍOMHACH

Príomhaidhm de RÉnua, ag obair le Ranna Rialtais, is ea ról an Stáit a fheabhsú mar scairshealbhóir gníomhach sna cuideachtaí atá faoina úinéireachta, ag soláthar creata le haghaidh tuiscint níos soiléire ar chuspóirí an Stáit agus ar ionchais airgeadais do na cuideachtaí.

Chun cuidiú leis na cuspóirí sin a bhaint amach, d'fhorbair RÉnua Creat d'Ionchais Scairshealbhóirí (an Creat) chun úinéireacht ghníomhach níos mó an Stáit mar scairshealbhóir a éascú. Is é cuspóir an chreata soiléire foirmiúil agus treoir a thabhairt do bhoird na gcomhlachtaí seo maidir le tosaíochtaí straitéiseacha an Rialtais, cuspóirí beartais, feidhmíocht airgeadais agus ceanglais tuairiscithe.

Cuirtear iad sin in iúl do na comhlachtaí trí "Litir Ionchais do Scairshealbhóirí" arna heisiúint ag an Aire Rialtais iomchuí. Is iad seo na réimsí i Litir Ionchais an Scairshealbhóra a ndíreoidh RÉnua go príomha orthu ó pheirspictíocht airgeadais agus tráchtála amhail deireadh 2017:


- Bearta leanúnacha de fheidhmíocht airgeadais, saincheaptha le haghaidh gach comhlachta;
- Riachtanas do na comhlachtaí ábhartha luachálacha cothromais thráchtála a ullmhú chun an tomhas a dhéantar ar thoradh iomlán an scairshealbhóra a éascú; agus
- Spriocanna foirmiúla airgeadais a fhorbairt ina n-áirítear de ghnáth sprioc struchtúir chaipitil, sprioc brabúsachta agus sprioc díbhinne.



## SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA FAOI AIRGEADAS CORPARÁIDEACH

## Punann RÉnua

Le linn na bliana 2017, thug RÉnua anailís mhionsonraithe airgeadais agus moltaí (nuair ba chú) d'Airí maidir le 70 aighneacht san iomlán le haghaidh bhreith agus thoiliú an Aire, arna ndéanamh ag na comhlachtaí Stáit tráchtála faoina shainchúram. Áiríodh leis sin €1.9bn in iarratais a bhaineann le maoiniú fiachas (lena n-áirítear eisiúint bannaí agus saoráidí fiachais tráchtála), €1.3bn maidir le hiarrataí ar bhuiséid caiteachais chaipitiúil agus €0.8bn in iarrataí sonracha ar thionscadail caiteachais chaipitiúil. D'oibrigh RÉnua go dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus a ról comhairleach á dhéanamh maidir le ceapacháin bhoird.



## RÉnua (ar lean)

### Cuideachtaí Stáit Breise

Leanadh den fhás ar RÉnua i rith 2017 ó thaobh líon na sannachán a d'iarr Airí Rialtais air a chur i gcrích maidir le raon leathan cuideachtaí Stáit eile. Tugadh comhairle airgeadais agus tráchtála leanúnach maidir leis na príomhchuideachtaí Stáit tráchtála in earnáil an iompair tar éis comhaontú a chur i bhfeidhm i rith 2017 leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

### Sannacháin roghnaithe RÉnua 2017: Cuideachtaí Stáit Breise

#### Tionscadal

#### Cur Síos



Athbhreithniú airgeadais agus anailís ar phlean straitéiseach agus maoinithe agus cúnamh/comhairle d'Airí ábhartha i dtaca le hiasacht Stáit do An Post.



Athbhreithniú agus anailís airgeadais ar phleananna gnó CIÉ, Bus Éireann agus Iarnród Éireann. Athbhreithniú airgeadais ar shaoráidí maoinithe CIÉ.



Athbhreithniú airgeadais thar ceann DTTAS agus DPER i gcomthéacs beartais díbhinne athbhreithnithe ag cur mórfheananna infheistíochta caipitil Chalafort Bhaile Átha Cliath.



Comhairle do DTTAS agus DPER maidir le beartas díbhinne athbhreithnithe.



Anailís airgeadais agus comhairle don Aire Sláinte i dtaca le hathbhreithniú ar phlean straitéiseach agus airgeadais Vhi.



Athbhreithniú airgeadais agus anailís ar struchtúr maoinithe thionscadal athfhorbartha Rinn an Scidígh.

Tabhair faoi deara: DTTAS: An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, DPER: An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.



## Stiúrthóir, Airgeadas Chorparáideach

Bhí fás leanúnach i rith 2017 ar líon na sannachán comhairleach maidir le maoiniú corparáideach a rinne RÉnua thar ceann Airí Rialtais thar raon leathan earnálacha.

### Sannacháin roghnaithe RÉnua 2017: Tionscadail Bhreise

Tionscadal	Ról RÉnua
	<p><b>SPRIOCANNA</b></p> <p>Thug athbheithnithe ó pheirspictíocht airgeadais ar an tsamhail mhaoinithe a d'fhorbair Ranna Rialtais ábhartha agus gníomhaireachtaí le haghaidh beart athrú aeráide le haghaidh an Phlean Maolaithe Náisiúnta a foilsíodh i mí Iúil 2017. Bhí sé rannpháirteach freisin i dtionscadail lena n-áirítear scéim tacaíochta i gcomhair teas in-athnuaite, scéim tacaíochta do leictreachas in-athnuaite agus measúnú ar chostais agus buntáistí an bhithgháis agus an bhithmheatáin.</p>
	<p><b>ÉIFEACTHACHT FUINNIMH</b></p> <p>Chuir cúnaimh airgeadais agus comhairle ar fáil maidir le hanailís costas is tairbhe agus struchtúrú airgeadais i dtaca le tionscadal soilsiú poiblí. Má éiríonn leis, d'fhéadfadh an tionscadal sin na costais fuinnimh agus chothabhála a bhaineann leis an líonra soilsiú poiblí a laghdú de bhreis is 50% agus cur ar chumas údarás áitiúla a spriocanna éifeachtachta fuinnimh 2020 a chomhlíonadh in iomlán.</p>
	<p><b>FORAOISEACTH</b></p> <p>Bhí RÉnua páirteach i dtionscnaimh freisin faoi Chlár Foraoiseachta an Rialtais a bhí dírithe ar infheistíocht a mhéadú san eanáil lena n-áirítear foraoisiú tailte portaigh.</p>
	<p><b>TAIRISCINT AR AN GCORN DOMHANDA SA RUGBAÍ 2023</b></p> <p>Thug sí cúnaimh airgeadais agus tráchtála speisialta do Ranna Rialtais maidir le gnéithe áirithe de thacaíocht an Stáit den tairiscint chun Corn an Domhain sa Rugbaí 2023 a óstáil.</p>
	<p><b>LÁR ATHBHREITHNIÚ AR PHLEAN CAIPITIL/AN PLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA</b></p> <p>Thug sí cúnaimh agus ionchur maidir le rannchuidiú eanáil tráchtála an Stáit d'infheistíocht faoi na pleananna sin.</p>

## ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AIRGEADAIS RÉNUA 2016/2017

D'fhoilsigh RÉnua a Athbheithniú Airgeadais Bhliantúil de na comhlachtaí tráchtála Stáit faoin shainchúram i mí na Nollag 2017. Tá sé sin ar fáil ar [ntma.ie/publications](http://ntma.ie/publications). Leagtar síos san Athbheithniú príomhfaisnéis airgeadais agus méadrachtaí don Phunann trí chéile agus le haghaidh gach comhlacht aonair.

I gcomhthéacs phleananna straitéiseacha, gnó agus airgeadais gach ceann de na comhlachtaí, tá trácht san athbheithniú freisin ar roinnt téamaí atá ábhartha ó pheirspictíocht scairshealbhóra lena n-áirítear:

- Brexit agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an eanáil fuinnimh, ag glacadh leis an líon comhlachtaí sa Phunann atá ag feidhmiú in eanáil an fhuinnimh, raon infheistíochtaí na Punainne sa RA, agus an méid trádála déthaobhaí atá ar siúl ag an bPunann leis an RA;

- Seachadadh pleananna infheistíochta agus bunathraithe do Uisce Éireann;
- An t-aistriú atá Éire ag dul a dhéanamh chuig córas fuinnimh ísealcharbóin agus ról na gcomhlachtaí tráchtála Stáit (d'fhoilsigh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil an chéad Phlean Maolaithe Náisiúnta i mí Iúil 2017 agus tá ról lárnach ag an eanáil tráchtála Stáit i dtaca le cuid mhaith de na bearta atá leagtha amach sa phlean seo a bhfuil gné trasearnála agus fadtéarmach ag baint leo); agus
- Tugtar faoi deara san Athbheithniú go bhféadfadh sé a bheith áisiúil don Stát creat prionsabal uileghabhálach a fhorbairt i dtaca le húninéireacht agus infheistíocht comhlachtaí Stáit.

Leagtar síos san Athbheithniú freisin príomhdhúshláin agus deiseanna a bhaineann le gach comhlacht a thugann tuairim faoi na timpeallachtaí casta ina bhfeidhmíonn na comhlachtaí.

## RÉnua (ar lean)

### Cuideachtaí Phunann RÉnua: Forbhreathnú ar Phríomhdhúshlán agus Deiseanna

**BORD NA MÓNA**

- Príomhdhúshlán is ea deiseanna inbhuanaithe a shainnithint chun gnó a fhás agus roinnt deiseanna féideartha ag baint le fuinneamh in-athnuaite.
- Beidh tionchar ag an timpeallacht rialála atá ag athrú ar fheidhmíocht sa todhchaí.

**COILLTE**

- Tá deis ann na torthaí ar a phríomhghnó foraoiseachta a uasmhéadú i ndiaidh tionscnaimh athmhaoinithe agus athstruchtúraithe.
- Cuireann a punann sócmhainní deiseanna i láthair chun luach a réadú d'fhonn torthaí airgeadais, sóisialta agus comhshaoil a éascú don Stát.

**EIRGRID GROUP**

- Príomhthionscadal is ea córais nua mhargaidh a dhearadh agus a fhorbairt agus socruithe nua trádála leictreachais a theastaíonn don Mhargadh Leictreachais Aonair Comhtháite nua.
- Idirnascaire Ceilteach a fhorbairt leis an bhFrainc, ar tionscadal fíor-chasta é ar scála suntasach.

**ervia**

**Gas Networks Ireland**

- Is dúshlán a bheidh ann a straitéis a sheachadadh laistigh de lamháltas airgid athbhreithnithe agus na spriocanna éifeachtúlachta atá leagtha síos sa phróiseas rialaithe praghsanna rialála cúig bliana (2017-2022).
- Féachaint go gníomhach ar roinnt deiseanna fáis (e.g. imscrúdú ar an úsáid a bhainfead as gás comhdhlúite d'fheithiclí móra). Is dúshlán fadtéarmach ach tábhachtach a bheidh ann chomh maith na deiseanna sin a bhainistiú ach a bheidh ar an eolas ag an am céanna faoin mbaol a bhaineann le bheidh ag infheistiú i gcomhthéacs a bheidh ag bogadh chuig córas fuinnimh ísealcharbóin.

**ervia**

**UISCE**  
CLEAN - IRISH  
WATER

- Tá leibhéal suntasach infheistíochta caipitil ag teastáil i mbonneagar uisce na hÉireann agus roinnt dúshlán ann do Uisce Éireann a spriocanna ina phlean gnó a chur i gcrích de réir mar a bhíonn sé in iomaíocht le tosaíochtaí maoinithe Stáit eile.
- Mar chuid de mhaoiniú an Stáit ar Uisce Éireann sa todhchaí, beidh sé tábhachtach go gcoinníonn Uisce Éireann leibhéal cinnteachta agus solúbthachta iomchuí maidir lena shocruithe maoinithe ionas go mbeidh sé níos éasca a spriocanna ina phlean gnó a chomhlíonadh le haghaidh infheistíochta agus éifeachtúlachta mhéadaithe tríd an tsamhail fónais rialáilte.

**ESB** Energy for generations

- Mar gheall ar chomh héiginnte leis an margadh fuinnimh agus mar gheall ar na hathruithe atá ag tarlú ann beidh éifeachtúlacht costas de dhíth i gcónaí a chuirfidh ar a chumas luach airgid a thabhairt dá chustaiméirí agus scairshealbhóirí agus a rátáil chreidmheasa airgeadais a choimeád.
- Táthar ag súil go mbeidh méadú suntasach sa leibhéal infheistíochta i mbonneagar giniúna agus líonraí ar fud thionscal leictreachais na hEorpa trí chéile ag teastáil i gcomhair dícharbónú, rud a chruthóidh dúshlán agus deiseanna do BSL.

## Faisnéis Airgeadais

In 2016/17, tháinig laghdú de bheagán ó €1,044m go dtí €994m ar bhrabúsacht oibriúcháin coigeartaithe iomlán na Punainne in 2015/16, ag léiriú meath bunúsach i láimhdeachas le muirir dímhéasa méadaithe. Leantar ag baint cion shuntasach de bhrabús oibriúcháin ó líonraí leictreachais agus gáis rialáilte na Punainne (2016/17: 64%, 2015/16: 58%) agus sócmhainní giniúna cumhachta (2016/17: 25%, 2015/16: 24%).


Laghdaigh an toradh ar Chaipiteal Infheistithe (ROIC) ó 6.1% in 2015/2016 go dtí 5.6% in 2016/17, rud a léirigh an laghdú bunúsach ar bhrabúsacht na Punainne. Mar sin féin, tá an toradh sin réasúnta ar leibhéal na Punainne toisc na ndúshlán i roinnt de na bun-ghnóthaí. Laghdaigh glanghiaráil na Punainne ó 53% in 2015/16 go dtí 50% in 2016/17. Íocadh díbhinní iomlána de €236m, agus íocadh €232m díobh sin leis an Státchiste, i gcomparáid le €441m a íocadh in 2015/16. Tharla sé sin mar gheall ar laghdú sna díbhinní speisialta a íocadh, agus gnáth-dhíbhinní de €136m a íocadh in 2016/17 (méadú €9m ar 2015/16).

## An Phunann – Buaicphointí Airgeadais

	2016/17	2015/16	yoy Δ	Meán 5bl.
PRÍOMHFHAISNÉIS AIRGEADAIS	€m	€m	€m	€m
Láimhdeachas	5,982	6,100	(117)	<b>5,885</b>
Brabús Oibriúcháin	994	1,044	(50)	<b>951</b>
PAT (coigeartaithe)	615	625	(10)	<b>547</b>
Dlíteanais Phinsin	1,029	1,009	21	<b>1,123</b>
Glanfhiachas	6,989	7,421	(432)	<b>6,864</b>
Glansócmhainní	6,905	6,631	274	<b>6,731</b>
Caipiteal Infheistithe	16,032	15,535	497	<b>15,505</b>
Ollchaiteachas Caipitiúil	1,498	1,572	(73)	<b>1,448</b>
Díbhinní a Íocadh (iomlán)	236	441	(205)	<b>292</b>
Luacháil Cothromais Tráchtála	10,126	10,169	(43)	<b>n/a</b>
PRÍOMH-MHÉADRACHTAÍ	%	%	%	%
Corrlach Brabús Oibriúcháin	16.6	17.1	(0.5)	<b>16.2</b>
Corrlach PAT	10.3	10.2	0.0	<b>9.3</b>
ROIC	5.6	6.1	(0.5)	<b>5.4</b>
Glan-ghiaráil	50.3	52.8	(2.5)	<b>50.5</b>

Foinse: Tuarascálacha Bliantúla, Anailís RÉnua

## Airgeadas de réir Gníomhaíochta



Foinse: Anailís RÉnua

ATHBHREITHNIÚ GNÓ

# An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

---

Déanann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát bainistiú ar éilimh in aghaidh an Stáit agus in aghaidh údaráis an Stáit agus cuireann sí seirbhísí bainistithe riosca ar fáil chun a nochtadh d'éilimh a íoslaghdú.

## Punann Éileamh Casta agus Éagsúil a Bhainistiú



### DLITEANAS LE HÍOC

**€2.7bn**

Bhí GÉS ag bainistiú 9,956 éileamh gníomhach le dliteanas measta gan íoc €2.7bn ag deireadh 2017.



### BAINISTIÚ GHNÍOMHACHA

**€303m**

Ba é an costas a bhain le héilimh ghníomhacha leanúnacha a réiteach agus a bhainistiú in 2017 ná €303m – coigilteas 23% i gcúlra an mheasúnaithe achtúirigh neamhspleách de €391m.




### ÉILIMH AR SHEIRBHÍSÍ MÁITHREACHAIS

**€1.4bn**

B'ionann éilimh seirbhísí máithreachais agus €1.4bn nó 70% den dliteanas measta iomlán gan íoc d'éilimh chliniciúla ag deireadh 2017. Baineann an dliteanas measta ard a bhaineann le héilimh maidir le seirbhísí máithreachais go príomha leis an gcostas ard ar chásanna naíonán le gortú inchinne tubaisteach a réiteach.

## Costais Dlí a Laghdú



In 2017, shocraigh GÉS 440 bille costas a fuarthas ó thríú páirtithe ar €55.2m – laghdú 48% ar an €106.9m a ndearnadh éileamh.

## Bainistíocht Riosca a Fheabhsú



I rith 2017, lean GÉS ag forchéimniú NIMS – córas aonair TFC chun tacú le bainistiú riosca ar fud a sheirbhíse poiblí, lena n-áirítear an earnáil chúram sláinte – ar fud údarás Stáit. Mhéadaigh an líon iomlán úsáideoirí gníomhacha go dtí thart ar 2,000 ó 800 ag deireadh 2016.

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (ar lean)

Tá GBCN ainmnithe mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) agus í ag bainistiú éileamh i gcoinne an Stáit agus údarás Stáit agus ag cur feidhmeanna bainistíochta riosca gaolmhara i gcrích d'fhonn costais dlíthíochta i gcoinne an Stáit sa todhchaí a laghdú.

Cumhdaítear díobháil phearsanta agus rioscaí damáiste do mhaoin tríú páirtí agus éilimh a bhaineann le 146 údarás Stáit lena n-áirítear an Stát féin, Airí Rialtais, an tArd-Aighne, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an earnáil chúram sláinte dheonach, An Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Óglaigh na hÉireann agus pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Déanann aonad Costas Dlí GÉS bainistiú ar chostais tríú páirtí a éiríonn as Binsí Fiosraithe áirithe agus éilimh ar chostais dlí ó pháirtithe a chuir imeachtaí dlí ar bun i gcoinne an Stáit maidir le díobháil phearsanta agus caingne eile a bhain le díobháil neamhphearsanta.

### BAINISTIÚ ÉILEAMH AGUS DLÍTHÍOCHTA

Is é cuspóir GÉS maidir le héilimh a bhainistiú, ná cé go bhfeidhmíonn sé ar mhaithe le cáiníocóirí i gcúrsaí díobhála pearsanta agus dlíthíocht as damáiste do mhaoin, gníomhú go cothrom agus go heiticiúil ina cuid déileálacha le daoine a d'fhulaing díobhála agus/nó damáiste agus a ghlacann caingne dlí i gcoinne an Stáit nó comhlachtaí Stáit, agus a dteaghlai. I gcásanna ina mbaintear de tháta as in imscrúdú GÉS go bhfuil roinnt den dliteanas nó é ar fad ar an údarás Stáit iomchuí, féachann sé le héilimh a shocrú go tapa agus ar théarmaí cóir agus réasúnacha. Má mheasann sé, in éilimh aonair nó in aicmí éilimh, nach bhfuil an Stát faoi dhliteanas, is é polasaí GÉS na héilimh sin a chosaint.

### Éilimh Ghníomhacha

Bhainistigh GÉS 9,956 éileamh gníomhach le dliteanas measta gan íoc de €2.7bn ag deireadh 2017.


### Éilimh Ghníomhacha ag Deireadh 2017

	Éilimh	Dlíteanas measta le híoc €m
Cliniciúil	2,976	1,984
Ginearálta	6,980	679
<b>Iomlán</b>	<b>9,956</b>	<b>2,662</b>

B'ionann éilimh seirbhísí máithreachais agus €1.4bn nó 70% den dliteanas measta iomlán gan íoc d'éilimh chliniciúla ag deireadh 2017. Baineann an dliteanas measta ard a bhaineann le héilimh maidir le seirbhísí máithreachas go príomha leis an gcostas ard ar chásanna naíonán le gortú inchinne tubaisteach a réiteach.

Cuirtear Cinneadh na Cúirte Achomharc in Gill Russell v FSS san áireamh sa dliteanas iomlán measta gan íoc de €2.7bn. Mhaígh an Chúirt Achomhairc gur cheart go mbeadh 1% mar Fhíor-ráta Toraidh maidir le ríomh damáistí cúraim speisialta sa todhchaí. Mhaígh sí chomh maith gur cheart go mbeadh 1.5% mar Fhíor-ráta Toraidh maidir le gach cailteanas tairbhiúil. Ba é 3% an Fíor-ráta Toraidh a úsáideadh roimhe sin chun méid an dliteanais mheasa gan íoc a ríomh. Ag éirí as Cinneadh na Cúirte Achomharc, d'íoc GÉS íocaíochtaí chun teacht suas leis arbh ionann iad agus €25m i rith 2017. Rinneadh na híocaíochtaí sin maidir le cásanna díobhála millteacha, nár réitíodh go hiomlán, áit a raibh socrú comhaontaithe ar dtús ar bhonn cnapshuime nó trí bhithin Ordú Íocaíochta eatramhaí ar feadh tréimhse sainithe ama ag Fíor-ráta Toraidh 3% roimh chinneadh na Cúirte Achomharc. B'éigean na cásanna sin a choigeartú, dá bhrí sin, le haghaidh an tionchair a bhí ag an ráta níos ísle de bharr tuilleadh cútímh a íoc.


### Miondealú de Dhliteanas Measta Gan Íoc ar Éilimh Ghníomhacha ag Deireadh 2017



D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na fgiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

Fuair GÉS 3,259 éileamh agus réitíodh 2,233 éileamh in 2017. Bhí méadú ar líon na n-éileamh nua ginearálta a fuarthas, á dtiomáint i bpáirt ag maisghníomhaíocht agus freisin ag leathnú ar saindualgas GÉS agus bainistiú éileamh a bhaineann le heagraíochtaí san earnáil mhíchumais dheonach á dtarmilgean chuig GÉS. I gcodarsnacht leis sin, bhí líon na n-éileamh nua cliniciúil sách cobhsaí.

### Éilimh Chliniciúla agus Ghinearálta a Fuarthas 2013-2017



Ba ionann an costas a bhain le héilimh ghníomhacha a réiteach agus a bhainistiú in 2017 ná €303.2m i gcomparáid le €251.5m in 2016. Léiríonn aschur 2017 coigilteas 23% i gcoinne an mheasúnaithe achtúirigh neamhspleách de €391.1m.

### Éilimh Chliniciúla a Réiteach

Réitíonn GÉS formhór na n-éileamh trí shocrú a idirbheartú, go díreach le comhairleoirí dlí an ghearánaí nó trí phróiseas idirghabhála: Socraítear 98% de chásanna faillí cliniciúla arna láimhseáil ag GÉS gan gá le héisteachta cúirte conspóidte.


### Athchóirithe Reachtúla maidir le hÉilimh Chliniciúla a Réiteach

Áiríodh leis *an Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015* trí fhoráil shuntasacha chun cuidiú le cásanna faillí cliniciúla a bhainistiú agus líon na gcásanna a théann chun trialach a laghdú. Ba iad seo:

- Foráil i gcomhair cumhacht Aireachta chun rialacháin a dhéanamh i gcomhair Phrótaicail Réamh-Chaingean chun cumarsáid thráthúil idir an gearánaí agus an cosantóir a éascú agus chun saincheisteanna i ndíospóid a shainaitheint go luath agus chun socraíocht luath a spreagadh;
- Foráil nach gcuimsítear le leithscéal ó liachleachtóir admháil dliteanaís; agus
- Méadaíodh Reacht na dTréimhsí chun éileamh cliniciúil a dhéanamh ó dhá go trí bliana ó dháta an teagmhais as a n-éiríonn an t-éileamh nó an dáta ar a mbítear ar an eolas faoi (más níos déanaí).

Táthar ag súil go dtabharfar na rialacháin i gcomhair na bPrótacal Réamh-Chaingne isteach le haghaidh cásanna faillí leighis in 2018. Seans go laghdóidh sé sin thar cuimse an tréimhse ó fhaightear agus a socraítear cásanna faillí leighis agus gheofar réidh freisin leis na gnéithe is nimhní den chóras Tort de réir mar atá feidhm leis i gcásanna faillí leighis.

### Éilimh Chliniciúla a Réitíodh 2013-2017 de réir Thoradh na gCásanna



## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (ar lean)

Tabharfaidh an tAcht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) 2017, ar a thosach feidhme, cumhacht do na cúirteanna, mar rogha eile ar dhámhachtainí damáistí i bhfoirm cnapshuime, Orduithe Íocaíochta Tréimhsiúla comhthoilíochta agus neamh-chomhthoilíochta a dhéanamh mar chúiteamh ar íospartaigh a d'fhulaing díobháil i gcásanna díobhála millteacha i gcás ina mbeidh cúram fadtéarmach buan de dhíth. Beidh tábhacht mhór leis sin do theaghlaigh a bhfuil naíonáin agus daoine fásta acu a bhfuil díobháil mhillteach déanta dá n-inchinn agus ar tharla a gcuid díobhála mar thoradh ar theagmhas faillí chliniciúil. Ráthaítear le tabhairt isteach na nOrduithe Íocaíochta Tréimhsiúla go bhfaighidh íospartaigh a ghortaítear go millteach íocaíochtaí seasta bliantúla maidir le cúram agus áiseanna agus fearais rud a gheobhaidh réidh leis an imní a bheidh ar theaghlaigh faoin infheistíocht cnapshuime ar fhaitíos go rithfeadh sé amach roimh ionchas saoil measta an ghearánaí.

### Costas na Néileamh a Réitíodh

Tháinig méadú 58% ar dhámhachtainí/socraíochtaí maidir le héilimh chliniciúla a réitíodh in 2017 i gcomparáid le 2016. Tharla sé sin go príomha i ngeall ar éifeachtaí na gcásanna mórdhíobhála a socraíodh roimhe sin le hOrduithe Íocaíochta eatramhaí a bhí á dtiontú go socraíochtaí cnapshuime. Nuair a fhágtar na tionuithe sin ar lár, is é an méadú céatadán bunúsach ná 23% i gcomparáid le 2016. Tá sé amhlaidh go príomha mar gheall ar an líon níos mó éileamh níos tromchúisí atáthar a shocrú, agus aird ag éifeacht aosaithe na punainne.

Tháinig méadú 4% ar dhámhachtainí/socraíochtaí maidir le héilimh ghinearálta in 2017 i gcomparáid le 2016.

### Costas na Néileamh a Réitíodh 2013-2017

Ball Foirne	2013 €000	2014 €000	2015 €000	2016 €000	2017 €000
<b>Costas a bhain le Gach Éileamh a Réitíodh</b>					
Dámhachtainí/Socraíochtaí	35,979	44,622	45,493	54,494	86,222
Táillí Dlí – GÉS	9,506	8,845	9,222	8,740	15,076
Táillí Dlí – Gearánaí	15,427	13,803	15,985	17,653	26,825
Eile	1,248	1,176	1,624	1,708	2,784
<b>Iomlán</b>	<b>62,161</b>	<b>68,446</b>	<b>72,324</b>	<b>82,594</b>	<b>130,908</b>

<b>Meánchostas in aghaidh an Éilimh a Réitíodh</b>					
Meán-Dámhachtainí/Socraíochtaí	103	93	93	83	130
Táillí Dlí – GÉS	27	19	19	13	23
Táillí Dlí – Gearánaí	44	29	33	27	41
Eile	4	2	3	3	4
<b>Meán Foriomlán</b>	<b>177</b>	<b>143</b>	<b>148</b>	<b>126</b>	<b>198</b>

Éilimh Ghinearálta	2013 €000	2014 €000	2015 €000	2016 €000	2017 €000
<b>Costas a bhain le Gach Éileamh a Réitíodh</b>					
Dámhachtainí/Socraíochtaí	11,249	16,161	17,195	23,657	24,715
Táillí Dlí – GÉS	2,943	3,170	3,674	4,505	4,602
Táillí Dlí – Gearánaí	4,310	5,742	6,276	8,478	9,021
Eile	827	881	1,017	1,233	1,312
<b>Iomlán</b>	<b>19,329</b>	<b>25,955</b>	<b>28,162</b>	<b>37,873</b>	<b>39,651</b>

<b>Meánchostas in aghaidh an Éilimh a Réitíodh</b>					
Meán-Dámhachtainí/Socraíochtaí	8	11	13	15	16
Táillí Dlí – GÉS	2	2	3	3	3
Táillí Dlí – Gearánaí	3	4	5	5	6
Eile	1	1	1	1	1
<b>Meán Foriomlán</b>	<b>13</b>	<b>18</b>	<b>21</b>	<b>23</b>	<b>25</b>



## Maisghníomhaíochtaí

Tá an GÉS ag bainistiú roinnt maisghníomhaíochtaí difriúla i gcoinne an Stáit. Déantar gach maisghníomhaíocht a bhainistiú trí thagairt do straitéis dlíthiúil shonrach, agus ag déileáil go cothrom agus go heiticiúil ag an am céanna le daoine a d'fhulaing gortuithe agus/nó díobháil agus a dteaghligh.

### Éilimh ar Mhaisghníomhaíochtaí atá Gníomhach

Maisghníomhaíocht	Gníomhach Deireadh-2017	Fuarthas in 2017	Cuireadh i gcrích 2017
<p><b>Sláintíocht i gcillíní</b></p> <p>Tógann príosúnaigh (reatha agus iarphríosúnaigh) cásanna i gcoinne Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ag déanamh líomhaintí, inter alia, gur sáraíodh a gcearta bunreachtúla i ngeall ar easpa sláintíochta ina gcuid cillíní.</p>	1,635	364	1
<p><b>Mí-Úsáid i Scoileanna Lae</b></p> <p>Seo cásanna a thóg daoine a líomhnaíonn go ndearna daoine mí-úsáid fhisiceach agus/nó ghnéasach orthu fad is a bhí siad ar scoil. Tionscnaíodh formhór na gcásanna tar éis Bhreithiúnas ECHR in <i>Louise O'Keeffe v Éire</i>.</p>	146	9	29
<p><b>Éilimh Mí-Úsáide i gcoinne Shine</b></p> <p>Seo cásanna a thóg daoine a líomhnaíonn go ndearna an t-iar-mháinlia comhairleach, Michael Shine, ionsaí gnéasach orthu, fad is a bhí siad mar othair in Ospidéal Mhuire, Droichead Átha agus/nó ag freastal air ina clinic príobháideach.</p>	92	90	0
<p><b>Pandemrix/Narcailléipse</b></p> <p>Seo cásanna a thóg gearánaithe naíonán den chuid is mó ag líomhain gur fhorbair siad narcailléipse agus cataipléis tar éis dóibh vacsaín a fháil i gcoinne víreas an fhliú H1N1.</p>	70	18	0
<p><b>Eitinn Príosún-Bhunaithe</b></p> <p>These are cases taken by current and former prisoners and prison officers alleging testing positive for and/or contracting TB.</p>	63	5	23
<p><b>Lariam</b></p> <p>Seo cásanna a thóg iarbhail agus bail reatha de Óglaigh na hÉireann, ag líomhain gur fhulaing siad ó ghéar-shiomptóim de chineál síocóise, tar éis dóibh Lariam a anáil, druga próifíolacsach frith-mhaláireach a ordaíodh dóibh fad is a bhí siad ar dualgas san Afraic fho-Shahárach.</p>	47	7	4
<p><b>Simfiseatóime</b></p> <p>Seo cásanna a thóg mná a raibh gnás máinliachta, cnáimhseach acu chun a bpeilbheas a leathnú.</p>	35	0	95
<p><b>Tailídímíd</b></p> <p>Seo cásanna a thóg daoine a rugadh faoi mhíchumas fisiceach a raibh an t-ullmhúchán Tailídímíd tógtha ag a gcuid máithreacha nuair a bhí siad á n-iompar.</p>	34	0	0
<p><b>Ionchlannáin Ortaipéideacha Miotal ar Mhíotal</b></p> <p>Seo cásanna a thóg daoine a líomhnaíonn go ndearnadh díobháil phearsanta dóibh nuair a fuair siad ionchlannáin chromáin le linn obráide.</p>	22	6	14

## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (ar lean)

### CÁS TOSAÍOCHTA GÉS 2017

#### ISABELLE SHEEHAN, MIONAOISEACH V DAVID CORR

Thug an Chúirt Uachtarach rialú cinniúnach an 15 Meitheamh 2017 ina soiléiríodh dlínse agus modheolaíocht Mháistir Fómhais na hArd-Chúirte sa mheasúnú ar tháillí aturnaetha agus abhcóidí. Bhain an cás le hathbhreithniú ar chinneadh na Máistrí Fómhais táillí orduithe ginearálta an aturnae a laghdú go dtí €276,000 (síos ó €475,000 a gearradh) i gcás mórdhíobhálacha lenar sholáthair an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát slánaíocht maidir leis na costais a tabhaíodh. Dheimhnhigh Uachtarán na hArd-Chúirte na laghduithe substaintiúla a baineadh amach ar chánachas an Mháistir Fómhais ar chostais trí ordú an 6 Márta 2015.

Níor aontaigh an Chúirt Achomharc leis sin agus d'ordaigh sé nós imeachta nua cánachais ina mbogfaí i dtreo anailíse costála ama mar bhunchloch. Deonaíodh saoirse achomhairc chun na Cúirte Uachtaraí agus thacaigh Dlí-Chumann na hÉireann agus Comhairle Barra na hÉireann le hAchotharc na gCosantóirí a tugadh le chéile mar amici curiae chun críche an achomhairc. Thug an Chúirt Uachtarach breithiúnas cuimsitheach a dhíchuir ordú na Cúirte Achomharc agus ag maíomh, inter alia, mar thairiscint ghinearálta, nár chóir an méid ama a chaithfí ar chas go hiarbhir a ardú thar chritéir ábhartha eile arna bhforáil i Rialacha na nUaschúrteanna. Tugadh ar aird nach ndearnadh an oiread stocaireachta mionsonraithe agus chomh fada riamh cheana ar an bpróiseas cánachais costas. D'foc an Chúirt Uachtarach ar ais costais an aturnae i gcomhair cánachais bhreise agus thug sí soiléir agus treoir thábhachtach maidir leis an bpróiseas a chuirfí i bhfeidhm chun dianscrúdú agus measúnú ceart a dhéanamh ar tháillí gairmiúla aturnaetha.

### AONAD UM CHOSTAIS DLÍ

Bunaíodh Aonad um Chostais Dlí (ACD) laistigh de GÉS in 2013 chun déileáil le costais tríú páirtí a eascraíonn ó Bhinsí Fiosrúcháin áirithe (Binsí Fiosrúcháin Mahon, Moriarty, Morris agus Smithwick). In 2015 leathnaigh an Rialtas freagrachtaí ACD ionas go mbeadh sé ag bainistiú as seo amach na héilimh ar fad ar chostais dlí in aghaidh an Stáit.

Déantar scrúdú cúramach ar leibhéal na gcostas dlí a íoctar le hionadaithe dlí na ngearánaithe agus, nuair is féidir é, déanann GÉS iarracht an laghdú is mó agus is féidir a bhaint amach ar chostais dlí trí idirbheartaíocht. Mura n-éiríonn le GÉS leibhéal na gcostas dlí a íocfar le hionadaithe dlí na ngearánaithe a aontú, is é an Máistir Fómhais a dhéanfaidh an cinneadh sin.

In 2017, shocraigh GÉS 440 bille i gcomhair costas. Ba é €106.9m an méid iomlán a héilíodh. Socraíodh na billí sin ar €55.2m – laghdú 48% ar an méid a héilíodh. Comhaontaíodh na héilimh seo go léir gan an gá le cáin, ag seachaint mar sin moill i socraíochtaí agus muirir dhleachta stampála ag 8% den dámhachtain faoi cháin.

### BAINISTÍOCHT RIOSCA

Is é cuspóir bainistíochta riosca GÉS clár oibre riosca dírithe ar dhíobháil phearsanta agus ar dhamáiste réadmhaoine a chur i bhfeidhm chun riosca dlíthíochta a mhaolú, in údarás Stáit agus i bhfiontair chúraim sláinte, d'fhonn costais dlíthíochta in aghaidh an Stáit amach anseo a laghdú. Is mór an "chruinne riosca" a dhéanann an Stát a shlánú agus a ndéanann GÉS bainistiú uirthi. Mar shampla, cuimsíonn sé breis agus 200,000 fostaí de chuid an Stáit agus úsáideoirí uile na seirbhísí cúram sláinte poiblí (déanann cúram sláinte poiblí teagmháil leis an bpobal thart ar seacht milliún uair in aghaidh na bliana). Cuimsíonn sé freisin seirbhísí poiblí lena ngabhann gníomhaíochtaí riosca níos airde de bharr a gcineáil, amhail cúram cliniciúil a sholáthar in ospidéal, pearsanra Óglaigh na hÉireann atá ar oibríochtaí thar lear, baill den Gharda Síochána atá ar dhualgas oibríochtaí, cigireachtaí custaim, seirbhísí práinnfhreagartha agus coimeád príosúnach.

Díríonn clár GÉS um bainistíocht riosca chliniciúil ar chomhoibriú le bainisteoirí riosca agus le pearsanra eile i bhfiontair chúraim sláinte chun tacú le sábháilteacht othar. Díríonn an clár bainistíochta riosca ar chomhairle agus tacaíocht a chur ar fáil d'údarás Stáit agus d'fhiontair chúraim sláinte maidir le struchtúir bainistíochta riosca, cothabháil foirgneamh, sábháilteacht dóiteáin, sláinte agus sábháilteacht agus bainistíocht comhshaoil.

### Éilimh ar Chostais Dlí a Socraíodh in 2017

	Líon na nÉileamh ar Chostais a Idirbheartaíodh	An Méid arna Éileamh €m	Éilimh ar Chostais a Comhaontaíod €m	Coigilteas i gCostais Dlí %
GÉS Cliniciúil	156	37.2	21.9	41
GÉS Ginearálta	110	6.2	4.2	33
Binse Fiosraithe Mahon	40	28.7	10.9	62
Binse Fiosraithe Moriarty	9	11.8	5.7	52
Binse Fiosraithe Morris	2	1.2	0.6	53
Arna tharchur ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	123	21.7	12.0	45
<b>Iomlán</b>	<b>440</b>	<b>106.9</b>	<b>55.2</b>	<b>48</b>

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú.

## Riosca Cliniciúil

Lean an tAonad Riosca Chliniciúil ag tabhairt tacaíochta agus ag déanamh monatóireacht ar fhiontair chúram sláinte i rith 2017, ag rianú teagmhas cliniciúil agus ag tabhairt tacaíochta do fhoirne bainistíochta riosca cliniciúil, lena n-áirítear cuairteanna rialta ar an láithreán.

I measc gníomhaíochtaí bainistíochta riosca cliniciúil in 2017 bhí an méid seo a leanas:

- Foilsiú *National Clinical Incidents, Claims and Costs Report: lessons learned, a five year review: 2010-2014 (Tuarascáil ar Theagmhais Chliniciúla Náisiúnta, Éilimh agus Costais: ceachtanna a foghlaimíodh, athbheithniú cúig bliana*. Leis sin tugadh anailís ar theagmhais thromchúiseacha, ar éilimh cliniciúla agus costais ghaolmhara thar thréimhse cúig bliana;
- Foilsiú *Review of Medication Incidents Reported in Irish Hospitals*, bunaithe ar athbheithniú a rinneadh in 2016; agus foilsiú Fógra Sábháilteachta Othar d'fhiontair chúram sláinte ag aibhsiú na saincheisteanna criticiúla a sainathnódh sa tuarascáil;
- Óstáil Dhara Chomhdháil Náisiúnta Bhliantúil Cáilíochta, Sábháilteachta Othar agus Riosca Cliniciúil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ag a raibh cainteoirí as Éirinn agus cainteoirí idirnáisiúnta i láthair; agus
- Clár bainistíochta riosca cliniciúla leanúnacha lena n-áirítear Nochtadh Oscailte (agus dá bharr seo cuireadh 20,000 foireann chúram sláinte faoi oiliúint, 400 oiliúndóir, agus seachadadh 4,300 ceardlann) agus an Clár Affinity um Chosc ar Thitim agus Cnámhshláinte. Seachadtar an dá chlár seo i gcomhar le FSS.

## Riosca Fiontair

Gach bliain ceapann GÉS clár oibre bainistíochta riosca le cabhrú le húdaráis Stáit le forbairt agus cur i bhfeidhm beartas agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca. I measc gníomhaíochtaí suntasacha i leith bainistiú riosca fiontair in 2017 bhí an méid seo a leanas:

- Clár cuimsitheach iniúchtaí agus tuarascálacha iniúcháireachta. Cé go ndeachthas i ngleic leis na mórúdarais Stáit go léir sna hiniúchtaí, dírfodh go háirithe ar na hearnálacha cúram sláinte agus oideachais. I dteannta na dtuarascálacha ar leibhéal fiontair, tiomsaíodh 'príomhcheachtanna náisiúnta' agus cuireadh ar fáil iad do na hearnálacha go léir a ndearnadh iniúchadh orthu;
- I mí Márta 2017, seoladh an creat um Theagmhais Criticiúil Dearfach Oibre (WorkPositiveCI) arna fhorbairt ag GÉS i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) agus Bainistíocht ar an Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla (CISM) Líonra Éireann. Is uirlis iniúchta struis é WorkPositiveCI chun cuidiú le heagraíochtaí chun freastal ar riachtanais mheasúnú riosca ÚSS le haghaidh riachtanais i dtaca le guaiseacha síceasóisialta a éiríonn ó strus a bhaineann leis an obair. Mar aitheantas ar nuálaíocht an chreata, tugadh cuireadh do GÉS páipéar a chur i láthair ar WorkPositiveCI ag 14ú Comhdháil Dhomhanda an Fhorais Idirnáisiúnta ar Theagmhais Chriticiúla ar Strus, Tráma agus Cóipeáil. Ó seoladh é, chláraigh os cionn 700 comhlacht ar shuíomh gréasáin WorkPositiveCI; agus
- Bhí an chéad searmanas Gradam d'Aitheantas Riosca Fiontair GÉS do chomhaltaí an Líonra Údarais Stáit ar siúl in 2017. Tugadh aitheantas sna gradaim don obair a dhéanann comhlachtaí Stáit i réimse na bainistíochta riosca fiontair agus moladh an próiseas leanúnach de fheabhas agus dul chun cinn leanúnach i mbainistiú riosca ar fud na hearnála Stáit.



Córas Náisiúnta um Bainistíocht Teagmhais  
National Incident Management System

Sheol GÉS an Córas Náisiúnta Bainistíochta Teagmhais (NIMS), an comharba ar an gcóras STARSWeb a bhí ann roimhe sin, i Meitheamh 2014. Is córas gréasán-bhunaithe an-slán, agus rúnda é an Córas seo. Is uirlis bainistíochta riosca ceann go ceann é a thugann deis do fhiontair teagmhais a bhainistiú ar feadh thimthriall na dteagmhais ar fad. Áirítear leis sin:

- Teagmhais a thuairisciú (lena n-áirítear Imeachtaí Tromchúiseacha Intuairiscithe);
- Imscrúduithe a bhainistiú;
- Conclúidí imscrúduithe a thaifeadh;
- Moltaí a thaifeadh;
- Moltaí maidir le clabhsúr a rianú; agus
- Anailís ar shonraí teagmhais, imscrúdaithe agus moltaí agus feidhmiúlacht eile.

Tugann NIMS anailís chasta ar shonraí teagmhais tromchúiseach do bhainisteoirí riosca na n-údarais Stáit agus do shaineolaithe riosca GÉS féin chun treochothaí, teophointí agus ceachtanna foghlamtha a shainathint, rud lena gcumasófar freagraí bainistíochta riosca agus maolaithe a chinnteoidh sábháilteacht úsáideoirí seirbhíse, othar agus fostaithe Stáit agus a laghdóidh sa deireadh thiar costas na n-éileamh i gcoinne an Stáit sa todhchaí.

In 2017, lean GÉS ag forchéimniú NIMS in údarais Stáit. I rith 2017, taifeadh 173,000 teagmhais, ag léiriú méadú 8% ar an mbliain roimhe sin tráth ar mhéadaigh líon iomlán na n-úsáideoirí gníomhacha go dtí thart ar 2,000 ó 800 ag deireadh 2016. Forbraíodh céad tuarascáil lárnach faisnéise ón mbainistíocht le haghaidh údarais Stáit le riosca níos airde agus cuireadh feabhas suntasach ar NIMS féin.

In 2017, chuir GÉS Straitéis Iarchúraim NIMS ar fáil, agus é mar chuspóir tuairisciú teagmhais a mhéadú agus na buntáistí eile atá le tairiscint ag NIMS a aibhsiú. Ina measc bhí:

- Féinseirbhís nua 'Tuairisciú ar Chliceáil Cnaipe';
- Forbairt ar mhodúil ríomhfhoghlama NIMS;
- Tuarascálacha ráithiúla saincheaptha le haghaidh gach Údarás Stáit lena n-áirítear KPlanna ar fheidhmíocht tuairiscithe;
- Fócas sonrach ar thuairisciú teagmhais i rith iniúchtaí lena n-áirítear, más gá, oiliúint duine le duine le húsáideoirí NIMS; agus
- Feabhsuithe ar mhodhanna tuairiscithe agus an córas NIMS.

Mar fhreagra ar iarratais úsáideoirí, leanann GÉS ag saibhriú na feidhmiúlachta atá ar fáil ar an gcóras lena n-áirítear athbheithniú nua ar theagmhais agus scáileáin imscrúdaithe agus tuairisciú leictreonach ar an bpointe tarlaithe. Chuir GÉS tús freisin le mórthionscadal chun an córas a chuirfeadh i gcrích i lár 2018 a uasghrádú. Cuirfidh sé sin buntáistí suntasacha ar fáil ó thaobh na cibearshlánda agus feidhmiúlacht fheabhsaithe don chéad ghlúin eile.

## Comhaltaí na Gníomhaireachta



### Willie Walsh | Cathaoirleach

(ceaptha ar feadh téarma cúig bliana ón 22 Nollaig 2014)

#### Comhalta den Choiste Luach Saothair

Is é Willie Walsh Príomhfheidhmeannach International Airlines Group (IAG), máthairchuideachta Aer Lingus, British Airways, Iberia agus Vueling. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar British Airways agus ar Aer Lingus roimhe sin. Is é Uachtarán Chomhlachas Tráchtála agus Tionscail London é.



### Maeve Carton | Comhalta Gníomhaireachta

(athcheaptha ar feadh téarma cúig bliana ón 22 Nollaig 2017)

#### Ball den Choiste Iníúcháireachta agus Riosca | Cathaoirleach an Choiste Luach Saothair

Is iar-Stiúrthóir ar CRH í Maeve Carton áit a raibh roinnt post sinsearach aici lena n-áirítear Stiúrthóir um Chlaochlú Grúpa agus Stiúrthóir Airgeadais. Sular thosaigh sí ag obair in CRH, d'oibrigh sí ar feadh roinnt bliana mar chuntasóir cairte i gcleachtas cuntasáíochta idirnáisiúnta.



### Gerardine Jones | Comhalta Gníomhaireachta

(athcheaptha ar feadh téarma cúig bliana ón 8 Márta 2017)

#### Comhalta den Choiste Infheistíochta

Is cuntasóir cairte í Gerardine Jones a bhfuil breis is 30 bliain taithí gnó agus ceannaireachta sinsearaí aici. Tá sí ina Stiúrthóir ar Sharpsburg Consultants Limited faoi láthair agus tá roinnt ról aici freisin mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin, lena n-áirítear le BNY Mellon Fund Services (Éire) DAC, agus ITG Limited. Bhí sí ina Leas-Phríomhfheidhmeannach agus ina Ceannaire Riosca ag Cantor Fitzgerald Ireland roimhe seo, agus ina Stiúrthóir Liostaithe ag Stocmhalartán na hÉireann.



### Derek Moran | Comhalta Gníomhaireachta

(de bhrí oifige)

#### Comhalta de Choiste na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát

Is é Derek Moran Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais agus tá sé freagrach as cúrsaí beartais um sheirbhísí geilleagracha, buiséadacha agus fioscacha, baincéireachta agus airgeadais agus as maoirseacht a dhéanamh ar infheistíochtaí na hÉireann i mbainc chlúdaithe agus ar thacaíocht do bhainc chlúdaithe. Is comhalta é de Choimisiún an Bhainc Ceannais agus de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse agus is comhalta comhairle é den Fhondúireacht um Staidéir Fhioscacha.



### Martin Murphy | Comhalta Gníomhaireachta

(ceaptha ar feadh tréimhse ceithre bliana ón 22 Nollaig 2014)

#### Cathaoirleach den Choiste Iníúcháireachta agus Riosca | Comhalta den Choiste Luach Saothair

Bhí Martin Murphy ina Stiúrthóir Bainistíochta agus ina Chathaoirleach ar Hewlett Packard Fiontraíocht Éireann tráth. Tá sé mar chomhalta boird ar Bhanc Uladh agus ar Scoil Ghnó Smurfit UCD. Tá sé ina chathaoirleach freisin ar Chomhairle an Mhargaidh Saothair, sainghrúpa a thugann comhairle don Rialtas ar bheartas an mhargaidh saothair agus a thugann ionchur maidir le mórcheisteanna fostaíochta i gcoitinne. Bhí sé ina Uachtarán ar Chumann Lucht Trádála Bhaile Átha Cliath tráth.



### Conor O'Kelly | Comhalta Gníomhaireachta

(de bhrí oifige)

Is é Conor O'Kelly Príomhfheidhmeannach GBCN. Is iar-Leaschathaoirleach é ar Investec Holdings (Ireland) Ltd. Roimhe sin bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar NCB Group, a fuair Investec plc ina dhiaidh sin. Sula ndeachaigh sé ag obair le NCB mar Cheannasaí Ioncaim Sheasta, chaith sé 11 bliain le Barclays Capital, áit a raibh roinnt post bainistíochta sinsearaí aige.



### Mary Walsh | Comhalta Gníomhaireachta

(ceaptha ar feadh téarma cúig bliana ón 22 Nollaig 2014)

#### Comhalta den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca | Cathaoirleach de Choiste Straitéiseach na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát

Is cuntasóir cairte í Mary Walsh, agus iarpháirtí cánach idirnáisiúnta in PricewaterhouseCoopers i mBaile Átha Cliath. Oibríonn sí mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar roinnt bord san earnáil phríobháideach agus ar bhoird neamhbhrabúis. Bhí roinnt post aici san earnáil phoiblí in Éirinn agus san Aontas Eorpach.



### Robert Watt | Comhalta Gníomhaireachta

(de bhrí oifige)

#### Comhalta den Choiste Luach Saothair

Tá Robert Watt ina Ard-Rúnaí ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le freagracht as beartas caiteachais poiblí, as caiteachas caipitiúil agus as Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha agus bainistiú foriomlán agus as athchóiriú na seirbhíse poiblí in Éirinn. Eacnamaí atá ann agus tá taithí aige sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon.



### Susan Webb | Comhalta Gníomhaireachta

(ceaptha ar feadh tréimhse ceithre bliana ón 22 Nollaig 2014)

#### Ball den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca | Cathaoirleach an Choiste Infheistíochta

Is iar-Stiúrthóir Bainistíochta í Susan Webb ar ionad cisteáin idirnáisiúnta Pfizer lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar Wells Fargo Bank International Unlimited Company agus Depfa Bank plc.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Gníomhaireachta

Athbhunaíodh GBCN mar Ghníomhaireacht (Bord) a bhfuil freagracht uileghabhálach uirthi as feidhmeanna uile GBCN (cé is moite de GNBS agus Corparáid Baincúireachta Straitéisí na hÉireann a bhfuil a gcuid boird ar leith féin acu) faoin *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014*. Tá an Ghníomhaireacht freagrach don Aire Airgeadais. Agus í ag comhlíonadh a cuid feidhmeanna, díríonn an Ghníomhaireacht ar threo straitéiseach agus maoirsiú a thabhairt don eagraíocht agus ag cinntiú go bhfuil rialuithe iomchuí i bhfeidhm, agus í ag tarmligeán cúrsaí oibríochta don bhainistíocht. Féachann sí le tacú leis an mbainistíocht agus dúshlán a thabhairt dóibh maidir le spriocanna GBCN a bhaint amach agus cultúr corparáideach a bhaint amach a rannchuideoidh chun na spriocanna sin a bhaint amach. Is faoi chúram an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne bainistíochta sinsearaí atá gnáthbhainistíocht rialta, agus smacht agus treoir GBCN. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann bhainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an nGníomhaireacht a chur i gcrích, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach ball den Ghníomhaireacht ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinní a bhaineann le GBCN, agus aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhfheidhmeannach mar theagmháil dhíreach idir an Ghníomhaireacht agus lucht bainistíochta GBCN.

## FREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

Tá feidhmeanna GBCN dílsithe sa Ghníomhaireacht, a fhéadfaidh feidhmeanna a tharmligeán don Phríomhfheidhmeannach. Tá sceideal foirmiúil ábhar forchoimeáda a gcomhair cinnidh ag an nGníomhaireacht. Áirítear leis an sceideal sin:

- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais;
- Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca;
- Creat maidir le Fonn Riosca;
- Straitéis corparáideach agus aonad gnó agus spriocanna feidhme corparáidí;
- Buiséad oibriúcháin;
- Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh (tar éis dul i gcomhairle leis an Aire);
- Beartas luach saothair foriomlán;
- Plean Maoinithe an Stáitchiste;
- Straitéis Infheistíochta CISÉ; agus
- Infheistíochtaí Phunann na hÉireann CISÉ (cinní infheistíochta suas le €150m arna dtarmligeán chuig an gCoiste Infheistíochta).

Ceanglaítear leis na *hAchtanna um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 go 2014* ar an nGníomhaireacht ráitis airgeadais a ullmhú i leith a hoibríochtaí maidir le gach bliain airgeadais. Agus na ráitis sin á n-ullmhú, déanann an Ghníomhaireacht:

- beartais oiriúnacha chuntasáíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí sin a dhéanamh;

- aon imeacht ábhartha ó chaighdeán bhainteacha chuntasáíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as coimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, na gcuntas go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sí nó a chaithfidh sí, agus, as cothú taifid chuntasáíochta a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am ar bith, mar a sheasann cúrsaí airgeadais na Gníomhaireachta, a cistí agus an Fiachas Náisiúnta.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as buiséad caiteachais agus straitéis corparáide GBCN a cheadú, lena n-áirítear an tAonad Gnó agus spriocanna Feidhme Corparáidí. Déanann an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar aschuir a thagann chun cinn i gcoinne buiséid agus spriocanna i rith na bliana agus ag deireadh na bliana.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach freisin as a cuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Ghníomhaireacht go dtugann ráitis airgeadais GBCN léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an GBCN an 31 Nollaig 2017.

## STRUCHTÚR NA GNÍOMHAIREACHTA

Tá naonúr comhaltaí sa Ghníomhaireacht. Is é an tAire Airgeadais a cheapann seisear comhaltaí, lena n-áirítear an Cathaoirleach. Is comhaltaí de bhrí oifige na Gníomhaireachta é Príomhfheidhmeannach GBCN agus Ard-Rúnaithe na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ceaptar comhalta ar feadh cúig bliana, seachas na chéad chomhaltaí a cheapar – ar ceapadh beirt chomhaltaí acu ar feadh trí bliana agus ceapadh beirt chomhaltaí ar feadh ceithre bliana. Tá sonraí maidir leis na comhaltaí reatha agus a dtréimhsí ceapacháin leagtha amach ar leathanaigh 48 go 49.

Bhunaigh an Ghníomhaireacht ceithre choiste chun cabhair a thabhairt di a cuid freagrachtaí a chur i gcrích, agus téarmaí tagartha foirmiúla ag gach ceann díobh:

- An Coiste Iniúchta agus Riosca;
- An Coiste Infheistíochta;
- An Coiste Luach Saothair; agus
- Coiste Straitéiseach na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

Ag éirí as an gcéad athbhreithniú bliantúil a rinne an Ghníomhaireacht ar a héifeachtacht i rith 2016, d'aontaigh an Ghníomhaireacht go mbeadh sé níos éifeachtúla agus go gcruthófaí sineirgí níos fearr dá ndéanfaí na Coistí Iniúchta agus Riosca a bhí mar choistí ar leithligh ag an am, a chónascadh. D'aontaigh an Ghníomhaireacht freisin go mbeadh bunú Coiste Straitéiseach de chuid na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, ar a mbeadh saineolas seachtrach ábhartha, áisiúil ag glacadh le gné speisialta ghnó GÉS agus na dúshláin ar leith a bhíonn os a comhair. Cónascadh an Coiste Iniúchta agus an Coiste Riosca le héifeacht ón 1 Feabhra 2017. Bunaíodh Coiste Straitéiseach na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát an 1 Lúnasa 2017.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi choistí na Gníomhaireachta, féach Tuarascálacha Coistí, leathanaigh 55 go 57.

Rinne an Ghníomhaireacht an dara athbhreithniú bliantúil maidir lena héifeachtacht i rith 2017. Ba mheastóireacht féinmheasúnaithe struchtúrach de chuid na Gníomhaireachta a bhí san athbhreithniú sin.

Faigheann an Ghníomhaireacht tacaíocht ina cuid feidhmeanna ó Rúnaí na Gníomhaireachta a dhéanann comhordú freisin ar oibriú na gcoistí Gníomhaireachta éagsúla: faigheann gach ceann de na coistí tacaíocht ó Rúnaí na Gníomhaireachta nó ó Rúnaí Cúnta na Gníomhaireachta.

D'éirigh an Príomhoifigeach Riosca, Deirdre Hannigan, as a post le héifeacht ón 21 Aibreán 2017. Bhainistigh an Príomhoifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin, Ian Black, an fheidhm ar bhonn eatramhach go dtí Bealtaine 2018. Ceapadh Ciara Lehane mar Cheann Riosca (Airgeadais, Infheistíochta agus Fiontair) le héifeacht ón 21 Bealtaine 2018.

Chuaigh an Stiúrthóir, an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, Brian Murphy, ar scor le héifeacht ón 5 Feabhra 2018. Tá an próiseas earcaíochta chun an post sin a líonadh críochnaithe agus is í Cathy Bryce a ghlacfaidh leis an ról le héifeacht ón 13 Lúnasa 2018.

## PRÍOMHATHRUITHE AR AN BPEARSANRA

Ceapadh Gerardine Jones sa Ghníomhaireacht an 8 Márta 2017 chun an folúntas a tháinig chun cinn ó d'éirigh Brendan McDonagh as oifig le héifeacht ón 24 Deireadh Fómhair 2016 a líonadh. Athcheapadh Maeve Carton sa Ghníomhaireacht le héifeacht ón 22 Nollaig 2017.

## SCEIDEAL TINRIMH, TÁILLÍ AGUS COSTAS 2017

Tá sceideal tinreamh ag cruinnithe na Gníomhaireachta agus na gCoistí leagtha amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na costas a fuair gach comhalta ina gcáil mar chomhalta Gníomhaireachta nó Coiste.

	Gníomh- aireacht	An Coiste Infheistíochta	An Coiste Iniúch- óireachta	An Coiste Riosca	An Coiste Iniúchta agus Riosca	An Coiste Luach Saothair	Coiste Straitéiseach GÉS	Táillí 2017 €	Costais 2017 €
<b>Líon na gCruinnithe</b>	<b>7</b>	<b>13</b>	<b>1</b>	<b>1</b>	<b>6</b>	<b>2</b>	<b>1</b>		
<b>Comhaltaí na Gníomhaireachta</b>									
Willie Walsh	6					2		-	-
Maeve Carton	6		1		5/5(p)	1/1(p)		30,000	
Gerardine Jones	6/6(p)	10/10(p)						24,457	-
Derek Moran	5						1	-	-
Martin Murphy	7		1	1	6	2		30,000	-
Conor O'Kelly	7							-	-
Mary Walsh	7			1	6		1	30,000	-
Robert Watt	5			0		1		-	-
Susan Webb	7	13	1		6			30,000	-
<b>Iomlán</b>								<b>144,457</b>	<b>-</b>
<b>Comhaltaí Eile</b>									
Richard Leonard		12						20,000	4,340
Mark Ryan		13						20,000	-
Julie Sinnamon		11						-	-
Sabaratnam Arulkumaran							1	5,208	295
Tom Beegan							1	5,208	-
Ciarán Breen							1	-	-
Donogh Crowley							1	5,208	-
David Moloney							0/0(p)	-	-
<b>Iomlán</b>								<b>55,624</b>	<b>4,635</b>

(p) tagraíonn do líon na gCruinnithe ar arbh fhéidir freastal i gcoibhneas leis na dátaí ceapacháin.

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhail an Údaráis (ar lean)

Is é an tAire Airgeadais a chinneann an méid luach saothair a gheobhaidh comhaltaí ceaptha na Gníomhaireachta. Is é €45,000 in aghaidh na bliana an luach saothair a ghabhann le post an Chathaoirligh agus is ionann luach saothair comhaltaí eile ceaptha agus €30,000 in aghaidh na bliana. Tharscaoil an Cathaoirleach (Willie Walsh) a luach saothair le haghaidh 2017. Ní fhaigheann na comhaltaí de bhrí oifige (Conor O’Kelly, Robert Watt agus Derek Moran) aon luach saothair maidir lena mballraíocht ar an nGníomhaireacht.

Is í an Ghníomhaireacht a chinneann luach saothair chomhaltaí seachtracha an Choiste Infheistíochta agus Coiste Straitéiseach na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát le toiliú an Aire Airgeadais. Faigheann comhaltaí an Choiste Infheistíochta luach saothair de €20,000 in aghaidh na bliana agus faigheann comhaltaí seachtracha Choiste Straitéiseach na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát luach saothair €12,500 in aghaidh na bliana. Ní fhaigheann Julie Sinnamon agus David Moloney, atá ceaptha ar an gCoiste Infheistíochta agus ar Choiste Straitéiseach na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát faoi seach, ina gcáil mar státseirbhísigh aon luach saothair maidir lena mballraíocht. Ní fhaigheann comhaltaí gníomhaireachta agus baill foirne GBCN aon luach saothair breise i dtaca le ballraíocht na gcoistí sin.

### SOLÁTHAR FOIRNE AGUS LUACH SAOTHAIR

Cuireann GBCN a sainorduithe i gcrích trí cúig aonad ghnó: an t-aonad um Maoiniú agus Bainistiú Fiach, Aonad Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, an Ghníomhaireacht Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta, Rénuia agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Faigheann aonaid ghnó GBCN tacaíocht óna fheidhmeanna corparáideacha a sholáthraíonn seirbhísí ar fud na réimsí seo a leanas: Airgeadas, Oibríochtaí, Teicneolaíocht na Faisnéise, Riosca, AD, Gnóthaí Díl, Comhlíontacht, Cumarsáid agus Iniúchadh Inmheánach.

Tá roinnt ball foirne de chuid GBCN ar iasacht leis an Roinn Airgeadais tar éis aisghairm tharmligean fheidhmeanna córais bhaincúireachta an Aire Airgeadais chuig GBCN ó mhí Lúnasa 2011.

Sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus do Chorporáid Baincúireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) agus soláthraíonn sí seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta dóibh chomh maith. Déanann GNBS agus CBSÉ aisíocaíocht do GBCN as costas na seirbhísí sin (costais bhall foirne san áireamh). Is aonáin neamhspleácha iad GNBS agus CBSÉ agus tá a mboird féin acu.

Seachas baill foirne atá sannta do GNBS agus CBSÉ, bhí 503 fostaí ag GBCN ag deireadh 2017. Bhí 263 fostaí sannta do GNBS agus bhí 18 fostaí sannta go CBSÉ<sup>3</sup>.

Tá múnla luach saothair GBCN bunaithe ar chonarthaí fostaíochta a idirbheartaítear ina n-aonair faoi rún, le luach saothair iomaíoch, ailínithe don mhargadh. Is é atá sa ghnáthphacáiste luach saothair buntuarastal seasta agus soláthar le haghaidh pá lánroghnach maidir le feidhmíocht. I líon teoranta cásanna íoctar liúntais nó sochair eile.

Is é cuspóir GBCN a chinntiú go n-éascaíonn a shocruithe luach saothair é ag mealladh, ag forbairt, agus ag coinneáil fostaithe ardfheidhmíochta agus spreagtha, le scileanna agus taithí chuí, lena chinntiú gur féidir le GBCN a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go hiomlán ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, ag comhlíonadh ag an am céanna an dlí infheidhmithe Tá sé i gceist aige córas luach saothair a fheidhmiú:

- a ligeann do GBCN a bheith iomaíoch go héifeachtach sa mhargadh oibre agus fostaithe ar ardchaighdeán a earcú agus a choinneáil;
- a léiríonn cuspóirí GBCN le haghaidh dea-rialachas corparáideach;
- a bhainistíonn luach saothair ar bhealach cuí agus a spreagann leibhéal ard feidhmíochta; agus
- atá comhsheasmhach le bainistíocht riosca fhónta agus éifeachtach agus a chuireann sin chun cinn.

Tá íocaíochtaí maidir le feidhmíocht ceaptha le feidhmíocht eisceachtúil a chúiteamh, le haire ar fheidhmíocht an fhostaí féin, feidhmíocht réimse freagrachta an fhostaí, agus feidhmíocht fhoriomlán GBCN. Déantar íocaíocht maidir le feidhmíocht de réir paraiméadar atá faoia ag Coiste Luach Saothair neamhfheidhmiúcháin na Gníomhaireachta. Déantar an méid foriomlán íocaíochtaí maidir le feidhmíocht i leith aon bhliain faoi réir, chomh maith, fhaomhadh an Choiste Luach Saothair.

Rinne GBCN íocaíochtaí a bhain le feidhmíocht le 142 ball foirne in 2018 i leith 2017. B’ionann na híocaíochtaí agus €1,544,042 san iomlán.

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Tá sochair gearrthéarmacha fostaithe atá níos mó ná €50,000 i dtaca le seirbhísí a soláthraíodh i rith 2017 curtha i gcatagóirí sna bandaí seo a leanas:

Raon	Líon na bhfostaithe
€50,001 go €75,000	132
€75,001 go €100,000	83
€100,001 go €125,000	47
€125,001 go €150,000	22
€150,001 go €175,000	21
€175,001 go €200,000	14
€200,001 go €225,000	5
€225,001 go €250,000	5
€250,001 go €275,000	0
€275,001 go €300,000	1
€300,001 go €325,000	5
€325,001 go €350,000	1
€350,001 go €375,000	1
€375,001 go €400,000	1
€400,001 go €425,000	0
€425,001 go €450,000	0
€450,001 go €475,000	0
€475,001 go €500,000	1

*Tabhair faoi deara: Chun críche an nochtá seo, áirítear le sochair gearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí arna soláthar i rith 2017 tuarastal, sochair incháinithe eile a íocadh le fostaithe (lena n-áirítear íocaíochtaí a bhain le feidhmíocht) agus íocaíochtaí eile arna ndéanamh thar ceann fostaithe, ach nach n-áirítear ÁSPC fostóra leo.*

<sup>3</sup> Ar bhonn coibhéis lánaimseartha (slánaithe go dtí an slánuimhir is gaire).



## NOCHTADH ATÁ RIACHTANACH DE RÉIR AN CHÓID CLEACHTAIS UM RIALACHAS COMHLACHTAÍ STÁIT (2016)

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as a chinntiú gur chloígh GBCN le ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Féach an rannóg ar Soláthar Foirne agus Luach Saothair ar an leathanach roimhe seo.

### Costais Chomhairliúcháin

Tá na costais chomhairliúcháin a thabhaigh GBCN i bhfeidhmiú a cuid sainorduithe leagtha síos sna Ráitis Airgeadais: Cuntas Riaracháin GBCN, Ráitis Airgeadais GÉS agus Ráitis Airgeadais CISÉ.

### Costais Dlí agus Socraíochtaí

Níor tabhaíodh aon chaiteachas in 2017 a bhaineann le costais dlí agus socraíochtaí. Ní áirítear leis sin caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle dlí ghinearálta atá áirithe i gcomhairliúchán, ná ní áirítear leis costais dlí agus socraíochtaí a thabhaigh agus a rinne an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát i bhfeidhmiú a cuid feidhmeanna chun éilimh i gcoinne an Stáit a bhainistiú, a chuirtear chun dochair an údaráis Stáit ábhartha.

### Caiteachas ar Taisteal agus Cothabháil

Tá caiteachas ar thaisteal agus cothabháil curtha sna catagóirí seo a leanas:

	2017 €000
Intíre	
– Bord	4
– Fostaithe	472
Ildirnáisiúnta	
– Bord	0
– Fostaithe	507
<b>Iomlán</b>	<b>983</b>

### Caiteachas

ítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile €65,239 maidir le caiteachas ar fháilteachas foirne in 2017.

## RÁITEAS COMHLÍONTACHTA

Chloígh GBCN leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le roinnt cóirithe/athruithe/ neamh-iarratais a comhaontaíodh leis an Aire Airgeadais mar a bhfuil achoimre orthu thíos. Léirítear sna cóirithe sin go príomha go bhfeidhmíonn GBCN, agus a gcuirtear na costais

ina leith de mhúirear ar an Lárchiste<sup>4</sup>, raon feidhmeanna a thugann aghaidh ar an margadh agus a leagadh amach d’aon turas chun go mbeadh an tsolúbthacht oibríochta acu gníomhú go tráchtála agus í ag cur a cuid feidhmeanna i gcrích.

### Faomhadh Conarthaí

Moltar sa chód go sonróaí sa Sceideal d’Ábhair atá Forchoimeáda i gcomhair Chinneadh an Bhoird tairseacha cainníochtúla soiléire le haghaidh conarthaí a dteastaíonn faomhadh an Bhoird uathu. Moltar ann freisin gur ábhar forchoimeáda a bheadh i “faomhadh téarmaí mórchonarthaí”.

Ag glacadh le raon sainorduithe gnó GBCN agus go gcuimsítear le conarthaí airgeadais a bhfuil luach suntasach ag gabháil leo cuid lárnach de ghníomhaíochtaí gnó GBCN, leag GBCN síos critéir ar leithligh chun infheistíochtaí a fhaomhadh agus chun conarthaí a dhéanamh ag brath ar an réimse gnó mar seo a leanas:

- Tá fáil nó diúscairt infheistíochtaí CISÉ in Éirinn forchoimeáda don Bhord/Choiste Infheistíochta. Déanann Coiste Infheistíochta neamhfheidhmiúcháin reachtúil cinntí infheistíochta suas go dtí €150m. I gcás ina bhfuil infheistíocht bheartaithe os cionn €150m, déanann an Bord an cinneadh ar mholadh ón gCoiste Infheistíochta. Déantar infheistíochtaí laistigh de théarmaí Straitéis Aistrithe na Punainne Domhanda a tharmligean chuig an mbainistíocht. Déantar gníomhartha lena mbaineann fáil nó diúscairt sócmhainní CISÉ atá faoi réir ordú an Aire a tharmligean chuig an mbainistíocht.
- Déantar conarthaí fiachais a tharmligean chuig an mbainistíocht – laistigh de raon Phlean Maoiniú Bliantúil an Stáitchiste arb Ábhar Forchoimeáda é.
- Déantar faomhadh chun conarthaí nua CPP a dhéanamh agus faomhadh chun aon chonradh nua a dhéanamh chun soláthar mar ghníomhaire don Aire Oideachais agus Scileanna aon tionscadal infheistíochta poiblí maidir le saoráid oideachais a tharmligean chuig an mbainistíocht. Bunaíodh Coiste Bonneagar Bainistíochta ar mhaithe le tionscadail bhonneagair a fhaomhadh. Tá tionscadail ar na athbhreithniú ag an gCoiste Bonneagar Bainistíochta, agus an toradh, áirithe mar ábhair a chuirfear faoi bhráid an Bhoird.
- Déantar conarthaí i gcomhair seirbhísí gairmiúla agus oibríúcháin agus caiteachas caipitiúil GBCN a tharmligean chuig an mbainistíocht. Ba chóir a rá go bhfuil caiteachas caipitiúil GBCN teoranta. Déantar foráil do mhaoirsiú an Bhoird ar na nithe seo tríd an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh agus d’fhéadfadh an bhainistíocht míreanna sonracha a thabhairt chomh fada leis an nGníomhaireacht i gcomhair faomhadh.

<sup>4</sup> Seachas maidir lena cuid feidhmeanna CISÉ atá maoiniú ón CISÉ.

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhail an Údaráis (ar lean)

### Leibhéil Údaráis Tharmligthe

Moltar sa Chód gurb ábhar coimeáda a bheadh sna “Leibhéil Údaráis Tharmligthe”. I bhfianaise raon leathan na sainorduithe a chuireann GBCN i gcrích agus an gá a bheith solúbtha i gcónaí maidir leis na húdaráis tharmligthe éagsúla i dtaca leis na sainorduithe sin, tá socrú na Leibhéil Údaráis Tharmligthe tugtha don Phríomhfheidhmeannach. D’fhonn maoirsiú an Bhoird ar údaráis tharmligthe a chinntiú, déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú gach bliain ar Údaráis Tharmligthe Chomhdhlúite GBCN.

### Straitéis

Leagtar síos ceanglais dhifriúla sa Chód maidir le plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh le haghaidh comhlachtaí Stáit tráchtála agus neamhtráchtála. Ba cheart do chomhlachtaí tráchtála pleananna gnó rollacha bliantúla cúig bliana a fhaomhadh agus ba chóir do chomhlachtaí neamhtráchtála ráitis straitéise a ghlacadh ar feadh tréimhse idir trí agus cúig bliana amach anseo.

Cumhdaítear tréimhse trí bliana i Straitéis Chorporáideach GBCN agus tá dhá chuid i gceist inti:

*Cuid 1: Straitéis Chorporáideach GBCN (lena n-áirítear ceithre sprioc straitéiseacha); agus*

*Cuid 2: Spriocanna an Aonaid Ghnó agus na Feidhme Corparáidí (lena n-áirítear spriocanna bliantúla).*

Déantar athbhreithniú bliantúil ar Straitéis Chorporáideach GBCN agus déantar í a nuashonrú ar bhunús rollach trí bliana. Cuirfear Cuid 1 isteach chuig an Aire má tá aon athruithe ar na ceithre sprioc straitéiseacha atá leagtha amach inti. Déanfar nuashonrú bliantúil ar Chuid 2 agus cuirfear isteach chuig an Aire í lena chuid tuairimí a fháil sula gcuirfear i gcrích í.

Tá an nós imeachta maidir le comhairliúchán Airí i dtaca leis an Straitéis Infheistíochta CISÉ a chinneadh agus a athbhreithniú leagtha síos in Alt 40(3) den *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014*.

### Neamhchomhlíonadh le hOibleagáidí Reachtúla

I bhfianaise an raoin leathan oibleagáidí reachtúla ábhartha a bhfuil GBCN faoi réir acu, tá sé beartaithe dul i ngleic leis an gceanglas go gcuirfeadh an Cathaoirleach cásanna neamhchomhlíonta le haon oibleagáidí reachtúla faoi bhráid an Aire trína chur i bhfeidhm ar chásanna ábhartha de neamhchomhlíonadh amháin.

### Fáil nó Diúscairt Sócmhainní etc.

Níl feidhm leis na forálacha sin de Alt 8 den Chód ina ndéileáiltear le fáil nó diúscairt sócmhainní, breithmheas ar infheistíocht chaipitil, bunú nó fáil fochuideachtaí, rannpháirtíocht i gcomhfhiontair agus fáil scaireanna i gcás gníomhaíochtaí infheistíochta an Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann. Déantar bainistíocht ar infheistíocht den sórt sin laistigh de chomhthéacs an chreata reachtúil chun infheistíochtaí CISÉ mar atá leagtha síos san *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014*, straitéis infheistíochta CISÉ agus próiseas infheistíochta CISÉ.

Ní mheastar go luíonn bannaí Trádála Rialtais nó sócmhainní eile i ngnáthchúrsa oibríocht ghnó GBCN laistigh de Alt 8 den Chód.

### Ciorclán TFC

Mar a fhoráiltear faoi Alt 3 de Chiorclán 02/16 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Socruithe i gcomhair Caiteachais Dhigitigh agus bainteach le TFC sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, d’aontaigh an Roinn Airgeadais go bhfuil díolúine ag GBCN ón gcreat faofa i gcomhair caiteachais dhigiteach agus a bhaineann le TFC.

### Cód Caiteachais Phoiblí

Níl an Cód Caiteachais Phoiblí infheidhme do GAFN toisc nach bhfuil GBCN ag gabháil do thionscadail chaipitil (seachas maidir lena ról leis an CISÉ agus GAFN) nó cláir nua caiteachais reatha. Tá feidhmeanna GBCN leagtha síos sa reacht – i reachtaíocht phríomha nó tá siad tarmligthe don GBCN trí Ordú Aireachta. Baineann buiséad oibriúcháin GBCN le baill foirne, córais, saoráidí agus costais eile a bhaineann le cur i gcrích na bhfeidhmeanna sin. Maidir le míreanna suntasacha caiteachais nua laistigh dá buiséad oibriúcháin, baineann GBCN leas as an ngnáthphróiseas breithmheasa atá leagtha amach i gcuid B.01 den Chód Caiteachais Phoiblí ina próiseas breithmheasa tionscadail.

### Luach Saothair

Ag comhlíonadh fhorálacha an Chóid maidir le luach saothair, ghlac GBCN leis na forálacha is infheidhme maidir le comhlachtaí Stáit tráchtála, arna gcur in oiriúint i bhfianaise a struchtúir rialachais agus tuairiscithe ar leith agus an tsamhail luach saothair. Ag teacht leis an gcur chuige sin, foilsíonn GBCN sonraí maidir le sochair ghearrthéarmacha fostaithe i mbandaí €25,000.

### Ciorclán Taistil

Tá beartas taistil GBCN bunaithe ar an gCreat le haghaidh Beartas Taistil do Chomhlachtaí Stáit atá sa Chód. Tá feidhm le rátaí míleáiste na státseirbhíse atá ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim (ag léiriú Ciorclán 07/2017). Ní íocann GBCN rátaí cothabhála maidir le taisteal, ach feidhmíonn sí próiseas costas deimhnithe chun costais taistil a aisíoc agus dá bhrí sin, ní bhíonn feidhm le ciorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le fógraí oifige maidir le cothabháil.

### Cairt Chustaiméirí

Ní minic le GBCN seirbhísí a sholáthar díreach don phobal. Tairgeann GBCN táirgí Coigilteas stáit do dhaoine a chuireann airgead i dtaisce iad féin trína gníomhairí, An Post. Tá cairt chustaiméirí ag An Post ina gcumhdaítear na seirbhísí a sholáthraíonn sé don phobal, lena n-áirítear na seirbhísí sin a sholáthraíonn sé thar ceann GBCN. Níor cuireadh cairt chustaiméirí eile i bhfeidhm do GBCN.

## Tuarascálacha Coistí

### TUARASCÁIL AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Rinne an Ghníomhaireacht cónascadh ar na Coistí Iniúcháireachta agus Riosca a bhí mar dhá choiste ag an am agus cruthaíodh Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le héifeacht ón 1 Feabhra 2017. Is é ról an Choiste cabhrú leis an nGníomhaireacht i maoirseacht:

- cháilíocht agus shlánaíocht na ráiteas airgeadais, in athbhreithniú agus i monatóireacht ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, an phróisis iniúchta inmheánaigh agus na feidhme comhlíonta, agus in athbhreithniú thorthaí an iniúchára reachtúil; agus
- creat bainistíochta riosca na Gníomhaireachta lena n-áirítear an fonn riosca a leagan síos, comhlíonadh le rialachas rioscaí a fhaire agus ag cinntiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a thuarisciú i gceart.

Tá ceathrar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin na Gníomhaireachta ar an gCoiste:

- Martin Murphy, Cathaoirleach
- Maeve Carton
- Mary Walsh
- Susan Webb

Ceapadh Martin Murphy, Mary Walsh agus Susan Webb ar an gCoiste le héifeacht ón 1 Feabhra 2017. Ceapadh Maeve Carton ar an gCoiste le héifeacht ón 29 Márta 2017.

Bhuail an Coiste le chéile go foirmiúil sé huair in 2017. Bhí seisiún oibre breise aige freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí sna ráitis airgeadais agus bhí roinnt seisiún eolais aige ar shaincheisteanna gnó a bhaineann leis an gCoiste.

### Tuairisciú Airgeadais

Rinne an coiste athbhreithniú ar dréacht-ráitis airgeadais 2017 agus mhol sé iad don Bhord. Díríodh san athbhreithniú ar chomhleanúnachas na gcur chuige sna ráitis airgeadais, meastacháin agus breithiúnais iomchuí, soiléire agus iomláine na noctaí, agus forálacha ábhartha den Chód Cleachtais athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar an Ráiteas Rialachais agus ar Thuarascáil Chomhaltaí an Bhoird, agus ar ráitis maidir le bainistíocht riosca lena gcuimsiú sa Tuarascáil Bhliantúil. Mar chuid dá athbhreithniú ar na ráitis airgeadais, bhuail an Coiste le hionadaithe Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (an t-iniúcháir reachtúil) chun Torthaí na Tuarascála Iniúcháireachta a phlé.

### Rialú Inmheánach

Rinne an Coiste athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Rinne sé athbhreithniú freisin ar an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach atá le cur san áireamh i ráitis airgeadais 2017 agus mhol sé é don Ghníomhaireacht. Bhí treoir ag an athbhreithniú ó thuarascáil na bainistíochta maidir leis na dearbhuithe a bhí sa Ráiteas agus i gclár mionsonraithe oibre an Choiste freisin, lena n-áirítear iniúchadh inmheánach rialta, tuarascálacha riosca agus comhlíonta.

### Iniúchadh Inmheánach

Fuair an Coiste tuarascálacha rialta ó Cheann an Iniúchta Inmheánaigh (faigheann Ceann an Iniúchta Inmheánaigh tacaíocht ó chomhlacht seachtrach, KPMG faoi láthair). Rinne sé athbhreithniú ar na príomhthorthaí ó thoradh na n-athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh aonair a rinneadh faoi phlean iniúchta inmheánaigh riosca-bhunaithe 2017 agus rinne sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm mholtaí an iniúchta. D'fhaomh sé plean iniúchta inmheánaigh riosca-bhunaithe 2018 agus nuashonruithe ar an gCairt Iniúcháireachta Inmheánaí. Rinne an Coiste athbhreithniú freisin ar éifeachtacht na feidhme iniúchta inmheánaí agus mheas go raibh sé ag feidhmiú go héifeachtach. Buaileann an Coiste le Ceann an Iniúchta Inmheánaigh uair sa bhliain ar a laghad gan an bhainistíocht i láthair.

Tar éis próiseas tairisceana, ceapadh KPMG in 2014 chun seirbhís iniúchta inmheánaigh a sholáthar ar feadh tréimhse trí bliana, agus an rogha ag GBCN síneadh a chur leis an gconradh ar feadh téarma breise dhá bhliain. Tar éis athbhreithniú ar fheidhmiú KPMG, mhol an Coiste don Ghníomhaireacht go gcuirfí i bhfeidhm an rogha maidir le síneadh a chur leis an gconradh agus ceapadh KPMG ar feadh téarma breise dhá bhliain go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019.

### Iniúchadh Reachtúil

Is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúcháir reachtúil GBCN. Rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchta sheachtraigh, ar na príomhréimsí fócais agus ar théarmaí rannpháirteachais an iniúchta. Rinne sé monatóireacht freisin ar fhreagairt na bainistíochta do thorthaí an iniúchára sheachtraigh ón iniúchadh a rinneadh ar ráitis airgeadais 2016. Buaileann an Coiste leis an iniúcháir seachtrach uair sa bhliain ar a laghad gan an bhainistíocht i láthair.

### Riosca

Rinne an Coiste athbhreithniú agus mhol sé don Ghníomhaireacht nuashonruithe ar an mBeartas agus ar an gCreat Bainistíochta Riosca agus ar an gCreat maidir le Fonn Riosca. D'fhaomh sé freisin nuashonruithe ar roinnt beartas sonrach a bhain le riosca mar a fhoráiltear faoin mBeartas agus Creat Bainistíochta Riosca. Rinne sé monatóireacht ar sheasamh GBCN i gcoinne a fhoinn riosca sainithe agus d'fhaomh nuashonruithe ar an tsraith príomhtháscairí riosca. D'fhaomh sé freisin an Plean Gnó bliantúil maidir le Bainistíocht Riosca.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar na príomhrioscaí atá os comhair GBCN bunaithe ar mheasúnú riosca straitéiseach agus thug sé tuairisc maidir le toradh a chuid athbhreithnithe don Ghníomhaireacht. Rinne sé athbhreithniú freisin ar na cláir rioscaí bunúsacha agus bhreithnigh sé tuarascáil maidir le creat tástáil faoi strus GBCN.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar thuarascálacha rialta ó fheidhm Bainistíocht Riosca GBCN i dtaca le riosca airgeadais, fiontair agus infheistíochta. Rinne sé athbhreithniú ar éifeachtacht na feidhme Riosca agus mheas go raibh sé ag feidhmiú go héifeachtach.

Rinne an Coiste maoirsiú ar athbhreithniú ar Fheidhm Riosca GBCN (le tacaíocht ó thríú páirtithe seachtracha) i dtaca leis an gcur chuige straitéiseach is cuí agus ceanglais shonracha GBCN maidir le bainistíocht riosca i gcomhthéacs a spriocanna agus a chuspóirí gnó.

## Tuarascálacha Coistí (ar lean)

### Comhlíonadh agus Nochtadh Cosanta

Rinne an Coiste athbhreithniú agus d'fhaomh sé nuashonruithe ar an mBeartas maidir le "Éagóiritheoireacht" a thuairisciú agus Nochtadh Cosanta. Rinne sé monatóireacht ar dhul chun cinn i gcoinne Phlean Comhlíontachta 2017. D'fhaomh sé freisin Plean agus Creat Comhlíontachta 2018, agus fuair sé tuairisc rialta ón gCeann Comhlíontachta. Rinne an Coiste athbhreithniú ar éifeachtacht na Feidhme Comhlíontachta agus mheas sé go bhfuil sé ag feidhmiú go héifeachtach.

### Eile

Chuir an Coiste roinnt gníomhaíochtaí eile i gcrích lena n-áirítear athbhreithniú ar chur i bhfeidhm GBCN ar an gCód Cleachtas athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, chomh réidh is atá sé don Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus a bheartais agus nósanna imeachta maidir le soláthar chomh maith le machnamh a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna sonracha gnó ó pheirspictíocht riosca de, lena n-áirítear maoirsiú ar thuairim ardleibhéil sheachtraigh maidir leis an bhfeidhm TFC lena chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm chun freastal ar cheanglais agus ar éilimh TFC GBCN i gcoinne an chúla de luas an athraithe sa timpeallacht TFC sheachtrach go dtí deireadh 2020.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar a fheidhmíocht i mí Eanáir 2018 agus thug sé tuairisc don Ghníomhaireacht maidir leis an athbhreithniú sin, ag rá go ndearna sé machnamh ar conas is fearr oibriú leis an nGníomhaireacht ar shaincheisteanna riosca.

### TUARASCÁIL AN CHOISTE INFHEISTÍOCHTA

Is coiste reachtúil é an Coiste Infheistíochta a bhfuil foráil dó san *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990* (arna leasú).

Cuidíonn an Coiste leis an nGníomhaireacht maidir le rialáil agus bainistíocht Chiste Infheistíochta Straitéis na hÉireann trí chinntí a dhéanamh maidir le fáil agus diúscairt sócmhainní taobh istigh de pharaiméadair a fhéadfaidh a bheith leagtha síos ag an nGníomhaireacht, ag cur comhairle ar an nGníomhaireacht maidir le straitéis infheistíochta an Chiste agus ag déanamh maoirseachta ar chur i bhfeidhm na straitéise infheistíochta.

Éilítear ar an gCoiste beirt chomhaltaí ceaptha den Ghníomhaireacht agus líon nach mó ná cúigear nach baill den Ghníomhaireacht iad a bhfuil saineolas ábhartha suntasach faighte acu agus atá ceaptha ag an nGníomhaireacht le cead an Aire Airgeadais (comhaltaí seachtracha) a bheith ann. Tá socraithe ag an nGníomhaireacht gur chóir triúr comhaltaí seachtracha a bheith ar an gCoiste. Is iad comhaltaí an Choiste:

- Susan Webb, Cathaoirleach (Comhalta Gníomhaireachta)
- Gerardine Jones (Comhalta Gníomhaireachta)
- Richard Leonard (comhalta seachtrach)  
*Stiúrthóir Cuideachta agus iar-Chomhpháirtí, Grant Thornton Ireland*
- Mark Ryan (comhalta seachtrach)  
*Stiúrthóir Cuideachta agus Stiúrthóir Bainistíochta, Accenture Ireland*

- Julie Sinnamon (comhalta seachtrach)  
*Príomhfheidhmeannach, Fiontraíocht Éireann*

Ceapadh Gerardine Jones ar an gCoiste le héifeacht ón 29 Márta 2017. Athcheapadh Richard Leonard agus Julie Sinnamon ar an gCoiste le héifeacht ón 27 Feabhra 2018.

Bhuail an Coiste le chéile 13 huairé in 2017. I measc phríomhghníomhaíochtaí an Choiste bhí athbhreithniú ar thograí infheistíochta mionsonraithe ón mbainistíocht. Tharmlig an Ghníomhaireacht cinntí maidir le tograí infheistíochta suas le €150m don Choiste. I gcás ina dtacaíonn an Coiste le togra infheistíochta níos mó ná €150m, déanann sé moladh maidir leis don Ghníomhaireacht. Rinne an Coiste monatóireacht ghníomhach freisin ar an bpíblíne infheistíochta gar do théarma d'fhonn aiseolas caoithiúil a thabhairt don bhainistíocht ar dheiseanna infheistíochta féideartha agus chun aon saincheisteanna dóchúla a phlé go luath sa phróiseas.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar leasuithe beartaithe ar chreat chur i bhfeidhm thionchar eacnamaíoch CISE agus thug aiseolas don bhainistíocht, bhí an obair sin ag dul ar aghaidh isteach in 2018. Rinne sé athbhreithniú freisin ar an Straitéis Inbhuanaitheachta agus Infheistíochta Freagraí agus mhol sé leasú ar an mbeartas chun foráil a dhéanamh do chatagóirí infheistíochta áirithe a eisiáil ar bhonn teoranta agus ar fhorais infheistíochta.

De réir mar a bhogann CISE amach as a céim thionscnaimh agus de réir mar a théann a chuid infheistíochta i méid, tá monatóireacht ar phunanna mar chuid de ghníomhaíocht an Choiste níos mó agus níos mó anois. Déanann an Coiste athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar thionchar eacnamaíoch infheistíochtaí aonair in Éirinn, an Creat um Éagsúlú Punainne (lena n-áirítear teorainneacha infheistíochta agus leibhéil lamháiltais), feidhmíocht na Punainne Domhanda agus cur i bhfeidhm na Straitéise Inbhuanaitheachta agus Infheistíochta Freagraí ar bhonn ráithiúil. Déantar athbhreithniú gach mí, ar an iomlán, ar fheidhmíocht, úsáid agus gníomhaíocht, agus déantar athbhreithniú faoi dhó sa bhliain ar chur i bhfeidhm na straitéise infheistíochta.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar a théarmaí tagartha freisin agus mhol sé roinnt leasuithe beaga don Ghníomhaireacht. Thug sé faoi athbhreithniú ar a fheidhmíocht agus thug sé tuairisc don Ghníomhaireacht maidir leis an athbhreithniú sin. Mar chuid den athbhreithniú, d'aontaigh sé a chlár reatha faisnéise a leathnú ó shaineolaithe seachtracha i réimsí infheistíochta atá ábhartha don CISE.

### TUARASCÁIL AN CHOISTE LUACH SAOTHAIR

Cuidíonn an Coiste Luach Saothair leis an nGníomhaireacht trí athbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar bheartas luach saothair foriomlán GBCN, athbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar aon scéimeanna pá a bhaineann le feidhmíocht atá á oibriú ag GBCN agus faomhadh na n-íocaíochtaí bliantúla iomlána a bheidh le déanamh faoi aon scéimeanna den sórt sin. Tugann sé moltaí don Ghníomhaireacht freisin maidir le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh.

Tá ceathrar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ceaptha ag an nGníomhaireacht ar an gCoiste:

- Maeve Carton, Cathaoirleach

- Martin Murphy
- Willie Walsh
- Robert Watt

Ceapadh Maeve Carton mar Chathaoirleach ar an gCoiste le héifeacht ón 29 Márta 2017. Athcheapadh Martin Murphy agus Robert Watt ar an gCoiste le héifeacht ón 24 Feabhra 2018. Is comhalta den Choiste é Willie Walsh, mar Chathaoirleach ar an nGníomhaireacht, faoina théarmaí tagartha.

Bhuail an Coiste le chéile faoi dhó in 2017. D'athbhreithnigh agus cheadaigh sé an méid iomlán in íocaíochtaí a bhain le feidhmíocht a bhí le déanamh maidir le 2016. Rinne sé athbhreithniú ar na critéir bheartaithe chun comhaltaí seachtracha a cheapadh ar Choiste nua Straitéiseach GÉS agus na comhaltaí seachtracha atá beartaithe, sular cheap an Gníomhaireacht iad. Rinne sé machnamh freisin ar na himpleachtaí do GBCN ó *Bhille um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí* a tugadh isteach i mí na Samhna 2017.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar a théarmaí tagartha agus mhol sé roinnt leasuithe beaga don Gníomhaireacht. Thug sé faoina chéad athbhreithniú ar a fheidhmíocht agus thug sé tuairisc don Gníomhaireacht maidir leis an athbhreithniú sin i mí Eanáir 2018. Bhain an Coiste de thátal as go raibh sé ag feidhmiú go sásúil agus nár tháinig aon saincheisteanna chun cinn le cur faoi bhráid na Gníomhaireachta.

## TUARASCÁIL CHOISTE NA GNÍOMHAIREACHTA UM ÉILIMH AR AN STÁT

Bunaíodh Coiste Straitéiseach na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát an 1 Lúnasa 2017. Is é a cuspóir cúnaimh a thabhairt don Gníomhaireacht i bhfeidhmiú a cuid feidhmeanna Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát trí chomhairle agus treoir a thabhairt maidir le saincheisteanna straitéiseacha agus beartais i dtaca leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

Tá seachtar comhaltaí ar an gCoiste: beirt chomhaltaí den Gníomhaireacht, an Stiúrthóir, GÉS agus ceathrar nach comhaltaí den Gníomhaireacht iad ach a bhfuil saineolas agus taithí ábhartha shuntasach faighte acu agus atá ceaptha ag an nGníomhaireacht le cead an Aire Airgeadais (comhaltaí seachtracha). Is iad comhaltaí an Choiste:

- Mary Walsh, Cathaoirleach (Comhalta Gníomhaireachta)
- Derek Moran (Comhalta Gníomhaireachta)
- Ciarán Breen (Stiúrthóir, GÉS)
- An tOllamh Sir Sabaratnam Arulkumaran (comhalta seachtrach)  
*Ollamh Emeritus Obstatraice agus Gíniceolaíochta ag St. George's University of London*
- Tom Beegan (comhalta seachtrach)  
*Sainchomhairleoir riosca agus iar-POF an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta*
- Donogh Crowley (comhalta seachtrach)  
*Iarchomhpháirtí, Arthur Cox Solicitors*
- David Moloney (comhalta seachtrach)  
*Rúnaí Cúnta, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe*

Seachas David Moloney a ceapadh le héifeacht ón 1 Nollaig 2017, ceapadh na comhaltaí le héifeacht ón 1 Lúnasa 2017.

Tháinig an Coiste le chéile uair amháin in 2017. Cuireadh siar dara cruinniú sceidealaithe an choiste in 2017 agus bhí sé ar siúl i mí Eanáir 2018. Is iad seo na príomh-mhíreanna a breithníodh ag na cruinnithe sin:

- Spriocanna rollacha gnó trí bliana GÉS;
- Saincheisteanna reatha agus sa todhchaí i dtaca le costais éileamh ginearálta agus cliniciúil;
- An cur chuige straitéiseach atá á ghlacadh ag GÉS maidir le roinnt maisghníomhaíochtaí suntasacha i gcoinne an Stáit; agus
- Na Cláir Bainistíochta Riosca Cliniciúil agus Fiontair le haghaidh 2018.

## Bainistíocht Riosca

### FORBHREATHNÚ AGUS RIALACHAS

Tá cur chuige GBCN maidir le bainistíocht riosca bunaithe ar an tsamhail "trí líne chosanta" agus é ceaptha chun tacú lena sainorduithe a chur i gcrích trí rioscaí, a thagann chun cinn nuair atá GBCN ag baint amach a cuspóirí straitéiseacha, a bhainistiú go réamhghníomhach.

Leagann an Ghníomhaireacht síos an Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca agus an Creat Fonn Riosca. Cuidíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an nGníomhaireacht maoirseacht a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta riosca, lena n-áirítear monatóireacht ar mar atáthar ag cloí le rialachas rioscaí agus a chinntiú go sainaithear, go measúnaítear, go mbainistítear agus go dtuairiscítear rioscaí go cuí.

Déanann Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair feidhmiúcháin maoirseacht ar fheidhmiú fonn riosca foriomlán GBCN agus ar bhunú córas cuí ag lucht ardbhainistíochta lena chinntiú go ndéantar aon rioscaí fiontair a shainaithint, a thomhas, a fhaire, a rialú agus a thuairisciú go héifeachtach. Tá an Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair freagrach as a chinntiú go ndéantar rioscaí ábhartha ar fud GBCN a thuairisciú ar bhealach comhleánach agus comhtháite don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

### BEARTAS AGUS CREAT

Sainíonn an Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca na caighdeáin le haghaidh bainistíocht riosca ar fud na heagraíochta agus leagann sé amach na socruithe trína mbaintear sin amach. Áirítear leo sin cuspóir, beartas, creat, freagrachtaí agus próisis a thacaíonn le bainistíocht éifeachtach agus chomhtháite riosca, ag teacht le fonn riosca

comhaontaithe na Gníomhaireachta. Tá a fonn riosca sainithe ag GBCN maidir le gach ceann dá catagóirí riosca agus tomhaiseann sí neamhchosaintí riosca trí phríomhtháscairí riosca a úsáid.

Déantar athbhreithniú bliantúil ar an mBeartas agus Creat um Bainistíocht Riosca agus ar an gCreat Fonn Riosca lena chinntiú go bhfuil siad fós ábhartha agus cothrom le dáta.

### MEASÚNÚ RIOSCA

Tá na próisis measúnaithe riosca ceaptha chun a chinntiú go mbainistíonn GBCN a riosca laistigh dá hinghlacthacht riosca comhaontaithe, go sainaithear rioscaí ábhartha, agus go ndéantar monatóireacht ar bhainistiú riosca laistigh de ról agus freagrachtaí atá sainithe agus díreach.

Iarrtar ar gach aonad gnó aonair féinmheasúnú a dhéanamh agus a chuid rioscaí a athbhreithniú agus iad a thaifeadadh i gcláir rioscaí. An t-athbhreithniú:

- Sainaithear nó athdheimhneáir agus aicmítear na rioscaí don ghnó;
- Déantar measúnú ar an tionchar riosca bunúsach agus ar an dóchúlacht;
- Sainaithear cóireálacha agus rialuithe beartaithe; leithdháiltear úinéirí le haghaidh aon phleananna gníomhaíochtaí a aontaítear; agus
- Tuarascálacha ar bhearta agus rialuithe a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na rioscaí iarmharacha.

Cuireann aonaid ghnó a gcuid cláir rioscaí i láthair an ERMIC agus an Choiste Iniúchta agus Riosca uair sa bhliain ar a laghad.

## Trí Líne de Mhúnla Cosanta

### AN CHÉAD LÍNE Gníomhaíochtaí Gnó

- Rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó a shealbhú
- Breithiúnas gnó a fheidhmiú chun riosca a mheas
- A chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí gnó laistigh de bheartais fonn riosca agus bainistíochta riosca na Gníomhaireachta

### AN DARA LÍNE Bainistíocht Riosca agus Feidhmeanna Rialaithe Eile

- Athbhreithniú neamhspleách agus dúshlán don chéad líne chosanta
- Feidhmiú cleachtas bainistíochta riosca éifeachtach a éascú agus a fhaire go neamhspleách
- Freagrach as forbairt beartas riosca, tomhas agus tuairisciú, teorainneacha agus rialuithe, maoirsiú agus monatóireacht
- Oiliúint, uirlisí agus comhairle a thabhairt chun tacú le beartas riosca agus comhlíonta

### AN TRÍÚ LÍNE Iniúchadh Inmheánach

Soláthraíonn sí deimhniú riosca-bhunaithe neamhspleách, réasúnta ar neart an chórais bainistíochta riosca, ar rialachas agus ar éifeachtacht deartha agus oibriúcháin na timpeallachta rialaithe inmheánaigh

## PRÍOMHRIOSCAÍ

Déanann an Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair measúnú riosca straitéisigh faoi dhó sa bhliain, ag a bhfuil de chuspóir na príomhrioscaí ó thaobh GBCN de ar fad a shainaithint. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Ghníomhaireacht measúnú ansin ar na príomhrioscaí.

### Príomhrioscaí

Riosca	Cur Síos ar na Riosca	Bearta Maolaithe Rioscaí
<b>Riosca Eacnamaíoch, Geopholaitiúil agus Margaidh</b>	D'fhéadfadh dálaí eacnamaíocha foircneacha, luaineacht an mhargaidh agus tírdhreach geopholaitiúil corrach tionchar áibhirseach a bheith acu ar GBCN. I measc na n-iarbhairtí a d'fhéadfadh a bheith aige sin d'fhéadfadh fadhbanna a bheith le rochtain ar mhaoiniú nó deiseanna infheistíochta, meath ar inbhuanaitheacht fiachais, costais seirbhíse fiachais méadaithe nó torthaí infheistíochta neamhfhabhracha.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Margadh gníomhach, creidmheas contrapháirtí agus bainistíocht riosca leachtachta, á rialú ag beartais a athbhreithníonn agus a cheadaíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca agus/nó an Ghníomhaireacht ar bhonn bliantúil.</li> <li>■ Monatóireacht agus tuairisciú leanúnach ar threochtaí agus ar impleachtaí margaidh agus maicreacnamaíocha, agus ar phríomhtháscairí riosca margaidh agus leachtachta.</li> <li>■ Glactar réamhgníomhartha, gníomhartha coisctheacha nó ceartaitheacha de réir mar is gá.</li> </ul>
<b>Riosca Infheistíochta</b>	Tá GBCN freagrach as infheistíochtaí a dhéanamh mar chuid dá sainordú. Ina measc sin tá infheistíochtaí díreacha agus tiomantais do bhainisteoirí infheistíochta tríú páirtí. D'fhéadfadh drochdhálaí eacnamaíocha agus margaidh, droch-chinntí infheistíochta, nó droch-bhainistíocht ar réamh- agus ar iar-phróisis infheistíochta, damáiste suntasach airgeadais agus/nó clú a chruthú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Straitéis Infheistíochta CISE arna ceadú ag an nGníomhaireacht, ar mholadh ón gCoiste Infheistíochta.</li> <li>■ Tá infheistíochtaí nua CISE Phunann na hÉireann faoi réir ag athbhreithniú dara líne sula gceadóidh an Coiste Infheistíochta agus/nó an Ghníomhaireacht iad de réir mar is cuí.</li> <li>■ Tá infheistíochtaí Phunann Dhomhanda CISE go léir ar aon líne leis an Straitéis um Aistriú na Punainne Dhomhanda arna ceadú ag an nGníomhaireacht, ar mholadh ón gCoiste Infheistíochta.</li> <li>■ Athbhreithnithe leanúnacha, monatóireacht agus tuairisciú ar Phunann Éireannach CISE, agus ar Phunann Dhomhanda CISE, lena n-áirítear príomhtháscairí riosca infheistíochta a thuiriscítear don Choiste Infheistíochta, an Coiste Iniúchta agus Riosca agus don Ghníomhaireacht.</li> </ul>
<b>Riosca Scairsealbhóirí</b>	Tá grúpa scairsealbhóirí leathan agus éagsúil ag GBCN, lena n-áirítear Airí agus Ranna Rialtais, an pobal, contrapháirtithe margaidh agus infheistíochta. Ag glacadh leis go bhfuil a príomhchuspóirí gnó á sainordú go príomha ag reachtaíocht agus treoirlínte aireachta, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag mainneachtain oibriú le, agus/nó ionchais geallsealbhóirí a bhainistiú, ar a cumas a cuid cuspóirí a bhaint amach.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Clár bainistithe rannpháirtíochta straitéisí le gach príomh-scairsealbhóirí, lena n-áirítear iad sin sa Rialtas, an eanáil Stáit i gcoitinne, agus príomhscairsealbhóirí eile cosúil leis an bpobal, contrapháirtithe margaidh agus infheistíochta.</li> </ul>
<b>Riosca Iompraíochta</b>	Tá iompar eiticiúil fostaithe rithábhachtach chun clú agus cáil GBCN a choinneáil. Má theipeann orainn ár ngníomhaíochtaí a chur i gcrích ar bhealach iontaofa, comhlíontach, agus trédhearcach d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar sheachadadh sainorduithe GBCN, agus tionchar diúltach ar a cháil dá bharr.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Cultúr iompraíochta eiticiúil a chur chun cinn agus comhlíonadh i measc fostaithe, le tacaíocht ó phríomhbheartais cosúil leis an gCód Cleachtas maidir le Rúndacht agus Iompar Gairmiúil agus an Beartas maidir le Nochtadh Cosanta.</li> <li>■ An Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a fhógairt.</li> <li>■ Príomhrialuithe inmheánacha agus bearta frithchaloise i bhfeidhm cosúil le teorainneacha údaraithe agus deighilt dualgas.</li> <li>■ Cuirtear clár oiliúna maidir le príomhrioscaí comhlíontachta ar fáil do na fostaithe go léir ar bhonn rialta.</li> <li>■ Monatóireacht, tuairisciú agus maoirsiú rialta ar riosca iompraíochta.</li> <li>■ Iniúchtaí: iniúchtaí inmheánacha riosca-bhunaithe agus iniúchtaí seachtracha de chuid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.</li> </ul>

## Bainistíocht Riosca (ar lean)

Riosca	Cur Síos ar na Riosca	Bearta Maolaithe Rioscaí
<b>Riosca Oibríochtúil</b>	Is cuid bhunúsach de ghníomhaíochtaí GBCN go léir é riosca oibríochtúil. Measann GBCN go bhfuil rioscaí a bhaineann le próiseáil idirbheart agus tuairisciú, teicneolaíocht na faisnéise, cosaint sonraí agus slándáil sonraí, cibearionsaí, agus leanúnachas gnó i measc príomhrioscaí oibríúcháin na gníomhaireachta. Go háirithe, tá an cumas ag cibearionsaithe cur isteach go mór ar chroí-oibríochtaí agus/nó damáiste a dhéanamh do bhanda GBCN.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Cinntíonn próisis measúnaithe riosca agus rialaithe gur leor bearta chun dul i ngleic le rioscaí oibríúcháin.</li> <li>■ Próisis agus nósanna imeachta sainithe, le tacaíocht ó oiliúint d'fhostaithe.</li> <li>■ Monatóireacht leanúnach ar shlándáil na gcóras TF, le tacaíocht ó shainchomhairle sheachtrach ar threochtaí agus ar cibearbhagairtí atá ag teacht chun cinn.</li> <li>■ Coistí maoirseachta tiomnaithe chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí oibríúcháin.</li> <li>■ Clár bainistíochta leanúnachais gnó gníomhach, le tástáil rialta ar phleananna agus ar chnámha scéil.</li> </ul>
<b>Riosca Tríú Páirtí</b>	Bíonn GBCN ag brath ar roinnt tríú páirtithe criticiúla d'fhonn a cuid sainorduithe a chur i gcrích. I gcás ina dteipeann ar GBCN tríú páirtithe criticiúla a mhaoirsiú agus a bhainistiú, nó má theipeann ar an tríú páirtí téarmaí an chonartha nó an chomhaontaithe seirbhíse a chur i gcrích, nó gníomhú ar bhealach atá comhsheasmhach le ceanglais GBCN, d'fhéadfaí damáiste airgeadais agus/nó clú a dhéanamh.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Próisis agus uirlisí bainistíochta riosca tríú páirtithe sainithe.</li> <li>■ Monatóireacht, tuairisciú agus maoirsiú leanúnach ar fheidhmíocht chriticiúil tríú páirtithe.</li> </ul>
<b>Riosca Athraithe</b>	I dtionscadail agus i dtionscnaimh lena mbaineann athruithe rialála agus sainordaithe, córais nua TF a chur i bhfeidhm agus nuair a bhítear ag bogadh áitribh, bíonn timpeallacht riosca oibríúcháin agus nochtadh do riosca oibríúcháin i gceist. In éagmais cur chuige straitéiseach, comhordaithe agus cuimsitheach chun athrú a bhainistiú d'fhéadfaí cur isteach go suntasach ar an ngnó, agus d'fhéadfadh caillteanas airgeadais nó damáiste do chlú tarlú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Bunaítear clár thionscadail le haghaidh gach príomh-thionscadal agus clár straitéiseach de chuid GBCN, agus déantar tuairisciú rialta ar stádas tionscadail agus ar phríomhtháscairí riosca tionscadal.</li> <li>■ Leithdháileadh iomchuí acmhainní do phríomh-thionscadail.</li> <li>■ Déanann an Coiste Táirgí agus Próiseas measúnú ar tháirgí agus ar phróisis nua.</li> </ul>
<b>Riosca maidir le Daoine agus Cultúr</b>	Cuireann GBCN raon gníomhaíochtaí speisialaithe i gcrích thar ceann an Stáit. Má mhainnítear fórsa oibre atá sách oilte agus ag a bhfuil dóthain taithí a earcú, a choimeád agus a fhorbairt, nó cultúr oscailteachta agus féincheannaireachta a chothú, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar a cumas a sainorduithe a chur i gcrích.	<ul style="list-style-type: none"> <li>■ Oibríonn an Ghníomhaireacht próiseas struchtúrtha earcaíochta agus roghnúcháin.</li> <li>■ Cuidíonn raon beartas agus nósanna imeachta AD chun dea-chleachtas i mbainistíocht AD a chinntiú.</li> <li>■ Clár foghlama agus forbartha forleathan i bhfeidhm, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil leanúnach (CPD) agus tacaíochtaí oideachais.</li> <li>■ Cultúr féin-cheannaireachta a chur chun cinn agus cultúr oscailteachta agus trédhearcachta a spreagadh chun rioscaí a fhaire agus a thuairisciú, le tacaíocht ó bheartais agus nósanna imeachta tuairiscithe.</li> </ul>

D'fhéadfadh rioscaí agus éiginnteachtaí eile nach gceaptar a bheith ábhartha go fóill nó nach bhfuil ar eolas ag an nGníomhaireacht agus d'fhéadfadh na príomhrioscaí athrú chun freastal ar fhorbairtí den sórt sin.



## An Fhoireann Bhainistíochta



**Conor O'Kelly**

Príomhfheidhmeannach



**Ian Black**

Príomhoifigeach Airgeadais  
agus Oibriúcháin



**Ciarán Breen**

Stiúrthóir, An Ghníomhaireacht  
um Éilimh ar an Stát



**Sinéad Brennan**

Stiúrthóir, Acmhainní Daonna



**Des Carville**

Ceannaire Baincéireachta  
(ar iasacht chuig an Roinn Airgeadais)



**Eileen Fitzpatrick**

Stiúrthóir, RÉnua



**Eugene O'Callaghan**

Stiúrthóir, An Ciste  
Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn



**Frank O'Connor**

Stiúrthóir, Maoiniú agus  
Bainistiú Fiach



**Andrew O'Flanagan**

Príomhoifigeach Dí

*Tabhair faoi deara: Tá Cathy Bryce ceaptha mar Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta agus cuirfidh sí tús lena ról le héifeacht ón 31 Lúnasa 2018.*

### TUARASCÁIL MAIDIR LE HÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

Feidhmíonn GBCN ó Fhoirgneamh an Stáitchiste ar Shráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, D02 XN96. In 2017, d'ídh GBCN 1,828,052 kWh leictreachais a léirigh meán-thomhaltas 2,383 kWh in aghaidh an fhostaí. Sin i gcomparáid le meán-thomhaltas de 2,707 kWh in aghaidh an fhostaí in 2016 – laghdú 12% in aghaidh an fhostaí ó fhigiúr 2016. Tá an laghdú ar mheán-thomhaltas in aghaidh an fhostaí in 2017 toisc nach bhfuil an oiread spáis urláir á áitiú ag GBCN i bhFoirgneamh an Stáitchiste ón 1 Bealtaine 2017, agus d'éirigh leis an líon céanna foirne a choimeád ag an am céanna.

Tá Foirgneamh an Stáitchiste os cionn 25 bliain d'aois agus meán-rátáil BER de "F" aige. Cuireann sé sin le cailteanas fuinnimh trí dhéanamh an fhoirgnimh. Soláthraíonn an tiarna talún an t-aerchóiriú san fhoirgneamh agus is le gás nádúrtha a théitear é.

Rinne GBCN cóiríocht oifige a léasú ag Bloc D1, Dublin Landings, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1 - beidh an áit áitithe ag GBCN ar feadh 2019. Tá an foirgneamh nua á thógáil agus é deartha chun rátáil phlatanaim LEED 2009 agus caighdeán rátáil fuinnimh BER A3 a bhaint amach.

# Ráitis Airgeadais

Arna n-ullmhú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta de réir Alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990

Ráiteas ar Rialú Inmheánach	64
Fiachas Náisiúnta na hÉireann	67
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Cuntas Riaracháin	89
Ciste Bhanc Taisce an Phoist	111
An Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	119
Ciste na gCuntas Díomhaoin	129
Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn	143

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon feidhme Freagrachta

Thar ceann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta aithnímid freagracht na Gníomhaireachta as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Áiríonn an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a dhíchur. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus gan dearbhú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

## Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar a bhfuil ceithre chomhalta den Gníomhaireacht, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta acu, feidhmíonn duine acu mar Chathaoirleach. Tháinig an ARC le chéile sé huairé in 2017.

Bhunaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta feidhm iniúchóireachta inmheánaigh freisin a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige agus déanann sé clár oibre a aontú leis an ARC.

D'fhorbair an Gníomhaireacht Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca in bhfuil a fonn riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraíochtaí ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca leagtha amach. Tá an beartas eisithe don fhoireann go léir agus táthar ag súil le go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bhainistíochta riosca na Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, chun foláireamh a thabhairt ar bhainistíocht ar na rioscaí atá ag teacht chun cinn, chun laig a rialú agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a aithníonn agus a thugann tuairisc ar phríomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú, a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus rinneamar iad a aithint, iad a mheas agus iad a ghrádú de réir a tábhachta. Déanann an ARC athbhreithniú ar chláir riosca an Aonaid Ghnó ar bhonn bliantúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a pheleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tá na rialuithe agus na gníomhaíochtaí atá ag teastáil chun rioscaí agus freagracht a mhaolú as rialuithe a shanntar don fhoireann ar leith a oibriú mionsonraithe sna clár riosca. Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe lena bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- tá nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó ar fad taifeadta,
- tá freagrachtaí airgeadais le cuntasacht fhreagrach sannta ar leibhéal bainistíochta,
- tá córas buiséadaithe cuí ann ag a bhfuil buiséad bliantúil á choinneáil faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus easnaimh rialaithe agus bíonn siad curtha in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus don Gníomhaireacht, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhnímid go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisciú agus chun aon easnamh a aithnítear a thuairisciú,
- tá socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta curtha ar bun, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

## Soláthar

Tá Beartas Soláthair bunaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (arna fhoilsiú ar a láithreán gréasáin) agus Nós Imeachta Soláthair. Tagann cleachtais soláthair Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta leis na doiciméid thuasluaite.

Tá Nós Imeachta Soláthair Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ag teacht le treoirlínte reatha Oifig Sholáthair an Rialtais (OGP). I gcásanna áirithe measfar go bhfuil sé riachtanach eisceachtaí cuí-údaraithe a fháil ón mBeartas agus ón Nós Imeachta (eadhon, gan próiseas tairisceana iomaíoch á réachtáil) maidir le seirbhísí, soláthairtí nó oibreacha a bhfuil luach os cionn € 5,000 acu (seachas CBL) agus atá faoi thairseacha AE mar shampla. ar chúiseanna rúndachta, coimhlintí leasa, práinne, cearta maoinne intleachtúla a chosaint, foinse aonair soláthair srl.

Tá Gníomhaireacht bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta faoi réir Threoir an AE 2014/24/AE mar a chuirtear i bhfeidhm in Éirinn ag Rialachán an Aontais Eorpaigh (Bronnadh Conarthaí Údaráis Phoiblí) 2016 (na 'Rialacháin'), maidir le soláthar seirbhísí, soláthairtí agus oibreacha os cionn tairseacha luacha áirithe arna leagan síos ag an AE. I gcás nach bhfuil feidhm ag na Rialacháin - toisc go bhfuil luach an tsoláthair faoi bhun thairseacha an AE nó tá sé lasmuigh de na Rialacháin - glacann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta le próiseas (de réir an Bheartais agus an Nóis Imeachta Soláthair seo mar atá léirithe thuas) atá ceaptha chun an luach is fearr airgid a bhaint amach. Is í an bhainistíocht shinsearach a cheadaíonn eisceachtaí ó Bheartas agus Nós Imeachta Soláthair Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Ní hionann eisceachtaí faoi Bheartas Soláthair na Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus Nós Imeachta Soláthair agus soláthar neamhchomhlíontach. I gcás conarthaí a bhfuil luach os cionn tairseacha an AE acu, tá reachtaíocht AE infheidhme, agus cheadaíonn na Rialacháin eisceachtaí ó phróiseas tairisceana iomaíoch AE in imthosca an-teoranta.

I rith 2017, rinneadh íocaíochtaí ar luach iomlán €6.2m maidir le hearraí/seirbhísí a bhí faoi réir eisceachtaí soláthair arna gceadú de réir Bheartas agus Nós Imeachta Soláthair Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Nós Imeachta Soláthair. Tugtar miondealú ar na heisceachtaí seo sa tábla thíos.

Catagóir	Luach Iomlán (roimh CBL)	Nótaí
Seirbhísí Gairmiúla	€3.41m	Nóta 1
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáid	€1.49m	Nóta 2
Bainistíocht/Cothabháil Áiseanna	€0.65m	Nóta 3
Taisteal Iompar Acmhainní Daonna & Seirbhísí Bainistithe	€0.58m	Nóta 4
Margaíocht Clódóireacht & Stáiseanóireacht	€0.1m	Nóta 5

**Nóta 1:** Áirítear leis an méid seo €2.5m le haghaidh íocaíochtaí arna ndéanamh ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) d'fhinnéithe saineolacha ar líon mór de dhuailgais ar leithligh, i gcás inar níos lú ná € 5,000 an tsuim a bhí iníochta i bhformhór na gcásanna i leith gach fostaithe (ex CBL) agus dá bhrí sin níor ghá go mbeadh sé faoi réir próisis iomaíoch. Ina theannta sin, ghlac an SCA cinneadh bainistíochta nach ndéanfaí soláthar finnéithe saineolaí a sholáthar go hidirnáisiúnta mar gur measadh go bhféadfadh leibhéal breise riosca dlíthíochta a bheith mar thoradh ar aon phróiseas soláthair maidir le neamhspleáchas na bhfinnéithe sin. I measc na n-íocaíochtaí eile laistigh den chatagóir seo tá €0.3m a íocadh le soláthraí seirbhíse a cheap an SCA, nuair ba rud é, ar chúiseanna práinne móire, nach bhféadfaí na teorainneacha ama a shonraítear le haghaidh nós imeachta iomaíoch a chomhlíonadh. Baineann an t-iarmhéid go príomha le soláthar seirbhísí eile ag an SCA (lena n-áirítear gearrscríbhneoireach, cuntasóirí costais dhlíthiúla agus gníomhairí dlí) i gcás inar níos lú ná € 5,000 an tsuim a bhí iníochta i formhór na gcásanna i leith gach fostaithe agus mar sin ní raibh sé riachtanach go mbeadh sé faoi réir phróisis iomaíoch.

**Nóta 2:** Baineann an méid seo go príomha le híocaíochtaí a rinneadh le soláthraithe seirbhíse le haghaidh tagus bogearraí reatha/dílsithe a thacú agus a chothabháil, lena n-áirítear, mar shampla, íocaíochtaí de €0.7m a íocadh le cuideachta TF mar sholáthraí aonair a sheirbhísí dílsithe.

**Nóta 3:** Áirítear leis an méid seo €0.4m maidir le híocaíochtaí a rinneadh le roinnt soláthraithe seirbhíse le haghaidh cásanna ar leith deisiúcháin agus cothabhála, áit a raibh an méid is iníochta i leith gach teagaisc níos lú ná €5,000 (ex-CBL) agus dá bhrí sin níor ghá dul faoi phróiseas iomaíoch. Baineann an t-iarmhéid go príomha le tomhaltáin cheaintín ina raibh praghsanna tagarmharcáilte i gcoinne soláthraithe eile. Tá socrúithe ar bun chun Comhaontú Creat OGP a úsáid chun seirbhísí lónadóireachta agus fáilteachais a sholáthar.

**Nóta 4:** Áirítear leis an méid seo € 0.5m maidir le híocaíochtaí le gníomhaireachtaí earcaíochta. Fógraíodh folúntais ar éagsúlacht ardáin agus bhí deis ag aon gníomhaireacht earcaíochta sa mhargadh iarratais a chur isteach. Réachtáil an tAonad Acmhainní Daonna comórtas oscailte dá bhrí sin, agus níor íocadh na táillí ach leis na gníomhaireachtaí a sholáthair na hiarrthóirí a cheapadh. Baineann an t-iarmhéid go príomha le cíos chairr, áit a leanadh le conradh atá ann cheana go dtí go mbeidh toradh athbhreithnithe straitéisigh ag an nGníomhaireacht Airgeadais Forbartha Náisiúnta ar a riachtanas i leith na seirbhísí seo.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

**Nóta 5:** Áirítear leis an méid seo stáiseanóireacht a cheannach ina raibh costas na nithe a bhí á soláthar tagarmarcáilte i gcoinne an chreata OGP.

Déantar athbhreithniú rialta ar Beartas Soláthair Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus ar a Nós Imeachta Soláthair.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, obair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, agus obair na bainistíochta shinsearaí laistigh de Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhnímid go ndearna an Gníomhaireacht athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2017.

### Saincheisteanna um Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach maidir le 2017 a éilíonn nochtadh sna ráitis airgeadais.


### Caiteachas Chóras Bainistíochta an Chisteáin

In 2016, chuir Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tús le cur i bhfeidhm córas bainistíochta cisteáin nua agus caipitlódh costas € 746k mar shócmhainn bogearraí inlámhsithe. De réir chreat rialachais an tionscadail, rinneadh athbhreithniú i rith 2017 agus chinn an bhainistíocht deireadh a chur le cur chun feidhme an tionscadail seo mar gheall ar thoradh an athbhreithnithe. Mar thoradh air sin, tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta tar éis muirear bearnaithe €746k a aithint. Íocadh €107k eile in 2016 agus 2017 maidir le costais chonraitheoirí ar an tionscadal. Tá na socrúithe chun an tionscadal a dhúnadh fós ar siúl.



**Willie Walsh, Cathaoirleach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Martin Murphy, Cathaoirleach, Coiste Iniúcháireachta agus Riosca**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018

## RÁITIS AIRGEADAIS DE CHUID

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	68
Fónamh ar an bhFiachas Náisiúnta	70
Ráiteas ar an bhFiachas Náisiúnta	71
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhiachais Náisiúnta	72
Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta	73
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	74



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Fiachas Náisiúnta na hÉireann

#### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Fiachas Náisiúnta na hÉireann ullmhaithe ag an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 12 an Achta Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). Cuimsítear leis na ráitis airgeadais fónamh ar an bhfiachas náisiúnta, ráiteas an bhfiachas náisiúnta, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid an fhiachas náisiúnta, an ráiteas ar ghluaiseacht an fhiachas náisiúnta agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart

- ar iarmhéid gan íoc an fhiachas náisiúnta ag 31 Nollaig 2017, agus
- ar costas fónaimh d'fhiachas 2017.

#### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Ghníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

#### Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Ghníomhaireacht leis na ráitis airgeadais i dtaca le oibríocht an fhiachas náisiúnta. Cuimsíonn sé tuarascáil bhliantúil an Ghníomhaireacht lena n-áirítear an ráiteas (maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Bealtaine 2018



## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagtar amach freagrachtaí baill an ghníomhaireachta sa ráiteas rialachas agus tuairisc baill an ghníomhaireachta

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú)
- cinntiú go dtugtar léargas ceart ar chúrsaí an iarmhéid an fhiachas náisiúnta gan íoc ag 31 Nollaig 2017 agus costas fónaimh d'fhiachas na bliana
- rialtacht idirbhearta a chinntiú, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt faoi alt faoi fhorálacha Alt 12 an Achta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an fhiachas náisiúnta agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún, a shainathint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus an nocht gaolmhar.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

### Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tatal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbheithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasáíochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasáíochta.

## Fónamh ar an bhFiachas Náisiúnta

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €m	2016 €m
Ús íoctha ar Ollfhiachas Náisiúnta	3	6,046	6,798
Ús íoctha/(faighte) ar Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile	4	46	(57)
Táillí agus Costais Oibriúcháin	5	135	104
<b>Costas Fónaimh d'Fhiachas Iomlán</b>		<b>6,227</b>	<b>6,845</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

## Ráiteas ar Fhíachas Náisiúnta

Amhail an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €m	2016 €m
<b>Fiachas Meántéarmach/Fadtéarmach</b>			
Bannaí Rialtas na hÉireann	6	127,581	121,645
Maoiniú Chlár AE/CAI	7	44,882	50,298
Iasachtaí Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha	8	1,898	1,698
		174,361	173,641
<b>Fiachas Gearrthéarmach</b>			
Páipéar Gearrthéarmach	9	4,766	3,375
Iasachtaí ó Chistí Aire	10	2,281	2,519
		7,047	5,894
<b>Scéimeanna Coigiltis Stáit</b>			
Táirgí Coigiltis Stáit	11	17,292	17,194
<b>Ollfhiachas Náisiúnta</b>		<b>198,700</b>	<b>196,729</b>
Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile	12	(13,217)	(11,119)
<b>Fiachas Náisiúnta</b>	<b>13</b>	<b>185,483</b>	<b>185,610</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhíachais Náisiúnta

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €m	2016 €m
<b>Gluaiseacht in Iarmhéideanna Státhchiste:</b>			
Iarmhéid Tosaigh i gCuntas an Státhchiste	12	8,385	7,964
Laghdú ar Shócmhainní Airgeadais Eile	12	49	2,856
Glan-iasacht/(Aisíocaíocht) Fíachais (féach thíos)		193	(1,417)
		8,627	9,403
Barrachas/(Easnamh) Státhchiste		1,906	(1,018)
<b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>	<b>12</b>	<b>10,533</b>	<b>8,385</b>
		<b>2017 Net<sup>(1)</sup> €m</b>	<b>2016 Net<sup>(1)</sup> €m</b>
<b>Glaniasachtaíocht/(Glan-aisíocaíocht) Fíachais:</b>			
<b>Fíachas Meántéarmach/Fadtéarmach</b>			
Bannaí Rialtas na hÉireann		4,105	(4,992)
Maoiniú Chlár AE/CAI		(5,391)	557
Iasachtaí Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha	8	197	530
<b>Fíachas Gearrthéarmach</b>			
Páipéar Gearrthéarmach		1,422	1,046
Iasachtaí ó Chistí Aire	10	(238)	940
<b>Scéimeanna Coigiltis Stáit</b>			
Táirgí Coigiltis Stáit	11	98	502
<b>Glan-iasacht/(Aisíocaíocht) Fíachais</b>		<b>193</b>	<b>(1,417)</b>

<sup>1</sup> Léiríonn na suimeanna an ghlaniasachtaíocht nó an ghlan-aisíocaíocht fíachais sa bhliain, lena n-áirítear tar-rolladh fíachais agus idirbhearta gaolmhara fáilithe.

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

## Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhíachas Náisiúnta

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €m	2016 €m
Fiachas Náisiúnta ag 1 Eanáir	13	185,610	183,065
(Laghdú)/Méadú ar Fhíachas Náisiúnta (ainmniúil)		(127)	2,545
<b>Fiachas Náisiúnta ag 31 Nollaig</b>	<b>13</b>	<b>185,483</b>	<b>185,610</b>
<b>Iaghdú ar Fhíachas Náisiúnta (ainmniúil) ionadaithe ag:</b>			
(Barrachas)/Easnamh Stáitchiste		(1,906)	1,018
Éifeacht na nGluaiseachtaí i Rátaí Malairte Eachtraí		(54)	(24)
Coigeartú ar Dhhliteanais Cenagailte le Boilsciú		4	-
Glanlascainithe ar Iasachtaí Meántéarmacha/Fadtéarmacha		3	-
Glanphréimh ar Eisiúintí agus Cealuithe Bannaí		1,826	1,551
		<b>(127)</b>	<b>2,545</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cúlra

Faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, comhlíonann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Gníomhaireacht”) feidhmeanna iasachta agus Bainistíochta an Fhiachais Náisiúnta thar ceann an Aire Airgeadais.

Tá foirm na ráiteas ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

Áirítear freisin le ráitis airgeadas an Fhiachais Náisiúnta nótaí nochtá i ndáil le Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta, Cuntas na nIasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh), Cuntas Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní nár Éilíodh), Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce agus Cuntas ar Stoc ar Glacadh Leis mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus ar Dhleachtanna Báis. Ós rud é gur cuntais oibríochtúla iad seo a cuireadh ar bun chun críocha sainiúla, ní áirítear na hiarmhéideanna airgid gaolta le hiarmhéid Chuntas an Stáitchiste arna tuairisciú faoi Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile sa Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta.

## 2. Bonn Ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017, bunaithe ar airgead agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt.

Is ionann an Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta agus ráiteas ar an tsuim iomlán de bhunairgead a fuair Éire ar iasacht nach raibh aisíochta ag deireadh na bliana, lúide airgead agus sócmhainní airgeadais eile atá ar fáil d’fhuascailt na ndliteanas sin ar an dáta céanna. Déanann an tAire Airgeadais faoi reachtanna éagsúla iasachtaí an Stáit agus gníomhaireachtaí eile a ráthú freisin. Ní áirítear na rátháíochtaí sin sna ráitis airgeadais seo.

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe. Tá na méideanna uile sna ráitis airgeadais slánaithe go dtí an milliún is gaire mura sonraítear a mhalairt. Áit a bhfuil siad in úsáid, seasann ‘000’ nó ‘k’ do mhíle, agus seasann ‘m’ do mhilliún.

### 2.1 Fáltais agus Íocaíochtaí

Is ag an am a fhaightear an t-airgead nó a dhéantar an íocaíocht a thairgeadtar fáltais agus íocaíochtaí a bhaineann leis an bhFiachas Náisiúnta tríd an gCuntas Stáitchiste, trí Chuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh agus tríd an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla.

### 2.2 Luacháil Dliteanais

Déantar iarmhéideanna fiachais a thairgeadh sa Ráiteas ar an bhFiachas Náisiúnta ag a bparluach infhuascailte. Nuair a eisítear nó nuair a chealaítear fiachas meántéarmach nó fadtéarmach ar biseach nó ar lascaine, cuirtear aon bhiseach nó lascaine dá leithéid san áireamh sa Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta. Tuairiscíonn an Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta ar méadú nó laghdú dhliteanais mar gheall ar ghluaiseachtaí i mboilsciú, áit a bhfuil parluach infhuascailte an dhliteanas cengailte le boilsciú.

### 2.3 Díorthaigh

Déantar comhaontuithe babhtála agus ionstraim eile airgeadais chun críocha fálaithe mar chuid de phróiseas bainistithe an Fhiachais Náisiúnta. Aithnítear torthaí na ngníomhaíochtaí fálaithe seo atá nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta de réir na mbun-idirbheart. Áirítear an glansreabhadh ciste a éiríonn as gníomhaíochtaí fálaithe nach bhfuil nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta i gcostais as fónamh d’fhiachas nuair a fhaightear na cistí nó nuair a dhéantar íocaíocht. Sa chás go gcríochnaítear babhtálacha nó go n-aistrítear go hionstraim eile babhtála iad, bíonn tionchar ag an nglansreabhadh ciste ar fhónamh d’fhiachas de réir théarmaí na hionstraime leasaithe.

### 2.4 Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear fáltais agus íocaíochtaí in airgeadra eachtrach go euro de réir an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Aistrítear dliteanais agus sócmhainní in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

### 3. Ús a Íocadh

	2017 €m	2016 €m
<b>Ús a Íocadh ar Fhíachas Meántéarmach/Fadtéarmach</b>		
Bannaí Rialtas na hÉireann	4,422	4,874
Maoiniú Chlár AE/CAI	997	1,145
Díorthaigh lena bhfálaítear Fíachas Meántéarmach/Fadtéarmach	301	345
An Banc Eorpach Infheistíochta	15	11
Láithrithe Príobháideacha	35	35
Fíachas Meántéarmach/Fadtéarmach Eile	2	-
Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa	1	1
	5,773	6,411
<b>Ús Íoctha/(Faighte) ar Fhíachas Gearrthéarmach</b>		
Páipéar Tráchtála Euro	15	17
Nótaí Stáitchiste <sup>2</sup>	(3)	(7)
Billí Stáitchiste na hÉireann <sup>2</sup>	(4)	(1)
	8	9
<b>Ús a Íocadh ar Scéimeanna Coigiltis Stáit</b>		
Cairteacha Coigiltis	147	194
Bannaí Coigiltis	47	104
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 10 mBliana	11	10
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 4 Bliain	25	29
Duaiseanna i leith Duaisbhannaí	21	27
Tráthchoigiltí	14	14
	265	378
<b>Ús Iomlán a Íocadh ar Ollfhiachas Náisiúnta</b>	<b>6,046</b>	<b>6,798</b>

Áirítear sna híocaíochtaí úis ar Scéimeanna Coigiltis Stáit aistrithe chuig Ciste na gCuntas Díomhaoine i leith ús carntha caipitlithe ar chuntais faoi leith ar shainigh An Post iad mar chuntais díomhaoine faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001. Is iad seo a leanas na glansuimeanna úis a aistríodh:

	2017 €000	2016 €000
Cairteacha Coigiltis	450	643
Bannaí Coigiltis	54	107
Tráthchoigiltí	1,224	736
	<b>1,728</b>	<b>1,486</b>

<sup>2</sup> Le linn 2016 agus 2017 d'eisigh an Ghníomhaireacht Nótaí Stáitchiste agus Billí Stáitchiste na hÉireann ag torthaí diúltacha a léirigh rátaí diúltacha úis an mhargaidh.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 4. Ús Ioctha/(Faighte) agus Ioncam Eile

	2017 €m	2016 €m
Ús Ioctha ar Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile	46	14
Ús (Faighte) ar Shócmhainní Airgeadais agus ar Ioncam Eile	-	(71)
	<b>46</b>	<b>(57)</b>

Tá brabús carntha infheistíochta de €70 milliúin faighte ón EFSF san áireamh san Ús ar Shócmhainní Airgeadais agus ar Ioncam Eile i 2016 ar an éarlais réamhíochta de €530 milliún ar baineadh ón chéad fotharraingt i 2011 agus ar íocadh le hÉirinn in 2016.

### 5. Táillí a Íocadh agus Costais Oibriúcháin

	2017 €m	2016 €m
Maoiniú Chlár AE/CAI	31	23
Bannaí Rialtais agus Speansais Eile	15	6
Cairteacha Coigiltis	9	9
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 10 mBliana	5	3
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 4 Bliain	2	2
Duaisbhannaí	12	12
Bannaí Coigiltis	5	6
Tráthchoigiltí	1	1
	<b>80</b>	<b>62</b>
Costais Oibriúcháin na Gníomhaireachta <sup>3</sup>	55	42
	<b>135</b>	<b>104</b>

<sup>3</sup> **Costais Oibriúcháin na Gníomhaireachta**

Déantar na speansais a thabhaíonn an Gníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna a ghearradh ar an gCuntas Státchiste, agus a íoc amach ar nó gearrtar iad ar a thoradh fáis. Is féidir faisnéis bhreise a fháil i ráitis airgeadais Chuntas Riaracháin GBCN (nóta Príomh-Chiste).



## 6. Bannaí Rialtas na hÉireann

	2017 €m	2016 €m
Bannaí Ráta Sheasta	110,837	101,418
Bannaí Ráta Chomhlúthaigh	15,534	19,534
Bannaí Amúchta	597	693
Bannaí Innéacsnaasctha	613	-
	<b>127,581</b>	<b>121,645</b>

### Bannaí Ráta Chomhlúthaigh – Nótaí Gealltanais CÉRB a Ghlanadh:

Tar éis leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc (“CÉRB”) an 7 Feabhra 2013, agus an chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Banc Ceannais na hÉireann (BCÉ) maidir le bannaí Rialtais fadtéarmacha a chur in ionad na nótaí gealltanais a soláthraíodh don CÉRB a bhí faoi úinéireacht stáit, cuireadh na nótaí gealltanais ar ceal agus cuireadh ocht mbanna nua Stáitchiste le Ráta Comhlúthach ina n-ionad. Eisíodh suim iomlán €25.03 billiún do BCÉ an 8 Feabhra 2013, agus aibíochtaí idir 25 bliain agus 40 bliain ag gabháil leis na bannaí.

Le linn 2017, cheannaigh agus chealaigh an Ghníomhaireacht €4 billiún (2016: €3 billiún) de na Bannaí Ráta Chomhlúthaigh ar biseach €1.95 billiún (2016: €1.36 billiún). Ceannaíodh na bannaí ó BCÉ, rud a laghdaigh iomlán ainmiúil gan íoc na mBannaí Ráta Chomhlúthaigh go dtí €15.53 billiún (2016: €19.53 billiún). Tá sé i gceist ag BCÉ íosmhéid na n-urrús sin a dhíol de réir an sceidil seo a leanas: 2018 (€0.5 billiún in aghaidh na bliana), 2019-2023 (€1 billiún in aghaidh na bliana), agus 2024 ar aghaidh (€2 billiún in aghaidh na bliana) go dtí go ndíoltar gach banna.

Ó deireadh na bliana, cheannaigh agus chealaigh an Ghníomhaireacht €1.5 billiún eile de na Bannaí Stáitchiste Ráta Chomhlúthaigh.

## 7. Maoiniú Chlár AE/CAI

Rinne clár AE/CAI d’Éirinn soláthar do thacaíocht sheachtrach €67.5 billiún ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (“CAI”), ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (“EFSM”), ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (“EFSF”) agus d’iasachtaí déthaobhacha eile.

Tar éis comhaontú idir ballstáit AE agus iasachtóirí déthaobhacha i mí na Nollag 2014, rinne an Ghníomhaireacht aisíocaíochtaí idir Nollaig 2014 agus Márta 2015, dar suim rud beag níos mó ná €18 billiún san iomlán. I mí na Nollag 2017, tar éis comhaontú baill stáit an AE agus iasachtóirí dhéthaobhacha chríochnaigh an Ghníomhaireacht aisíocaíocht luath ar áis iasachta an CAI agus iasachtaí dhéthaobhacha an tSualainn agus an Danmhairg. Chomhlíon aisíocaíocht beagnach €4.5 billiún gach dualgas sceidealaithe aisíocaíocht bunairgid CAI a bhí le bheith dlite idir Eanáir 2021 agus Nollaig 2023. Chomhlíon aisíocaíocht iasachtaí dhéthaobhacha €1 billiún ón Sualainn (€0.6 billiún) agus an Danmhairg (€0.4 billiún) gach dualgas sceidealaithe aisíocaíocht bunairgid CAI a bhí le bheith dlite idir Meán Fómhair 2019 agus Bealtaine 2021.

Is iad seo a leanas na dliteanais gan íoc faoi Chlár AE/CAI ag deireadh 2017, lena n-áirítear tionchar na n-idirbheart fáilaithe airgeadra:

	2017 €m	Ualaithe Meán Iarmharach Aibíocht Blianta	2016 €m	Ualaithe Meán Iarmharach Aibíocht Blianta
<b>Iasachtóir</b>				
An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta <sup>4</sup>	5	0.2 Years	4,354	5.0 Years
An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais	18,411	15.1 Years	18,411	16.1 Years
An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM)	22,500	9.1 Years	22,500	10.1 Years
Stáitchiste na Ríochta Aontaithe	3,966	2.2 Years	4,033	3.2 Years
Ríocht na Danmhairge	-	-	400	3.6 Years
Ríocht na Sualainne	-	-	600	3.6 Years
<b>Iomlán</b>	<b>44,882</b>		<b>50,298</b>	

Léirítear thuas na síntí aibíochta ar iasachtaí ó EFSF a comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2013. Cé gur comhaontaíodh síntí aibíochta ar iasachtaí ó EFSM in 2013 freisin, socrófar na dátaí athbheithnithe aibíochta nuair a bheidh siad ag druidim ar a mbundátaí aibíochta. Dá réir sin, ní léiríonn aibíocht na n-iasachtaí EFSM atá nochta ach amháin na síntí aibíochta a comhaontaíodh go dtí seo. Ní mheastar go mbeidh ar Éire ceann ar bith de na hiasachtaí a fuair sí ó EFSM a athmhaoiniú roimh an mbliain 2027.

<sup>4</sup> Léiríonn iarmhéid iarmharáí 2017 i dtaca leis an CAI sreabhadh airgid dlite i ndiadh deireadh na bliana.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 8. Iasachtaí Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha

	2017 €m	2016 €m
An Banc Eorpach Infheistíochta	950	950
Láithrithe Príobháideacha	602	602
Nótaí Meántéarmacha/Fadtéarmacha	300	100
Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa	41	41
Iasachtaí Eile Meántéarmacha/Fadtéarmacha	5	5
	<b>1,898</b>	<b>1,698</b>

### 9. Páipéar Gearrthéarmach

Eisíonn an Ghníomhaireacht páipéar gearrthéarmach aibíochtaí a mhaireann suas le bliain amháin chun cistí gearrthéarmacha a chruinniú. Úsáidtear na fáiltais chun easnamh an Stáitchiste a mhaoiniú agus mar mhaoiniú idirlinne in ionad fiachais níos fadtéarmaí, agus chun críocha bainistiú leachtachta eile. Féadfaidh iasachtaí bheith i raon airgeadraí éagsúla, ach caithfear gach iasacht nach euro í a bhabhtáil láithreach go euro agus conarthaí malairte eachtraí á n-úsáid.

	2017 €m	2016 €m
Nótaí Stáitchiste	2,061	1,858
Billí Stáitchiste na hÉireann	2,009	1,008
Cláir Pháipéar Tráchtála de chuid na hEorpa	536	342
Nótaí Seirbhísí Lárnacha	160	167
	<b>4,766</b>	<b>3,375</b>

### 10. Iasachtaí ó Chistí Aire

Is iasachtaí gearrthéarmacha iad na cistí seo ón Stáitchiste a tharraingítear anuas mar mhodh “bealaí agus modhanna” chun riachtanais an Stáitchiste a mhaoiniú ó roinnt cistí atá faoi smacht an Aire Airgeadais.

	2017 €m	2016 €m
Ciste Bhanc Taisce an Phoist	1,894	1,732
Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce (nóta 19)	387	787
	<b>2,281</b>	<b>2,519</b>

## 11. Scéimeanna Coigilteas Stáit

	2017 €m	2016 €m
Cairteacha Coigiltis	6,026	5,908
Bannaí Coigiltis	3,250	3,747
Duaisbhannaí	3,170	2,892
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 10 mBliana	2,967	2,643
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 4 Bliain	1,376	1,506
Tráthchoigiltí	501	496
Stampaí Coigiltis	2	2
	<b>17,292</b>	<b>17,194</b>

Tá na suimeanna a thaispeántar i leith Cairteacha Coigiltis, Bannaí Coigiltis, Bannaí Dlúthpháirtíochta, Duaisbhannaí agus Tráthchoigiltí, glan ar iarmhéideanna airgid de €3.5 milliún (2016: €5.7 milliún) atá á gcoimeád ag An Post, ag Permanent TSB Bank agus ag an gCuideachta Duaisbhannaí. Gníomhaíonn An Post agus an Chuideachta Duaisbhannaí mar chláraitheoirí do na scéimeanna faoi seach.

Ós rud é go réitítear ráitis airgeadais an Fhíochas Náisiúnta ar bhonn airgid, ní áirítear sna dliteanais suim de €452 milliún (2016: €451 milliún), arb ionann í agus meastachán ar shuim an úis fhabhráithe amhail an 31 Nollaig 2017 i leith Cairteacha Coigiltis, Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 10 mBliana, Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 4 Bliain Bannaí Coigiltis agus Tráthchoigiltí.

## 12. Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile

	2017 €m	2016 €m
<b>Iarmhéideanna Airgid</b>		
Cuntas Stáitchiste agus CFSC <sup>5</sup>	10,533	8,386
<b>Taisc Airgid</b>		
Taisc le Bainc Thráchtála	-	199
Maoiniú Comhthaobhach (nóta 14.2)	857	417
<b>Sócmhainní Airgeadais Eile</b>		
Nótaí Meántéarmacha rathaithe CBSÉ	85	85
Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe	1,742	2,032
	<b>13,217</b>	<b>11,119</b>

<sup>5</sup> Is €357,000 (2016: €499,000) an tiarmhéid san CFSC ag 31 Nollaig.

### Taisc Airgid Thirim agus Sócmhainní Airgeadais

Cuireann an Gníomhaireacht taisc gearrthéarmacha i mBillí Stáitchiste, i dTaisc Comhthaobhaithe agus i mBillí Stáitchiste le haghaidh aibíochtaí suas le bliain amháin chun críocha bainistiú leachtachta.

Cuirtear airgead ina chomhthaobhacht leis na contrapháirtithe, rud a eascraíonn as na riachtanais faoi na hlarscribhinní Tacaíochta Creidmheasa, maidir le hidirbhearta díorthacha áirithe. Athraíonn na hiarmhéideanna seo, agus rochtain ar an gcomhthaobhacht airgid lena mbaineann, ar bhonn laethúil agus braitheann siad ar luach margaidh na ndíorthach seo (Féach Nóta 14).

Is féidir nach mbeidh Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe nó Meántéarmacha CBSÉ so-inréadaithe, ag brath ar choinníollacha an mhargaidh.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 12. Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile (ar lean)

#### Cuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh

Coimeádann an Gníomhaireacht roinnt cuntas imréitigh airgeadra eachtraigh d'fhonn idirbhearta sna hairgeadraí seo a bhainistiú. B'ionann an t-iarhméid sna cuntais seo an 31 Nollaig 2017 agus nialas (2016: Nialas). Ní raibh aon iarmhéideanna airgeadra eachtraigh eile á gcoimeád ag an nGníomhaireacht.

Tá cuntas breise ar an ngluaiseacht sna cuntais Airgeadra Eachtraigh thíos:

	Fáltais €m	Íocaíochtaí €m	Glan 2017 €m	Glan 2016 €m
iarhméid amhail an 1 Eanáir 2017			<b>NIALAS</b>	<b>NIALAS</b>
<b>Fónamh d'Fhiachas</b>				
Ús ar lasachtaí Meántéarmacha agus Fadtéarmacha	155	(166)	<b>(11)</b>	<b>1</b>
Ús ar Fhiachas Gearrthéarmach	-	(15)	<b>(15)</b>	<b>(17)</b>
Gluaiseachtaí Eile	15,512	(15,324)	<b>188</b>	<b>294</b>
Táillí agus Speansais <sup>6</sup>	-	(7)	<b>(7)</b>	<b>(7)</b>
<b>Gníomhaíocht lasachtaíochta</b>				
Clár AE/CAI	4,040	(4,319)	<b>(279)</b>	<b>219</b>
Fiachas Gearrthéarmach	5,422	(5,298)	<b>124</b>	<b>(490)</b>
iarhméid amhail an 31 Nollaig 2017	<b>25,129</b>	<b>(25,129)</b>	<b>NIL</b>	<b>NIL</b>

<sup>6</sup> Níl aon speansais de chuid an Gníomhaireacht san áireamh i 2017 (2016: €5,000).

### 13. Bainistíocht Riosca

#### 13.1 Creatlach Bainistíochta Riosca

De bharr fhreagracht na Gníomhaireachta d'eisiúint fiachais nua agus d'aisíocaíocht fiachais atá ag dul in aibíocht araon, i dteannta bainistíocht ráta úis agus phróifíl airgeadra na punainne iomláine fiachais, is cuid lárnach agus fhíorthábhachtach de ghnó na Gníomhaireachta í an bhainistíocht riosca. Is iad na príomhchatagóirí riosca a eascraíonn as gníomhaíochtaí Fiachais Náisiúnta na Gníomhaireachta ná riosca leachtachta, riosca margaidh, riosca creidmheasa an chontrapháirtí agus riosca oibríochta. Tá réimse beartas agus nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht chun an riosca bainteach a thomhas agus a rialú.

Rinne an Gníomhaireacht an Chreatlach Bainistíochta Riosca de chuid GBCN a fhaomhadh lena chinntiú go ndéanann an Gníomhaireacht a próifíl riosca a bhainistiú i gcomhréir lena fonn riosca; agus go mbíonn socrúithe iomchuí éifeachtacha bainistíochta riosca i bhfeidhm, mar aon le ról agus freagrachtaí atá sainmhínithe agus léirithe go soiléir. Le tacar bainteach de bheartais bainistíochta riosca, déantar srianta a bhunú agus a choimeád atá ag teacht le fonn riosca na Gníomhaireachta agus lena spriocanna straitéiseacha.

Tá Creatlach Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta faoi réir mhúnla na dtrí-líne-chosanta, agus tá a struchtúr eagraíochtúil agus a struchtúr coiste riosca ailínithe d'fhonn úinéireacht agus cuntasacht soiléir a bhunú ó thaobh bainistiú riosca de. Ag an gcéad líne chosanta, is iad Aonaid Ghnó agus Feidhmeanna Corparáideacha na Gníomhaireachta go príomha atá freagrach as rioscaí a bhainistiú ar bhonn laethúil, ag cur san áireamh lamháltas agus fonn riosca GBCN, agus i gcomhréir lena cuid beartas, nósanna imeachta, rialuithe agus srianta. Tá an dara líne, lena gcuimsítear Bainistíocht Riosca, Comhlíonadh agus feidhmeanna rialaithe eile de chuid na Gníomhaireachta, neamhspleách ar oibríocháin agus ar an mbainistíocht líne thosaigh, agus is é an ról atá aici aon chinntí a mbíonn tionchar acu ar neamhchosaint na heagraíochta ar riosca a cheistiú agus eolas cuimsitheach sothuigte ar rioscaí a sholáthar. Soláthraíonn an Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh, ar cuid den tríú líne chosanta í, deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca GBCN, maidir lena rialachas agus maidir le dearadh agus éifeachtacht oibríochtúil thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh.

Tacaíonn roinnt coistí Gníomhaireacht agus bainistíochta de chuid GBCN, Coiste Iniúcháireachta agus Riosca san áireamh, leis an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca.

## 13. Bainistíocht Riosca (ar lean)

### 13.1 Creatlach Bainistíochta Riosca (ar lean)

#### Coiste Iniúcháireachta agus Riosca na Gníomhaireachta (ARC)

Cuimsíonn an ARC baill Bhord na Gníomhaireachta agus cruthaíodh é ó chomhcheangail na Coistí Iniúcháireachta agus Riosca ar 1 Eanáir 2017. Cabhraíonn ARC leis an nGníomhaireacht i dtaca le maoirseacht ar an gcreat bainistíochta riosca, lena n-áirítear Fonn Riosca a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar a mhéid a chloítear le rialachas riosca agus cinntiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheas, a bhainistiú agus a thuairisciú. Ina theannta sin, déanann sé monatóireacht ar an fheidhm bainistíochta riosca. Leagann sé síos caighdeáin do thuairisciú bheacht thráthúil ar rioscaí criticiúla agus déanann sé athbhreithniú ar thuairiscí faoi aon sárúithe ar theorainneacha rioscaí agus leordhóthanacht aon ghníomh beartaithe. Cuidíonn sé freisin leis an nGníomhaireacht ina maoirsiú ar chaighdeán agus ar shláine ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus déanann athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, an phróisis iniúchta inmheánaigh agus na feidhme comhlíontachta, agus déanann athbhreithniú agus breithmheas ar aon aschuir ón iniúcháir reachtúil.

#### Coistí Bainistíochta:

##### An Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair (CBRF)

Déanann an CBRF maoirsiú ar fhorfheidhmiú fhonn riosca foriomlán GBCN agus ar lucht ardbhainistíochta agus iad ag bunú córais iomchuí (lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta agus teorainneacha riosca) lena chinntiú go ndéantar rioscaí fiontair a shainaithint, a thomhas, a mhonatóiriú, a rialú agus a thuairisciú go héifeachtach.

##### Coiste Riosca Creidmheasa Contrapháirtí (CRCC)

Maoirsiú agus comhairlíonn an CRCC an CBRF maidir le neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí. Soláthraíonn sé clár rioscaí agus sonraí maidir le neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí ábhartha don CBRF. Foirmlíonn sé, cuireann i bhfeidhm agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh Bheartas Bainistíochta Riosca Creidmheasa Contrapháirtí GBCN agus cinntiú go ndéantar gach beart is iomchuí maidir leis an mBeartas ábhartha, nó maidir le sárú ar bith.

##### Coiste Riosca Margaidh agus Leachtachta (CRML)

Maoirsiú agus comhairlíonn MLRC an CBRF maidir le neamhchosaint ar rioscaí margaidh agus leachtachta. Soláthraíonn sé clár rioscaí maidir le neamhchosaint ar riosca margaidh agus leachtachta agus tugann sonraí don CBRF. Foirmlíonn sé, cuireann i bhfeidhm agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh gnéithe riosca Creatlach Bainistíochta Riosca and Gníomhaireacht agus bheartais bainistíochta riosca margaidh agus leachtachta GBCN agus cinntiú go ndéantar gach beart is iomchuí maidir leis an mBeartas ábhartha, nó maidir le sárú ar bith.

##### Coiste Riosca Oibríochtúil agus Rialaithe (CROR)

Déanann an CROR athbhreithniú ar an gcreatlach riosca oibríochtúil agus na beartais riosca oibríochtúil bhainteacha agus molann don CBRF iad lena bhfaomhadh. Faireann, athbhreithníonn agus ceistíonn an CROR rioscaí oibríochtúla GBCN agus tugann tuairisc ar bhainistiú rioscaí oibríochtúla don CBRF.

##### Coiste Tairgí agus Próisis (CTP)

Déanann an CTP athbhreithniú ar, tugann sé aghaidh ar agus molann sé donn ERMIC tograí faofa agus meásúnú riosca i leith tograí agus próisis nua, nó athraithe athrú ábhartha i leith tograí agus próisis a maireann.

#### Riosca Leachtachta

Is príomhchuspóir de chuid na Gníomhaireachta é a chinntiú go bhfuil dóthain airgid ag an Státchiste chun gach dualgas a chomhlíonadh agus iad dlite. Ar cheann de na cúraimí is tábhachtaí atá ar an nGníomhaireacht tá a chinntiú go bhfuil leachtacht leordhóthanach ag an Státchiste. Is féidir le rioscaí i leith leachtacht an Fhíochais Náisiúnta eascairt as imeachtaí sa bhaile, nó de bharr ardnaisc idir margáí, as imeachtaí lasmuigh d'Éirinn. Déanann an Gníomhaireacht riosca leachtachta a bhainistiú, go príomha, trí mhaoláin airgid thirim chuí a choinneáil agus trí shrian a chur le líon na ndliteanas atá ag aibiú ag aon am faoi leith agus trí thráthúlacht agus méid an mhaoinithe a mheaitseáil leis na riachtanais mheasta. Atreisítear é sin trí na gníomhaíochtaí a dtugann an Gníomhaireacht fúthu chun bonn infheisteoirí idirnáisiúnta atá eolach agus éagsúlaithe a choinneáil, le nasc le gach ceann de na mórmhargáí caipitil agus tríd an raon ionstraimí fíochais is féidir a eisiúint a mhéadú.

#### Riosca Margaidh

Is ionann riosca margaidh agus riosca caillteanas nó costais mhéadaithe de thoradh athruithe ar luach sócmhainní agus dliteanas (lena n-áirítear sócmhainní agus dliteanas lasmuigh den chlár comhardaithe) de bharr luaineachtaí i dtosca riosca amháil rátaí úis, rátaí malairte eachtraí nó praghsanna margaidh eile. Ní mór aird a bheith ag an nGníomhaireacht ar impleachtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha araon dá gcuid idirbheart i bhfianaise an chúraim atá uirthi bainistiú a dhéanamh ní hamháin ar gharchostais fóna fíochais fiosaigh ach ar luach reatha na n-íocaíochtaí uile sa todhchaí idir bhunairgead agus ús. Rialaítear an neamhchosaint ar riosca ráta úis agus airgeadra trí ráta úis agus comhchruinniú airgeadra na punainne a bhainistiú de réir fhonn riosca na Gníomhaireachta. Tá srianta sonracha i bhfeidhm chun riosca margaidh a rialú; tuairiscítear neamhchosaint ar na srianta seo go rialta le lucht ardbhainistíochta. Nuair a athraíonn coinníollacha na margáí airgeadais, déantar athbhreithniú ar ráta cúí úis agus ar phróifíil airgeadra na punainne i gcomhréir le hathbhreithnithe tréimhsíúla ar shrianta. Tá an Gníomhaireacht ag iarraidh an trádchothromú is fearr a ghnóthú idir costas agus riosca thar thréimhse agus tá clár fáilaithe i bhfeidhm chun riosca ráta úis agus ráta malairte a bhainistiú agus chun an Státchiste a chosaint ó luaineacht féideartha sa todhchaí. Leagtar amach tuilleadh faisnéise ar úsáid díorthach in Díorthaigh (Nóta 14).

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 13. Bainistíocht Riosca (ar lean)

#### 13.1 Creatlach Bainistíochta Riosca (ar lean)

##### Riosca Creidmheasa Contrapháirtí

Is ionann riosca creidmheasa contrapháirtí agus riosca an chailleanais airgeadais a eascraíonn as idirbheart margaidh airgeadais nuair nach gcomhlíonann contrapháirtí a chuid dualgas airgeadais faoin idirbheart sin agus i dtaca leis an bhFiachas Náisiúnta de, is as díorthaigh, taiscí agus idirbhearta malairte eachtraí go príomha a eascraíonn sé. Bainistítear leibhéal an riosca creidmheasa contrapháirtí i gcomhréir le fonn riosca na Gníomhaireachta trí bheith ag plé le contrapháirtithe a bhfuil ardchaighdeán creidmheasa acu agus leo siúd amháin. Forálann nósanna imeachta d'údarú srianta riosca don uile chontrapháirtí agus tuairiscítear neamhchosaint leis an mbainistíocht ar bhonn laethúil. Tugtar faoi athbhreithniú ar na srianta ar fad go rialta chun athruithe i stádas creidmheasa na gcontrapháirtithe nó athruithe in imeachtaí geilleagracha nó polaitíochta a chur san áireamh. Chun neamhchosaint an Stáitchiste roimh chontrapháirtithe margaidh a mhaolú agus lena chinntiú go bhfuil rochtain éifeachtach margaidh ag Éirinn le haghaidh a cuid gníomhaíochtaí fáilithe, d'fhéadfadh an Gníomhaireacht dul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa le rannpháirtithe an mhargaidh a bhfuil sí ag iarraidh trádáil a dhéanamh leo – baineann sé seo le fáil agus le breacadh comhthaobhachta chun luach margaidh na neamhchosaintí a sheach-chur. Tá tuilleadh faisnéise ar úsáid socruithe tacaíochta creidmheasa leagtha amach in Díorthaigh (Nóta 14).

##### Riosca Oibríochtúil

Is é is riosca oibríochtúil ann riosca a bhaineann le cailleanas mar gheall ar phróisis, daoine agus córais inmheánacha atá easnamhach nó ar theip orthu nó mar gheall ar imeachtaí seachtracha a rachadh i bhfeidhm ar chumas na Gníomhaireachta a straitéis ghnó a fheidhmiú. Áirítear le fochatagóirí riosca oibríochtúil riosca a bhaineann le daoine, rialachas, tríú páirtí, bainistíocht leanúnach ghnó agus riosca dlí agus comhlíontachta. Tá Creat Bainistíochta Riosca Oibríochtúil agus Féinmheasúnachta Riosca agus Rialaithe infheidhme i leith na Gníomhaireachta ina hiomláine. Is é cuspóir an Chreata a chinntiú go mbainistítear riosca oibríochtúil ar dhóigh chuí, chomhtháite ar fud na heagraíochta. Leagtar amach sa Chreat an straitéis, na próisis, critéir riosca, rialuithe agus struchtúir rialachais atá ar bun chun rioscaí oibríochtúla a bhainistiú laistigh den Gníomhaireacht. Leagtar amach sa Chreat fosta modheolaíocht an phróisis Féinmheasúnachta Riosca agus Rialaithe ina gcuirtear síos ar an bpróiseas le haghaidh sainaitheint, measúnú, plé, monatóireacht agus tuairisciú leordhóthanach tráthúil i leith na rioscaí a thagann de bharr gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Is foghrúpa den Choiste Riosca Oibríochtúil agus Rialaithe é Grúpa Bainistíocht um Leanúnachas Gnó GBCN. Is é ról an ghrúpa sin cur chuige cuí, comhleanúnach a chinntiú i leith bainistíocht leanúnachais ghnó ar fud na Gníomhaireachta agus ról tacaíochta a thabhairt ó thaobh bunú, feidhmiú, monatóireacht agus feabhsú gníomhaíochtaí bainistíochta i leanúnachas gnó.

#### 13.2 Fiachas Náisiúnta – Comhdhéanamh Airgeadra

Fálaíonn an Gníomhaireacht riosca airgeadra eachtraigh an Fhiachais Náisiúnta trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí malairte eachtraí agus as babhtálacha airgeadra. Is mar seo a leanas atá comhdhéanamh airgeadra an Fhiachais Náisiúnta agus na bhfáluithe airgeadra gaolmhara:

Airgeadra Amhail an 31 Nollaig	2017 €m	2016 €m
<b>Ionstraimí Fiachais</b>		
Euro	181,076	178,340
Dollar SAM	401	2,448
Punt Steirling	3,637	4,148
Yen na Seapáine	-	364
Yuan Síneach	-	524
	<b>185,114</b>	<b>185,824</b>
<b>Airgeadra Eachtrach agus Conarthaí Babhtála</b>		
Euro	4,418	7,270
Dollar SAM	(412)	(2,450)
Punt Steirling	(3,637)	(4,148)
Yen na Seapáine	-	(364)
Yuan Síneach	-	(522)
	<b>369</b>	<b>(214)</b>
<b>Fiachas Náisiúnta</b>	<b>185,483</b>	<b>185,610</b>

### 13. Bainistíocht Riosca (ar lean)

#### 13.3 Fiachas Náisiúnta – Próifíl Aibíochta

Is mar seo a leanas a bhí próifíl iarmharach aibíochta an Fhiachais Mheántearmaigh/Fhadtéarmaigh ag deireadh na bliana, agus idirbhearta bainistithe cisteáin a rinne an Ghníomhaireacht á gcur san áireamh:

2017 €m	Dlite laistigh de 1 bhliain	Dlite idir 1-5 bliana	Dlite idir 5-10 mbliana	Dlite thar 10 mbliana	Iomlán
Bannaí Rialtas na hÉireann	9,159	42,697	37,279	38,446	127,581
Clár Maoinithe AE/CAI	3,905	6,966	5,800	28,211	44,882
Fiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach eile	4	7	531	1,356	1,898
Fiachas Gearrthéarmach <sup>7</sup>	5,782	1,265	0	0	7,047
Coigilteas Stáit <sup>8</sup>	7,638	7,275	2,376	3	17,292
Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile	(11,597)	(1,345)	(115)	(160)	(13,217)
<b>Fiachas Náisiúnta</b>	<b>14,891</b>	<b>56,865</b>	<b>45,871</b>	<b>67,856</b>	<b>185,483</b>

2016 €m	Dlite laistigh de 1 bhliain	Dlite idir 1-5 bliana	Dlite idir 5-10 mbliana	Dlite thar 10 mbliana	Iomlán
Bannaí Rialtas na hÉireann	6,306	42,764	37,611	34,964	121,645
Clár Maoinithe AE/CAI	21	14,528	6,538	29,211	50,298
Fiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach eile	5	4	331	1,358	1,698
Fiachas Gearrthéarmach <sup>7</sup>	4,629	1,265	0	0	5,894
Coigilteas Stáit <sup>8</sup>	6,654	7,752	2,786	2	17,194
Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile	(9,195)	(1,849)	(75)	0	(11,119)
<b>Fiachas Náisiúnta</b>	<b>8,420</b>	<b>64,464</b>	<b>47,191</b>	<b>65,535</b>	<b>185,610</b>

<sup>7</sup> Rinneadh an Fiachas Gearrthéarmach a choigeartú le haibíocht ionchais níos faide de chuid den airgead Bealaí agus Modhanna atá inaisíoctha leis an Ciste Banc Taisce an Phoist a léiriú.

<sup>8</sup> Tá tréimhsí aibíochta Coigiltis Stáit bunaithe ar eolas iarbhír aibíochta curtha ar fáil ag An Post.

### 14. Díorthaigh

#### 14.1 Díorthaigh

Mar chuid dá straitéis bainistíochta riosca, úsáideann an Ghníomhaireacht meascán de dhíorthaigh lena n-áirítear babhtálacha ráta úis, babhtálacha airgeadra agus conarthaí malairte eachtraí. Léirítear sa tábla seo a leanas luach ainmniúil agus luach reatha na n-ionstraimí a bhaineann le Fiachas Náisiúnta amuigh ag deireadh na bliana. Deimhnítear luach reatha gach ionstraime trí ráta cuí úis a úsáid chun a sreabhadh iomlán airgid sa todhchaí a lascaíniú chuig a luach reatha.

	31 Nollaig 2017		31 Nollaig 2016	
	Ainmniúil €m	Luach Reatha €m	Ainmniúil €m	Luach Reatha €m
Babhtálacha ráta úis	13,929	(506)	16,119	(805)
Conarthaí malairte	5,081	(409)	7,885	171
	<b>19,010</b>	<b>(915)</b>	<b>24,004</b>	<b>(634)</b>

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí stáitchiste don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (“GNBS”) faoi alt 52 agus 235 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009. Dá réir sin, d’fhéadfadh sé idirbhearta díorthacha a dhéanamh le GNBS. Déantar a leithéid sin d’idirbhearta a fhritháireamh trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin níl aon ghlanéifeacht ar chuntais an Fhiachais Náisiúnta. Ba é €0.02 billiún (2016: €0.02 billiún) luach ainmniúil na mbabhtálacha ráta úis a rinneadh le GNBS ag deireadh 2017 ; ba é €0.4 billiún (2016: €0.6 billiún) luach ainmniúil na mbabhtálacha airgeadra agus na gconarthaí ráta malairte a rinneadh le GNBS ag deireadh 2017.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 14. Díorthaigh (ar lean)

#### 14.1 Díorthaigh (ar lean)

Soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí státchiste chomh maith don CÉRB (faoi Leachtú Speisialta) agus féadann sí, dá réir, idirbhearta díorthacha a dhéanamh le CÉRB. Déantar a leithéid sin d'idirbhearta a fhritháireamh trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin níl aon ghlanéifeacht ar chuntais an Fhiachais Náisiúnta. Ba é €0.27 billiún luach ainmniúil na gconarthaí ráta malairte eachtraí a rinneadh le CÉRB ag deireadh 2016 (2016: €0.32 billiún).

Chun na rioscaí a eascraíonn ó idirbhearta díorthacha a mhaolú, déanann an Ghníomhaireacht socruithe tacaíochta creidmheasa lena contrapháirtithe margaidh. Dréachtaítear conarthaí díorthacha i gcomhréir le Máistir-Chomhaontuithe an Chumainn um Babhtálacha agus Dhíorthaigh Idirnáisiúnta ("CBDI"). Is doiciméad dlíthiúil í larscríbhinn Tacaíochta Creidmheasa ("ITC") a d'fhéadfadh bheith ceangailte le Máistir-Chomhaontú CBDI chun tacaíocht chreidmheasa a rialú (sa chás seo, comhthaobhacht airgid) le haghaidh idirbhearta díorthacha. Sainmhínítear inti na cásanna faoinar gá do chontrapháirtithe comhthaobhacht a bhreacadh. Faoi na ITCanna, is ionann breacadh airgid agus aistriú iomlán úinéireachta. Ach, tá an t-aistriú faoi réir dualgais comhthaobhacht choibhéseach a thabhairt ar ais de réir athruithe i luachanna margaidh nó faoi chúinsí ar leith mar atá Imeacht Críochnaithe nó Imeacht Loicthe. Tá an soláthróir comhthaobhachta i dteideal ús a chur i dtaisce ar iarmhéideanna airgid postáilte.

Chuir an Ghníomhaireacht Cuntas Tacaíochta Creidmheasa ar bun i mBanc Ceannais na hÉireann in 2010 chun na hidirbhearta seo a éascú. Déantar luacháil ar chonarthaí díorthacha ar bhonn laethúil. Nuair a bhíonn gá le comhthaobhacht ó chontrapháirtí, íoctar í isteach sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa. Nuair a bhíonn gá ag an nGníomhaireacht comhthaobhacht a phostáil le contrapháirtí, úsáideann sí an t-airgead sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa chun an íocaíocht chomhthaobhachta a mhaoiniú. Má bhíonn easpa airgid sa Chuntas Tacaíochta Creidmheasa, maoinítear an Cuntas ón Státchiste.

#### 14.2 Cuntas Tacaíochta Creidmheasa

	2017 €m	2016 €m
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	-	-
Comhthaobhacht Airgid a fuarthas ó chontrapháirtithe	1,580	2,249
Comhthaobhacht airgid a íocadh le contrapháirtithe	(2,020)	(2,463)
	(440)	(214)
Glanmhaoiniú Státchiste le linn na bliana	440	214
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<b>NIL</b>	<b>NIL</b>

<b>Nóta:</b>	2017 €m	2016 €m
Maoiniú Státchiste amhail an 31 Nollaig	857	417
Glan-Chomhthaobhacht breactha chuig Contrapháirtithe amhail an 31 Nollaig (Nóta 12)	(857)	(417)

Tá an Ghníomhaireacht tar éis dul isteach i gComhaontú Breactha Comhthaobhachta le GNBS. Ag deireadh na bliana 2017, bhí comhthaobhacht €0.025 billiún (2016: €0.058 billiún) breactha ag GNBS chuig an nGníomhaireacht mar chuid den chomhaontú sin.

Tá an Ghníomhaireacht tar éis dul isteach i gComhaontú Breactha Comhthaobhachta le CÉRB freisin. Ag deireadh na bliana 2017, bhí comhthaobhacht €0.025 billiún (2016: €0.046 billiún) breactha ag CÉRB chuig an nGníomhaireacht mar chuid den chomhaontú sin.



## 15. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CSRA)

### 15.1 Cúlra

Bunaíodh an Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ("CFSC") faoi alt 22 den Acht Airgeadais, 1950 arna leasú. Úsáidtear an cuntas chun idirbhearta ar gnáthbhearta baincúireachta iad, a d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht a dhéanamh, a réiteach de réir alt 54(7) den Acht Airgeadais, 1970.

I measc gnáthbhearta baincúireachta, tá gníomhaíochtaí amhail idirbhearta réamh-mhalairte, babhtálacha agus ús ar thaiscí a bhaineann le costais fónas fiachais. Caithfear fáltais ó idirbhearta den chineál sin, seachas iad siúd atá in airgeadra dá bhfuil cuntas imréitigh airgeadra eachtraigh bunaithe faoi alt 139 den Acht Airgeadais, 1993, a ghlacadh i CFSC. Féadfar suimeanna dá leithéid a úsáid chun íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a dhéanamh i leith gnáthbhearta baincúireachta nó i dtreo ús agus speansais an fiachais phoiblí a ghlanadh.

Áirítear le hidirbhearta ar gnáthbhearta baincúireachta iad idirbhearta díorthacha a rinne an Ghníomhaireacht leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ("GNBS") (de réir alt 52 agus alt 235 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíochta Sócmhainní 2009 agus Ionstraim Reachtúil Uimh. 203/2010) agus leis an gCorparáid Éireannach um Réiteach Bainc 2013 agus Ionstraim Reachtúil Uimh. 57/2013) (féach freisin nóta 14 thuas). Déantar a leithéid sin d'idirbhearta a rinneadh le GNBS agus le CÉRB a fhritháireamh trí idirbhearta a mheaitseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin níl aon ghlanéifeacht ar an CFSC.

Coimeádann an Ghníomhaireacht an t-iarmhéid sa CFSC ag leibhéal atá faoi réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais faoi alt 4(4) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990. Faoi threoir an aire dar dáta an 24 Meán Fómhair, 2014, bhí an t-iarmhéid sa CFSC ag deireadh na bliana 2015 le bheith níos lú ná €1 mhilliún. D'fhonn cloí leis na teoracha sin, aistríonn an Ghníomhaireacht cistí barrachais ón CFSC chuig Cuntas an Stáitchiste roimh dheireadh na bliana.

### 15.2 Gluaiseacht sa Chuntas don Tréimhse

	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	499	489
<b>Fáltais</b>		
Idirbhearta Díorthacha	7,194,111	8,125,347
Ús ar Airgead agus ar Shócmhainní Airgeadais Eile	16,248	23,233
	7,210,359	8,148,580
<b>Íocaíochtaí</b>		
Idirbhearta Díorthacha	(7,194,111)	(8,125,347)
Ús ar an bhFiachas Náisiúnta	(5,390)	(5,205)
Speansais ar an bhFiachas Náisiúnta	-	(4,018)
Aistriú chuig an gCuntas Stáitchiste	(11,000)	(14,000)
	(7,210,501)	(8,148,570)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>	<b>357</b>	<b>499</b>
Gluaiseacht sa Bhliain	(142)	10

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 15. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CSRA) (ar lean)

#### 15.3 Idirbhearta Díorthacha déanta i leith an CÉRB agus GNBS

Tugtar breac-chuntas thíos ar fháltais agus ar íocaíochtaí i leith idirbhearta díorthacha a rinneadh i leith CÉRB agus GNBS sa tréimhse sin:

	Fáltais €000	Íocaíochtaí €000	Glan 2017 €000	Glan 2016 €000
Díorthaigh a bhaineann le GNBS	4,842,371	(4,842,371)	-	-
Díorthaigh a bhaineann le CÉRB	2,351,740	(2,351,740)	-	-
	<b>7,194,111</b>	<b>(7,194,111)</b>	<b>-</b>	<b>-</b>

### 16. Cuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta

Féadfaidh an Ghníomhaireacht Bannaí reatha Rialtas na hÉireann a chealú nó a eisiúint. Áirítear sa tsuim shocraíochta do gach idirbheart banna an t-ús atá fabhráithe ag an am sin i dtréimhse an chúpóin. Is sa Chuntas Réamh-Ús Iasachtaí Náisiúnta a infheistítear an t-ús íochta go dtí go mbeidh an t-ús iomlán dlite ar dháta an chúpóin. Ar dháta an chúpóin, úsáidtear an t-ús ansin chun costais ghaolmhara fónaimh an Stáitchiste a fhritháireamh.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	29,089	24,124
Ús Fabhráithe a Fuarthas ar Iasachtaí Náisiúnta - Tráinsí agus Ceantanna	79,178	35,606
Ús Fabhráithe a Íocadh ar Iasachtaí Náisiúnta	(62,010)	(30,641)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann	<b>46,257</b>	<b>29,089</b>

### 17. Cuntas Iasachtaí Náisiúnta (Foirceannadh)

Nuair a bhíonn Iasacht Náisiúnta, Stoc nó Banna Rialtais le fuascailt, bíonn an tsuim iomlán gan íoc iníochta leis an sealbhóir. Aistrítear aon suimeanna nach n-éilíonn an sealbhóir ar dháta na fuascailte chuig an gcuntas seo trí íocaíocht ón Stáitchiste. Dá bhrí sin, is ón gcuntas sin a fhreastalófar ar aon éilimh amach anseo a dhéanfar i dtaca leis na hiasachtaí aibithe seo. Áirítear sa chuntas seo freisin iarmhéideanna a bhí i seilbh Bhanc Ceannais na hÉireann agus na Roinne Airgeadais mar Ghníomhairí Íocaíochtaí i leith íocaíochtaí fuascailte nár glacadh leo, agus a aistríodh chuig an nGníomhaireacht.

Is suimeanna stairiúla is mó iad iarmhéid an cuntas. Is annamh a mbíonn suimeanna nár éilíodh mar gheall ar an tslí ina sealbhaíonn infheisteoirí bannaí agus a phróiseáiltear íocaíochtaí.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	3,171	3,121
Fáltais ón Stáitchiste	-	115
Fáltais ó Chuntas an Bhainc Ceannais	62	63
Íocaíochtaí le Cuntas an Bhainc Ceannais	(63)	(63)
Íocaíochtaí le Fuascailt ar Iasachtaí Náisiúnta	(36)	(65)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann	<b>3,134</b>	<b>3,171</b>

## 18. Cuntas Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní nár Éilíodh)

Nuair atá ús dlite ar dhliteanas banna, íocann an Gníomhaireacht an tsuim iomlán leis an nGníomhaire Íocaíochta, a eisíonn í ansin don sealbhóir cláraithe. Léiríonn an t-iarmhéid i gcuntas na ndíbhinní nár éilíodh ús ar iasachtaí aibithe, a d'aischuir an Gníomhaire Íocaíochta leis an nGníomhaireacht agus nach bhfuil éilithe fós ag na sealbhóirí cláraithe. Cothaíonn an Gníomhaire Íocaíochta cúlchnap airgid, thar ceann na Gníomhaireachta, a úsáidtear chun éilimh a íoc le linn na bliana.

Is suimeanna stairiúla is mó iad iarmhéid an cuntas. Is annamh a mbíonn suimeanna nár éilíodh mar gheall ar an tslí ina sealbhaíonn infheisteoirí bannaí agus a phróiseáiltear íocaíochtaí.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	2,586	2,519
Fáltais/(Íocaíochtaí) d'Ús nár Éilíodh	(10)	67
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig - Airgead le Banc Ceannais na hÉireann	<b>2,576</b>	<b>2,586</b>

## 19. Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce

Déanann an cuntas seo taifeadadh ar iasachtaí agus ar aisíocaíochtaí cistí barrachais atá i gCuntas Soláthair an Phámháistir Ghinearálta.

Is Cuntas Soláthair an Phámháistir Ghinearálta an cuntas tríd a chuireann an Státchiste maoiniú ar fáil do Ranna Rialtais. Aistrítear agus tuairiscítear i Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce cistí breise a éiríonn go tréimhsiúil ar Cuntas Soláthair an Phámháistir Ghinearálta.

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	786,812	465,119
Airleacain Bealaí agus Modhanna a Íocadh leis an Státchiste	8,002,432	4,994,364
Airleacain Bealaí agus Modhanna a d'Aisíoc an Státchiste	(8,402,064)	(4,672,671)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig – Airleacain Bealaí agus Modhanna leis an Státchiste (nóta 10)	<b>387,180</b>	<b>786,812</b>

## 20. Cuntas ar Stoc ar Glacadh leis mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus ar Dhleachtanna Báis

Níor glacadh le haon stoc mar íocaíocht ar cháin oidhreachta ná ar dhleachtanna báis le linn 2017 (2016: nialas).

## 21. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Déanann nóta 6 cur síos ar ráta comhlúthach idirbhearta bhann a tharla tar éis deireadh na tréimhse tuairiscithe. Níor tharla aon teagmhas ba ghá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais deiridh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

## 22. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhorghas an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais an 29 Bealtaine 2018.



## RÁITIS AIRGEADAIS DE CHUID

# Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta Chuntas Riaracháin

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	90
Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus loncam Cuimsitheach Eile	92
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	93
Ráiteas maidir le hAthruithe ar Chothromas	94
Ráiteas ar Sreafaí Airgid	95
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	96



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta – Chuntas Riaracháin

#### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá cuntas riaracháin an Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 12 an Achta um ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). Cuimsítear leis na cuntas riaracháin

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus ioncaim cuimsitheach eile
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le hathruite ar chothromas
- an ráiteas ar sreafaí airgid
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe shuntasacha cuntasáíochta.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas riaracháin léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais an Ghníomhaireacht amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus a chaiteachas 2017 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann*.

#### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Gníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eitiúla comhlíonta agam i gcomhréir leis caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

#### Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Gníomhaireacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé an tuarascáil bhliantúil an Ghníomhaireachta (lena n-áirítear an ráiteas maidir le rialachas, tuarascáil baill an Gníomhaireachta) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

#### Caiteachas neamh-infheidhme

Nochtaigh an Gníomhaireacht sa ráiteas ar rialú inmheánach go bhfuil costais chaipitlithe de €746,000 i dtaca le forbairt córas teicneolaíocht faisnéise bainistíochta cisteáin a díscríobhú i 2017. Tabhaíodh €107,000 eile in 2016 agus 2017 i gcostais conraitheora ar an tionscadal. Tá deireadh anois curtha leis an tionscadal. Thabhaidh an Gníomhaireacht iomlán de €853,000 i gcaiteachas neamh-infheidhme mar nár seachadaíodh an córas teicneolaíocht faisnéise pleanáilte.

#### Soláthar

Ní mór conarthaí soláthartha agus seirbhíse luach €25,000 nó níos mó a fhógrú go poiblí, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, faoi threoirínthe soláthar poiblí. Nochtaíonn an Gníomhaireacht i ráiteas rialú inmheánach gur caitheamh €6.2 milliún faoi conarthaí soláthartha agus seirbhíse i 2017 nár fógraíodh go poiblí. Tugtar míniú don cur chuige seo i dtaca le soláthar agus na conarthaí seo.

**Seamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Bealtaine 2018

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Gníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagann an ráiteas rialachas agus tuairisc na mbaill amach freagrachtaí na mbaill

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 an Achta um Gníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú)
- cinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúthóirí as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 12(2) an Achta um Gníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú) iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Gníomhaireacht agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Ceanglaítear orm faoi alt 12(2) an Achta tuarascáil i dtaca le cruinneas a thabhairt don Dáil faoi cruinneas the suimeanna i gcuntais an Gníomhaireacht gach bliain. Cuirtear mo thuairisc faoi alt 12(3) i láthair Dáil Éireann le mo Thuairisc faoi Cuntais Seirbhísí Poiblí.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-íomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a freagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tatal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

### Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tatal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbheithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasáíochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonnhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasáíochta.

## Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Ioncam Cuimsitheach Eile

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
<b>Ioncam</b>			
Ioncam Oibriúcháin	5	58,073	62,292
Ioncam an Phríomh-Chiste	6	51,379	47,418
Glanmhaoiniú sochair scoir iarchurtha	8.1	7,533	4,392
Aistriú chuig cuntas caipitil		(586)	(13)
		116,399	114,089
<b>Caiteachas</b>			
Costais foirne	7.2	(94,012)	(94,627)
Costais oibriúcháin	7.2	(21,621)	(19,078)
Glanchostas úis	7.2	(766)	(384)
		(116,399)	(114,089)
<b>Ioncam/Caiteachas Glan</b>		-	-

<b>Ioncam Cuimsitheach Eile Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017</b>	Nóta	2017 €000	2016 €000
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach aitheanta ar oibleagáidí sochair scoir	9.6	15,491	(18,347)
Gluaiseacht sa mhaoiniú sochair scoir iarchurtha	8.2	(15,491)	18,347
<b>Gnóthachan/(caillteanas) iomlán aitheanta</b>		-	-

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018



## Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
<b>Sócmhainní neamhreacha</b>			
Réadmhaoín, trealamh agus feithiclí	10	2,100	1,205
Sócmhainní dholáimhsithe	11	869	1,178
Infháltais	12	109	140
		<b>3,078</b>	<b>2,523</b>
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Infháltais	13	6,592	10,845
Airgead sa Bhanc		5,001	835
		11,593	11,680
<b>Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de 1 bhliain</b>	14	(11,885)	(12,003)
<b>Glandhliteanais reatha</b>		<b>(292)</b>	<b>(323)</b>
<b>Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite tar éis 1 bhliana amháin</b>	15	<b>(489)</b>	<b>(489)</b>
<b>Glansócmhainní roimh shochair scoir</b>		<b>2,297</b>	<b>1,711</b>
<b>Sochair Scoir</b>			
Oibleagáidí sochar scoir	9.4	(33,704)	(41,662)
Maoiniú sochair scoir iarchurtha	9.4	33,704	41,662
		-	-
<b>Glansócmhainní tar éis sochair scoir</b>		<b>2,297</b>	<b>1,711</b>
<b>Ag Ionadú:</b>			
Cuntas caipitil		<b>2,297</b>	<b>1,711</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018

## Ráiteas maidir le hAthruithe ar Caipiteal

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	Cuntas Caipitil €000
<b>Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2016</b>		
Íocaíocht le réadmhaoín, trealamh agus feithiclí a fháil		595
Íocaíocht le sócmhainn dholáimhsithe a fháil		1,242
Amúchadh caipitil sa tréimhse		(1,801)
Diúscairt réadmhaoín, trealamh agus feithiclí		(23)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016</b>		
Íocaíocht le réadmhaoín, trealamh agus feithiclí a fháil	10	1,490
Íocaíocht le sócmhainní dholáimhsithe a fháil	11	664
Amúchadh caipitil sa tréimhse		(1,565)
Diúscairt réadmhaoín, trealamh agus feithiclí agus sócmhainní dholáimhsithe	10, 11	(3)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017</b>		
		<b>2,297</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018



**Willie Walsh, Cathaoirleach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

## Ráiteas ar Sreafaí Airgid

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>			
Ioncam/Caiteachas Glan		-	-
Dímheas réadmhaoin, trealamh agus feithiclí	10	592	1,737
Amúchadh sócmhainní dholáimhsithe	11	227	64
Táille bearnúchán sócmhainní dholáimhsithe	11	746	-
Brabús ar dhiúscairt réadmhaoin, trealamh agus feithiclí		(19)	(23)
Laghdú/(Méadú) ar infháltais	12, 13	4,284	(381)
Méadú/(Laghdú) ar shuimeanna iníochta	14	412	(2,421)
(Laghdú) ar ioncam iarchurtha	14, 15	(158)	(467)
(Laghdú)/Méadú i soláthairtí	16	(372)	315
Maoiniú caipitil		2,154	1,837
Amúchadh an Mhaoinithe Caipitil		(1,568)	(1,824)
<b>Glan-insreabhadh/(Glan-eisreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		<b>6,298</b>	<b>(1,163)</b>
<b>Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>			
Íocaíochtaí le réadmhaoin, trealamh agus feithiclí a fháil	10	(1,490)	(595)
Íocaíochtaí le sócmhainní dholáimhsithe a fháil	11	(664)	(1,242)
Fáltais ó dhíol réadmhaoin, trealamh agus feithiclí		22	46
<b>(Glan-eisreafaí) airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>		<b>(2,132)</b>	<b>(1,791)</b>
<b>Méadú/(laghdú) ar airgead sa bhanc</b>		<b>4,166</b>	<b>(2,954)</b>
<b>Airgead sa bhanc amhail an 1 Eanáir</b>		<b>835</b>	<b>3,789</b>
<b>Airgead sa bhanc amhail an 31 Nollaig</b>		<b>5,001</b>	<b>835</b>

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cúlra

Is comhlacht reachtúil í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Gníomhaireacht”) a bunaíodh faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Soláthraíonn an Gníomhaireacht réimse seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas don Rialtas. Áirítear, ar na seirbhísí seo, iasachtaíocht thar ceann an Rialtais agus bainistíocht an Fhiachais Náisiúnta, na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (GÉS), RÉnua (an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh), Chiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn (CISÉ) agus na Gníomhaireachta Airgeadais d’Fhorbairt Náisiúnta (GNFA). Sannann sí chomh maith baill foirne agus soláthraíonn seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta don Gníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (“GNBS”) agus do Chorpáraid Baintéireachta Straitéiseach na hÉireann (“CBSÉ”). Is aonáin neamhspléach iad GNBS agus CBSÉ agus bord ar leith acu féin.

## 2. Bonn ullmhúcháin

Réitíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme. Tá foirm na ráiteas airgeadais ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, arna leasú.

Is é Euro an t-airgeadra tuairiscithe. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an míle is cóngaraí ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. In áiteanna a bhfuil siad in úsáid, seasann ‘000’ nó ‘k’ do ‘míle’, agus seasann ‘m’ do ‘milliún’.

## 3. Ráiteas Comhlíonta

Rinneadh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta a ullmhú le go gcomhlíonann siad an reachtaíocht is infheidhme agus FRS 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA lena úsáid in Éirinn.*

## 4. Beartais shuntasacha chuntasaíochta

### 4.1. Gnóthas leantach

Tá staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreabhaidh airgid na Gníomhaireachta agus a shreafaí airgid thirim mionsonraithe sna ráitis airgeadais. Féadann comhaltaí na Gníomhaireachta, ar bhonn réasúnach, bheith ag dúil go mbeadh acmhainní leorga ag an eintiteas chun leanúint de bheith ag feidhmiú agus chun a shainordú a chomhlíonadh go ceann i bhfad. Mar sin, tá an Gníomhaireacht ag leanúint de ghlacadh le bonn cuntasafóchta gnóthais leantach agus ráitis airgeadais á n-ullmhú.

### 4.2. Ioncam oibriúcháin

Tá sé de cheanglas ar an nGníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta a sholáthar mar aon le foireann a shannadh chuig roinnt gnólachtaí faoi reachtaíocht fhorordaithe. Glacann an Gníomhaireacht le bonn gnóthaithe costais ó na gnólachtaí seo le haghaidh soláthar foirne agus seirbhísí. Déantar ioncam oibriúcháin a thairfeadh ar bhonn fabhráithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile.

### 4.3. Ioncam an Phríomh-Chiste

Léiríonn Ioncam Príomh-Chiste atá san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile an méid is gá chun na costais oibriúcháin agus riaracháin a thabhaíonn an Gníomhaireacht a chlúdach. Sainnítear an méid i gcomhréir le Deontais Rialtais Alt 25 de FRS 102.

### 4.4. Caiteachas

Sainnítear na costais agus na speansais a thabhaíonn an Gníomhaireacht sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile.

### 4.5. Réadmhaoin, trealamh agus feithiclí

Tá sócmhainní réadmhaoin, trealamh agus feithiclí luaite sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag costas lúide dímheas carnta. Gearrtar dímheas ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Ioncam Cuimsitheach Eile ar bhonn méid chothroim, agus ríomhtar an muirear thar shaolré ionchais na sócmhainne.

Ag gach dáta tuairiscithe, déanann an Gníomhaireacht athbhreithniú ar shuim ghlanluacha a réadmhaoin, a trealamh agus a feithiclí i dtaca le cibé acu atá aon chomhartha bearnaithe ann nó nach bhfuil. Aithnítear cailteanas bearnaithe má tá aon chomharthaí ann go bhfuil suim ghlanluacha míre níos mó ná an luach uasta úsáide agus a luach cothrom lúide costais le haghaidh díolacháin. D’fhéadfá cailteanas bearnaithe a aithníodh roimhe a aisiompú go páirteach nó go hiomlán nuair atá comhartha ann go bhféadfadh sé nach bhfuil an cailteanas bearnaithe ann níos mó nó má tháinig athrú ar na meastacháin a úsáideadh le suim in-aisghabhála na sócmhainne a chinneadh. Ní mhéadófar suim ghlanluacha na sócmhainne ach amháin suas go dtí an méid a bheadh sé dá mba rud é nár aithníodh an bearnú bunaidh.

## 4. Beartais shuntasacha chuntasafóichta (ar lean)

### 4.5. Réadmhaoin, trealamh agus feithiclí (ar lean)

Cuimsítear comparáid idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus a suim in-aisghabhála san athbhreithniú bearnaithe. Is ionann an tsuim in-aisghabhála agus luach uasta cothrom lúide costais diúscartha na sócmhainne agus a luach úsáide. Déantar luach úsáide a ríomh trí lascainiú sreafaí airgid ionchais na todhchaí atá infhaighte mar thoradh ar úsáid leanúnach na sócmhainne, lena n-áirítear iad sin a eascraíonn as a diúscairt deiridh, ag ráta lascaine bunaithe ar an margadh. Ba chóir go mbeadh an ráta lascaine ag teacht le measúnú reatha margaidh luach airgid i leith ama agus na rioscaí a bhaineann leis an tsócmhainn, nach bhfuil sreafaí airgid na todhchaí coigeartaithe ina leith.

### 4.6. Sócmhainní doláimhsithe

Ní dhéantar caiteachas ar bhogearraí a chaipitliú ach amháin nuair a méadaíonn sé buntáistí eacnamaíocha na todhchaí atá leabaithe sa tsócmhainn shonrach lena mbaineann sé. Tá gach caiteachas eile curtha síos mar a tabhaíodh é. Tá bogearraí amúchta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Ioncam Cuimsitheach Eile ar bhonn méid chothroim thar a saolré ionchais, ón dáta ar a bhfuil siad ar fáil lena n-úsáid.

Déantar athbhreithniú ar mhodhanna amúchta, saolré ionchais agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

Ar gach dáta tuairiscithe, déanann an Ghníomhaireacht suim ghlanluacha a bogearraí a athbhreithniú lena chinneadh cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnaithe ann. Mura bhfuil a leithéid de chomhartha ann, tá na sócmhainní sin faoi réir athbhreithniú bearnaithe.

Cuimsítear comparáid idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus a suim in-aisghabhála san athbhreithniú bearnaithe. Is ionann an tsuim in-aisghabhála agus luach uasta cothrom lúide costais diúscartha na sócmhainne agus a luach úsáide. Déantar luach úsáide a ríomh trí lascainiú sreafaí airgid ionchais na todhchaí atá infhaighte mar thoradh ar úsáid leanúnach na sócmhainne, lena n-áirítear iad sin a eascraíonn as a diúscairt deiridh, ag ráta lascaine bunaithe ar an margadh. Ba chóir go mbeadh an ráta lascaine ag teacht le measúnú reatha margaidh luach airgid i leith ama agus na rioscaí a bhaineann leis an tsócmhainn, nach bhfuil sreafaí airgid na todhchaí coigeartaithe ina leith.

Tá suim ghlanluacha na mbogearraí scríofa anuas le méid aon bhearnaithe agus aithnítear an cailteanas sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse airgid ina dtarlaíonn sé. D'fhéadfaí cailteanas bearnaithe a aithníodh roimhe a aisiompú go páirteach nó go hiomlán nuair atá comhartha ann go bhféadfadh sé nach bhfuil an cailteanas bearnaithe ann níos mó agus gur tháinig athrú ar na meastacháin a úsáideadh le suim in-aisghabhála na sócmhainne a chinneadh. Ní mhéadófar suim ghlanluacha na sócmhainne ach amháin suas go dtí an méid a bheadh sé dá mba rud é nár aithníodh an bearnú bunaidh.

### 4.7. Airgead sa bhanc

Áirítear leis an airgead sa bhanc airgead atá sa bhanc agus ar láimh. Taispeántar rótharraingtí bainc, nuair is infheidhme, laistigh d'iasachtaí i ndlíteanais reatha.

### 4.8. Léasú

Muirearaítear cíosanna faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile.

### 4.9. Sochar Scoir

Reáchtálann an Ghníomhaireacht scéim phinsean le sochar sainithe, agus d'fhostaithe nach bhfuil mar pháirt don scéim, déanann sí ranníocaíochtaí le Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta ("CCSP"). Maoinítear na ranníocaíochtaí as buiséad riaracháin na Gníomhaireachta.

Tugtar cuntas ar chostais na scéime pinsin le sochar sainithe faoi alt 28 de FRS 102. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin de réir luacha chóir. Déantar dlíteanais na scéime pinsin a thomhas ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as an modh réamh-mheasta aonaid. Léirítear barrachas dlíteanais scéime thar shócmhainní scéime sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais mar dhlíteanas. Is éard atá i gceist le maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a ghnóthófar amach anseo ón bPríomh-Chiste.

Cuimsíonn an t-athrú sa phinsean le sochar sainithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile an costas seirbhíse reatha agus an costas seirbhíse roimhe seo móide glanchostas an úis (nóta 9.5) ar shócmhainní agus dlíteanais na scéime.

Saináithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe sna boinn tuisceana achtúireacha agus as taithí san Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus saináithnítear athrú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste.

Aithnítear costas ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta sna Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta mar mhuirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile sa bhliain airgeadais lena mbaineann seirbhís an fhostaí.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 4. Beartais shuntasacha chuntasáíochta (ar lean)

#### 4.10. Cuntas caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil fáltais ón bPríomh-Chiste, a leithdháileadh chun Réadmhaoín, trealamh, feithiclí agus sócmhainní dholáimhsithe a cheannach. Déantar na fáltais a amúchadh ar aon dul le dímhéas agus amúchadh ar na sócmhainní lena mbaineann.

#### 4.11. Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí sa chás go bhfuil oibleagáid reatha (dlíthiúil nó inchiallaithe) ar an nGníomhaireacht mar thoradh ar theagmhas a tharla roimhe, is dócha go mbeidh ar an nGníomhaireacht an oibleagáid a shocrú, agus go mbeifear in ann meastachán iontaoifa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Is ionann na méideanna a n-aithnítear ina soláthairtí iad agus an meastachán is fearr ar an gcomaoín atá de dhíth leis an oibleagáid reatha a shocrú ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

#### 4.12. Cánachas

Faoi fhorálacha sainiúla san Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, tá an Gníomhaireacht díolmhaithe ón gcáin chorparáideach. Ar a bharr sin, níl an Gníomhaireacht faoi réir cáin ghnóthachan caipitiúil nó cáin chorparáideach ar bith in Éirinn ar aon ghnóthachan inmhuirir a fhabhraíonn chuici.

#### 4.13. Eochair-mheastacháin agus bonn tuisceana

Le léiriúchán na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, bíonn ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus toimhdíú a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir leis na sócmhainní agus dliteanais amhail ar dháta an chlár chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais le linn na bliana. Fágann nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh sé go mbeadh difear idir na torthaí iarbhrí agus na meastacháin sin. Is iad na meastacháinseo a leanas is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais.

#### Scéim pinsin le sochar sainithe (nóta 9)

Tá oibleagáid ar an nGníomhaireacht sochair phinsin a íoc le fostaithe nach bhfuil sa scéim pinsin le sochar sainithe. Braitheann costas na sochar seo agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe tuarastail, luacháil sócmhainní agus rátaí lascaine. Déanann an bhainistíocht meastachán ar na tosca seo chun an ghlanoibleagáid pinsin sa chlár comhardaithe a chinneadh. Léiríonn na toimhdí taithí stairiúil agus treochtaí reatha.

#### Soláthairtí (nóta 16)

Déanann an Gníomhaireacht soláthairtí in aghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, arb eol iad a bheith gan íoc ar dháta an tuairiscithe. Éilíonn na soláthairtí na meastacháin is fearr de chuid na bainistíochta ar an gcaiteachas a mheastar a bheith ag teastáil chun an oibleagáid a shocrú.

#### Saolré ionchais sócmhainní

Déantar an muirear maidir le dímhéas tréimhsiúil réadmhaoine, trealaimh agus feithiclí (nóta 10) agus amúchadh tréimhsiúil sócmhainní dholáimhsithe (nóta 11) a dhíorthú i ndiaidh meastachán a dhéanamh ar shaolré ionchais sócmhainne agus ar an luach iarmharach ionchais ag deireadh a saoil. Is é an toradh a bheadh ar athrú ar shaolré ionchais sócmhainne nó ar a luach iarmharach ná athrú sa mhúirear dímhéasa nó amúchadh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile.

Cinneann an bhainistíocht ar shaolré ionchais shócmhainní na Gníomhaireachta agus déantar athbhreithniú uirthi seo ar bhonn bliantúil, ar a laghad, chun críche oiriúnachta. Tá an tsaolré bunaithe ar thaithí stairiúil le sócmhainní comhchosúla mar aon le súil chun cinn ar theagmhais sa todhchaí, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an tsaolré.

## 5. Ioncam oibriúcháin

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Gnóthú speansas ó GNBS	7.1	38,089	46,697
Gnóthú speansas ó CISÉ	7.1	12,515	10,428
Gnóthú speansas ó CBSÉ	7.1	5,169	4,213
Ioncam urrús faoi chumhdach sócmhainne		224	279
Ioncam eile		2,076	675
		<b>58,073</b>	<b>62,292</b>

Tá sé de cheanglas ar an nGníomhaireacht seirbhísí agus córais tacaíochta agus ghnó a sholáthar mar aon le foireann a shannadh chuig cuid de na feidhmeanna faoi reachtaíocht fhorordaithe mar seo a leanas:

- Do GNBS faoi ailt 41 agus 42 d'Acht na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009.
- Do CBSÉ faoi alt 10 den Acht um Chorparáid Baincúireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014.

Ina theannta sin, faoi alt 48 den an tAcht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014, glanfar speanais na Gníomhaireachta maidir le CISÉ ó CISÉ.

Eisítear Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne faoin Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne, 2001, arna leasú ag an Acht um Urrúis faoi Chumhdach Sócmhainne (Leasú), 2007. Sa chás go mainníonn banc atá cláraithe mar fhoras creidmheasa morgáiste sainithe nó mar fhoras creidmheasa poiblí sainithe faoin Acht (arna leasú), foráiltear leis an Acht (arna leasú) nach mór don Gníomhaireacht an méid seo a leanas a dhéanamh san ord seo a leanas, (i) iarracht a dhéanamh soláthraí seirbhísí eile a fháil chun na cistí cuí sócmhainní a bhainistiú, (ii) comhlacht corpraithe eile a fhostú chun a bheith ina mháthairraonán i leith na gcistí cuí, nó, (iii) na cistí a bhainistiú léi féin. Faigheann an Gníomhaireacht ioncam urrús faoi chumhdach sócmhainne i gcomaoin, atá bunaithe ar shuim ainmniúil gach banna in eisiúint faoi chumhdach sócmhainne.

Cuimsíonn ioncam eile, go príomha, gnóthú táillí gairmiúla agus táillí áirithe foirne ar iasacht agus táillí áirithe riaracháin. Faoin treoir a eisíodh don Gníomhaireacht faoi Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 115 de 2010, rinne an tAire Airgeadais roinnt feidhmeanna a bhaineann leis an gcóras baincúireachta a tharmligeán chuig an nGníomhaireacht. Rinneadh an tarmligeán sin a aisghairm le héifeacht ón 5 Lúnasa 2011 faoi I.R. Uimh. 395 de 2011 agus ó shin tá baill foirne na Gníomhaireachta a bhí ag plé le soláthar feidhmeanna an chórais bhaincúireachta imithe ar iasacht go dtí Roinn Comhairleach Scairshealbhú agus Airgeadais na Roinne Airgeadais. Ar threoir ón Aire, tá na costais thabhairthe ghaolmhara a bhaineann le baill foirne agus comhairleoir gairmiúil á n-íoc ag an nGníomhaireacht go fóill. Gnóthaíodh costais de €1.9m a bhain le comhairleoir gairmiúil le linn 2017 (2016: €0.4m).

## 6. Ioncam an Phríomh-Chiste

Feidhmíonn an Príomh-Chiste ar bhonn fáltas agus íocaíochtaí, ach rinneadh na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn fabhráithe. Tá na nithe réitigh leagtha amach sa tábla seo a leanas:

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir	13	(2,025)	3,086
Glansuimeanna a fuarthas ón bPríomh-Chiste		54,945	42,307
Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig	14	(1,541)	2,025
<b>Príomh-Chiste Infhaighte don bhliain</b>		<b>51,379</b>	<b>47,418</b>

Is í an tsuim iomlán a n-aithnítear í a bheith inghnóthaithe ó/(iníoctha leis an) bPríomh-Chiste:

	Nóta	2017 €000	2016 €000
(Iníoctha leis an)/Inghnóthaithe ón bPríomh-Chiste	14, 13	(1,541)	2,025
Maoiniú sochair scoir iarchurtha	9.4	33,704	41,662
		<b>32,163</b>	<b>43,687</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 7. Costais na Gníomhaireachta

## 7.1. Speansais na Gníomhaireachta d'fheidhmeanna sonraithe

	Nóta	2017 €000	2016 €000
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát		20,780	19,376
Maoiniú agus Bainistiú Fiach		12,460	11,461
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta		10,147	9,457
Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn	5	12,515	10,428
RÉnua		5,384	5,304
		<b>61,286</b>	<b>56,026</b>
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní	5	38,089	46,697
Corparáid Baintéireachta Straitéiseach na hÉireann	5	5,169	4,213
Roinn Comhairleach Scairshealbhú agus Airgeadais		4,322	2,761
Coigeartú pinsin*	8.1	7,533	4,392
		<b>55,113</b>	<b>58,063</b>
<b>Speansais Iomlána</b>		<b>116,399</b>	<b>114,089</b>

\* Is ionann an coigeartú pinsin agus an difear idir an soláthar le haghaidh costais phinsin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus na ranniocaíochtaí pinsin iarbhír a rinneadh.

## 7.2. Costais na Gníomhaireachta

	Nóta	2017 €000	2016 €000
<b>Costais Foirne</b>			
Luach saothar	7.3	74,154	77,062
Costais foirne eile <sup>1</sup>		3,919	4,419
Athrú ar sheirbhís reatha scéime pinsin le sochar sainithe	9.5	15,915	13,120
Costas pinsin CCSP	7.4	24	26
		94,012	94,627
<b>Costais oibriúcháin</b>			
Costais oibriúcháin eile	7.5	13,981	13,726
Táillí gairmiúla	7.5	6,075	3,551
Dímheas	10	592	1,737
Amúchadh	11	227	64
Bearnúchan	11	746	-
		21,621	19,078
Costas ghlan úis	9.5	766	384
<b>Costais Iomlána na Gníomhaireachta</b>		<b>116,399</b>	<b>114,089</b>

<sup>1</sup> Tá traenáil, earcaíocht, fostaí sealadacha agus táillí easachta san áireamh sna costais foirne eile.



## 7. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

### 7.3. Luach saothair

Tá na nochtadh luach saothar a leanas riachtanach faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ("an Cód"). Léirítear na figúirí mar a leanas mar gur seo a chéad uair a glacadh leo:

#### Sochair Fostaí Comhiomlán

	GNBS €000	CBSÉ €000	GBCN €000	Iomlán €000
Sochair foirne gearr-théarmach	23,531	1,776	41,285	66,592
Sochair foirceannadh	763	-	-	763
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	2,425	177	4,197	6,799
	<b>26,719</b>	<b>1,953</b>	<b>45,482</b>	<b>74,154</b>

Is 784 an uimhir iomlán foireann lán aimseartha coibhéis fostaithe ag 31 Nollaig 2017.

#### Sochair Foirne Gearr-Théarmach

	GNBS €000	CBSÉ €000	GBCN €000	Iomlán €000
Bunphá	23,287	1,685	38,752	63,724
Pá i gcoibhneas le feidhmíocht	-	53	1,544	1,597
Liúntais	244	38	989	1,271
	<b>23,531</b>	<b>1,776</b>	<b>41,285</b>	<b>66,592</b>

#### Príomhphearsanra Bainistíochta

	2017 €000
Táillí baill an ghníomhaireact agus baill coistí	200
Íocaíochtaí bainistíocht	3,150
Liúntais	165
Árachas sláinte	54
	<b>3,569</b>

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta GBCN baill den Gníomhaireacht agus den choiste dá dtagraítear sa Ráiteas Rialachais, an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bhainistíochta Fheidhmiúcháin. Tá luach na sochar fostaí do phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thuas (gan Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta san áireamh).

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir a saothraíodh le linn na tréimhse. Is baill iad na príomhphearsanra bainistíochta (seachas baill na Gníomhaireachta agus an Príomhfheidhmeannach) de scéim pinsin GBCN agus ní théann a dteidíochtaí ina leith sin thar théarmaí scéim pinsin na seirbhíse poiblí.

#### Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh

Cinntear luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh i gcomhréir le halt 7(2) agus alt 8 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

	2017 €000	2016 €000
<b>Conor O'Kelly (Príomhfheidhmeannach)</b>		
Tuarastal bhliantúil	480	480
Sochair inchánach bhliantúil	5	5
Rannaíochtaí scéim scor	86	86
	<b>571</b>	<b>571</b>

Cuimsíodh i luach saothair Conor O'Kelly tuarastal bunúsach agus sochair inchánacha (árachas sláinte). Ní bhfuair Conor O'Kelly íocaíocht lánroghnach feidhmíocht-bhainteach i leith 2017.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 7. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

#### 7.3. Luach saothair (ar lean)

Chomh maith le na nochtadh riachtanach faoin gCód, déantar nóta do na nochtadh luach saothair a leanas:

#### **Nochtaí maidir le foirne an Gníomhaireacht le heisceacht oifigigh sannta do GNBS**

##### **Scéim iomarcaíochta deonaí**

Ní raibh aon Scéim Iomarcaíochta Deonaí (VRS) ann in 2017 nó 2016 le heisceacht oifigigh sannta le GNBS a nochtaítear ar leithligh.

##### **Saoire Gharraíodóireachta**

Cuireadh 4 ball foirne de chuid na Gníomhaireachta ar saoire gharraíodóireachta le linn 2017 (2016: 3) le costas inchurtha in 2017 de tuairim is €0.2m (2016: €0.1m). Ar an meán, mhair saoire gharraíodóireachta na 4 ball foirne 2 mhí (2016: 2 mhí). Rinneadh na cinntí maidir leis an 4 ball foirne a chur ar saoire gharraíodóireachta ar bhonn cás ar chás agus rinneadh measúnú, inter alia, ar ról an duine sin sa Gníomhaireacht agus fostóir nua an duine sin.

##### **Costais Foirne Eile**

Níor aontaíodh aonsocrú coinneála ó lár 2014 agus níor leathnaigh na socraithe seo níos faide ná 2017. Maidir le socraithe bhí ann cheann rinneadh íocaíochtaí coinneála dar suim iomlán de €0.1m le beirt ball foirne i 2017 (2016: €0.1m le triúr bhall foirne amháin). Rinneadh na híocaíochtaí seo ar bhonn teoranta agus eisceachtúil chun saineolas agus taithí eochairbhaill foirne i réimsí gnó criticiúla a choinneáil. Táthar tar éis stad a chur leis an gcleachtas mar a ndéantar conarthaí fostaíochta ina bhfuil foráil le haghaidh íocaíochtaí coinneála.

#### **Nochtaí maidir le hoifigigh sannta do GNBS**

##### **Scéim Iomarcaíochta Deonaí**

I 2017 ghlac 10 fostaí sannta do GNBS páirt i VRS (2016: 41 fostaí). Aithníodh in 2017 costais de €0.8m (2016: €3.9m) a bhaineann leis an VRS. Bhí costais de €0.4 (2016: €1.7m) inchurtha i leith íocaíochtaí reachtúla agus íocaíochtaí iomarcaíochta eile, bhain €0.2m (2016: €0.8m leis an "scéim choinneála" nua1, agus €0.2m (2016: €1.4m) do shaoire gharraíodóireachta.

<sup>1</sup> Níl feidhm le scéim choinneála GNBS ach amháin i gcúinsí ina bhfuil baill foirne déanta iomarcach, ina bhfuil gach caighdeán feidhmíochta bainte amach acu, agus ina bhfuil an tréimhse atá riachtanach chun sainordú reachtúil GNBS a chomhlíonadh curtha isteach acu le GNBS.

##### **Saoire gharraíodóireachta - GNBS**

Cuireadh 9 ball foirne sannta do GNBS ar saoire gharraíodóireachta le linn 2017 (2016: 41) mar chuid den VRS. Ní costas incriminteach don Gníomhaireacht atá i gceist leis an tsaoire gharraíodóireachta, ach cuid den chostas foriomlán tuarastail a bheadh tabhaithe ag an nGníomhaireacht cibé cinneadh a bheadh déanta maidir leis na baill foirne lena mbaineann a chur ar saoire gharraíodóireachta. Mhair an tsaoire gharraíodóireachta faoin VRS 3 mhí ar an meán (2016: 3 mhí). Chomh maith leo siúd ar glacadh leo don VRS, cuireadh 5 ball foirne (2016: 7) ar saoire gharraíodóireachta le linn 2017, lena bhain costas inchurtha 2017 de €0.1m (2016: €0.2m). Ar an meán, mhair saoire gharraíodóireachta an 5 ball foirne 2 mhí (2016: 2 mhí). Rinneadh na cinntí maidir leis an 5 ball foirne a chur ar saoire gharraíodóireachta ar bhonn cás ar chás agus rinneadh measúnú, inter alia, ar ról an duine sin sa Gníomhaireacht agus fostóir nua an duine sin.

#### 7.4. Sochair Scor

Bronntar teidlíochtaí aoisliúntais na foirne faoi scéim sochair shainithe aoisliúntais a bunaíodh faoi alt 8 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990. Aistrítear ranníocaíochtaí chuig ciste a bhainistítear go seachtrach. Cinntear ranníocaíocht na Gníomhaireachta bunaithe ar chomhairle achtúire neamhspleách I ndiaidh athbhreithniú achtúireach trí bhliantúil i 2016, coinníodh ranníocaíocht na Gníomhaireachta ag leibhéal 14.2% (2016: 14.2%) faoin gcéad den tuarastal i ndáil le daoine a raibh ballraíocht acu sa Scéim. B'ionann ranníocaíochtaí na Gníomhaireachta leis an scéim sochair shainithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 agus €9.1m (2016: €9.1m).

Foráiltear do dhliteanais a eascraíonn faoin scéim sochair shainithe faoi na socruithe thuas, seachas do theidlíochtaí a eascraíonn i leith sheirbhís bhaill faoi leith na Gníomhaireachta a earcaíodh ó réimsí eile laistigh den earnáil phoiblí. Shainigh an tAire Airgeadais an Gníomhaireacht mar an t-eagras ceadaithe chun críocha Scéim na hEarnála Poiblí (Aistriú Seirbhíse) an 7 Aibreán 1997. Forálann an t-ainmniúchán seo do ranníocaíochtaí a íoc as an Státchiste, i measc nithe eile, mar agus nuair atá sochair dlite i gcomhair íocaíochta mar is iondúil, i leith réamhsheirbhís iarfhostaithe sa tseirbhís phoiblí a bhí fostaíthe ag an nGníomhaireacht. Ní dhearnadh aon fhoráil d'íocaíocht na dteidlíochtaí sin a mhaoiniú.

Déanann an Gníomhaireacht ranníocaíocht le scéim scoir ar son an Phríomhfheidhmannigh. Rinne an Gníomhaireacht ranníocaíocht freisin de €24k (2016: €26k) le Cuntais Coigiltis Scoir Phearsanta do roinnt fostaíthe nár bhaill den scéim sochair shainithe iad in 2017.

## 7. Costais na Gníomhaireachta (ar lean)

### 7.5. Costais Oibriúcháin

Áirítear leis na costais oibriúcháin eile de €14.0m (2016: €13.7m) costais teicneolaíochta, costais áitíochta, costais seirbhísí gnó agus speansais taistil na foirne.

Leis na táillí gairmiúla de €6.1m (2016: €3.6m) airítear táillí comhairleoireachta de €4.8m nach mór a nochtadh faoin gCód agus táillí gairmiúla eile de €1.3m.

Áirítear leis na táillí comhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta agus ní áirítear feidhmeanna 'gnó mar is gnách'. Ós rud é gurb é seo an chéad uair ar glacadh an Cód, léirítear figiúirí na bliana reatha mar seo a leanas:

	Nóta	2017 €000
Táillí comhairleoireachta san áireamh le táillí Gairmiúla		4,822
Táillí comhairleoireachta caipitlithe	10	1,365
		<b>6,187</b>
Dlí		1,691
Cánachas agus airgeadas		1,751
Táillí Achtúireacha		394
Caidrimh phoiblí agus margaíocht		498
Pinsin agus acmhainní daonna		75
Saroáidí agus eile		1,778
		<b>6,187</b>

Leis na táillí comhairleoireachta de €6.2m áirítear €1.9m a tabhaíodh agus a gnóthaíodh thar ceann na Roinne Comhairligh Scairshealbhaithe agus Airgeadais (Nóta 5). Ina theannta sin, rinne GNBS, CBSÉ agus CISÉ €0.2m de na táillí comhairleoireachta a aisíoc leis an nGníomhaireacht.

## 8. Glanmhaoiniú sochair scoir iarchurtha

### 8.1. Glanmhaoiniú cúlchiste sochair scoir iarchurtha i leith na bliana

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Athrú ag eascairt as seirbhís fostaí sa tréimhse tuairiscithe	9.5	15,915	13,120
Glanchostas úis	9.5	766	384
Ioncam a caitheadh chun ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an gciste pinsin	7.4	(9,148)	(9,112)
Glanmhaoiniú sochair scoir iarchurtha		<b>7,533</b>	<b>4,392</b>

### 8.2. Gluaiseacht sa Mhaoiniú Sochair Scoir iarchurtha

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Gluaiseacht i suimeanna inghnóthaithe maidir le gnóthachan/ (caillteanas) achtúireach na bliana reatha	9.6	(15,491)	18,347

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 9. Sochar Scoir

#### 9.1. Scéim pinsin le sochar sainithe

Tá luacháil na scéime sochair shainithe a úsáideadh chun críocha ábhair nochtá FRS 102 bunaithe ar shonraí a chuir Riarthóir na Scéime, Mercer (Ireland) Limited, ar fáil. Cinneann achtúire neamhspleách an luacháil le riachtanais FRS 102 a chur san áireamh chun na dliteanais ar dháta an clár comhardaithe a mheas. Luaitear sócmhainní scéime ag a luach cóir ar dháta an clár comhardaithe.

#### 9.2. Athrú ar oibleagáid sochair shainithe

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Oibleagáid sochair shainithe ag tús na bliana		172,763	131,378
Athrú ag eascairt as seirbhís fostaí sa tréimhse tuairiscithe (Gnóthaigh) ar chiorrúchán/athraithe/ionghlacadh		15,915	13,985
Costas úis		-	(865)
Glan (Íocaíochtaí Sochair)/Aistriúcháin isteach		3,627	3,688
Ranníocaíochtaí rannpháirtithe		(133)	679
Prémheanna árachais		1,537	1,520
Éifeacht na n-athruithe ar thiomhdí		(256)	(244)
Éifeacht na gcoigeartuithe taithí		2,198	30,289
Éifeacht na gcoigeartuithe taithí		(8,971)	(7,667)
Oibleagáid sochair shainithe ag deireadh na bliana	9.4	<b>186,680</b>	<b>172,763</b>

#### 9.3. Athrú ar luach cóir shócmhainní an phlean

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana roimhe		131,101	112,455
Ioncam úis		2,861	3,304
Ranníocaíochtaí fostóirí		9,148	9,112
Ranníocaíochtaí rannpháirtithe		1,537	1,520
Glan (Íocaíochtaí Sochair)/Aistriúcháin isteach		(133)	679
Prémheanna árachais le haghaidh sochair riosca		(256)	(244)
Toradh ar shócmhainní an phlean (gan ioncam úis san áireamh)		8,718	4,275
Luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh na bliana	9.4	<b>152,976</b>	<b>131,101</b>

#### Sócmhainní an Phlean

Ba iad na leithdháiltí sócmhainne ag deireadh na bliana:

	%	%
Gnáthscaireanna	55.7	48.9
Urrúis fiachais	32.5	32.5
Réadmhaoin	3.5	4.0
Malairtí	7.4	9.5
Airgead Tirim	0.9	5.1
	<b>100.00</b>	<b>100.00</b>

	2017 €000	2016 €000
Toradh iarbhír faoi shócmhainní scéimeanna	<b>11,579</b>	<b>7,579</b>

## 9. Sochar Scoir (ar lean)

### 9.4. Easnamh scéime

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Oibleagáid sochair shainithe	9.2	(186,680)	(172,763)
Luach cóir shócmhainní an phlean	9.3	152,976	131,101
Glandliteanas sochair shainithe		<b>(33,704)</b>	<b>(41,662)</b>

	Nóta	2017 €000	2016 €000
<b>Suimeanna sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais</b>			
Oibleagáid sochair scoir		(33,704)	(41,662)
Maoiniú sochair scoir iarchurtha	6	33,704	41,662

### 9.5. Costas a bhaineann le pleananna sochair shainithe

Is í an tsuim a aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Athrú ag eascairt as seirbhís fostaí sa tréimhse tuairiscithe	8.1	15,915	13,120
Speansas úis ar oibleagáid sochair shainithe		3,627	3,688
Ús (ioncam) ar shócmhainní an phlean		(2,861)	(3,304)
Costais úis ghaln	7.2	<b>766</b>	<b>384</b>

### 9.6. (Cailteanas)/gnóthachan achtúireach

Seo a leanas na hatomhais atá sainaitheanta in Ioncam Cuimsitheach Eile:

	2017 €000	2016 €000
Éifeacht na n-athruithe ar thiomhdí	(2,198)	(30,289)
Éifeacht na gcoigeartuithe taithí	8,971	7,667
Toradh ar shócmhainní an phlean (gan ioncam úis san áireamh)	8,718	4,275
Atomhais atá san áireamh in Ioncam Cuimsitheach Eile	<b>15,491</b>	<b>(18,347)</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 9. Sochar Scoir (ar lean)

#### 9.7. Príomhthoimhdí achtúireacha

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh:

Meántoimhdí ualaithe a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh:	2017 %	2016 %
Ráta lascaine	2.3	2.1
Ráta méadaithe tuarastail	2.75	2.5
Ráta boilscithe praghsanna	1.75	1.5
Ráta méadaithe pinsin	1.75/2.75	1.5/2.5
Meántoimhdí ualaithe a úsáideadh chun costas pinsin a chinneadh:	%	%
Ráta lascaine	2.1	2.8
Aisíoc ionchais fhadtéarmaigh ráta sochair ar shócmhainní plean le linn an bhliain airgeadais	2.1	2.8
Ráta méadaithe tuarastail	2.5	2.5
Ráta boilscithe praghsanna	1.5	1.5
Ráta méadaithe pinsin	1.5/2.5	1.5/2.5
Meánionchas saoil ualaithe ag aois 60 do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh:	Blianta	Blianta
<b>Pinsinéirí Amach Anseo</b>		
– Fear (45 bliana d’aois faoi láthair)	30.7	30.5
– Bean (45 bliana d’aois faoi láthair)	32.9	32.7
<b>Pinsinéirí Reatha</b>		
– Fear (60 bliain d’aois faoi láthair)	29.0	28.8
– Bean (60 bliain d’aois faoi láthair)	31.0	30.9
Meánionchas saoil ualaithe ag aois 65 do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh:	Blianta	Blianta
<b>Pinsinéirí Amach Anseo</b>		
– Fear (45 bliana d’aois faoi láthair)	26.2	26.1
– Bean (45 bliana d’aois faoi láthair)	28.3	28.2
<b>Pinsinéirí Reatha</b>		
– Fear (65 bliana d’aois faoi láthair)	23.9	23.8
– Bean (65 bliana d’aois faoi láthair)	26.0	25.9

## 10. Réadmhaoin, trealamh agus feithiclí

	Léasacht feabhsúcháin €000	Troscán, trealamh agus mótarfeithiclí €000	Iomlán €000
<b>Costas:</b>			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2017	4,501	6,114	10,615
Suimiúcháin ar chostas	1,365	125	1,490
Diúscairtí	-	(95)	(95)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017	<b>5,866</b>	<b>6,144</b>	<b>12,010</b>
<b>Dímheas Carntha:</b>			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2017	(4,131)	(5,279)	(9,410)
Dímheas don bhliain	(115)	(477)	(592)
Diúscairtí	-	92	92
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017	<b>(4,246)</b>	<b>(5,664)</b>	<b>(9,910)</b>
<b>Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2017</b>	<b>1,620</b>	<b>480</b>	<b>2,100</b>
Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2016	<b>370</b>	<b>835</b>	<b>1,205</b>

Déantar dímheas a áireamh bunaithe ar shaolré fhóna mheasta réadmhaoine, trealamh agus feithiclí mar seo a leanas:

Feabhsúcháin léasachta	Suas go 15 bliana
Troscán	7 mbliana
Trealamh agus mótarfeithiclí	3 go 5 bliana

Tá cóiríocht oifige áitithe i bhFoirgneamh na Stáitchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2 á leasú faoi léasanna fadtéarmacha, mar atá leagtha amach i nóta 17. Baineann an méid a cuireadh leis na socruithe léasa chun iad a fheabhsú, baineann siad le costais feistithe agus táillí gairmiúla i dtaca le cóiríocht oifige ag Bloc D1, Dublin Landings, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1 (Nóta 21).

## 11. Sócmhainní doláimhsithe

	Costais bhogearraí €000
<b>Costas:</b>	
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2017	1,242
Suimiúcháin ar chostas	664
Diúscairtí	(746)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017	<b>1,160</b>
<b>Amúchadh Carntha:</b>	
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2017	(64)
Amúchadh don bhliain	(227)
Táille bearnúcháin	(746)
Diúscairtí	746
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017	<b>(291)</b>
<b>Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2017</b>	<b>869</b>
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2016	<b>1,178</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 11. Sócmhainní doláimhsithe (ar lean)

In 2016 chuir an Ghníomhaireacht tús le tionscadal nua a chur chun feidhme i dtaca le córas nua bainistithe stáitchiste agus rinneadh costais €746k a chaipitliú mar shócmhainní inláimhsithe bhogearra. I gcomhréir leis an gcreat rialachais tionscadal, rinneadh athbhreithniú le linn 2017 as ar tháinig cinneadh ón lucht bainistíochta deireadh a chur le cur chun feidhme an tionscadail sin. Mar thoradh air sin, tá muirear bearnúcháin de €764k aitheanta ag an nGníomhaireacht. Tá na socrúcháin chun an tionscadal a dhúnadh ar siúl go leanúnach.

Déantar sócmhainní tríú páirtí a mheas ag costas lúide amúchadh carntha agus aon chailteanais bhearnaithe charntha (nóta 4.6).

Déantar amúchadh a áireamh bunaithe ar shaolré ionchais na sócmhainní doláimhsithe mar a leanas:

Bogearraí ríomhaire 5 bliana

### 12. Infháiltais (Neamhreacha)

	2017 €000	2016 €000
Réamhíocaíochtaí	109	140

### 13. Infháiltais (Reatha)

	2017 €000	2016 €000
Suimeanna infhaighte ó GNBS	1,834	5,295
Suimeanna infhaighte ó CISÉ	1,583	454
Suimeanna infhaighte ó CBSÉ	523	214
An bPríomh-Chiste	-	2,025
Féichiúnaithe eile	416	861
Réamhíocaíochtaí	2,236	1,996
	<b>6,592</b>	<b>10,845</b>

Cuimsítear go príomha le infháiltais eile ioncam ó Urrús faoi Chumhdach Sócmhainní agus ioncam dlite ón nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe.

### 14. Suimeanna iníoctha: méideanna a bheidh dlite laistigh de 1 bhliain amháin

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Suimeanna iníoctha		2,714	2,678
Príomh-Chiste		1,541	-
Fabhruithe		7,504	8,669
Ioncam iarchurtha		-	158
Soláthairtí eile	16	126	498
		<b>11,885</b>	<b>12,003</b>

Cuimsíonn fabhruithe teidlíochtaí saoire bliantúla de €1.7m (2016: €1.6m) a saothraíodh ach nach raibh tógtha ar dháta an tuairiscithe.

Bhain ioncam iarchurtha le préimh aisiompaithe ar íocaíochtaí cíosa ar áitreabh léasach (nóta 18). Tá luach na préimhe aisiompaithe spréite thar shaolré an léasa. Is é ba thoradh leis an mbeart seo ioncam de €2.0m a chuirfear do shochar an Ráitis ar ioncam agus Caiteachas ar bhonn bliantúil sa tréimhse Eanáir 2013 go hAibreán 2017.



## 15. Suimeanna infíoctha: méideanna a bheidh dlite tar éis 1 bhliain amháin

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Soláthairtí	16	489	489

## 16. Soláthairtí

Tá costais áitreabh san áireamh i solárthaí. Tá cuntas do ghluaiseacht solárthaí sa tréimhse mar a leanas:

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Ag 1 Eanáir		987	672
Breise		-	315
Táillí		(372)	-
Malartaithe		-	-
Ag 31 Nollaig	14, 15	615	987

## 17. Gealltanais

Sna blianta 1991, 2007 agus 2012, rinne an Ghníomhaireacht comhaontuithe léasa ar feadh tréimhsí éagsúla go 2017, go 2026 agus go 2027 i ndáil le cóiríocht oifige ag Foirgneamh an Stáitchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, D02 XN96. Seo a leanas na híoschíosanna ainmniúla todhcháí is infíoctha faoi léasanna oibríúcháin dochealaithe Foirgneamh an Stáitchiste:

	2017 €000	2016 €000
Laistigh d'aon bhliain amháin	1,806	2,075
Faoi cheann dhá bhliain go cúig bliana	7,224	6,893
Thar 5 bliana	5,912	7,420
	<b>14,942</b>	<b>16,388</b>

Tá an Ghníomhaireacht ag breathnú ar a roghanna i dtaca leis na léasanna atá ann faoi láthair, i leith na cóiríochta oifige reatha i bhFoirgneamh an Stáitchiste, Sráid na Canálach Móire (féach nóta 21).

## 18. Dlíteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dlíteanais theagmhasacha ag an Ghníomhaireacht ag 31 Nollaig 2017.

## 19. Páirtithe gaolmhara

### An tAire Airgeadais

Ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí de chuid na Gníomhaireachta de réir alt 3A den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, arna leasú.

### Príomhphearsanra bainistíochta

Is iad comhaltaí na Gníomhaireachta a rialaíonn an Ghníomhaireacht agus is é an Príomhfheidhmeannach agus an Foireann Feidhmiúcháin Bainistíochta a bhainistíonn agus a stiúirann riarachán agus gnó na Gníomhaireachta. Nochtar i Nóta 7 táillí a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta.

### An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

De réir ailt 41 agus 42 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009, soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do GNBS, mar aon le foireann a shannadh d'fheidhmeanna GNBS. Déantar cur síos ar ghnóthú speansas ó GNBS i nóta 5.

### Corparáid Bancéireachta Straitéiseach na hÉireann

De réir alt 10 den Acht um Chorparáid Bancéireachta Straitéiseach na hÉireann 2014, soláthraíonn an Ghníomhaireacht seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta do CBSÉ mar aon le foireann a shannadh d'fheidhmeanna CBSÉ. Déantar cur síos ar ghnóthú speansas ó CBSÉ i nóta 5.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 20. An Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

Chomhlíon an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta ag feidhmiú mar an Gníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta i gcomhréir le Cuid 4 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (arna leasú) 2014, feidhmeanna maoinithe agus comhairlithe maidir le tionscadail infheistíochta poiblí ar leith. Ba í GBCN a chlúdaigh costais na seirbhísí seo, arna cúiteamh ag an Údarás Stáit iomchuí lena mbaineann na tionscadail.

Thabhaigh GBCN, ag feidhmiú mar GAFN, na costais seo a leanas:

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Táillí profisiúnta	3,154	1,606
Táillí dlí	229	522
	<b>3,383</b>	<b>2,128</b>

Seo a leanas na suimeanna atá infhaighte ó Údarás Stáit amhail ar dháta an tuairiscithe:

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais	793	60
Áitiúil/An Roinn Oideachais	133	424
Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin	90	-
An Roinn Dlí agus Cirt	42	12
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	-	125
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	6	-
	<b>1,064</b>	<b>621</b>

Déantar suimeanna aisíochta a chur ar ais chuig Ciste Bhanc Taisce an Phoist i gcomhréir le halt 30 d'Acht GBCN 2014. Amhail an 31 Nollaig 2017, tá €0.9m (2016: €2.8m) dlite do Chiste Bhanc Taisce an Phoist.

Bhí méid iomlán de €0.8 (2016: €2.3m) sa bhanc ag GNBS, ag breitheamh mar GAFN, amhail an 31 Nollaig 2017. Níl sé seo san áireamh san iarmhéid airgead sa bhanc mar atá léirithe sa ráiteas maidir leis an staid airgeadais.

Níl an caiteachas agus an aisíocaíocht thuas san áireamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Ioncam Cuimsitheach Eile ná sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais ar leathanaigh 92 agus 93.

### 21. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

I 2017 thosaigh an Gníomhaireacht ar chomhaontú le haghaidh socruithe léasa agus gaolmhara i leith chóiríocht oifige i mBloc D1, Dublin Landings, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1. Tar éis don tiarna talún coinníollacha ábhartha an chomhaontaithe le haghaidh socruithe léasa a chomhlíonadh, bronnadh na léasanna ar an nGníomhaireacht ar an 24 Bealtaine 2018.

### 22. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhorheas an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais an 29 Bealtaine 2018.

## RÁITIS AIRGEADAIS DE CHUID

# Ciste Bhanc Taisce an Phoist

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	112
Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Tuilleamh Coinnithe	114
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	115
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	116



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Ciste Bhanc Taisce an Phoist

#### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Ciste Bhanc Taisce an Phoist ullmhaithe ag an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 12 an Achta Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). Cuimsítear leis na ráitis ar ioncam agus caiteachas agus tuilleamh coinnithe, ráiteas an maidir leis an staid airgeadais agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart

- ar shócmhainní agus dliteanais an Chiste ag 31 Nollaig 2017, agus
- ar idirbhearta 2017.

#### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Ghníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

#### Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Ghníomhaireacht leis na ráitis airgeadais i dtaca le oibríocht an Chiste. Cuimsíonn sé tuarascáil bhliantúil an Ghníomhaireacht lena n-áirítear an ráiteas (maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Bealtaine 2018

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagtar amach freagrachtaí baill an ghníomhaireachta sa ráiteas rialachas agus tuairisc baill an ghníomhaireachta

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú)
- cinntiú go dtugtar léargas ceart ar chúrsaí an iarmhéid an fhiachas náisiúnta gan íoc ag 31 Nollaig 2017 agus costas fónaimh d'fhiachas na bliana
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt faoi alt 12 an Achta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú) iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an chiste agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaóis nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún, a shainaithe agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascaíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúcháireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an Chiste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Chiste scor de bheith ina ghnóthas leantach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

### Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile eile chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmí. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasáíochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasáíochta.

## Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Tuilleamh Bainteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
(Caillteanais)/Ioncam Infheistíochta	3	(2,278)	17,175
Speansais Úis	4	(4,560)	(6,039)
Costais Oibriúcháin	5	(28,169)	(28,173)
<b>Easnamh don Bhliain</b>		<b>(35,007)</b>	<b>(17,037)</b>
Iarmhéid ag 1 Eanáir		147,675	164,712
<b>Iarmhéid ag 31 Nollaig</b>		<b>112,668</b>	<b>147,675</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018

## Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
<b>Sócmhainní</b>			
Airgead le Banc Ceannais na hÉireann		886,640	731,782
Iasachtaí Lárnacha Cisteáin		18,945	22,103
Iasachtaí agus Infháltais	6	1,895,864	1,737,789
Sócmhainní eile	7	21,292	21,887
Phríobháidigh	8	416,592	556,313
		<b>3,239,333</b>	<b>3,069,874</b>
<b>Dlíteanais</b>			
Taiscí Bhanc Taisce an Phoist	9	3,121,347	2,921,027
Dlíteanais eile	10	5,318	1,172
Cúlchistí Coinnithe		112,668	147,675
		<b>3,239,333</b>	<b>3,069,874</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Cúlra

Ráthaíonn an tAire Airgeadais aisíocaíocht agus seirbhísí airgead a infheistíonn taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist. Tarchuireann an Post na glanfháltais chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Ghníomhaireacht”).

Ní cuid den Stáitchiste é Ciste Bhanc Taisce an Phoist (“Ciste”).

Féadfaidh an tAire Airgeadais aon bharrachas carnach sa Chiste a leithreasú don Stáitchiste i ndiaidh soláthar oiriúnach a dhéanamh do dhímheas ar luach shócmhainní an Chiste chun na dliteanais do na taisceoirí a íoc (an tAcht Airgeadais, 1930, Alt 19(1)).

Le linn 2017, bhí na príomhchuspóirí seo a leanas ag an gCiste:

- airgead a chuireann taisceoirí ar fáil a infheistiú, agus
- gníomhú mar idirghabhálaí trínar féidir leis an nGníomhaireacht idirbhearta díolacháin agus aischeannaigh (comhaontú athcheannaigh) agus trádáil margaidh thánaistigh a idirbheartú, agus
- airgead a sholáthar faoi Sheirbhísí Lárnacha Cisteáin do Chomhlachtaí ainmnithe Stáit.

Ón 1 Eanáir 2016, níl an Ciste á úsáid níos mó mar idirghabhálaí chun críche eisiúna príomhúla lena n-áirítear tráinsiú, cealú agus díol na n-urrús a eisiúnn an Ghníomhaireacht. Leasaíodh an tAcht Airgeadais, 1970 le hAlt 87 d’Acht Airgeadais 2015 leis an athrú seo a éascú i dtaca le cealú urrús agus is ceadmach don Aire urrús a cheannach agus a chealú arna gcruthú nó arna n-eisiúint aige nó faoi aon fhoráil eile d’Acht Oireachtais cibé uair agus a mhíne is a mheasann seisean is iomchuí agus ar chaoi ar bith, cibé acu sa mhargadh oscailte nó eile.

### 2. Bonn Ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach ar bonn fabhráite faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt.

Is é an Euro an t-airgeadra tuairiscithe. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an míle is cóngaraí (a chuirtear in iúl le €000) ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. cóngaraí Cuirtear míle in iúl le €000 agus milliún le ‘m’.

#### 2.1 Infheistíochtaí

Cuirtear na hinfeistíochtaí in iúl de réir costais.

### 3. (Caillteanais)/Ioncam Infheistíochta

	<b>2017</b>	<b>2016</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
Ús Ioncaim Glan	12,765	24,966
Caillteanas ar Infheistíochtaí	(15,043)	(7,791)
	<b>(2,278)</b>	<b>17,175</b>

Leis an lagdú ar Ghlanioncam Úis léirítear sealúchais infheistíochtaí laghdaithe, agus torthaí níos ísle/diúltacha i réim ar bhannaí agus ar airgead tirim atá á sealbhú. Idirbheartaítear comhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh idir an Ciste agus príomhdhéileálaithe sa mhargadh bannaí. Is faoi Ghlanioncam Úis a léirítear an t-ioncam nó an costas úis a eascraíonn as na hidirbhearta sin.

Nuair a chuirtear an méadú ar chaillteanas na n-infheistíochtaí in 2017 i gcomparáid le 2016, léirítear lagdú ar bhannaí le haibíochtaí gearra. Coinníodh na bannaí sin ag a gcostas bunaidh mar go n-áiríonn an Ciste a chuid gabháltas bannaí ar bhonn costais stairiúil agus ní aithníonn sé gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe. Cé nach n-aithnítear gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe ar an gCiste, déantar monatóireacht ar bhonn leanúnach ar fheidhmíocht an Chiste ar bhonn aischiúir iomláin (i.e. lena n-áirítear gnóthachain/caillteanais neamhréadaithe).



#### 4. Speansais Úis

	2017 €000	2016 €000
Ús Iníoctha le Taisceoirí Bhanc Taisce an Phoist	4,560	6,039

#### 5. Costais Oibriúcháin

	2017 €000	2016 €000
Táillí Seirbhís	28,169	28,173

loctar táillí seirbhís le An Postar son banisítocht agus riarachán cuntais taisceoirí.

#### 6. Iasachtaí agus Infháltais

	2017 €000	2016 €000
Airleacain don Stáitchiste	1,893,445	1,731,537
Airleacain don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	1,500	3,500
Airleacain don Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	919	2,752
	<b>1,895,864</b>	<b>1,737,789</b>

Léiríonn airleacain chuig an Stáitchiste cistí Bealaí agus Modhanna, a tugadh ar iasacht don Stáitchiste.

Níor ghearr an Ciste aon chostais mhaoinithe ar an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ná ar an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta.

#### 7. Sócmhainní eile

	2017 €000	2016 €000
Ús infhaighte	4,634	8,697
Iarmhéideanna Airgid atá ag an bPost	16,658	6,027
Socraíochtaí Trádála Bannaí Gan Íoc	-	7,163
	<b>21,292</b>	<b>21,887</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 8. Infheistíochtaí

Bannaí	2017 €000	2016 €000
Ag costas	416,592	556,313
Luacháil amhail an 31 Nollaig	419,283	560,091

#### Sceideal Sealúchas Infheistíochta:

Ainmniúil €000	Stoc	2017 Costas €000
13,753	Banna Státchiste 5.9% 2019	15,799
7,752	Banna Státchiste 4.4% 2019	8,484
105,402	Banna Státchiste 5.0% 2020	124,132
5,842	Banna Státchiste 4.5% 2020	6,698
10,242	Banna Státchiste 0.8% 2022	10,659
43,000	Banna Státchiste 0.0% 2022	43,222
6,714	Banna Státchiste 3.9% 2023	8,109
26,572	Banna Státchiste 3.4% 2024	31,960
33,172	Banna Státchiste 5.4% 2025	45,224
25,380	Banna Státchiste 1.0% 2026	26,378
37,554	Banna Státchiste 2.4% 2030	42,954
17,200	Banna Státchiste 1.7% 2037	17,272
34,328	Banna Státchiste 2.0% 2045	35,701
<b>366,911</b>		<b>416,592</b>

### 9. Taiscí Bhanc Taisce an Phoist

	2017 €000	2016 €000
Taiscí Bhanc Taisce an Phoist	3,121,347	2,921,027

I 2017, aistríodh €3,278,146 (2016: €2,657,810) ón gCiste chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoin, 2001. Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí dliteanas de €46,780,368 (2016: €44,020,938) ann go fóill de bhun athmhúscailtí cuntais €562,003 (2016: €790,249) agus de bhun caipitliú úis (gan DIRT a áireamh) de €43,287 (2016: €33,715). Má athéilíonn taisceoirí BTP í, beidh an tsuim sin iníochta ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Ní áirítear an dliteanas sin i dtaiscí €3,121,346,788 (2016: €2,921,026,935) in BTP.

### 10. Dlíteanais eile

	2017 €000	2016 €000
Glanchistí iníochta faoi Chomhaontuithe Díolacháin agus Athcheannaigh	4,858	685
DIRT dlite	460	487
	<b>5,318</b>	<b>1,172</b>

### 11. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas ba ghá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais deiridh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

### 12. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhorghas an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais an 29 Bealtaine 2018.

## RÁITIS AIRGEADAIS DE CHUID

# An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	120
Ráiteas Ioncaim	122
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	123
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	124



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

#### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Aithnítear an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát nuair a dhéanann sé bainistíochat ar éilimh ar an Stát. Tá ráitis airgeadais an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 12 an Achta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). Cuimsítear leis na ráitis airgeadais an ráiteas ioncain, ráiteas maidir leis an staid airgeadais agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart

- ar sócmhainní agus dliteanais an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag 31 Nollaig 2017, agus
- ar idirbhearta 2017.

#### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Ghníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

#### Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Ghníomhaireacht leis na ráitis airgeadais i dtaca le oibríocht éilimh ar an Stát. Cuimsíonn sé tuarascáil bhliantúil an Ghníomhaireacht lena n-áirítear an ráiteas (maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Bealtaine 2018

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagtar amach freagrachtaí baill an ghníomhaireachta sa ráiteas rialachas agus tuairisc baill an ghníomhaireachta

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú)
- cinntiú go dtugtar léargas ceart ar shócmhainní agus dliteanais an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag 31 Nollaig 2017 agus idirbhearta na bliana
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfadh ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt faoi alt faoi fhorálacha Alt 12 an Achta Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaóis nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonphárteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus an nochtá gaolmhar.
- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasáíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an Chiste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát scor de bheith ina ghnóthas leantach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

### Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasáíochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasáíochta.

## Ráiteas Ioncain

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

<b>Ioncam</b>	<b>Nóta</b>	<b>2017 €000</b>	<b>2016 €000</b>
Ioncam	4	316,765	256,213
Costais a gnóthaíodh thar ceann Údaráis Stáit Tharmligthe	5	3,504	2,248
		<b>320,269</b>	<b>258,461</b>
<b>Speansais</b>			
Dámhachtainí agus socraíochtaí éileamh	6	218,111	184,360
Speansais eile	7	98,654	71,853
Aisíoc costas a gnóthaíodh thar ceann Údaráis Stáit Tharmligthe	5	3,504	2,248
		<b>320,269</b>	<b>258,461</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

## Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
<b>Sócmhainní</b>			
Airgead sa Bhanc		1,301	2,757
Infháltais	10	6,426	9,071
Infheistíochtaí	9	4,649	5,119
		<b>12,376</b>	<b>16,947</b>
<b>Dliteanais</b>			
Dliteanais scéime	9	(4,649)	(5,119)
Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist	11	(1,500)	(3,500)
Dliteanais eile	12	(6,227)	(8,328)
		<b>(12,376)</b>	<b>(16,947)</b>


Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cúlra

Faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, ba chuid Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN") a tarmligeadh an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh maidir le díobháil phearsanta agus le damáiste réadmhaoine in aghaidh Údarás Stáit áirithe ("Údarás Stáit Tharmligthe") agus as bainistiú a dhéanamh ar na bunriosaí a ghabhann leo. Ina theannta sin, bhí foráil san Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014, le haghaidh tarmligean bhainistíochta na n-éileamh ar chostais chuid GBCN. Nuair a bhíonn an Gníomhaireacht i mbun na bhfeidhmeanna sin, glaoitear an Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ("GÉS") uirthi. Tabhaíonn GÉS caiteachas ar dhámhachtainí, ar shocraíochtaí éileamh agus ar chostais ghaolmhara. Gnóthaíonn GÉS an caiteachas sin ó na hÚdarás Stáit Tharmligthe a bhíonn faoi dhliteanas i leith éileamh.

Tá trí chuspóir ag GÉS, is iad sin:

- dualgas feidhmiú ar son leas is fearr na gcáiníocóirí i nithe a bhaineann le dlíthíocht díobhála phearsanta agus damáiste réadmhaoine, le feidhmiú go cothrom agus go heiticiúil ina ngnóthaí le daoine a d'fhulaing gortuithe agus/nó dochar agus a ghlacann caingean dlí in aghaidh an Stáit nó comhlachtaí Stáit, agus teaghlaigh na ndaoine seo;
- seirbhísí comhairleoireachta riosca a chur ar fáil d'Údarás Stáit Tharmligthe agus é d'aidhm acu minicíocht agus déine na n-éileamh a laghdú thar thréimhse ama;
- bheith ag plé le héilimh áirithe ar chostais dlí.

I mí Feabhra 2003, rinneadh an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh maidir le faillí chliniciúil agus rioscaí lena ngabhann faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla ("SSC") a tharmligean chuid GÉS. Bunaíodh SSC chun socruithe slánaíochta leighis a chuíchóiriú don tseirbhís sláinte. Faoi SSC, glacann an Stát le freagracht iomlán as slánú agus as bainistiú a dhéanamh ar éilimh maidir le faillí chliniciúil.

Sa bhliain 2008, ba faoi I.R. Uimh. 628/2007, an tOrdú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna a Tharmligean) (Leasú) 2007, a tharmlig an Rialtas chuid GBCN an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh stairiúla in aghaidh cnáimhseoirí comhairleacha. Ba é an Cumann Cosanta Leighis ("CCL") a bhainistíodh éilimh den sórt sin roimhe sin. Aistríodh ciste reatha chuid GÉS agus bainistiú na n-éileamh á tharmligean. Tar éis iarmhéid an chiste a tharraingt anuas sa bhliain 2013, is faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla a bhíonn GÉS ag freastal ar aon socraíochtaí éileamh agus ar aon speansais atá fágtha. Aisíocann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ("FSS") na costais sin le GÉS.

Rinneadh sainchúram GÉS a leathnú arís eile i mí Feabhra 2011 nuair a tarmligeadh freagracht chuici as bainistiú a dhéanamh ar éilimh maidir le díobháil phearsanta agus maidir le damáiste réadmhaoine in aghaidh 13 údarás nua agus ar roinnt aicmí breise éileamh (lena n-áirítear éilimh maidir le díobháil phearsanta a bhaineann le bulaíocht/ciapadh, baill d'Óglaigh na hÉireann agus den Gharda Síochána agus iad ar seirbhís thar lear agus éilimh i dtaca le sláintíocht in-chillín ó phríosúnaigh).

Rinneadh éilimh ina maítear díobháil phearsanta a bhaineann leis na táirgí míochaine Tailídimíd agus Niméasuillíd a tharmligean chuid GÉS i mí Aibreáin 2012. I mí Dheireadh Fómhair 2013, chuir an Rialtas freagracht ar GÉS as bainistiú a dhéanamh ar éilimh dhíobhála phearsanta a bhaineann le dhá tháirge íocshláinte, Celvapan agus Pandemrix, a ionghabháil.

Tar éis cinnidh ón Rialtas in 2012, cuireadh Aonad um Chostais Dlí an Stáit ar bun laistigh de GÉS i mí Feabhra 2013, agus é de dhualgas air déileáil le costais tríú páirtí a eascraíonn as Binsí Fiosrúcháin áirithe. Cuireadh síneadh suntasach le feidhmeanna Aonad na gCostas Dlí faoi Chuid 5 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014 agus leis an tarmligean a cuireadh i bhfeidhm faoin Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Tarmligean na n-Éileamh le haghaidh Feidhmeanna Bainistithe Costas) 2015.

I mí Aibreáin 2014, ba chuid GÉS a tarmligeadh an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh de chuid 61 comhlacht poiblí eile (lena n-áirítear Toscairí Ghrúpa na nOspidéal Deonach), rud a mhéadaigh líon iomlán na gcomhlachtaí poiblí atá faoi shainchúram GÉS ó 56 comhlacht go 117 comhlacht. Méadaigh tarmligean eile ón Rialtas i Meitheamh 2015 an líon comhlachtaí poiblí go dtí 129.

Cuireadh le le coimirce an GÉS i 2016 agus 2017 le tarmladh 17 gníomhaireacht neamhghéar a bhain le hAlt 38 den Acht Sláinte faoi choimirce na Séime.

Tá an GÉS anois ag bainistiú éilimh agus ag cur comhairle maidir le riosca ar fáil do 146 Údarás Stáit Tharmligthe ag deireadh na bliana.



## 2. Bonn ullmhúchán

Baineann ráitis airgeadais GÉS le bainistiú a dhéanamh ar éilimh thar ceann Údarás Stáit Tharmligthe a bhíonn faoi dhliteanas i leith éileamh agus óna bhfaigheann GÉS suimeanna aon dámhachtainí agus aon chostas gaolmhar. Tuairiscítear sna ráitis airgeadais na gníomhaíochtaí éileamh agus na hidirbhearta a phróiseáiltear tríd an GÉS sa bhliain agus, dá bhrí sin, ní thugtar aon suim i gcomhair luach na n-éileamh gan íoc. Níl measanú éileamh tabhaithe ach nár tuairisciú san áireamh sna ráitis airgeadais.

Úsáidtear bonn airgid na cuntasáíochta lena aithint go bhfuiltear tar éis idirbhearta a choigeartú le haghaidh fabhrúithe maidir le costais soláthraithe seirbhíse conraithe tríú páirtí agus an gnóthú costas bainteach ón Údarás Stáit Tharmligthe.

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €.

## 3. Polasaithe cuntasáíochta suntasacha

### 3.1. Caiteachas

Aithnítear caiteachas ar dhámhachtainí, ar shocraíochtaí éileamh agus ar chostais ghaolmhara nuair a fhaightear ceadú bailíochtaí nó socraíocht bhailíochtaí an chaiteachais sin.

### 3.2. Ioncam

Déanann GÉS suimeanna aon dámhachtainí, aon socraíochtaí éileamh agus aon chostas gaolmhar a ghnóthú ó Údarás Stáit Tharmligthe a bhíonn faoi dhliteanas i leith éileamh. Caitear le suimeanna mar shuimeanna faighte agus infhaighte ó Údarás Stáit Tharmligthe i ndáil le haitheantas an chaiteachais bhaintigh. Déantar suimeanna a áireamh ar bhonn fabhrúithe.

## 4. Ioncam

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Suimeanna infhaighte amhail an 1 Eanáir ó Údarás Stáit Tharmligthe	10	(9,051)	(7,156)
Suim a fuarthas ó Údarás Stáit Tharmligthe		318,947	253,968
Suim a fuarthas ó chistí Scéime	9	470	350
Suimeanna infhaighte amhail an 31 Nollaig	10	6,399	9,051
		<b>316,765</b>	<b>256,213</b>

Is éard atá i suimeanna infhaighte ó Údarás Stáit Tharmligthe aisíocaíochtaí aon dámhachtainí, aon socraíochtaí éileamh agus aon chostas gaolmhar a thabhaigh GÉS thar ceann na nÚdarás Stáit Tharmligthe a bhíonn faoi dhliteanas i leith na mbunéileamh.

## 5. Costais a ghnóthaíodh thar ceann Údarás Stáit Tharmligthe

	2017 €000	2016 €000
Costais a ghnóthaíodh thar ceann Údarás Stáit Tharmligthe	<b>3,504</b>	<b>2,248</b>

I gcásanna áirithe, cibé acu trí bhreithiúnas na cúirte nó trí chomhaontú leis an tríú páirtí/leis an gcomhchosantóir, féadfaidh tríú páirtí/comhchosantóir ranníocaíocht chéatadánach shonraithe a íoc le GÉS i dtaca le héileamh áirithe. Is ionann na suimeanna sin agus costais a ghnóthaigh GÉS thar ceann na nÚdarás Stáit Tharmligthe, a ndéantar iad a aisíoc ina dhiaidh sin leis na hÚdarás iomchuí.

## 6. Dámhachtainí agus socraíochtaí éileamh

	2017 €000	2016 €000
Dámhachtainí agus socraíochtaí éileamh is infíochta	<b>218,111</b>	<b>184,360</b>

Aithnítear caiteachas ar dhámhachtainí nuair a fhaightear ceadú bailíochtaí nó socraíocht bhailíochtaí an chaiteachais sin.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 7. Speansais

	2017 €000	2016 €000
<i>Costais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát</i>		
Táillí dlí	25,996	24,365
Táillí leighis	4,710	4,026
Táillí innealtóirí	390	429
Táillí eile (lena n-áirítear táillí iniúchta agus achtúirí)	1,625	1,605
	<b>32,721</b>	<b>30,425</b>
<i>Costais ghearánaí</i>		
Táillí dlí <sup>1</sup>	65,871	41,184
Táillí saineolaithe eile	25	223
Costais taistil	25	17
	<b>65,921</b>	<b>41,424</b>
<i>Speansais finnétithe</i>	12	4
<b>Iomlán speansais eile</b>	<b>98,654</b>	<b>71,853</b>

<sup>1</sup> Tá costais dlí €16.1m san áireamh i gcostais dlí gearánaí €65.9m i dtaca le Binsí Fiosrúcháin (Mahon & Moriarty).

### 8. Luach Saothair agus Speansais (san áireamh i speansais riaracháin GBCN)

B'ionann na costais riaracháin a thabhaigh GBCN agus feidhmeanna GÉS á gcomhlíonadh aici agus €20.8m (2016: €19.4m). Tá na costais sin san áireamh i speansais riaracháin GBCN agus gearrtar ar an bPríomh-Chiste iad. Ní lorgaíonn GBCN aisíocaíocht na gcostas sin ó Údarás Stáit Tharmilgthe.

### 9. Infheistíochtaí/dlíteanais scéime

#### Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais

Bhunaigh an tAire Sláinte an Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais ("SSSC") in 2008. Faoin SSSC, d'aontaigh an tAire Ospidéal Bon Secours agus Ospidéal Shliabh Chairmeil a shlánú i leith éilimh chnáimhseachais shonracha. Ba faoi I.R. Uimh. 628/2007, an tOrdú um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Feidhmeanna a Tharmilgean) (Leasú) 2007, a tharmilig an Rialtas chuig GBCN an fhreagracht as bainistiú a dhéanamh ar éilimh faoi SSSC. Rinne na hospidéal ainmnithe rannpháirteacha ranníocaíochtaí le ciste atá faoi bhainistíocht GBCN thar ceann an Aire Sláinte faoi alt 29(2) den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

Thug an tAire Sláinte údarás do GÉS suimeanna a tharraingt anuas ón gciste chun aon suimeanna atá íoctha ag GÉS thar ceann na n-ospidéal rannpháirteach a aisíoc le GÉS faoi alt 16(2) den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

Déantar an ciste SSSC a infheistiú i Nótaí Stáitchiste thar ceann na Roinne Sláinte. Íoctar ioncam a shaothraítear ar infheistíochtaí na Scéime leis an gciste, agus ní aithnítear é mar ioncam de chuid GÉS.

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		5,119	5,469
Socraíochtaí agus speansais éileamh	4	(470)	(350)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig a bhí ar fáil le haghaidh socrú éileamh		<b>4,649</b>	<b>5,119</b>

## 10. Infháltais

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Infhaighte ó Údarás Stáit Tharmligthe	4	6,399	9,051
Infhaighte eile		27	20
		<b>6,426</b>	<b>9,071</b>

## 11. Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist

	2017 €000	2016 €000
Iasachtaí ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist	<b>1,500</b>	<b>3,500</b>

Faoi alt 16 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000, féadfaidh an tAire Airgeadais airgead ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist ("Ciste BTP") a thabhairt ar airleacan do GÉS chun íoc as suim aon chostas, aon mhúirear agus aon speansas a bhaineann le seirbhísí comhairleoirí gairmiúla agus le seirbhísí saineolaithe eile, chun íoc as suim aon dámhachtana nó aon socraíochta atá le híoc le héilitheoir i leith éileamh tarmligthe, agus chun íoc as aon suim úis, más ann di, atá iníochta air. Tarraingítear airgead ó Chiste BTP de réir mar is gá le linn na bliana chun freastal ar na costais thuasluaite a thabhaíonn GÉS thar ceann na nÚdarás Stáit Tarmligthe. Faigheann GÉS aisíocaíochtaí ó na hÚdarás Stáit Tharmligthe ina dhiaidh sin agus aisíocann sí suimeanna le Ciste BTP ar bhonn rialta le linn na bliana. Ní ghearrann BTP aon chostais mhaoinithe ar GÉS i leith na socruithe seo.

## 12. Dlíteanais eile

	2017 €000	2016 €000
Iníochta i leith costas	2,128	4,950
Iníochta i leith dámhachtainí	3,308	2,897
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla dlite	627	417
Suimeanna dlite le hÚdarás Stáit Tharmligthe	164	64
	<b>6,227</b>	<b>8,328</b>

## 13. Dlíteanais Mheasta na nÚdarás Stáit Tarmligthe

	2017 Number of claims	2016 Number of claims
Ag 1 Eanáir	8,898	8,275
Éileamh nua	3,259	2,889
Éileamh réitithe	(2,233)	(2,306)
Éileamh eile <sup>1</sup>	32	40
Ag 31 Nollaig <sup>2</sup>	<b>9,956</b>	<b>8,898</b>

<sup>1</sup> Éileamh eile lena n-áirítear éileamh a athosclaíodh sa tréimhse, éileamh a dúnadh sa tréimhse agus a hainmníodh le tréimhse roimhe.

<sup>2</sup> An uimhir éileamh gníomhach ag 31 Nollaig 2017 lena áirítear 12,197 (2016: €1,797) éileamh maisghníomhaíocht.

Amhail an 31 Nollaig 2016, ba é €2,662m (2016: €2,201m) dliteanas measta na nÚdarás Stáit Tarmligthe i leith éileamh a bhí á láimhseáil ag GÉS. Bhí €1,984m (2016: €1,671m) de sin inchurtha i leith éilimh chliniciúla agus bhí €678m (2016: €530m) de inchurtha i leith Éileamh maidir le Damáiste Ginearálta. Déantar an dliteanas measta a ríomh trí thagairt don chostas iomlán a bheadh le gach éileamh a réiteach, na costais intuartha ar fad san áireamh, amhail suimeanna socraíochta, costais dlí gearánaí agus costais chosanta. Níl éileamh tabhaithe ach nár tuairiscí san áireamh sa measanú dliteanais.

Tá dliteanas réamh-mheasta an GÉS i leith éilimh chliniciúla ghníomhacha ábhartha ar an 31 Nollaig 2017 bunaithe ar fhíor-ráta toraidh de 1% maidir le héilimh ar chostas an chúram sa todhcháig agus 1.5% maidir le héilimh ar chailteanas airgid sa todhcháig.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 14. Teagmhais tar éis na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas ba ghá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais deiridh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

### 15. Páirtithe Gaolmhara

Ceapann an tAire Airgeadais comhaltaí na Gníomhaireachta de réir alt 3A den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, arna leasú.

### 16. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais an 29 Bealtaine 2018.

## RÁITIS AIRGEADAIS DE CHUID

# Ciste na gCuntas Díomhaoin

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta	130
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	131
Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta	133
Cuntas Cúlchiste	134
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	135
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	136

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

Ceanglaítear leis an Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú ag an Acht um Polasaithe Árachais Saoil Neamhéilithe, 2003, ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoine [Leasú] 2005 agus ag an Acht um Chuntais Dhíomhaoine [Leasú] 2012) ar Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Gníomhaireacht") ráitis airgeadais a ullmhú i leith oibríochtaí Chiste na gCuntas Díomhaoin i ngach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú, déanann an Gníomhaireacht:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus críonna;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin bhainteacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Gníomhaireacht freagrach as coimeád, maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoin, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, na gcuntas go léir is cuí ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh siad, agus, as cothú taifid chuntasaíochta iomchuí a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsaí airgeadais an Chiste.

Tá an Gníomhaireacht freagrach freisin as sócmhainní faoina smacht a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



**Conor O'Kelly, Chief Executive**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Chairperson**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Ciste na gCuntas Díomhaoin

#### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin (an Ciste) ullmhaithe ag an Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 46 an Achta um Chuntais Díomhaoin. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais an cuntas infheistíochta agus eisíocaíochta, an cuntas cúlchiste, an ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart

- ar iarmhéid an Chiste ag 31 Nollaig 2017, agus
- ar idirbhearta 2017.

#### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Ghníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

#### Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Ghníomhaireacht leis na ráitis airgeadais i dtaca le oibríocht an Chiste. Cuimsíonn sé tuarascáil bhliantúil an Ghníomhaireacht lena n-áirítear an ráiteas (maidir le rialachas, tuarascáil na stiúrthóirí) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Bealtaine 2018

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagtar amach freagrachtaí na stiúrthóirí sa ráiteas maidir le freagrachtaí

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 46 an Achta um Chuntais Díomhaoine 2001
- cinntiú go dtugtar léargas ceart ar chúrsaí an Chiste ag deireadh na bliana agus idirbhearta na bliana
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasaoíochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt faoi alt 46 an Achta um Chuntais Díomhaoine 2001 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an chiste agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaos nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaoíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaoíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasaoíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an Chiste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Chiste scor de bheith ina ghnóthas leantach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

### Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmí. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasaoíochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasaoíochta.



## Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Airgead a aistríodh chuig an gCiste i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éillíodh	3	53,020	54,590
Suimeanna a aistríodh chuig an gCuntas Cúlchiste	4	(29,075)	(31,877)
Eisíocaíochtaí	5	(15,653)	(12,041)
Costas úis	6	(123)	(12)
Gluaiseacht don bhliain		8,169	10,660
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		182,493	171,833
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>		<b>190,662</b>	<b>182,493</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018

## Cuntas Cúlchiste

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
Aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste	3	(24,371)	(25,075)
Ús ar aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste	3	(235)	(147)
Aistriú ón gCuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta	4	29,075	31,877
Costas Úis	6	(73)	(44)
Costais Oibriúcháin	7	(427)	(200)
Gluaiseacht don bhliain		3,969	6,411
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		76,491	70,080
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig</b>		<b>80,460</b>	<b>76,491</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018



**Willie Walsh, Cathaoirleach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

## Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2017

	Nóta	2017 €000	2016 €000
<b>Sócmhainní</b>			
Airgead agus Sócmhainní Airgeadais	8	271,639	259,108
<b>Dliteanais</b>			
Dliteanais eile	9	(517)	(124)
<b>Glan-Sócmhainní</b>		<b>271,122</b>	<b>258,984</b>
<b>Ionadaithe ag:</b>			
An Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta		190,662	182,493
Cuntas Cúlchiste		80,460	76,491
		<b>271,122</b>	<b>258,984</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Cúlra

Foráiltear leis an Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú), do scéim chun cistí díomhaoine i mbainc, i gcumainn tógála, sa Phost agus airgead iníoctha faoi pholasaithe árachais neamhéilithe, a aistriú faoi chúram an Stáit, agus ceart athéilimh na gcistí sin a ráthú san am céanna. Foráiltear leis freisin go dtabharfar isteach scéim, chun críocha carthanachta nó chun tairbhe don tsochaí nó don phobal, trína n-íocfar amach cistí nach dóigh go n-athéileofar iad.

Is éard atá i gCiste na gCuntas Díomhaoin Cuntas Cúlchiste óna n-íocfar athéilimh agus speansais éagsúla agus Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta óna ndéantar infheistíochtaí agus eisíocaíochtaí.

Tá an Ghníomhaireacht freagrach, faoi alt 17 agus faoi alt 18 d'Acht 2001, as Ciste na gCuntas Díomhaoin a bhunú, a bhainistiú agus a rialú agus tá na cumhachtaí riachtanacha ar fad aici chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích (lena n-áirítear an chumhacht chun táillí a ghearradh, atá iníoctha ón gCiste, i ndáil leis an gCiste a bhainistiú agus a rialú). Áirítear leis na feidhmeanna sin:

- eisíocaíochtaí a dhéanamh de réir threoracha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- cothabháil an Chuntais Cúlchiste
- táillí, costais agus speansais shonraithe a thabhaítear a ghlanadh
- luach saothair, táillí agus speansais na gcigirí údaraithe a ghlanadh
- aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste
- plean bliantúil infheistíochta a ullmhú, agus aird ar an bplean eisíocaíochta agus ar aon treoir ón Aire Forbatha Tuaithe agus Pobail<sup>1</sup>
- infheistíocht aon airgead chun creidmheasa an Chiste nach dteastaíonn, de thuras na huaire, chun dliteanais an Chiste a íoc
- taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil den airgead ar fad a fhaigheann agus a chaitheann an Ghníomhaireacht
- cuntais bhliantúla a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus cóip de na cuntais arna n-íniúchadh a chur i láthair an Aire Airgeadais agus an Aire Forbatha Tuaithe agus Pobail<sup>1</sup>.

De réir an Achta um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2012, is é an tAire Forbatha Tuaithe agus Pobail<sup>1</sup> atá freagrach as riar a dhéanamh ar an bpróiseas trína gceadaíonn an Rialtas na tionscadail agus na cláir lenar féidir cistí ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a íoc amach. De réir an Achta sin, cheadaigh an Rialtas Scéim Eisíocaíochta nua i mí na Iúil 2017 agus foilsíodh Plean Gníomhaíochta um Chuntais Dhíomhaoine do 2017. Leagtar amach sa phlean sin na tionscadail agus na cláir ar ar féidir cistí ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a leithdháileadh.

### 2. Bonn ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017. Réitítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrúithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Tá sé de cheangal ar GBCN faoi alt 46(1) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, gach taifead cuntasaíochta iomchuí de shuímeanna a fuair nó a chaith an Ghníomhaireacht maidir leis an gCiste a choinneáil. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir alt 46(1) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001 agus iad i bhfoirm atá sonraithe ag an Aire Airgeadais.

Is é an Euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €, arb é chomh maith airgeadra feidhmeach na Gníomhaireachta é. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an míle is cóngaraí ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. Cuireann '000' míle in iúl agus 'm' milliúin.

<sup>1</sup> Ar an 3 Deireadh Fómhair 2017 rinneadh cumhachtaí a thabhairt, le hIonstraim Reachtúil 432, a bhí á bhfeidhmiú roimhe ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachtaí dtaca le Ciste na gCuntas Díomhaoin, don Roinn Forbatha Tuaithe agus Pobail.

### 3. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoiné agus polasaithe árachais nár éilíodh

#### Institiúidí Airgeadais – Cuntais Dhíomhaoiné

Institiúid	Iarmhéid Tosaigh 01/01/2017 €	Aistrithe €	Gnóthaithe €	Iarmhéid Tosaigh 31/12/2017 €	Ús íoctha €
ACC Loan Management DAC	6,032,054	-	(588,315)	5,443,739	(13,744)
Bainc Aontas Éireann plc	83,137,727	5,887,743	(2,240,947)	86,784,523	(24,177)
Bank of America Merrill Lynch Intl Ltd	154,778	-	-	154,778	-
Banc na hÉireann	84,423,125	8,527,474	(3,118,815)	89,831,784	(27,384)
Barclays Bank Ireland plc	344,025	-	-	344,025	-
BNP Paribas SA	86,171	-	-	86,171	-
Citibank Europe plc	28,700	-	-	28,700	-
Danske Bank Plc	6,419,678	963,662	(213,677)	7,169,663	(113)
EAA Covered Bond Bank	122,119	-	-	122,119	-
EBS DAC	24,823,080	5,443,876	(2,493,632)	27,773,324	(109,575)
Investec Bank plc	1,693,712	9,103	-	1,702,815	-
An Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teo. (faoi leachtú speisialta)	617,375	-	-	617,375	-
JP Morgan Bank (Ireland) plc	48,897	-	-	48,897	-
KBC Bank Ireland plc	786,155	-	-	786,155	-
Lloyds Bank	567,088	-	(113,605)	453,483	-
Permanent tsb plc	49,048,928	6,416,356	(1,974,501)	53,490,783	(4,617)
Pfizer International Bank	30,310	508	-	30,818	-
An Post - Táirgí Coigiltis Stáit	86,501,882	3,876,892	(4,124,497)	86,254,277	(15,698)
An Post - Banc Taisce an Phoist	42,685,724	3,278,146	(567,845)	45,396,025	(37,157)
RBS NV (ABN AMRO roimhe seo)	35,455	-	-	35,455	-
The Royal Bank of Scotland plc	420,038	-	-	420,038	-
Scotiabank (Ireland) DAC	92,953	-	-	92,953	-
Ulster Bank Ireland DAC	31,262,237	3,038,273	(478,835)	33,821,675	(382)
<b>IOMLÁN</b>	<b>419,362,211</b>	<b>37,442,033</b>	<b>(15,914,669)</b>	<b>440,889,575</b>	<b>(232,847)</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 3. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoiné agus polasaithe árachais nár éilíodh (ar lean)

## Cuideachtaí Árachais – Polasaithe Árachais nár Éilíodh

Instiúid	Iarmhéid Tosaigh 01/01/2017 €	Aistrithe €	Gnóthaithe €	Iarmhéid Tosaigh 31/12/2017 €	Ús íoctha €
<b>Cuntais Téarma Shonraigh:</b>					
Ark Life Assurance Co. DAC	913,369	116,145	-	1,029,514	-
Aviva Life & Pensions UK Ltd	3,755,591	85,720	(60,644)	3,780,667	-
Equitable Life Assurance Society	53,078	-	-	53,078	-
Friends First Life Assurance Co. DAC	2,570,273	398,487	(82,824)	2,885,936	-
Irish Life Assurance plc	9,883,888	991,060	(228,573)	10,646,375	-
New Ireland Assurance Co. DAC	756,933	62,188	(74,229)	744,892	-
Phoenix Life Ltd <sup>2</sup>	6,060,378	781,238	(60,939)	6,780,677	-
The Royal London Mutual Insurance Society Ltd	9,396,505	682,379	(623,972)	9,454,912	-
St. James Place International plc	10,649	-	-	10,649	-
Scottish Friendly	602,366	-	-	602,366	-
Standard Life International DAC	1,773,304	191,903	(21,599)	1,943,608	-
Sun Life Assurance Society plc	347,039	-	-	347,039	-
Zurich Life Assurance plc	2,438,813	787,984	(213,416)	3,013,381	-
<b>Cuntais gan Téarma Sonrach:</b>					
Acorn Life DAC	149,434	36,637	(39,452)	146,619	-
Ark Life Assurance Co. DAC	1,345,090	955,716	(437,004)	1,863,802	-
Augura Life Ireland DAC	143,640	4,648	(154)	148,134	-
Aviva Life & Pensions UK Ltd	3,891,761	326,288	(339,010)	3,879,039	-
Equitable Life Assurance Society	21,485	1,883	(1,269)	22,099	-
Friends First Life Assurance Co. DAC	1,573,178	118,117	(121,420)	1,569,875	-
Irish Life Assurance plc	9,453,611	748,676	(605,540)	9,596,747	-
New Ireland Assurance Co. DAC	13,262,223	521,048	(777,205)	13,006,066	-
Phoenix Life Ltd <sup>2</sup>	465,607	-	-	465,607	-
The Royal London Mutual Insurance Society Ltd	11,504,315	1,307,716	(432,143)	12,379,888	-
St. James Place International plc	7,290	-	-	7,290	-
Scottish Friendly	538,684	-	-	538,684	-
Standard Life International DAC	1,558,819	6,850,704	(3,792,043)	4,617,480	-
Sun Life Assurance Society plc	59,597	-	-	59,597	-
Zurich Life Assurance plc	3,219,687	509,967	(90,458)	3,639,196	-
<b>IOMLÁN NA bPOLASAITHE NÁR ÉILÍODH</b>	<b>85,756,607</b>	<b>15,478,504</b>	<b>(8,001,894)</b>	<b>93,233,217</b>	<b>-</b>
The Escheated Estate Fund	4,400,000	-	-	4,400,000	-
Suimeanna Fabhráithe a Athéilíodh	(99,605)	99,605	(454,590)	(454,590)	(2,593)
<b>AN tIOMLÁN</b>	<b>509,419,213</b>	<b>53,020,142</b>	<b>(24,371,153)</b>	<b>538,068,202</b>	<b>(235,440)</b>

<sup>2</sup> Athraíodh iarmhéideanna oscailte le hath-leithroinnt idir cuntais téarma shonraigh agus cuntais gan téarma sonrach a léiriú, ar threoir ón Instiúid. Níl aon athrú ar chomlán na n-iarmhéideanna oscailte.

### 3. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh (ar lean)

Tá suimeanna in airgeadra eile seachas an euro i gceist leis na suimeanna a aistríodh chuig an gCiste. Dá ndéanfaí athluacháil ar na cuntais sin de réir rátaí malairte ag deireadh na bliana, mhéadófaí an tsuim iomlán a aistríodh chuig an gCiste agus nár athéilíodh fós de €1,313,103 agus í ag méadú ó €538,068,202 go €536,755,099.

### 4. Aistrithe chuig an gCuntas Cúlchiste

Faoi alt 17 (4) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, íocann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suim leis an gCuntas Cúlchiste, ó am go ham - suim a shocraíonn an Gníomhaireacht í - le ceadú ón Aire Forbatha Tuaithe agus Pobail agus le toiliú ón Aire Airgeadais, chun aisíocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste agus chun táillí agus speansais éagsúla a ghlanadh. Déanann an Gníomhaireacht aistriú go tréimhsiúil chun iarmhéid sa Chuntas Cúlchiste a choinneáil ag 15 faoin gcéad, mar atá ceadaithe faoi láthair, de na cistí iomlána díomhaoine a fuair Ciste na gCuntas Díomhaoine agus nár athéilíodh go fóill. Féadfaidh an t-iarmhéid sa chuntas Cúlchiste imeacht ó 15 faoin gcéad san idirthréimhse idir na dátaí athchothromaithe tréimhsiúla.

### 5. Eisíocaíochtaí

Rinneadh na heisíocaíochtaí seo a leanas ón gCiste le linn na bliana:

	2017 €000	2016 €000
<b>Ar Threoir an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:</b>		
An Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spoirt	4,551	4,493
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	4,268	2,983
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	3,752	-
An Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige	1,083	1,560
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	765	1,275
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí	527	-
An Roinn Oideachais agus Scileanna	507	549
Seirbhís Phríosúin na hÉireann (arna riar ag Pobal)	200	188
An Roinn Forbatha Tuaithe agus Pobail	-	993
	<b>15,653</b>	<b>12,041</b>

### 6. Costas úis

	Cuntas Infheistíochta Cúlchiste €000	Cuntas Cúlchiste €000	2017 €000	2016 €000
Taiscí Tráchtála	7	7	14	89
Páipéar Tráchtála	2	-	2	-
Airgead tirim sa Bhanc Ceannais	(132)	(80)	(212)	(145)
	<b>(123)</b>	<b>(73)</b>	<b>(196)</b>	<b>(56)</b>

Léiríonn an toradh diúltach ar thaiscí sa Bhanc Ceannais le na rátaí diúltacha úis atá i réim a ghearrtar ar iarmhéideanna airgid atá á gcoimeád i dtaisce.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 7. Costais Oibriúcháin

	2017 €000	2016 €000
Táillí soláthraí seirbhíse (Pobal)	426	200
Táillí Bainc	1	-
	<b>427</b>	<b>200</b>

Faigheann Pobal táille bhliantúil seirbhíse as riar a dhéanamh ar thionscadail áirithe atá ag fáil eisíocaíochtaí ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Is í an Roinn Forbatha Tuaithe agus Pobail a íocann an táille agus aisíoctar í ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

#### Costais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi alt 45 (1)(c) den Acht um Chuntais Dhíomhaoin, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht faisnéis shonraithe áirithe a thuairisciú, lena n-áirítear cuntas ar leith ar na speansais agus ar na táillí riaracháin a thabhaíonn an Gníomhaireacht agus an Ciste á fheidhmiú aici. Sonraítear iad sin thíos:

	2017 €000	2016 €000
Riarachán Ginearálta <sup>3</sup>	150	150

### 8. Airgead agus Sócmhainní Airgeadais

	2017 €000	2016 €000
Airgead ag an mBanc Ceannais	81,642	27,108
Taiscí Téarma Tráchtála	140,000	232,000
Páipéar Tráchtála	49,997	-
	<b>271,639</b>	<b>259,108</b>

### 9. Dlíteanas Eile

	2017 €000	2016 €000
Ús iníoctha ar Airgead i dTaisce	(60)	(24)
Aiséileamh fabhraithe	(457)	(100)
	<b>(517)</b>	<b>(124)</b>

<sup>3</sup> Is meastachán é seo, curtha san áireamh leis na Nótaí leis na cuntais amháin, mar nár ghearr an Gníomhaireacht na caiteachais seo ar Chiste na gCuntas Díomhaoin.



## 10. Dlíteanas Teagmhasach an Stáitchiste

**10.1** Mar thoradh ar eisíocaíochtaí carntha a rinneadh go dtí seo, tá glansócmhainní an Chiste níos lú ná na cistí díomhaoine a aistríodh agus nár athéilíodh go fóill. Léiríonn an difríocht sin dlíteanas teagmhasach an Stáitchiste a mbeadh ar an bPríomh-Chiste é a íoc sa chás go ndéanfaí an t-airgead ar fad a aistríodh chuig Ciste na gCuntas Díomhaoine a athéileamh.

Amhail an 31 Nollaig 2017, meastar gurb é €267m (2016: €250m). dlíteanas teagmhasach an stáitchiste don Stáitchiste. Déantar dlíteanas teagmhasach an stáitchiste a mheas bunaithe ar an airgead glan a aistríodh isteach sa chiste nach bhfuil athéilíthe fós. Níl aon soláthar ná aon mheastachán déanta i dtaca le hús a bhféadfadh sé é a bheith iníoctha ar athéilimh sa todhchaí don tréimhse ó dháta an aistrithe go dtí dáta an athéilimh. Tá anailís bhreise ar dhlíteanas teagmhasach an stáitchiste leagtha amach in nóta 10.2.

Faoi alt 17(7) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú) aon uair nach leor an t-airgead sa Chuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí chun an t-easnamh sa Chuntas Cúlchiste a íoc, is féidir íocaíocht a dhéanamh ón bPríomh-Chiste leis an gCuntas Cúlchiste de shuim nach sáraíonn an t-easnamh. Dá dtarlódh sé seo, d'aisíocfaí an t-airgead leis an bPríomh-Chiste, a luaite ab fhéidir go praiticiúil, ó airgead barrachais atá sa Chiste i ndiaidh soláthar a dhéanamh d'aon dlíteanais nó d'aon dlíteanais theagmhasacha a bhaineann leis an gCiste.

### 10.2 Anailís ar Dhlíteanas Teagmhasach an Stáitchiste:

	1 Eanáir 2017 €000	Gluaiseacht le linn na bliana €000	31 Nollaig 2017 €000
Glansócmhainní an Chiste	258,984	12,138	271,122
Cistí Díomhaoine a Aistríodh agus nár Athéilíodh	(509,419)	(28,649)	(538,068)
Dlíteanas teagmhasach	<b>(250,435)</b>	<b>(16,511)</b>	<b>(266,946)</b>

### 10.3 Léirítear an ghluaiseacht i nDlíteanas Teagmhasach an Stáitchiste iontu seo a leanas:

	2017 €000	
Ioncam Úis	(196)	Nóta 6
Ús ar aisíocaíochtaí airgid a aistríodh chuig an gCiste	(235)	Nóta 3
Eisíocaíochtaí	(15,653)	Nóta 5
Costais oibriúcháin	(427)	Nóta 7
Gluaiseacht don bhliain	<b>(16,511)</b>	Nóta 10.2

## 11. Toradh Infheistíochta

Faoi alt 45 (1)(b) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht toradh infheistíochta an Chiste a thuairisciú don Aire Forbatha Tuaithe agus Pobail. Ba é an toradh bliantúlaithe ar an gCiste don bhliain ná -0.07% faoin gcéad (2016: 0.02%).

## 12. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas ba ghá a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais deiridh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

## 13. Formheas na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Gníomhaireacht na ráitis airgeadais a fhorghéara an 29 Bealtaine 2018.



## RÁITIS AIRGEADAIS DE CHUID

# Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

Ciste agus Faisnéis Eile	144
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	145
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	147
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	148
Ráiteas maidir le hAthruithe ar Ghlansócmhainní	149
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	150
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	151

## Ciste agus Faisnéis eile

### Rialtóir agus Bainisteoir

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
Treasury Building  
Sráid na Canálach Móire  
Baile Átha Cliath 2  
D02 XN96

### Caomhnóir Domhanda

The Bank of New York Mellon ("BNYM")  
One Canada Square  
Londain  
E14 5AL  
An Ríocht Aontaithe

### Baincéirí

Banc Ceannais na hÉireann  
Sráid Wapping Nua  
Cé an Phoirt Thuaidh  
Baile Átha Cliath 1  
D02 P656

Bainc Aontas Éireann cpt  
1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2  
D01 F7X3

### Iníúcháir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste  
3A Sráid an Mhéara Uachtarach  
Baile Átha Cliath 1  
D01 WP44



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

#### Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (an Ciste) ullmhaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) iniúchta agam don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 12 an Achta um ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú). Cuimsítear leis na ráitis airgeadais

- an ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais
- an ráiteas ar ioncaim chuimsithigh
- an ráiteas maidir le hAthruite ar Ghlan sócmhainní
- an ráiteas ar shreabhadh airgid
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe shuntasacha cuntasáíochta.

Is é mo thuairim go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais an Chiste amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus a chaiteachas 2017 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann*.

#### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo in aguisín an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón Gníomhaireacht agus tá mo chuid freagrachtaí eitiiciúla comhlíonta agam i gcomhréir leis caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

#### Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá eolas eile faoi leith curtha i láthair ag an Gníomhaireacht leis na ráitis airgeadais i dtaca le oibríocht an Chiste. Cuimsíonn sé an tuarascáil bhliantúil an Gníomhaireachta (lena n-áirítear an ráiteas maidir le rialachas, tuarascáil baill an Gníomhaireachta) agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

31 Bealtaine 2018

### Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

#### Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta

Leagann an ráiteas ralachas agus tuairisc na mbaill amach freagrachtaí na mbaill

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 12 an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú)
- cinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasáiochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 12 an Achta an Achta um Ghníomhaireacht Bainistíocht an Chisteáin Náisiúnta 1990 (mar atá arna leasú) iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí. Féadfaidh míráitis eascairt as calaos nó botún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as botún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nochta gaolmhar.
- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasáiochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas an chomhlachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochthead bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochthead sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis leis an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochthead, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

#### Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamh-chomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbheithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmí. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má, i mo thuairim,

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe fo léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- mura raibh na taifead cuntasáiochta dóthanach le iniúchadh na ráitis airgeadais a cheadú go fonmhar agus i gceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasáiochta.

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2017

	Nóta	Punann Lánroghnach		Punann Faoi Threoir		Iomlán	
		2017 €m	2016 €m	2017 €m	2016 €m	2017 €m	2016 €m
<b>Sócmhainní</b>							
Infheistíochtaí	7, 8	7,512	7,169	11,537	12,651	19,049	19,820
lasachtaí agus infháltais	7, 8	726	461	-	25	726	486
Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile	9	31	61	-	-	31	61
Iarmhéid dlite ó bhróicéirí	7	0	39	-	-	0	39
Airgead agus coibhéisí airgid	12	450	427	215	215	665	642
<b>Iomlán na Sócmhainní</b>		<b>8,719</b>	<b>8,157</b>	<b>11,752</b>	<b>12,891</b>	<b>20,471</b>	<b>21,048</b>
<b>Dliteanais</b>							
Díorthaigh	7	(3)	(48)	-	-	(3)	(48)
Dliteanais eile	10	(30)	(18)	(0)	(0)	(30)	(18)
<b>Iomlán na nDliteanas</b>		<b>(33)</b>	<b>(66)</b>	<b>(0)</b>	<b>(0)</b>	<b>(33)</b>	<b>(66)</b>
<b>Glansócmhainní an Chiste ag deireadh na bliana</b>		<b>8,686</b>	<b>8,091</b>	<b>11,752</b>	<b>12,891</b>	<b>20,438</b>	<b>20,982</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lánrach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018

## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017


	Nóta	Punann Lánroghnach		Punann Faoi Threoir		Iomlán	
		2017 €m	2016 €m	2017 €m	2016 €m	2017 €m	2016 €m
<b>Ioncam</b>							
Ioncam úis	4	89	61	0	0	89	61
Ioncam díbhinne	4	7	16	250	-	257	16
Gnáthscair phríobháideach, réadmhaoin agus ioncam eile	4	19	13	-	-	19	13
Glanghnóthachan/(glanchaillteanais) ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas	8	264	160	2,320	(1,110)	2,584	(950)
<b>Glanioncam infheistíochta</b>		<b>379</b>	<b>250</b>	<b>2,570</b>	<b>(1,110)</b>	<b>2,949</b>	<b>(860)</b>
<b>Speansais</b>							
Costais oibriúcháin	5	(32)	(26)	(0)	(0)	(32)	(26)
<b>Brabús/(cailteanas) don tréimhse airgeadais roimh cháin</b>		<b>347</b>	<b>224</b>	<b>2,570</b>	<b>(1,110)</b>	<b>2,917</b>	<b>(886)</b>
Cánachas	6	(2)	10	-	-	(2)	10
<b>Brabús/(cailteanas don tréimhse airgeadais</b>		<b>345</b>	<b>234</b>	<b>2,570</b>	<b>(1,110)</b>	<b>2,915</b>	<b>(876)</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018



## Ráiteas maidir le hAthruithe ar Ghlansócmhainní

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

	Nóta	Punann Lánroghnach		Punann Faoi Threoir		Iomlán	
		2017 €m	2016 €m	2017 €m	2016 €m	2017 €m	2016 €m
Brabús/(caillteanas) don tréimhse airgeadais		345	234	2,570	(1,110)	2,915	(876)
Aistrithe chuig an Státchiste	11	-	-	(3,459)	-	(3,459)	-
Sócmhainní aistrithe idir punanna		250	0	(250)	-	-	0
<b>Méadú/(laghdú) ar ghlansócmhainní</b>		<b>595</b>	<b>234</b>	<b>(1,139)</b>	<b>(1,110)</b>	<b>(544)</b>	<b>(876)</b>
Glansócmhainní ag tús na tréimhse		8,091	7,857	12,891	14,001	20,982	21,858
<b>Glansócmhainní ag deireadh na tréimhse</b>		<b>8,686</b>	<b>8,091</b>	<b>11,752</b>	<b>12,891</b>	<b>20,438</b>	<b>20,982</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

29 Bealtaine 2018

## Ráiteas ar Sreafaí Airgid

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

Nóta	Punann Lánroghnach		Punann Faoi Threoir		Iomlán	
	2017 €m	2016 €m	2017 €m	2016 €m	2017 €m	2016 €m
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>						
Ús a fuarthas	90	60	-	-	90	60
Athéilimh chánach a fuarthas	6, 9	0	13	-	0	13
Díbhinní a fuarthas	4, 9	9	19	250	259	19
Ioncam eile a fuarthas	17	10	-	-	17	10
Fáltais ó dhíol infheistíochtaí	3,934	10,380	3,434	-	7,368	10,380
Ceannach infheistíochtaí	(4,442)	(11,676)	-	(25)	(4,442)	(11,701)
Comhthaobhacht airgid a fuarthas	7	192	386	-	192	386
Comhthaobhacht airgid íoctha	7	(153)	(440)	-	(153)	(440)
Costais oibriúcháin íoctha	5, 10	(32)	(22)	-	(32)	(22)
<b>Glanairgead ó ghníomhaíochtaí oibríochta</b>	<b>(385)</b>	<b>(1,270)</b>	<b>3,684</b>	<b>(25)</b>	<b>3,299</b>	<b>(1,295)</b>
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin</b>						
Aistriú idir punanna	250	-	(250)	-	-	-
Aistrithe chuig an Stáitchiste	-	-	(3,434)	-	(3,434)	-
Aistriú ón CNP	1	-	-	-	1	-
<b>Glanairgead ó ghníomhaíochtaí maoinithe</b>	<b>251</b>	<b>-</b>	<b>(3,684)</b>	<b>-</b>	<b>(3,433)</b>	<b>-</b>
Glanlaghdú in airgead agus coibhéisí airgid	(134)	(1,270)	-	(25)	(134)	(1,295)
Airgead tosaigh agus coibhéisí airgid	427	1,731	215	240	642	1,971
Tionchar luaineachtaí ráta malairte ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	157	(34)	-	-	157	(34)
<b>Airgead agus coibhéisí airgid deiridh</b>	<b>450</b>	<b>427</b>	<b>215</b>	<b>215</b>	<b>665</b>	<b>642</b>

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cúlra

Cuireadh Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn ("an Ciste") ar bun an 22 Nollaig 2014 le tosach feidhme Chuid 6 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 2014 ("Acht GBCN 2014"). Is í Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an "Ghníomhaireacht" nó an "Bainisteoir") rialtóir agus bainisteoir an Chiste. Cuireann Alt 39(1) d'Acht GBCN 2014 d'iallach ar an nGníomhaireacht sócmhainní an Chiste (seachas infheistíochtaí faoi threoir) a choinneáil nó a infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach ar aidhm dó tacú le gníomhaíocht eacnamaíochta agus fostaíochta sa Stát.

Ina theannta sin, féadfaidh an tAire treoir a thabhairt maidir le hinfeistíochtaí áirithe de réir ailt 42, 43 agus 47(4) d'Acht GBCN 2014. Sna ráitis airgeadais seo, is mar "Infheistíochtaí faoi Threoir" a thagraítear d'infheistíochtaí a choinnítear de thoradh treoracha ón Aire. Ní mór coinneáil agus bainistiú na nInfheistíochtaí Ordaithe, cleachtadh cearta vótála agus cearta eile a bhaineann leis na hInfheistíochtaí Ordaithe ag an nGníomhaireacht agus diúscairt na nInfheistíochtaí Ordaithe ag an nGníomhaireacht a dhéanamh de réir na dtreoracha arna leagan amach ag an Aire Airgeadais. Déanann an Ghníomhaireacht aon ús nó ioncam eile arna fháil i dtaca le taisc agus/nó urrúis arna gcoinneáil sa Phunann Ordaithe a choinneáil nó a infheistiú i gcomhréir leis an Ordachán ón Aire.

Dílsítear úinéireacht an Chiste don Aire Airgeadais agus ní thrádáiltear é i margadh poiblí agus ní chomhdaítear a ráitis airgeadais le coimisiún urrús ná le heagras rialála ar bith eile d'fhonn aon chineál ionstraime a eisiúint i margadh poiblí.

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in euro atá mar airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe an Chiste.

## 2. Bonn ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017. Is bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 an tréimhse chomparáideach. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an milliún nó an míle is cóngaraí ach amháin má tá a mhalairt sonraithe. In áiteanna a bhfuil siad in úsáid, seasann '€'000' nó 'k' do 'míle', seasann 'm' do 'milliún' agus seasann 'bn' do 'billiún'.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú), agus iad i bhformáid atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais.

Ar thosach feidhme Chuid 6 d'Acht GBCN 2014, d'éirigh sócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ("CNP") ina sócmhainní agus ina ndlíteanais de chuid an Chiste (faoi réir fhorálacha Sceideal 4 d'Acht GBCN 2014 i gcás sócmhainní agus dliteanais eachtracha áirithe). Ní mór aistriú dlíthiúil na sócmhainní seachtracha a dhéanamh i gcomhar leis an gcontrapháirtí iomchuí. Tá an próiseas beagnach críochnaithe, agus tá roinnt bheag sócmhainní eachtracha nach bhfuil aistrithe ó CNP go Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn amháil an 31 Nollaig 2017. Rinne Coimisiún CNP na sócmhainní sin (atá i seilbh Choimisiúin CNP tríd an nGníomhaireacht) a dhí-aithint roimhe seo agus aithnítear agus cuirtear i láthair iad laistigh de ráitis airgeadais an Chiste don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 ar aon dul le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais ("CTA").

Beag beann ar an sealúchas suntasach atá ag an gCiste i ngnáthscaireanna Bhainc-Aontas Éireann ("BAE") mar chuid dá hInfheistíochtaí faoi Threoir, níl an Ghníomhaireacht (mar Bhainisteoir agus mar Rialtóir ar an gCiste) in ann rialú, tionchar ceannasach ná tionchar suntasach a fheidhmiú ar BAE óir tá an rialú vótála i leith na scaireanna forchoimeáda ag an Aire ionas gurb é/í féin amháin a thabharfaidh treoir. Mar sin, ní dhéanann an Ghníomhaireacht torthaí agus staid airgeadais BAE a chomhdhlúthú i ráitis airgeadais an Chiste.

### Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir reachtaíocht CTA 102 *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann faoi mar ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais sa RA le húsáid in Éireann.*

## 3. Beartais shuntasacha chuntasáochta

### 3.1 Gnás tomhais

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn costas stairiúil mionraithe ag cuimsiú díorthaigh luach coir, infheistíocht agus ionstraimí airgeadais eile ainmnithe ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas ar chéad aitheantas.

### 3.2 Gnóthas leantach

Tá staid airgeadais an Chiste, a shreafaí airgid thirim agus a staid leachtachta mionsonraithe san ráitis airgeadais. Lena chois sin, leagtar amach i nótaí na ráiteas airgeadais cuspóir bhainistíocht riosca airgeadais an Chiste, mionsonraí a shócmhainní agus a dhliteanais airgeadais agus a neamhchosaint ar riosca margaidh, creidmheasa agus leachtachta.

Féadann comhaltáí na Ghníomhaireachta, ar bhonn réasúnach, bheith ag dúil go mbeadh acmhainní leorga ag an gCiste chun leanúint de bheith ag feidhmiú go ceann tamall de bhlianta. Mar sin, tá an Ciste ag leanúint de ghlacadh le bonn cuntasáochta gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 3. Beartais shuntasacha chuntasaíochta (ar lean)

#### 3.3 Meastacháin agus breithiúnais chuntasaíochta criticiúla

Is gá, nuair a bhíonn ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir CTA 102, feidhm a bhaint as meastacháin agus breithiúnais áirithe chuntasaíochta a dhéanann lucht bainistíochta nuair a bhíonn polasaithe cuntasíochta an Chiste á gcur i bhfeidhm agus a mbíonn tionchar suntasach acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Tá na meastacháin agus na breithiúnais bhainteacha sin bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar roinnt tosca éagsúla eile a mheastar a bheith réasúnta sna himthosca. Is iad na torthaí a eascraíonn astu an bonn chun na breithiúnais a dhéanamh maidir le luachanna sócmhainní agus dliteanas a iompar nach bhfuil iomlán soiléir ó fhoinsí eile. D'fhéadfadh difear a bheith idir torthaí iarbhír agus na meastacháin seo.

##### Príomh fhoinsí éiginnteacht meastacháin

Maidir leis na meastacháin agus toimhdí a bhfuil riosca suntasach ag baint leo go ndéanfaí coigeartú ábhartha dá mbarr ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas, lena áirítear tomhas cóirluacha sócmhainní airgeadais a bhfuil ionchuir shuntasacha dobhreathnaithe acu.

##### Breithiúnais cuntasíochta criticiúla i gcur i bhfeidhm polasaithe cuntasíochta

Ní raibh sé riachtanach ag an gCiste aon bhreithiúnais cuntasíochta criticiúla a dhéanamh i gcur i bhfeidhm a pholasaithe cuntasíochta.

#### 3.4 Aistriú airgeadra eachtraigh agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta airgeadra eachtraigh go dtí an t-airgeadra feidhmiúil trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte atá i réim ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadra eachtraigh go dtí an t-airgeadra feidhmiúil trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte atá i réim ag dátaí na n-idirbheart.

Cuimsítear gnóthachain agus caillteanais mhalairste eachtraí a thagann de bharr aistriú airgead tirim agus le coibhéisí airgid thirim sa gnóthachan nó caillteanais sa ráiteas ioncaim chuimsithigh.

Cuimsítear gnóthachain agus caillteanais mhalairste eachtraí atá bainteach le sócmhainní agus dliteanais airgeadais iompraithe ag luach cóir tríd brábús agus caillteanais sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh.

#### 3.5 Ús

Aithnítear ioncam agus speansais úis trí úsáid mhodh an ghlanráta úis. Is é an glanráta úis an ráta a lascainíonn go díreach íocaíochtaí measta airgid nó fáltais mheasta airgid amach anseo, gan caillteanais creidmheasa amach anseo a chur san áireamh, thar shaolré ionchasach na hionstraime airgeadais nó chomh fada leis an gcéad dáta athphraghsála margadhbhunaithe eile go dtí glanshuim ghlanluacha na hionstraime airgeadais ar a chéad aithint.

#### 3.6 Ioncam díbhinne

Aithnítear ioncam díbhinne ar an dáta a socraítear an ceart chun íocaíocht a fháil.

#### 3.7 Cothromas príobháideach, réadmhaoin agus ioncaim eile

Aithnítear cothromas príobháideach, réadmhaoin agus ioncaim eile ar bhun fabhrúithe.

#### 3.8 Glanghnóthachan/(glanchaillteanais) ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas (FVTPL)

Áirítear le (glanchaillteanas) ó ionstraimí airgeadais ag FVTPL athruithe luach cóir réadaithe agus neamhréadaithe agus difríochtaí malairte eachtraí.

#### 3.9 Táillí agus muirir, agus speansais eile

Lasmuigh do chostais airgeadais a aithníodh thar téarma an fhiachas ag úsáid modh ráta úis eifeachtach, is iondúil gurb ar bhonn fabhrúithe a aithnítear táillí agus muirir, agus speansais eile.

#### 3.10 Airgead agus coibhéisí airgid

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim infheistíochtaí gearrthréimhseacha, ardleachtachta atá so-inmhalartaithe go suimeanna aitheanta airgid atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach. Déantar airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim agus billí státchiste, a chomhlíonann na coinníollacha le bheith áirithe mar choibhéisí airgid tirim, a thomhas ag luach cóir.

### 3. Beartais shuntasacha chuntasáochta (ar lean)

#### 3.11 Aithint agus tomhas sócmhainní agus dliteanas airgeadais

Aithníonn agus tomhasann an Chiste a shócmhainní agus dliteanas airgeadais de réir Alt 11 agus 12 de FRS 102. Socraíonn and Chiste rannaíocht a ionstraimí airgeadais ar chéad aithint.

##### Tomhas luacha chóir

Is é is 'luach cóir' ann an méid ar a bhféadfaí sócmhainn a mhalartú, dliteanas a shocrú nó ionstraim cothromais cheadaithe a mhalartú idir páirtithe toilteanacha feasacha in idirbheart ar neamhthuilleamaí.

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ar dtús nuair a dhéantar páirtí de chuid fhorálacha conartha na n-ionstraimí den Chiste. Tomhaistear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ar aithint tosaigh dóibh ag praghas idirbhirt.

##### Tomhas costas amúchta

Is é costas amúchta sócmhainn airgeadais an méid ag a dtomhaistear an tsócmhainn airgeadais nuair a aithnítear ar dtús í, lúide aisíocaíochtaí bunairgid, móide nó lúide an t-amúchadh carnach trí úsáid mhodh an ghlanráta úis idir an chéad mhéid a aithníodh agus an méid aibíochta, lúide aon laghdú ar chlúdach nó ar dhobhailitheacht.

##### Clúdach

Déantar sócmhainn airgeadais nach rangáitear ag FVTPL a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe lena shocrú cé acu atá nó nach bhfuil fianaise oibiachtúil ar bhearnú. Tá sócmhainn airgeadais nó grúpa shócmhainní airgeadais 'bearnaithe' má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú mar gheall ar imeacht amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aithint tosaigh na sócmhainne agus go raibh tionchar ag an imeacht caillteanais ar shreafaí measta airgid na sócmhainne amach anseo ar féidir iad a mheas go hiontaoifa.

Áirítear le fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainní airgeadais bearnaithe nuair atá deacracht shuntasach airgeadais ag an eisitheoir nó ag an bhféichiúnaí, sárú conartha, loiceadh nó faillí in íocaíochtaí úis nó bunairgid, athstruchtúrú an mhéid atá dlite ar théarmaí nach dtoileodh an Ciste de ghnáth, comharthaí go rachaidh iasachtaí i bhféimheacht nó faoi atheagrú airgeadais eile, nó athruithe diúltacha i stádas íocaíochta na n-iasachtaithe de dheasca dálaí diúltacha eacnamaíochta náisiúnta nó áitiúla nó athrú diúltach i ndálaí tionscail.

Ríomhtar caillteanas bearnaithe i leith sócmhainn airgeadais a thomhaistear ag costas amúchta mar an difríocht idir a suim ghlanluacha agus luach reatha an tsreafa mheasta airgid, lascainithe ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne. Is i mbrabús nó i gcaillteanas a aithnítear caillteanais agus léirítear iad i gcontas liúntais in aghaidh infháltais. Leantar d'aithint úis ar an tsócmhainn bearnaithe. Má tá imeacht a tharlaíonn i ndiaidh aithint an bhearnaithe mar chúis le laghdú mhéid an chaillteanais bearnaithe, freaschuirtear an laghdú caillteanas bearnaithe trí bhrabús nó caillteanas.

#### 3.12 Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais

Leagtar amach thíos na polasaithe cuntasáochta suntasacha do shócmhainní agus dliteanais airgeadais an Chiste de réir cineál infheistíocht.

##### Sócmhainní agus dliteanais airgeadais bhunúsacha

###### Gnáthscaireanna luaite, ionstraimí fiachais agus cistí infheistíochta

Tomhaistear infheistíochtaí ag luach cóir, arb ionann é agus an luach margaidh deiridh neamhchoigeartaithe ar an bpríomh-mhalartán nó ar an bpríomh-mhargadh ar a bhfuil an infheistíocht luaite.

###### Gnáthscair phríobháideach díreach agus gnáthscair neamhluaite

Tomhaistear infheistíochtaí i scaireanna roghnacha agus i ngnáthscaireanna ar dtús ag an bpraghas idirbhirt lúide costais idirbhirt. I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear infheistíochtaí is féidir a thomhas go hiontaoifa, ag luach cóir agus aithnítear athruithe ina luach cóir i mbrabús agus caillteanas.

Nuair a mheastar nach féidir luach cóir a thomhas go hiontaoifa, tomhaistear infheistíochtaí den sórt ag costas lúide bearnú.

##### Iasachtaí agus fáltais

Tar éis iasachtaí agus fáltais a aithint ar dtús, déantar iad a thomhas ag costas amúchta agus modh an ráta éifeachtaigh úis á úsáid. Déantar ionstraimí fiachais bunúsacha (neamhús mhara), atá iníochta nó infhála laistigh de bhliain amháin, a thomhas ag méid neamhlascainithe an airgid nó na comaoine eile a bhfuiltear ag súil go n-íocfaí nó go bhfaighfí é/í (.i. gan laige san áireamh) ach amháin sa chás gur ionann an socrú agus idirbheart maoinithe i ndáiríre. Más ionann an socrú agus idirbheart maoinithe, déanann an Ciste an ionstraim fiachais a thomhas ag luach reatha na n-íocaíochtaí todhchaí lascainithe ag ráta úis margaidh le haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 3. Beartais shuntasacha chuntasáíochta (ar lean)

#### 3.12 Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais (ar lean)

##### Sócmhainní agus dliteanais airgeadais bhunúsacha (ar lean)

###### Cistí infheistíochta neamhluaithe (réadmhaoín, gnáthscair phríobháideach, foraoiseacht, bonnegair agus comhthiomsaithe)

I gcás infheistíochtaí neamhluaithe i gcistí réadmhaoine, cothromais phríobháidigh, foraoiseachta, bonnegair agus neamhluaithe comhthiomsaithe nach bhfuil aon mhargadh gníomhach ann dóibh, tá an luach cóir measta bunaithe ar an luacháil is déanaí arna cur ag an mbainisteoir seachtrach lena mbaineann ar an gciste nó ar an gcomhpháirtíocht sna ráitis iniúchta airgeadais. Sa chás nach bhfuil luacháil iniúchta ar fáil, mar shampla, i gcásanna nach bhfuil deireadh bliana an chiste nó na comhpháirtíochta ag teacht le deireadh bliana an Chiste iontu, baintear úsáid as an luacháil neamhiniúchta is déanaí atá ar fáil.

Déanann bainisteoirí seachtracha luacháil na n-infheistíochtaí sin a chinneadh trí úsáid a bhaint as modhanna luachála tionscail a bhfuil glacadh leo agus as treoirlínte arna bhfoilsíú ag comhlachtaí tionscail iomchuí. I measc na modheolaíochtaí luachála a d'fhéadfadh a bheith in úsáid ag bainisteoirí seachtracha, tá: iolraí tuillimh de chuid cuideachtaí inchomparáide a thrádáiltear go poiblí, sreafaí airgid lascainithe, idirbhearta tríú páirtí, nó eachtraí a thugann bearnú nó feabhas ábhartha ar luach cóir na hinfeistíochta le fios. I gcéad bhliain na húinéireachta, meastar de ghnáth gurb ionann costas agus meastachán cuí ar luach cóir na n-infheistíochtaí seo, ach amháin sa chás go dtugtar bearnú buan ar luach na n-infheistíochtaí le fios.

Is féidir le raon luachanna féideartha bheith ann do na hinfeistíochtaí sin agus is féidir le luachanna córa measta bheith éagsúil leis na luachanna a bheadh in úsáid dá mbeadh luach margaidh ghníomhaigh ann d'infheistíochtaí den sórt sin.

Úsáideann an Ghníomhaireacht luachálacha bainisteoirí seachtracha le luach cóir infheistíochta a shocrú ar aon dul lena próiseas luachála arna mhaoirsiú ag an gCoiste Bainistíochta Luachála.

##### Infháltais agus iníochtaí eile agus méideanna dlite do/(ó) tríú páirtithe

Aithnítear infháltais eile ar dtús ag praghsanna idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. Aithnítear iníochtaí eile ar dtús ag praghsanna idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear iasachtaí agus infháltais ag costas amúchta trí úsáid an ghlanráta úis, lúide bearnú i gcás infháltais trádála.

##### Infháltais agus iníochtaí faoi chomhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh agus urrúis a fuarthas ar iasacht

Nuair a cheannaíonn an Ciste sócmhainn airgeadais agus déanann comhaontú go comhuaineach an tsócmhainn chéanna nó sócmhainn an-chosúil a dhíol ar phraghas seasta ar dháta sa todhchaí (comhaontú díolachán freaschurtha agus athcheannaigh), déantar an socrú a chuntas mar bhunionstraim fiachais ag costas amúchta, má tá sé incháilithe mar cheann bunúsach agus aitheanta sa ráiteas ar staid airgeadais mar infháltas ó chomhaontú díolachán freaschurtha agus athcheannaigh, agus ní aithnítear an bhunsócmhainn i ráiteas airgeadais an Chiste.

##### Ní bhreithnítear ar ionstraimí airgeadais mar bhunionstraimí airgeadais (ionstraimí airgeadais eile)

Aithnítear ag luach cóir ar dtús ionstraimí airgeadais eile nach gcomhlíonann sainmhíniú bunionstraimí airgeadais. I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear ionstraimí airgeadais eile ag luach cóir agus aithnítear athruithe i mbrabús agus cailteanas, ach amháin infheistíochtaí in ionstraimí cothromais nach dtrádáiltear go poiblí agus nuair nach féidir, seachas sin, luach cóir a thomhas go hiontaoifa a thomhaisfear ag costas lúide bearnú.

##### Ionstraimí airgeadais díorthacha

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthacha ag luach cóir. Aithnítear láithreach sa bhrabús nó cailteanas an gnóthachan nó cailteanas ar tomhas de réir luacha chóir.

##### Ionstraimí fiachais neamhluaithe

Aithnítear ionstraimí fiachais neamhluaithe de réir a luacha chóir. Úsáideann an Ciste comhairleoir luachála seachtrach, nuair is gá, le dearbhú go bhfuil luachanna seilbhe na n-infheistíochtaí sin iomchuí ag deireadh na bliana. Sa chás nach féidir luach cóir a thomhas go hiontaoifa, déantar na hinfeistíochtaí sin a thomhas ag costas lúide laige.

Tá nósanna imeachta curtha ar bun ag an nGníomhaireacht chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar luacháil infheistíochtaí. Bunaithe ar a tuairim, agus ar an bhfaisnéis ábhartha atá ar fáil di, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht a chinneadh i gcúinsí áirithe go mbeadh sé cuí athrú a dhéanamh ar luacháil na foinse seachtraí d'fhonn luach cóir infheistíochta a thaifeadh.

Tá Coiste Luachála curtha ar bun ag an gCiste (Nóta 15.7(ii)). Le linn na bliana, bhí an Príomh-Oifigeach Airgeadais agus Oibriúcháin, an Bainisteoir Rioscaí Sinsearach, Stiúthóir ISIF agus pearsanra sinsearach eile na Ghníomhaireachta agus ISIF ina mbaill den Choiste Luachála. Cabhraíonn an Coiste Luachála leis an nGníomhaireacht chun luacháil infheistíochtaí an Chiste a chinneadh ar na bealaí a leanas:

### 3. Beartais shuntasacha chuntasafóichta (ar lean)

#### 3.12 Sócmhainní agus Dlíteanais Airgeadais (ar lean)

##### Ní bhreithnítear ar ionstraimí airgeadais mar bhunionstraimí airgeadais (ionstraimí airgeadais eile) (ar lean)

###### Ionstraimí fiachais neamhluaithe (ar lean)

- athbhreithniú a dhéanamh ar na luachálacha infheistíochta tréimhsiúla agus ar an mbonn luachála le haghaidh shócmhainní an chiste de réir an chreata cuntasafóichta arna ghlacadh ag an gCiste;
- na luachálacha ar shócmhainní a sholáthar lena gcuimsiú i ráitis airgeadais bhliantúla an Chiste; agus
- tacú le Coiste Iniúchóireachta agus Riosca GNBS le hathbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste agus le haon ghníomhaíochtaí eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

#### 3.13 Dí-aithint

Dí-aithníonn an Ciste sócmhainn airgeadais nuair:

- a bhíonn cearta conartha na sreafaí airgid ón tsócmhainn socraithe nó in éag;
- a théann sí in éag, nó aistrítear chuig páirtí eile gach riosca agus leas úinéireachta de chuid na sócmhainne airgeadais; nó
- tá riosca agus leas suntasach áirithe úinéireachta coinnithe ag an gCiste, tá stiúir na sócmhainne aistrithe chuig páirtí eile agus tá an cumas praiticiúil ag an bpáirtí eile an tsócmhainn a dhíol ina hiomláine le tríú páirtí neamhbhainteach; agus féadann siad an cumas sin a fheidhmiú go haontaobhach agus ní gá dóibh srianta breise a chur ar an aistriú. Sa chás seo, dí-aithníonn an Ciste an tsócmhainn agus aithníonn sé ar leith cearta nó oibleagáidí ar bith a choinnítear nó a chruthaítear san aistriú.

Ar dhí-aithint sócmhainn airgeadais, leithdháilfear suim ghlanluacha na sócmhainne aistrithe idir na cearta nó na hoibleagáidí a choinnítear agus iad siúd a aistrítear ar bhonn a luachanna córa coibhéiseacha ar dháta an aistrithe. Tomhaisfear cearta agus oibleagáidí nuachruthaithe ag a luachanna córa ar an dáta sin. Aithneofar i mbrabús nó i gcaillteanas i mbliain an aistrithe aon difríocht idir an chomaoin a fhaightear agus na méideanna a aithnítear agus a dhí-aithnítear.

Murab é dí-aithint an toradh a bheidh ar aistriú ar an ábhar gur choinnigh an Ciste rioscaí suntasacha agus leas suntasach úinéireachta i leith na sócmhainne aistrithe, leanfaidh an Ciste d'aithint na sócmhainne aistrithe ina hiomláine agus aithneofar dliteanas airgeadais i leith na comaoine a fuarthas. Ní dhéanfar an tsócmhainn agus an dliteanas a fhritháireamh ach amháin nuair a schroíctear coinníollacha fritháireamh. Le linn tréimhsí ina dhiaidh sin, aithneoidh an Ciste aon ioncam ar an tsócmhainn aistrithe agus aon speansais a tabhaíodh ar an dliteanas airgeadais.

Dí-aithníonn an Ciste dliteanas airgeadais nuair a urscaoiltear, a chealaítear nó nuair a éagann a oibleagáidí conartha. Aithneoidh an Ciste i mbrabús nó i gcaillteanas aon difríocht idir suim ghlanluacha an dliteanais airgeadais (nó cuid de dhliteanas airgeadais) a chuirfear ar ceal nó a aistreofar chuig páirtí eile agus an chomaoin a íocadh, lena n-áirítear sócmhainní neamhairgid ar bith a aistreofar nó dliteanais a ghlacfar.

#### 3.14 Fritháireamh

Déantar sócmhainní cánach iarchurtha agus dliteanais chánach iarchurtha a fhritháireamh sa ráiteas ar staid airgeadais nuair, agus sa chás seo amháin, go bhfuil ceart fritháirimh atá infheidhmithe le dlí ann ag an gCiste na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus go bhfuil sé beartaithe aige glanadh ar bhonn glansuime nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh go comhuaineach.

Cuirtear ioncam agus speansais i láthair ar bhonn glansuime i leith gnóthachan agus caillteanas ó ionstraimí ag FVTPL agus gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí.

#### 3.15 Lacáistí infheistíochta

Déantar lacáistí infheistíochta a aithint ar bhonn fabhrúithe de ghnáth ag an bpointe a thagann sé chun feasa an Chiste go bhfuil sé i dteideal lacáiste ó bhainisteoir infheistíochta. Sa chás nár cuireadh an lacáiste in iúl don Chiste roimh ré, aithnítear an lacáiste nuair a fhaightear é.

#### 3.16 Comhthaobhacht

Aithnítear airgead arna thaisceadh mar chomhthaobhacht sa Ráiteas ar Staid Airgeadais mar Iarmhéideanna atá dlite ó bhróicéirí. Is ionann na méideanna sin agus cuntais éarlaise, comhthaobhacht airgid le haghaidh urrúis ar iasacht agus díorthaigh agus idirbhearta díolacháin atá le socrú. Aithnítear comhthaobhacht arna taisceadh leis an gCiste mar Iarmhéideanna atá dlite le bróicéirí sna dliteanais airgeadais sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 4. Ioncam

#### 4.1 Punann Lánroghnach

	2017 €m	2016 €m
Ioncam úis	89	61
Ioncam ciste réadmhaoine	12	7
Ioncam díbhinne	7	16
Ioncam eile	5	5
Ioncam ó ghnáthscair phríobháideach	2	1
	<b>115</b>	<b>90</b>

Áirítear le hIoncam Eile aisíocaíochtaí dar suim €1.6m (2016: €3m) agus ioncam ilchineálach dar suim €3.4m (2016: €2m).

#### 4.2 Punann faoi threoir

	2017 €m	2016 €m
Ioncam úis	250	-
Ioncam díbhinne	0	0
	<b>250</b>	<b>0</b>

Ar an 9 Bealtaine 2017, fuair an Ciste íocaíocht díbhinn dar suim €250m ó AIB. Léiríonn an t-ioncam úis €8,000 (2016: €55,000) úis ioncaim ó iasacht Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (féach nóta 11.2).

### 5. Costais oibriúcháin

Is mar seo a leanas atá an tsuim a theastaíonn chun freastal ar chostais bhainistíochta infheistíochta agus riaracháin an Chiste:

#### 5.1 Punann Lánroghnach - táillí agus speansais

	2017 €m	2016 €m
Táillí Bainisteoirí Infheistíochta	14	10
Athmhúirear GBCN	12	10
Táillí dlí	3	2
Táillí Caomhnóirí Domhanda	1	1
Córais agus seirbhísí	1	1
Táillí cánach	1	1
Táillí eile	0	1
	<b>32</b>	<b>26</b>

Faoi alt 48 d'Acht GBCN 2014, is gá na speansais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht agus a cuid feidhmeanna i leith an Chiste á gcomhlíonadh aici a ghlanadh ón gCiste. B'ionann iad sin agus €12.5m i 2017 (2016: €10.4m).

#### 5.2 Punann Dírithe - táillí agus speansais

	2017 €m	2016 €m
Úschostais	0	0

Léiríonn an úschostais thuas ús dhiúltach gearrtha ar chuntas an Banc Ceannais.



## 5. Costais oibriúcháin (ar lean)

### 5.3 Táillí comhairle

I gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 (“an Cód”), déantar táillí comhairle arna dtabhú ag an gCiste le linn na bliana a nochtadh thíos. Ós rud é go bhfuil an Cód á ghlacadh den chéad uair, cuirtear figiúirí na bliana reatha i láthair mar seo a leanas:

	2017 €m
Dlí	3
Comhairle airgeadais agus cánach	1
Pinsin agus acmhainní daonna	0
Eile	0
	<b>4</b>

Cuirtear na costais sin san áireamh i Nóta 5.1 Táillí agus costais agus cuimsítear aon táillí comhairle arna n-athghearradh trí GNBS leo.

## 6. Cánachas ar an bPunann Lánroghnach

Tá ioncam agus brabús an Chiste díolmhaithé ó Cháin Chorparáide na hÉireann de réir alt 230(1) agus 230 (1A) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, arna leasú. Mar sin féin, féadfaidh an Ciste bheith faoi dhliteanas i leith cánacha i ndlínsí thar lear.

Féadfaidh díbhinní agus ús bheith faoi réir cánacha siarchoinneálacha do-aisghabhála eachtracha arna bhforchur ag an tír óna bhfaightear an t-ioncam infheistíochta. Leithdháiltí ioncaim agus gnóthachain a fhaigheann an Ciste óna chuid infheistíochtaí i gcistí réadmhaoine agus gnáthscair phríobháidigh, féadfaidh siad bheith faoi réir cánacha siarchoinneálacha eachtracha freisin. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Ciste bheith faoi réir cánacha eachtracha breise a bhíonn iníoctha gach bliain ar infheistíochtaí áirithe réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh, agus iad bunaithe ar a luachanna sócmhainní ag an dáta tuairiscithe.

	2017 €m	2016 €m
Cánacha eachtracha ar ioncam	(2)	10
Athéileamh cánach siarchoinneálaí	0	0
<b>(Glanchoistas)/Glan Ioncaim Cánach</b>	<b>(2)</b>	<b>10</b>

Is ionann na cánacha coigríche atá iníoctha ar ioncam dar luach (€2m) (2016: fáltas €10m) agus léiriú ar an gcáin shiarchoinneálach choigríche arna gearradh ar ioncam agus leithdháiltí arna bhfaíl ag an gCiste le linn an bliana. Fuair an Ciste aisíocaíocht dar luach €13m ó na Stáit Aontaithe in 2016 maidir leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP). Fuair an Ciste €0.1m (2016: €0.3m) in aisílimh ar cháin shiarchoinneálach maidir le haisílimh chánach arna gcur isteach i leith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2017.

## 7. Sócmhainní agus dliteanas airgeadais lánroghnacha

### 7.1 Struchtúr an chiste agus aistriú

Tar éis don CISF a bheith bunaithe i mí na Nollag 2014, tá infheistiú déanta ag an gCiste ar bhonn tráchtála ar bhealach ceaptha chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch agus fostaíocht in Éirinn agus lean seo le linn 2017. Le linn 2016, chuir an CISF Straitéis Aistrithe Punainne Domhanda (SAPD) i bhfeidhm, a rinne punann leachtachta den Phunann Domhanda atá á bainistiú go coimeádach agus a chuirfidh airgead tirim ar fáil chun deiseanna infheistíochta a chistiú de réir mar a thagann siad chun cinn.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 7. Sócmhainní agus dliteanais airgeadais lánroghnacha (ar lean)

#### 7.2 Luacháil Lánroghnach Punann

Is ionann an Phunann Lánroghnach lomlán ag 31 Nollaig agus €8.7bn (2016: €8.1bn). Tá comhdhéanamh an Punann Lánroghnach bunaithe ar cineál infheistíocht mar a leanas:

Infheistíochtaí ag FVTPL	Nóta	2017 €m	2016 €m
Gnáthscaireanna luaite		448	335
Gnáthscair phríobháideach dhíreach		90	48
Gnáthscaireanna neamhluaite		-	0
Ionstraimí fiachais luaite		2,183	1,941
Ionstraimí fiachais neamhluaite		242	210
Infheistíochtaí ciste réadmhaoine		167	189
Infheistíochtaí gnáthscair phríobháidigh		580	469
Infheistíochtaí foraoiseachta		46	41
Infheistíochta fuinnimh		25	26
Infheistíochtaí bonneagar		249	130
Cistí infheistíochta luaite		2,563	2,912
Cistí infheistíochta neamhluaite		829	829
Scaireanna in-chomhshóite tosaíochta		46	29
Iasacht in-chomhshóite		-	1
Conarthaí i malairt eachtrach	13.1	33	-
Gnóthachan ar thodhchaíochtaí	13.1	11	9
Ionstraimí dhíorthaigh eile		0	-
		<b>7,512</b>	<b>7,169</b>
<b>Iasachtaí agus infháltais ag costais amúchaithe</b>			
Fiachas eile		631	366
Bannaí eile		95	95
		<b>726</b>	<b>461</b>
<b>Díorthaigh ag FVTPL</b>			
Roghanna cothromais		(2)	(1)
Aistriúcháin		(1)	(1)
Conarthaí i malairt eachtrach		-	(46)
		<b>(3)</b>	<b>(48)</b>
<b>Airgead agus infheistíochtaí eile</b>			
Airgead Tirim		440	394
Billí Státchiste		10	33
	12	<b>450</b>	<b>427</b>
Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile	9	31	61
Iarmhéid dlite ó bhróicéirí		0	39
Dlíteanais eile	10	(30)	(18)
<b>Iomlán glansócmhainní lánroghnacha</b>		<b>8,686</b>	<b>8,091</b>

## 7. Sócmhainní agus dliteanais airgeadais lánroghnacha (ar lean)

### 7.3 Luacháil Punann Éireannach

Ag 31 Nollaig 2017 tá 2.2bn (2016: €1.4bn) infheistithe sa Phunann Éireannach agus an €6.5bn (2016: €6.7bn) ar fhuíoll infheistithe sa Punann Domhanda. Tá comhdhéanamh an Punann Éireannach bunaithe ar cineál infheistíocht mar a leanas:

	2017 €m	2016 €m
<b>Infheistíochtaí ag FVTPL</b>		
Gnáthscair phríobháideach dhíreach	576	466
Infheistíochtaí bonneagar	249	130
Gnáthscaireanna luaite	184	102
Infheistíochtaí ciste réadmhaoine	106	55
Infheistíochtaí gnáthscair phríobháidigh	90	48
Ionstraimí fiachais neamhluaite	70	44
Scaireanna in-chomhshóite tosaíochta	46	29
Infheistíochtaí foraoiseachta	46	41
Ionstraimí fiachais luaite	35	35
Infheistíochta fuinnimh	25	26
Íasacht in-chomhshóite	-	1
	<b>1,427</b>	<b>977</b>
<b>Íasachtaí agus infháltais ag costais amúchaithe</b>		
Fiachas eile	631	366
Bannaí eile	95	95
	<b>726</b>	<b>461</b>
Airgead Tirim agus coibhéisigh	3	2
Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile	3	1
<b>Iomlán luacháil Punann Éireannach</b>	<b>2,159</b>	<b>1,441</b>

Ag 31 Nollaig 2017, bhí iomlán €3.3bn (2016: €2.6bn) tiomanta leis an Punann Éireannach.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 8. Infheistíochtaí faoi Threoir

Sealbhaíonn an Gníomhaireacht Infheistíochtaí faoi Threoir faoi réir treoracha arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais de bhun alt 43 d'Acht GBCN 2014. Ní mór sealbhú agus bainistiú na nInfheistíochtaí faoi Threoir, feidhmiú na gceart vótála agus na gceart eile a ghabhann leis na nInfheistíochtaí faoi Threoir ag an nGníomhaireacht agus diúscairt na nInfheistíochtaí faoi Threoir ag an nGníomhaireacht a dhéanamh de réir aon treoracha arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais.

#### 8.1 Luacháil na nInfheistíochtaí faoi Threoir

	2017 Aonaid Milliúin	2016 Aonaid Milliúin	Luacháil (€) 2017 In Aghaidh an Aonaid	Luacháil (€) 2016 In Aghaidh an Aonaid	2017 €m	2016 €m
<b>Banc na hÉireann (BoI)</b>						
Gnáthscaireanna <sup>1</sup>	150	4,512	7.124	0.234	<b>1,072</b>	<b>1,056</b>
<b>Bainc-Aontas Éireann (AIB)</b>						
Gnáthscaireanna <sup>2</sup>	1,930	2,711	5.421	4.277	<b>10,465</b>	<b>11,595</b>
<b>Iomlán shócmhainní na n-infheistíochtaí faoi threoir</b>					<b>11,537</b>	<b>12,651</b>
Airgead (Nóta 12, 14.3)					215	215
Iasacht CBSÉ (Nóta 14.3)					-	25
<b>Iomlán na n-infheistíochtaí faoi threoir</b>					<b>11,752</b>	<b>12,891</b>

<sup>1</sup> Tá luacháil gnáthscaireanna Bhanc na hÉireann (BÉ) bunaithe ar phraghsanna tairgthe luaite. Rinne Banc na hÉireann athstruchtúrú ar a gcuid scaireanna le linn 2017 chun líon na scaireanna atá eisithe aige a chomhdhlúthú; tá scairseilbh an Chiste de 13.95% fós amhail is a bhí sí an 31 Nollaig 2016.

<sup>2</sup> I bhfianaise mhéid na ngnáthscaireanna a bhí ag an gCiste in AIB amhail an 31 Nollaig 2016 (99.9%), d'fhostaigh an Gníomhaireacht EY chun luach cóir neamhspleách na n-infheistíochtaí a chur ar fáil. Ós rud é go ndearna AIB Tairiscint Phoiblí Thosaigh ("TPT") i Meitheamh 2017, tá scairseilbh an Chiste amhail an 31 Nollaig 2017 bunaithe ar phraghsanna tairgthe luaite. Ag deireadh na bliana, bhí beagán os cionn 71% i scairseilbh an Chiste in AIB toisc go ndearna an Ciste beagnach 29% dá scairseilbh a dhiúscairt mar chuid den TPT.

#### 8.2 Gluaiseacht luacháil na n-infheistíochtaí faoi threoir

	2017 €m	2016 €m
<b>Banc na hÉireann</b>		
Luacháil tosaigh	1,056	1,525
Gnóthachan/(cailteanas) infheistíochta le linn na tréimhse	16	(469)
<b>Luacháil Deiridh</b>	<b>1,072</b>	<b>1,056</b>
<b>Bainc-Aontas Éireann</b>		
Luacháil tosaigh	11,595	12,236
Diúscairt gnáthscaireanna	(3,434)	-
Gnóthachan/(cailteanas) infheistíochta le linn na tréimhse	2,304	(641)
<b>Luacháil Deiridh</b>	<b>10,465</b>	<b>11,595</b>

Mar chuid de TPT an AIB i Meitheamh 2017, rinne an Ciste 780,384,606 scair a dhiúscairt agus fuair sé €3.43bn ina leith. Rinneadh na fáiltas sin a aistriú ar ais go dtí an Státchiste ina dhiaidh sin (Féach nóta 11.2).

## 9. Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile

	2017 €m	2016 €m
Ús infhaighte	28	27
Athéilimh chánach in-aisghabhála	2	2
Suimeanna unfhaltha ar urrús díolta	1	13
Gnáthscair phríobháideach infhaighte	-	19
	<b>31</b>	<b>61</b>

## 10. Dlíteanais eile

	2017 €m	2016 €m
Suimeanna iníoctha i leith urrús a ceannaíodh	19	8
Speansais fhabhráithe eile	11	10
	<b>30</b>	<b>18</b>

## 11. Aistrithe

### 11.1 Sócmhainní a dhí-aithin CNP

Ón 22 Nollaig 2014, is é atá i gCoimisiún CNP coimisinéir aonair (Príomhfheidhmeannach, GBCN) a gceanglaítear air le hAcht GBCN 2014 gach rud is indéanta go praiticiúil a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt d'aistriú aon sócmhainní atá fágtha arna rialú le dlí eachtrach. Ní mór aistriú dlíthiúil na sócmhainní seachtracha a dhéanamh i gcomhar leis an gcontrapháirtí iomchuí. Tá an próiseas beagnach críochnaithe, agus tá roinnt bheag sócmhainní eachtracha nach bhfuil aistrithe ó CNP go Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn faoi 31 Nollaig 2017. Rinne Coimisiún CNP na sócmhainní a bhí ag CNP a dhí-aithint cheana, agus ar aon dul le caighdeán tuairiscithe chuntasaíochta, aithnítear agus cuirtear i láthair iad sa Phunann Lánroghnach i ráitis airgeadais an Chiste.

Liostaítear miondealú thíos ar na sócmhainní a bhí fágtha faoi úinéireacht dhlíthiúil CNP amhail an 31 Nollaig 2017, faoi mar a léirítear i Ráitis Airgeadais an Chiste:

	2017 €m	2016 €m
Iomlán Na Sócmhainní a shealbhaítear go dlíthiúil in CNP	<b>0.1</b>	<b>0.4</b>

### 11.2 Aistrithe chuig an Stáitchiste agus an Aire

	2017 €m	2016 €m
Aistrithe chuig an Stáitchiste	<b>3,434</b>	-

Le linn na bliana aistríodh €3.434bn ón AIB IPO chuig an Stáitchiste ón bPunann faoi Threoir faoi threoir an Aire Airgeadais.

	2017 €m	2016 €m
Aistrithe chuig an Aire	<b>25</b>	-

I bhFeabhra 2017, rinneadh an iasacht €25m gan íoc ón gCiste go dtí Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) a athrú go dtí gnáth-scairchaipiteal an CBSÉ faoi threoir an Aire Airgeadais. Tá an scairchaipiteal sin i seilbh an Aire Airgeadais go díreach seachas i seilbh an Chiste.

### 11.3 Aistrithe ón Stáitchiste

Ní raibh aon aistriúcháin ón Stáitchiste chuig an gCiste le linn na bliana.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 11. Aistrithe (ar lean)

#### 11.4 Aistrithe idir Punann Lánroghnach agus Faoi Threoir

	2017 €m	2016 €m
Aistriúcháin in Punann faoi Threoir chuig Punann Lánroghnach	250	-

Rinneadh íocaíocht díbhíne de €250m a fuair an Ciste ó AIB an 9ú Bealtaine 2017 a aistriú ón bPunann Ordaithe go dtí an Punann Lánroghnach nuair a fuarthas í, de réir na treorach is infheidhme ón Aire go mbeadh fáiltas airgid ó infheistíocht ordaithe AIB ina gcuid den Phunann Lánroghnach.

### 12. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

	2017 €m	2016 €m
<b>Punann lánroghnach</b>		
Airgead Tirim ag Banc Ceannais na hÉireann	181	139
Airgead Tirim ag Caomhnóir	259	255
Billí státchiste	10	33
	<b>450</b>	<b>427</b>
<b>Punann faoi threoir</b>		
Airgead Tirim ag Banc Ceannais na hÉireann (Nóta 14.3)	<b>215</b>	<b>215</b>

### 13. Gealltanais

#### 13.1 Airgeadra eachtrach agus gealltanais todhchaíochtaí

Ba iad seo a leanas an phríomhshuim bharúlach agus an gnóthachan/(cailteanas) neamhréadaithe ar chonarthaí díorthacha airgeadra a rinne an Bainisteoir agus na bainisteoirí infheistíochta thar ceann an Chiste:

	2017 Príomhshuim €m	2017 Neamhréadaithe gnóthachan/ (cailteanas) €m	2016 Príomhshuim €m	2016 Neamhréadaithe gnóthachan/ (cailteanas) €m
<b>GBCN</b>				
Conarthaí i malairt eachtrach	1,234	10	799	(31)
<b>Bainisteoirí Infheistíochta</b>				
Conarthaí i malairt eachtrach	2,159	23	2,110	(15)
Todhchaíochtaí airgeadais	504	11	1,973	9
		<b>44</b>		<b>(37)</b>

#### Conarthaí i Malairt Eachtrach

Is é beartas an Chiste a riosca airgeadra eachtraigh a fhálú trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus malairtí trasairgeadra. Ní éilítear ar bhainisteoirí infheistíochta an Chiste neamhchosaint ar airgeadra a fhálú. Tá cead acu spotchonarthaí agus conarthaí i malairt eachtrach a dhéanamh ar mhaithe le hidirbhearta urrús a ghlanadh agus a gcuid punanna a bhainistiú go heisiach ar aon dul leis an Ráiteas ar Chuspóirí agus ar Shrianta Infheistíochta arna chomhaontú leis an gCiste. Is ionann an luach barúlach agus iomlán na gconarthaí i malairt eachtrach a bhí amuigh ag deireadh na tréimhse.

#### Todhchaíochtaí Airgeadais

Tá cead ag bainisteoirí infheistíochta an Chiste todhchaíochtaí a fhorghníomhú go heisiach ar aon dul leis an Ráiteas ar Chuspóirí agus ar Shrianta Infheistíochta arna chomhaontú leis an gCiste.

## 13. Gealltanais (ar lean)

### 13.2 Gealltanais infheistíochta neamhghlaoite

Rinne an Ciste ceangaltais i leith maoiniú infheistíochtaí. Is iondúil go mbíonn na gealltanais seo iníoctha ar éileamh bunaithe ar riachtanais ábhar na hinfeistíochta faoi réir théarmaí agus choinníollacha gach comhaontú. Amhail an 31 Nollaig, 2017 ba é €1.3bn (2016: €1.4bn) suim iomlán na ngealltanais gan íoc.

Rinne an Ciste gealltanais i leith cineálacha infheistíochtaí áirithe mar atá leagtha amach thíos.

	Achar ama an ghealltanais Blianta	2017 €m	2016 €m
lomlán na n-infheistíochtaí neamhghlaoite	0-9	839	866
lomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas	0-2	437	527
<b>Iomlán na ngealltanais neamhghlaoite</b>		<b>1,276</b>	<b>1,393</b>

#### Maoiniú Gealltanais

Féachann an Gníomhaireacht leis an gCiste a bhainistiú chun a chinntiú go mbeidh a dhóthain leachtachta aige, gan deiseanna tarraingteacha infheistíochta a fhágáil ar lár, chun a ngealltanais a mhaoiniú de réir mar a ghlaoitear iad.

Tá an Beartas um Bainistíocht Riosca Leachtachta GBCN infheidhme maidir leis an gCiste. Leagtar amach sa Bheartas seo na híoschaighdeáin inghlactha a chaitheadh siad siúd atá freagrach as idirbheartaíochtaí cisteáin arb iad is cúis le riosca leachtachta laistigh den GBCN a chomhlíonadh.

Níl an Ciste faoi réir riachtanais chaipitil arna gcur i bhfeidhm go seachtrach agus amhail an 31 Nollaig 2017 is i sócmhainní sodhíolta inréadaithe a bhí bunús infheistíochta an Chiste.

## 14. Páirtithe Gaolmhara

### 14.1 An tAire Airgeadais

Dílsítear úinéireacht an Chiste don Aire Airgeadais de bhun alt 38(3) d'Acht GBCN 2014.

Faoi alt 46(1) agus 46(2) d'Acht GBCN 2014, féadfaidh an tAire Airgeadais íocaíochtaí a dhéanamh isteach sa Chiste ón bPríomh-Chiste. Sa chás go mbeartaíonn an tAire íocaíocht a dhéanamh isteach sa Chiste, ní mór do Thithe an Oireachtais rún a rith ina bhfaomhtar an íocaíocht sular féidir leis an Aire an íocaíocht a phróiseáil. Tá mionscrúdú déanta ar idirbheartaíochtaí an Chiste agus an tAire Airgeadais i nóta 11.

### 14.2 Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Is í an Gníomhaireacht a dhéanann rialú agus bainistiú ar an gCiste de bhun alt 41(1) d'Acht GBCN 2014.

Is coiste reachtúil é Coiste Infheistíochta GBCN a bhfuil foráil dó san Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú). Cuidíonn an Coiste leis an nGníomhaireacht maidir le rialáil agus bainistíocht an Chiste trí chinntí a dhéanamh maidir le fáil agus diúscairt sócmhainní taobh istigh de pharaiméadair a fhéadfaidh a bheith leagtha síos ag an nGníomhaireacht, ag cur comhairle ar an nGníomhaireacht maidir le straitéis infheistíochta an Chiste agus ag déanamh maoirseachta ar an straitéis infheistíochta. Tá cinntí infheistíochta suas le €150m tarmiligthe ag an nGníomhaireacht don Choiste. Atreoraítear infheistíochtaí atá os cionn €150m chuig an nGníomhaireacht agus moladh ón gCoiste ag gabháil leo.

Iarrtar go mbeadh beirt chomhaltaí ceaptha de chuid na Gníomhaireachta ar an gCoiste Infheistíochta agus nach mó ná cúigear nach comhaltaí den Gníomhaireacht iad ach a bhfuil saineolas ábhartha substaintiúil agus taithí acu agus a gceapann an Gníomhaireacht iad le toiliú an Aire Airgeadais.

Faoi alt 48 d'Acht GBCN 2014, is ón gCiste a ghlantar speansais na Gníomhaireachta. Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 €12.5m a bhí sna speansais seo (2016: €10.4m).

#### Príomhphearsanra bainistíochta

Déanann an Gníomhaireacht an Ciste a rialú agus a bhainistiú. Déantar na príomhphearsanra bainistíochta agus a gcúiteamh a nochtadh i Ráitis Airgeadais Chuntas Riaracháin na Gníomhaireachta.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 14. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

#### 14.3 Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann

Tá an Ciste agus Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (an "CBSÉ") araon faoi rialú an Aire Airgeadais. Mar chuid de na hInfheistíochtaí Ordaithe, faoi stiúradh an Aire Airgeadais, chuir an Ciste saoráid iasachta dar luach €240m ar fáil don CBSÉ in 2015. Rinneadh €25m den tsaoráid sin a tharraingt anuas in 2016.

Rinneadh an iasacht de €25m a d'eisigh an Ciste do CBSÉ a aistriú chuig an Aire le linn 2017 (féach nóta 11.2).

Amhail an 31 Nollaig 2017, is é €215m atá sa cheangaltas amuigh ar an tsaoráid iasachta, agus coinnítear é sin laistigh d'iarmhéid airgid na nInfheistíochtaí Ordaithe (féach nóta 12).

#### 14.4 Eintitis eile arna rialú ag an Rialtas

Tá Banc Ceannais na hÉireann agus Banc-Aontas Éireann cpt ina bpáirtithe gaolmhara de chuid an Chiste toisc go bhfuil an dá cheann faoi rialú an Aire Airgeadais. Déantar an t-airgead atá á choinneáil ag an gCiste ag Banc Ceannais na hÉireann a nochtadh i nóta 12. Déantar infheistíocht an Chiste in AIB agus na hidirbhearta maidir le AIB le linn na bliana a nochtadh i nóta 8.

### 15. Bainistíocht riosca airgeadais

Tá an Gníomhaireacht freagrach as bainistíocht riosca na Punainne Lánroghnaí. Maidir leis an bpunann faoi Threoir, tá sé de chúram ar an nGníomhaireacht treoracha an Aire Airgeadais a fheidhmiú agus urrúis ábhartha a luacháil i gcomhair ráitis airgeadais an Chiste.

Is é euro bunairgeadra an Chiste. Is in euro a thugtar na torthaí tomhaiste agus na rioscaí punainne monatóirithe.

I ngnáthchúrsa a chuid gníomhaíochtaí, déanann an Ciste bainistiú gníomhach ar raon éagsúil rioscaí, lena n-áirítear riosca infheistíochta, riosca margaidh, riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca oibriúcháin.

Sainmhíneann Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca na Gníomhaireachta caighdeáin agus sainmhíneithe íosta, éigeantacha bainistíocht riosca a bhaineann le gach cuid den Gníomhaireacht agus ar fud gach catagóir riosca. Ansin, cuirtear na caighdeáin seo i bhfeidhm trí na mionpholasaithe agus mionghnáthaimh a rialaíonn bainistíocht catagóirí aonair agus/nó próisis bainistíochta riosca.

Tá Creatlach Bainistithe Riosca na Gníomhaireachta faoi réir mhúnla na dtrí-líne-cosanta, agus tá a struchtúr eagraíochtúil agus a struchtúr coiste riosca ailínithe d'fhonn úinéireacht agus cuntasacht shoiléir a bhunú ó thaobh bainistiú riosca de.

Ag an gcéad líne chosanta, is iad Aonaid Ghnó agus Feidhmeanna Corparáideacha na Gníomhaireachta go príomha atá freagrach as rioscaí a bhainistiú ar bhonn laethúil, ag cur san áireamh lamháltas agus fonn riosca na Gníomhaireachta, agus i gcomhréir lena cuid beartas, nósanna imeachta, rialuithe agus srianta.

Tá an dara líne, lena gcuimsítear Bainistíocht Riosca, Comhlíonadh agus feidhmeanna rialaithe eile de chuid na Gníomhaireachta, neamhspleách ar oibriúcháin agus ar an mbainistíocht líne thosaigh, agus is é an ról atá aici aon chinntí a mbíonn tionchar acu ar neamhchosaint na heagraíochta ar riosca a cheistiú agus eolas cuimsitheach sothuigte ar rioscaí a sholáthar.

Soláthraíonn an Fheidhm Iniúchta Inmheánaigh, ar cuid den tríú líne chosanta í, deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca GBCN, maidir lena rialachas agus maidir le dearadh agus éifeachtacht oibríochtúil thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh.

Tacaíonn roinnt Coistí agus fochoistí Riosca de chuid GBCN leis an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca.

#### Coistí Gníomhaireachta:

##### Coiste Infheistíochta GBCN

Ar an gCoiste Infheistíochta tá comhaltaí neamhfheidhmiúcháin agus is iad atá freagrach as straitéis infheistíochta an Chiste a mhaoirsiú. Tá cur síos ar ról an Choiste i Nóta 14.2.



## 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

### Coistí Ghníomhaireachta (ar lean):

#### Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Ghníomhaireachta (CIR)

Tá baill de Bhord na Gníomhaireachta sa CIR agus cruthaíodh é ó chumasc na gCoistí Iniúcháireachta agus Riosca an 1 Feabhra 2017. Cabhraíonn an CIR leis an nGníomhaireacht chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta riosca, lena n-áirítear inghlacthacht riosca a shocrú, monatóireacht a dhéanamh ar chloí le rialachas i leith riosca agus a áirithiú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a thuairisciú.

Chomh maith le sin maoirsíonn an Coiste feidhm bainistíochta riosca. Cuidíonn an Coiste Iniúcháireachta leis an nGníomhaireacht ina maoirsiú ar chaighdeán agus ar shláine ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus déanann athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, an phróisis iniúchta inmheánaigh agus na feidhme comhlíontachta, agus déanann athbhreithniú agus breithmheas ar aon aschuir ón iniúcháir reachtúil.

### Coistí Bainistíochta:

#### Coiste Bainistíocht Punainne (CBP)

Áirítear an CBP leis an gcéad líne chosanta ar a bhfuil comhaltaí sinsearach den fhoireann infheistíochta Ciste. Is iad príomhfheidhmeanna an CBP moltaí infheistíochta a mheas agus a dhéanamh le Coiste Infheistíochta na Gníomhaireachta agus maoirseacht bhainistíochta a dhéanamh ar infheistíochtaí an Chiste. Trí phróiseas infheistíocht inmheánach an Chiste, féachtar lena chinntiú go luacháiltear go hiomlán gach deis infheistíochta i dtéarmaí tráchtálachta, acmhainn tionchar eacnamaíochta agus cuibhiúlacht i gcomhthéacs foriomlán an Chiste.

#### An Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair (CBRF)

Maoirsíonn an CBRF forfheidhmiú fhonn riosca foriomlán na Gníomhaireachta agus ar lucht ardbhainistíochta agus iad ag bunú córas iomchuí (lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta agus teorainneacha riosca) lena chinntiú go ndéantar rioscaí fiontair a shainaithint, a thomhas, a mhonatóiriú, a rialú agus a thuairisciú go héifeachtach.

#### Coiste Riosca Creidmheasa Contrapháirtí (CRCC)

Maoirsíonn agus comhairlín an CRCC an CBRF maidir le neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí. Soláthraíonn sé clár rioscaí agus sonraí maidir le neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí ábhartha don CBRF. Foirmlíonn sé, cuireann i bhfeidhm agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh Bheartas Bainistíochta Riosca Creidmheasa Contrapháirtí na Gníomhaireachta agus cinntíonn go ndéantar gach beart is iomchuí maidir le sárú ar bith.

#### Coiste Riosca Margaidh agus Leachtachta (CRML)

Maoirsíonn agus comhairlín MLRC an CBRF maidir le neamhchosaint ar rioscaí margaidh agus leachtachta. Soláthraíonn sé clár rioscaí maidir le neamhchosaint ar riosca margaidh agus leachtachta agus tugann sonraí don CBRF. Foirmlíonn sé, cuireann i bhfeidhm agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh Bheartais Bainistíochta Riosca Margaidh agus Leachtachta GBCN agus cinntíonn go ndéantar gach beart is iomchuí maidir leis an mBeartas ábhartha, nó maidir le sárú ar bith.

#### Coiste Riosca Oibríochtúil agus Rialaithe (CROR)

Is coiste bainistíochta é an CROR a dhéanann athbhreithniú ar an gcreatlach riosca oibríochtúil agus ar na beartais riosca oibríochtúil bhainteacha agus molann don CBRF iad lena bhfaomhadh. Faireann, athbhreithníonn agus ceistíonn an CROR rioscaí oibríochtúla GBCN agus tugann tuairisc ar bhainistiú rioscaí oibríochtúla don CBRF.

#### Coiste Táirgí agus Próiseas (CTP)

Déanann an CTP tograí agus measúnuithe riosca maidir le táirgí agus próisis nua, nó athruithe ábhartha ar tháirgí agus ar phróisis atá ann cheana féin, a athbhreithniú, a cheistiú agus a mholadh do ERMIC lena bhfaomhadh.

## 15.1 Riosca margaidh

Riosca infheistíochta is ea an riosca go n-imíonn feidhmíocht infheistíochta ó na straitéisí ábhartha. Tá acmhainn oscailte ag an nGníomhaireacht i leith riosca infheistíochta mar a bhfuil sí toilteanach gach rogha fhéideartha seachadta a bhreithniú agus an rogha is dóichí go n-éireoidh léi a phiocadh agus, lena chois sin, leibhéal inghlactha luacha atá coigeartaithe de réir riosca a chur ar fáil.

D'fhéadfadh brabús níos lú ná mar is féidir nó cailteanais iarbhir chaiptil ar bhunchaiteachas a bheith mar thoradh ar aon diall ó mhandáid ábhartha infheistíochta. Is den rithábhacht, mar sin de, go gcomhtháthaítear go hiomlán bainistíocht leanúnach riosca infheistíochta i ngníomhaíochtaí agus i gcuspóirí an Chiste. Cé go bhféadann riosca infheistíochta teacht aníos mar gheall ar phróisis measúnú inmheánach nó monatóireachta nach bhfuil stóinsithe go leor, féadann réimse foinsí seachtracha bheith taobh thiar de fosta amhail forbairtí diúltacha maicreacnamaíochta nó margaidh, athruithe gan choinne sa reachtaíocht, tearcfheidhmiú infheistíochtaí aonair nó calaíochais.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

#### 15.1 Riosca margaidh (ar lean)

Áirítear le Riosca Infheistíochta na fo-chatagóirí seo a leanas:

- Riosca próiseas infheistíochta: Riosca brabús níos lú ná mar is féidir a thabhtú nó cailteanas chaipitil mar gheall ar phróisis measúnaithe nó faofa moltaí infheistíochta nó monatóireachta ina dhiaidh sin nach bhfuil stóinsithe go leor;
- Riosca tionchair eacnamaíochta: Riosca nach mbainfear amach cuspóir tionchar eacnamaíochta na straitéise infheistíochta;
- Riosca cailteanas buan caipitil: Riosca cailleadh rialaithe infheistíochta nó go bhduil margaí neamhleachtach ag am fágáil an infheistíochta; agus
- Riosca comhchruinniú punainne: Riosca a bhaineann le ró-chomhchruinniú mar gheall ar bheith ag gabháil do straitéis infheistíochta - lena n-áirítear earnáil eacnamaíochta/tionscail, tíreolaíochta, contrapháirtí etc.

Tá Polasaí Riosca Infheistíochta GBCN infheidhme maidir leis an gCiste.

#### 15.2 Riosca margaidh

Is é atá i gceist le riosca margaidh an riosca go luaineoidh luach cóir nó sreafaí airgid amach anseo ionstraim airgeadais de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh. Áirítear le fo-chatagóirí riosca margaidh riosca ráta, riosca malairte eachtraí, riosca praghas margaidh.

Tá glactha ag an gCiste le Straitéis Aistrithe Punainne Domhanda, atá ceaptha le leachtacht leordhóthanach a sholáthar chun ligean don Chiste aistriú go punann atá dírithe ar Éirinn, ar aon dul le sainordú an CISE.

Úsáideann an Ciste díorthaigh chun a neamhchosaint ar airgeadra eachtrach, ráta úis agus rioscaí praghsanna eile a bhainistiú. Áirítear leis an hionstraim a úsáidtear malairtí ráta úis, réamhchonarthaí, todhchaíochtaí agus roghanna. Ní fheidhmíonn an Ciste cuntasáíocht fhálaithe.

##### i) Riosca ráta úis

Is é is riosca ráta úis ann an riosca go mbeadh tionchar diúltach ag gluaiseachtaí ráta úis ar luach bunionstraim airgeadais nó tionchar ar shreafaí airgid an Chiste.

##### Neamhchosaint ar ráta úis

Leagtar amach sa tábla seo a leanas luach na n-urrús lena bhfabhraítear ús seasta sa phunann lánroghnach agus a bhí neamhchosanta ar riosca athruithe sa luach cóir amhail an 31 Nollaig 2017:

Urrús lena bhfabhraítear ús seasta	2017 €m	2016 €m
A thiocfaidh in aibíocht laistigh de bhliain amháin	601	415
A thiocfaidh in aibíocht idir bliain amháin agus cúig bliana	1,448	1,296
A thiocfaidh in aibíocht tar éis cúig bliana	454	391
<b>Iomlán na n-infheistíochtaí lena bhfabhraítear ús seasta</b>	<b>2,503</b>	<b>2,102</b>

Léirítear sa tábla seo sciar na n-urrús airgeadais atá neamhchosanta ar riosca athruithe sa luach cóir de thoradh athruithe i rátaí úis. Chun críocha nochtta, tá sócmhainní lena bhfabhraítear ús seasta ar áireamh sa neamhchosaint ar riosca praghas agus sa neamhchosaint ar riosca ráta úis araon. Ní léirítear sa tábla seo neamhchosaint fhéideartha ar bith ar athruithe i rátaí úis a bhaineann le hinfeistíochtaí a shealbhaítear i gcistí infheistíochta.

Mar aon leis na hurrús lena bhfabhraítear ús sa tábla thuas, tá airgead infheistíochta i seilbh an Chiste freisin, lena n-áirítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim dar suim €0.5bn (2016: €0.4bn)(Nóta 12) agus cistí leachtacha dar suim €0.8bn (2016: €1.0bn). Sócmhainní lena bhfabhraítear ús atá sna sócmhainní sin. Luaineoidh sreafaí airgid na sócmhainní sin sa todhchaí de réir athruithe i rátaí úis an mhargaidh.

##### Anailís íogaireachta

Léirítear san anailís íogaireachta thíos mar a rachfaí i bhfeidhm ar ghlansócmhainní trí athruithe san athróg bhainteach riosca a dhéanadh, ar bhonn réasúnach, titim amach ar an dáta tuairiscithe. Tá cinneadh déanta ag an lucht bainistíochta go bhféadfadh, ar bhonn réasúnach, luainiú 50 bonnphointe i rátaí úis titim amach, nuair a chuirtear san áireamh an timpeallacht eacnamaíochta ina bhfeidhmíonn an Ciste.

Léirítear sa tábla thíos an tionchar ag méadú 50 bonnphointe i rátaí úis ar urrús an Chiste a bhfuil ús seasta ag dul leo amhail 31 Nollaig. Bheadh tionchar comhionann ach malartach ar na méideanna atá ar taispeáint ag laghdú rátaí úis den mhéid céanna. Go príomha, is de thoradh laghdú i luach cóir urrús ráta seasta atá an tionchar. Glactar leis san anailís seo gur ann do chuar líneach ráta úis agus go mbíonn gach athróg eile tairiseach.

## 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

### 15.2 Riosca margaidh (ar lean)

#### i) Riosca ráta úis (ar lean)

Tionchar ar Ghlansócmhainní punainne lánroghnaí	2017	2016
Laghdú €m	(13)	(11)
% laghdú	-0.14%	-0.13%

#### ii) Riosca malairte eachtraí

Is é is riosca malairte eachtraí ann an riosca go rachadh gluaiseachtaí i rátaí malairte i bhfeidhm ar bhunluach sócmhainní, dliteanas agus ionstraimí díorthacha a ainmnítear in airgeadra eile seachas an euro. Athróidh luach reatha sreafaí airgid de réir mar a athróidh rátaí malairte agus féadann sé seo dul i bhfeidhm ar shreafaí airgid amach anseo fosta.

Tá ceangaltais amuigh ag an gCiste i leith infheistíochtaí réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh dar luach USD 364m agus JPY 16m amhail an 31 Nollaig 2017 (USD 198m agus JPY 16m amhail an 31 Nollaig 2016).

#### Bainistíocht riosca malairte eachtraí

Féachann an Ciste a riosca airgeadra eachtraigh a bhainistiú trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus malairtí trasairgeadra. Mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte, déanann an brabús/caillteanas ar na réamhchonarthaí i malairt eachtrach fritháireamh ar an athrú i luach infheistíochtaí an Chiste nach bhfuil ainmnithe in euro.

#### Neamhchosaint ar riosca malairte eachtraí

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na luachanna sócmhainní sa Phunann Lánroghnach a bhí neamhchosanta ar riosca airgeadra roimh an bhfálú airgeadra agus ina dhiaidh. Maidir le sealúchais i gcistí infheistíochta, tugann sé mionsonraí ar bhonnairgeadra an chiste iomchuí. Nuair is cuí, bainistíonn an Ghníomhaireacht an neamhchosaint a chruthaíonn bun-infheistíochtaí ciste le cois a bhunairgeadra.

	Airgeadra áitiúil 2017 m	Bonn Airgeadra 2017 €m	Neamhchosaint Ghlan 2017 €m
Dollar SAM	3,442	2,870	248
Dollar Shingepór	1	1	1
Won na Cóiré Theas	0	0	0
Dollar na Nua-Shéalainne	-	-	(6)
Seiceal na hIosrael	-	-	(6)
Coróin na hIorua	4	0	(6)
Dollar Hong Cong	16	2	(6)
Dollar na hAstráile	3	2	(8)
Coróin na Sualainne	32	3	(8)
Yen na Seapáine	711	5	(9)
Coróin na Danmhairge	161	22	(10)
Dollar Cheanada	3	2	(14)
Franc na hEilvéise	2	2	(16)
Punt Shasana	285	321	(23)
<b>Iomlán</b>		<b>3,230</b>	<b>137</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

## 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

## 15.2 Riosca margaidh (ar lean)

## ii) Riosca malairte eachtraí (ar lean)

	Airgeadra áitiúil 2016 m	Bonn Airgeadra 2016 €m	Neamhchosaint Ghlan 2016 €m
Dollar SAM	2,953	2,801	483
Punt Shasana	268	313	24
Coróin na Sualainne	9	1	1
Dollar Shingepór	1	1	1
Coróin na Danmhairge	80	11	0
Won na Cóiré Theas	1	0	0
Dollar na hAstráile	5	3	(1)
Yen na Seapáine	967	8	(2)
Franc na hEilvéise	3	3	(2)
Dollar Hong Cong	11	1	(3)
Coróin na hIorua	4	0	(4)
Dollar na Nua-Shéalainne	-	-	(5)
Dollar Cheanada	2	2	(10)
<b>Iomlán</b>		<b>3,144</b>	<b>482</b>

## Anailís Íogaireachta

Leagtar amach sa tábla thíos an tionchar ar ghlansócmhainní ag lagú, atá féideartha ar bhonn réasúnach, an euro in aghaidh dhollar SAM faoi 5% (2015: 5%) amhail 31 Nollaig 2016. Glacann an anailís seo leis go bhfanfadh na hathróna eile, go háirithe rátaí úis, tairiseach.

## Tionchar ar Ghlansócmhainní punainne lánroghnaí

	2017	2016
Laghdú €m	(137)	(140)
% laghdú	-1.58%	-1.73%

Bheadh tionchar comhionann ach malartach ag neartú an euro in aghaidh dhollar SAM ar na méideanna atá ar taispeáint thuas.

## 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

### 15.2 Riosca margaidh (ar lean)

#### iii) Riosca Praghas Margaidh

Is é is riosca praghas margaidh ann an riosca mar gheall ar athrú i luach sócmhainní de thoradh athruithe i bpraghsanna urrús nach mbaineann le hathruithe i rátaí úis ná rátaí malairte, amhail gnáthscaireanna agus tráchtearraí.

#### Neamhchosaint ar riosca praghas margaidh

Is ionann an luach sócmhainní sa phunann lánroghnach a bhí neamhchosanta ar riosca praghas margaidh ag an 31 Nollaig agus luach na n-infheistíochtaí mar atá leagtha síos sa tábla seo a leanas:

	2017 €m	2016 €m
<b>Neamhchosaint ar riosca praghas margaidh</b>		
Infheistíochtaí luaite	5,194	5,188
Gnáthscair phríobháideach dhíreach	90	48
Infheistíochtaí neamhluaite	1,117	1,069
Infheistíochtaí cistí réadmhaoine	167	189
Infheistíochtaí gnáthscair phríobháideach	580	469
Infheistíochtaí bonneagar	249	130
Infheistíochtaí foraoiseachta	46	41
Infheistíochtaí fuinnimh	25	26
Sócmhainní ionstraim dhíorthach	44	9
<b>Sócmhainní iomlána airgeadais FVTPL</b>	<b>7,512</b>	<b>7,169</b>
Billí státchiste	10	33
Dliteanais ionstraim dhíorthach	(3)	(48)
<b>Nochta go hiomlán ar riosca praghas margaidh</b>	<b>7,519</b>	<b>7,154</b>
<b>Neamhchosanta ar riosca praghas margaidh</b>		
Taiscí agus airgead	440	394
lasachtaí agus infháltais	726	461
<b>Neamhchosanta go hiomlán ar riosca praghas margaidh</b>	<b>1,166</b>	<b>855</b>
<b>Iomlán sócmhainní agus dliteanais Airgeadais na Punainne Lánroghnaí</b>	<b>8,685</b>	<b>8,009</b>

#### Bainistíocht riosca praghas margaidh

Tá anailís gheografach ar phunann lánroghnach an Chiste atá neamhchosanta ar riosca praghas margaidh á léiriú thíos. Léirítear infheistíochtaí Ciste bunaithe ar a dtír ionchorpraithe iomchuí. Déanann an Ghníomhaireacht faireachán ar an riosca praghas margaidh, rud ar gné dhílis é den phunann infheistíochta, trí rochtain iomlán thráthúil a chinntiú ar fhaisnéis ábhartha ó Bhainisteoirí Infheistíochta an Chiste. Buaileann an Ghníomhaireacht go rialta leis na Bainisteoirí Infheistíochta agus déanann sí athbhreithniú ar fheidhmíocht infheistíochta ag gach cruinniú.

	2017 €m	2016 €m
<b>Anailís de réir rangú geografach</b>		
An Eoraip	3,843	3,503
Meiriceá Thuaidh	1,887	1,920
Éire	1,150	1,035
Margaí atá ag teacht chun cinn	544	590
An Áise-an tAigéan Ciúin	95	106
<b>Iomlán</b>	<b>7,519</b>	<b>7,154</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

#### 15.2 Riosca margaidh (ar lean)

##### iii) Riosca praghas margaidh (ar lean)

##### Neamhchosaint

Leagtar amach sa tábla seo a leanas comhchruinniú shócmhainní agus dliteanais infheistíocht lánroghnach an Chiste atá neamhchosanta ar riosca praghas margaidh de réir cineál ionstraime ar an dáta tuairiscithe.

	2017 €m	2016 €m
<b>Infheistíochtaí ciste cothromais agus bainistithe</b>		
Infheistíochtaí cothromais trádáilte ar an malartán	448	335
Infheistíochtaí cothromais neamhliostaithe	1,113	884
Gnáthscair Phríobháideach Dhíreach	90	48
Cistí Infheistíochta Neamhluaithe	829	829
Cistí infheistíochta luaithe ceannoscailte	1,479	1,473
<b>Iomlán infheistíochtaí ciste cothromais agus bainistithe</b>	<b>3,959</b>	<b>3,569</b>
<b>Urrúis fiachais</b>		
Urrúis fiachais trádáilte ar an malartán	2,183	1,941
Urrúis fiachais eile	242	211
Cistí infheistíochta luaithe ceannoscailte	1,084	1,439
<b>Iomlán na n-urrús fiachais</b>	<b>3,509</b>	<b>3,591</b>
Billí Stáitchiste	10	33
<b>Iomlán na sócmhainní infheistíochta</b>	<b>7,478</b>	<b>7,193</b>
<b>Sócmhainní/(dliteanais) díorthacha</b>		
Roghanna innéacs gnáthscaireanna liostaithe	0	(0)
Roghanna gnáthscaireanna neamhliostaithe	(2)	(1)
Réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh	33	(46)
Todhchaíochtaí airgeadra eachtraigh	11	9
Babhtáilí mainneachtana creidmheasa	0	(1)
Babhtáilí innéacs gnáthscaireanna	(1)	-
Babhtáilí rátaí úis	(0)	-
<b>Iomlán na sócmhainní/(dliteanais) díorthacha</b>	<b>41</b>	<b>(39)</b>
<b>Iomlán</b>	<b>7,519</b>	<b>7,154</b>

##### Anailís íogaireachta

Leagtar amach sa tábla thíos an tionchar ar ghlansócmhainní na punainne lánroghnaí ag lagú, atá féideartha ar bhonn réasúnach, praghsanna margaidh faoi 5% amhail 31 Nollaig 2016. Is ar bhonn infheistíocht aonair a dhéantar na meastacháin. Glacann an anailís seo leis go bhfanfaidh na hathróga eile, go háirithe rátaí úis, tairiseach.

	2017	2016
<b>Tionchar ar Ghlansócmhainní punainne lánroghnaí</b>		
Laghdú €m	(376)	(358)
% laghdú	-4.3%	-4.4%

Bheadh éifeacht comthrom ach malartach ag neartu de 5% sna praghsanna margaidh ar na suimeanna a thaispeantar thuas.

## 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

### 15.3 Riosca creidmheasa

Tagann riosca creidmheasa aníos as an riosca nach n-éireoidh le hiasachtóir ná le contrapháirtí oibleagáid a chomhlíonadh agus is cailteanas príomhshuime nó leas airgeadais is toradh dó.

Is as infheistíochtaí in urrúis fiachais a thagann an príomhriosca creidmheasa ar a bhfuil an Ciste neamhchosanta. Chomh maith leis sin, bíonn an Ciste faoi réir riosca creidmheasa contrapháirtí ar airgead agus coibhéisí airgid, iarmhéideanna dlite ó bhróicéirí, trádáil táirgí díorthacha, trádáil agus infháltais eile agus iasachtaí agus infháltais.

#### Bainistíocht riosca creidmheasa

Is é an cuspóir atá le riosca creidmheasa a bhainistiú íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag mainneachtain chreidmheasa ar shócmhainní airgeadais an Chiste. Féachann an Ciste le maolú a dhéanamh ar a neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí trí mhonatóireacht a dhéanamh ar mhéid a neamhchosanta creidmheasa ar chontrapháirtithe agus ar an acmhainneacht creidmheasa atá ag contrapháirtithe. Roghnaítear contrapháirtithe bunaithe ar a bhfeiliúnacht fhoriomlán, a neart airgeadais, ar a dtimpeallacht rialála agus ar chúinsí ar leith.

D'fhonn smacht a chur ar neamhchosaint an Chiste i gcás mainneachtana, déantar infheistíochtaí ar fud réimse earnálacha tionscail agus eisitheoirí ar mhaithe le comhchruinnithe riosca creidmheasa a laghdú.

Déanann Bank of New York Mellon, Caomhnóir Domhanda an Chiste, urrúis an Chiste a shealbhú i gcuntais leithscartha, nuair is féidir é, ar mhaithe le híoslaghdú a dhéanamh ar an mbaol go laghdóidh luach na n-urrús atá á sealbhú ag an gCaomhnóir Domhanda. I gcás chliseadh Chaomhnóir Domhanda an Chiste, d'fhéadfadh sé go mbeadh lagú sealadach ar chumas an Chiste na hurrúis a aistriú. Is comhalta de mhórmhalartán urrús é Caomhnóir Domhanda an Chiste. Bhí rátáil chreidmheasa fhadtéarmach Aa1 aige le Moody's an 31 Nollaig 2017. Déanann an Gníomhaireacht monatóireacht ar na rátálacha creidmheasa agus ar leorgacht chaipitil a chaomhnóra ar bhonn rialta.

Ar an 31 Nollaig 2017, bhí €181m á sealbhú le Banc Ceannais na hÉireann (2016: €139m) agus €259m leis an gCaomhnóir Domhanda (2016: €255m) (Nóta 12).

Is ionann an neamhchosaint dhíreach ar riosca creidmheasa sa phunann lánroghnach ag an 31 Nollaig 2017 agus luach anonn na n-urrús airgeadais mar atá leagtha amach thíos.

	Tagairt	2017 €m	2016 €m
Airgead agus coibhéisí airgid (Nóta 12)	(i)	450	427
Iarmhéid dlite ó bhróicéirí	(ii)	0	39
Urrúis fiachais	(iii)	2,425	2,151
Iasachtaí agus infháltais	(iv)	726	461
Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile	(v)	31	61
Sócmhainní díorthacha	(vi)	44	9
<b>Iomlán</b>		<b>3,676</b>	<b>3,148</b>

#### i) Airgead agus coibhéisí airgid

Is le Banc Ceannais na hÉireann agus leis an gCaomhnóir Domhanda, a bhfuil rátáil AAA (2016: AAA) agus Aa1 (Ráta Éarlais LT) (2016: A1) acu faoi seach, bunaithe ar rátálacha Moody's, go príomha atá airgead agus coibhéisí airgid an Chiste á sealbhú.

#### ii) Iarmhéideanna dlite ó bhróicéirí

Is ionann iarmhéideanna dlite ó bhróicéirí agus cuntais éarlaise, comhthaobhacht airgid thirim i gcomhair urrús iasachta agus idirbhearta díolachán nár íocadh fós. Meastar riosca creidmheasa an chontrapháirtí a bhaineann le hidirbhearta nár íocadh fós a bheith íseal mar gheall ar an tréimhse ghearr íocaíochta atá i gceist agus ardcháilíocht creidmheasa na mbróicéirí a úsáideadh. Amhail an 31 Nollag 2017, bhí €0.2m (2016: €39m) dlite ó bhróicéirí.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

#### 15.3 Riosca creidmheasa (ar lean)

##### Bainistíocht riosca creidmheasa (ar lean)

##### iii) Urrúis fiachais

Ar an 31 Nollaig, bhí infheistíocht déanta ag an gCiste in urrúis fiachais arna n-eisiúint ag eintitis a raibh an rátáil\* sheachtrach seo a leanas acu:

Rátáil Sheachtrach	2017 €m	2016 €m	2017 %	2016 %
Aa1 go Aa3/AAA go AA	218	191	9%	10%
A1 go A3/A+ go A-	782	504	32%	23%
Baa1 go Baa3/BBB+ go BBB-	1,024	992	42%	46%
Ba1 go Ba3/B+ go BB-	200	225	8%	10%
B1 go B3/B+ go B-	95	77	4%	4%
Caa1 go Caa3/CCC+ go CCC-	2	6	0%	0%
Gan rátáil sheachtrach	104	156	5%	7%
	<b>2,425</b>	<b>2,151</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>

\* Nuair nach mbíonn rátáil chreidmheasa Moody ar fáil, úsáidtear rátáil Standard and Poor.

##### iv) Iasachtaí agus infháltais

Gníomhaireacht	2017 €m	2016 €m	2017 %	2016 %
Gan rátáil sheachtrach	<b>726</b>	<b>461</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>

Athbhreithnítear riosca creidmheasa iasachtaí agus infháltais mar chuid den phróiseas athbhreithniú bearnúcháin.

##### v) Infháltais trádála agus eile

Is é atá anseo go príomha ús atá dlite ar urrúis ioncaim sheasta.

##### vi) Díorthaigh

Leagtar amach sa tábla thíos anailís ar shócmhainní díorthacha nár íocadh fós amhail 31 Nollaig:

2017	Luach cóir €m	Barúlach Comhlán barúlach €m	Luach cóir %	Méid barúlach %
Trádáilte ar an malartán	11	509	25%	13%
OTC - déthaobhach eile	33	3,394	75%	87%
<b>Iomlán</b>	<b>44</b>	<b>3,903</b>	<b>100%</b>	<b>100%</b>

2016	Luach cóir €m	Barúlach Comhlán barúlach €m	Luach cóir %	Méid barúlach %
Trádáilte ar an malartán	9	1,973	100%	100%

##### Feabhsúcháin chreidmheasa chomhthaobhacha agus eile, agus a dtionchar airgeadais

Maolaíonn an Ciste riosca creidmheasa díorthach trí mháistir-comhaontuithe glanluachála agus cúlbhannaí a shealbhú i bhfoirm airgid agus urrúis inmhangaidh.



## 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

### 15.3 Riosca creidmheasa (ar lean)

#### Bainistíocht riosca creidmheasa (ar lean)

##### vi) Díorthaigh (ar lean)

Déantar idirbhearta díorthacha ar mhalartán (trí bhróicéir) nó trí mháistir-chomhaontuithe glanluachála de chuid an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Bhabhtálacha agus Díorthaigh (ISDA). De réir mháistir-chomhaontuithe glanluachála ISDA i gcúinsí áirithe, m.sh. nuair a tharlaíonn eachtra creidmheasa amhail mainneachtain, déantar gach idirbheart de chuid an chomhaontaithe a scor, meastar luach an scoir agus níl dlite ná iníochta ach glanluach aonair i leith ghlanadh gach idirbheart.

Tagann ionstraimí airgeadais díorthacha lena ngintear riosca creidmheasa contrapháirtí chun cinn ó réamhchonarthaí an Chiste i malairt eachtrach agus óna chonarthaí babhtála trasairgeadra. Ní dhearnadh réamhchonarthaí an Chiste i malairt eachtrach ach amháin le contrapháirtithe ceadaithe laistigh de theorainneacha sainithe. D'fhonn maolú a dhéanamh ar na rioscaí creidmheasa a thagann as idirbhearta díorthacha, déanann an Ciste, i gcásanna áirithe, larscríbhinní Tacaíochta Creidmheasa (ITCanna) lena chontrapháirtithe margaidh. I gcás ITCanna, is gá do chontrapháirtithe comhthaobhacht a thaisceadh in imthosca sonraithe.

D'fhéadfadh riosca socraíochta a bheith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí an Chiste, is é sin an riosca nach n-íocfaidh contrapháirtí ar dháta socraíochta leis an gCiste téarmaí comhaontaithe idirbhirt. Maidir le formhór na n-idirbheart, maolaíonn an Ciste an riosca seo trí shocraíochtaí a dhéanamh trí bhróicéir lena chinntiú nach socraítear trádáil ach nuair a chomhlíonann an dá pháirtí a n-oibleagáidí socraíochta de réir conartha.

Déantar réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus babhtálacha trasairgeadra a shocrú trí Shocraíocht Leantach Nasctha (SLN), áit a réamh-mheaitseáiltear trádálacha roimh dháta na socraíochta le laghdú a dhéanamh ar an mbaol go mainneoidh an tsocraíocht.

### 15.4 Riosca leachtachta

Is é atá i gceist le riosca leachtachta an fhéidearthacht, thar thréimhse shonrach ama, nach mbeidh go leor airgid ag an gCiste chun a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite. Áirítear le fochatagóirí riosca leachtachta maoiniú riosca leachtachta, athmhaoiniú riosca, riosca comhchruinniú aibíocht agus riosca leachtachta margaidh.

Is é beartas an Chiste maidir le leachtacht a bhainistiú a chinntiú, a oiread agus is féidir, go mbeidh go leor leachtachta i gcónaí aici, faoi dhálaí normálta agus faoi bhrú araon, gan cailteanais doghlactha a thabhtú ná gan clú an Chiste a chur i mbaol.

Tá an Beartas um Bainistíocht Riosca Leachtachta infheidhme i dtaca leis an gCiste. Leagtar amach sa Bheartas seo na caighdeáin íosta inghlactha a chaithfidh siad siúd atá freagrach as idirbheartaíochtaí cisteáin arb iad is cúis le riosca leachtachta laistigh den Ghníomhaireacht a chomhlíonadh.

Meastar infheistíochtaí an Chiste in urrúis liostaithe a bheith inréadaithe toisc go trádáiltear iad ar mhórmhalartáin stoic.

Áirítear le sócmhainní airgeadais an Chiste infheistíochtaí cothromais neamhliostaithe, atá, go hiondúil, neamhleachtach. Lena chois sin, sealbhaíonn an Ciste infheistíochtaí i gcistí infheistíocht neamhliostaithe, a d'fhéadfadh bheith faoi réir srianta fuascailte. Dá thoradh sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an Ciste in ann cuid dá infheistíochtaí sna hionstraimí seo a leachtú in am i gcomhair cloí lena riachtanais leachtachta.

Amhail an 31 Nollaig 2017 is i sócmhainní inréadaithe a bhí bunús infheistíocht an Chiste.

Léiríonn an tábla thíos na dliteanais airgeadais idir iad siúd atá iníochta lasistigh de 12 mhí agus iad siúd iníochta tar éis 12 mhí.

	2017 €m	2016 €m
Iníochta lastigh de 12 mhí	1	47
Iníochta tar éis 12 mhí	2	1
<b>Iomlán Dhliteanais Airgeadais</b>	<b>3</b>	<b>48</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

#### 15.5 Riosca oibríochtúil

Is é is riosca oibríochtúil ann, riosca a bhaineann le cailteanas mar gheall ar phróisis, daoine agus córais inmheánacha easnamhacha nó ar theip orthu nó mar gheall ar imeachtaí seachtracha a rachadh i bhfeidhm ar chumas an Chiste a straitéis ghnó a fheidhmiú. Áirítear le fochatagóirí riosca oibríochtúil, riosca a bhaineann le daoine, le rialachas, tríú páirtí, bainistíocht leanúnach ghnó agus riosca dlí agus comhlíontachta.

